# 2023

# ANNUAL REPORT

## TUARASCÁIL BHLIANTÚIL



## Comhairle Contae Mhuineacháin
## Monaghan County Council

www.monaghan.ie

# Clár Ábhar


*Réamhrá ............ 2*

*Léarscáil Cheantair / Ráiteas Misin ............ 4*

*Airgeadas ............ 6*

*Tithíocht & Foirgneamh ............ 8*

*An tAonad Sláinte agus Sábháilteachta ............ 122*

*Seirbhísí Uisce ............ 133*

*Cosaint an Chomhshaoil ............ 166*

*An tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide ............ 222*

*Oifigí Oidhreachta an Chontae ............ 266*

*Cosaint Dóiteáin & Shibhialta ............ 311*

*Forbairt Pobail ............ 366*

*Plean Forbartha ............ 477*

*Tionscadail Chaipitil ............ 522*

*An Rannóg Athnuachana Baile ............ 59*

*Foireann Chultúrtha ............ 622*

*Seirbhísí Leabharlainne ............ 667*

*Oifig Ealaíon ............ 800*

*An Rannóg Turasóireachta ............ 833*

*Oifig Fiontair Áitiúil ............ 87*

*Córais Faisnéise ............ 911*

*Bóithre agus Iompar ............ 955*

*Seirbhísí Corparáideacha ............ 1022*

*Acmhainní Daonna ............ 10707*

*Ceantar Bardasach Bhéal Átha Beithe-Chluain Eois ............ 1111*

*Ceantar Bardasach Mhuineacháin ............ 11818*

*Soláthar Corparáideach ............ 12626*

*Coistí um Beartais Straitéiseacha ............ 12828*

*Comhdhálacha/Oiliúint ar ar Fhreastail Baill in 2023 ............ 13737*

*Aguisín I Costais na mBall ............ 13939*

*Aguisín II Ráiteas Airgeadais 2023 ............ 140*

# Réamhrá

Tá áthas orainn an Tuarascáil Bhliantúil seo a chur i láthair le haghaidh 2023, ina dtugtar breac-chuntas ar an raon leathan seirbhísí a sholáthraíonn Comhairle Contae Mhuineacháin go díreach nó go hindíreach. Laistigh de phríomhchorp na tuarascála seo, tugtar breac-chuntas ar na gníomhaíochtaí éagsúla agus ar sheachadadh seirbhísí agus tionscadal bonneagair atá á gcur chun cinn ag Comhairle Contae Mhuineacháin. Mar thoradh ar dhúshláin atá tagtha chun cinn tar éis na paindéime agus an choimhlint leanúnach san Úcráin, leanamar orainn ag oiriúnú chun ár seirbhísí go léir a sheachadadh agus chun cabhrú le gnólachtaí agus le pobail teacht slán i mbliain thar a bheith dúshlánach.

Bhí comhaltaí tofa agus an fhoireann ábalta do na dúshláin a bhain le seirbhísí breise a sholáthar amhail an t-éileamh méadaitheach ar thacaíochtaí Tithíochta. Bhí ardleibhéal tiomantais ann ar fud na ranna go léir chun Plean Seachadta Seirbhíse 2023 a sheachadadh agus chun Cuspóirí ár bPlean Corparáideach a chur i gcrích. Shásaigh formhór na réimsí a gcuspóirí luaite go léir laistigh de na srianta a cuireadh orainn mar gheall ar chostais fuinnimh agus costais a bhain le hábhair a d'ardaigh ar fad agus sa chás go raibh an leibhéal gnóthachtála níos lú ná 100%, ní bheidh aon tionchar aige ar an gComhairle cuspóirí a Plean Chorparáidigh a chur i gcrích.

Ba bhliain an-rathúil í 2023 ar sheachadadh príomhthionscadal athghiniúna a sainaithníodh i gclár caipitiúil ilbhliantúil Chomhairle Contae Mhuineacháin. D'oscail Leabharlann nua Bhaile na Lorgan, atá suite ag an mbealach isteach chuig Loch Mucnú, a doirse i mí Dheireadh Fómhair. Maoiníodh an tionscadal athghiniúna den chuid is mó le Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe (RRDF) de chuid na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail. Chuaigh Maoiniú RRDF chun tairbhe freisin d'Ionad Gnó, Fiontar agus Teicneolaíochta The Ridge, a osclaíodh go hoifigiúil níos luaithe sa bhliain. Is léiriú iad an dá thionscadal ar thiomantais shuntasacha Rialtais agus Údaráis Áitiúla do Bhaile na Lorgan. Mar sin féin, tá ár rathúlacht i mBaile na Lorgan in 2023, á athchruthú ar fud an chontae agus tionscadail chomhchosúla ar siúl, lena n-áirítear, CTek 2, Carraig Mhachaire Rois, Ionad Fiontair Chúil Darach, Ionad Fiontair Ghleann na hAbhann Móire, Ionad Nuálaíochta Bithcheangail, Athghiniúint ar Shráid Bhaile Átha Cliath agus go deimhin, obair leanúnach ar Champas Síochána Mhuineacháin, campas den scoth.

Chomh maith leis sin, ba mhaith linn freisin Baill na gCoistí um Beartais Straitéiseacha, an Grúpa um Beartas Corparáideach agus an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil a mholadh agus aitheantas a thabhairt don obair go léir a dhéantar ag leibhéal an Cheantair Bhardasaigh agus d'obair na gcoistí dícheallacha éagsúla eile. Is mór againn na coistí seo thar ó thaobh cúnamh a thabhairt don Chomhairle tabhairt faoina cuspóirí agus dul chun cinn a dhéanamh trína gnó. Tá tiomantas na gComhairleoirí agus na gcomhaltaí seachtracha le feiceáil ó na gníomhaíochtaí atá leagtha amach sa tuarascáil.

Gabhaimid ár mbuíochas as dúthracht agus as obair chrua na gComhaltaí Tofa, na Foirne Bainistíochta agus Fhoireann na Comhairle. Ba mhaith linn buíochas ar leith a ghabháil leis na Comhaltaí Tofa a rinne sárobair ina róil faoi seach, ar choistí éagsúla.

Táimid muiníneach, i bhfianaise chumas agus mheon an chomhoibrithe a léiríonn na Comhaltaí Tofa agus an fhoireann i rith an ama go mbeimid in ann aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá romhainn. Is féidir linn a bheith ag súil le 2024 a bheidh dearfach.

Táimid buíoch den Chomhairleoir Séan Conlon, Cathaoirleach atá ag dul as oifig, agus den Chomhairleoir Aoife McCooey, an Leas Chathaoirleach atá ag dul as oifig, as a dtiomantas agus a gcomhoibriú maidir le spriocanna ardleibhéil na Comhairle a bhaint amach in 2022/2023. Táimid muiníneach go gcuirfidh obair na Comhairle agus an dul chun cinn atá déanta feabhas ar chaighdeán na beatha do mhuintir Mhuineacháin.

Mar fhocal scoir, ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil libhse, muintir Chontae Mhuineacháin; is é bhur mórtas bród, braistint phobail, bhur gceannaireacht agus saorálaíochas, a chuidíonn linn inár gcuid oibre. Is mór againn do thoilteanas a bheith flaithiúil le bhur gcuidama agus buanna; cuireann d'iarrachtaí go mór lenár bpobail.

Molaimid an Tuarascáil Bhliantúil seo lena glacadh ag na Comhaltaí Tofa. Tabharfaidh sé forbhreathnú do mhuintir Chontae Mhuineacháin agus níos faide i gcéin ar an raon leathan gníomhaíochtaí a rinneadh agus ar éachtaí na Comhairle in 2023.




**David Maxwell**
**Cathaoirleach Chomhairle Contae Mhuineacháin Mhuineacháin**



**Robert Burns**
**Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae**

# Léarscáil Cheantair / Ráiteas Misin




***Ráiteas Misin***

*Monaghan County Council provides*
*High Quality, Sustainable Public Services to enhance the*
*Economic, Environmental and Cultural Wellbeing*
*of our People and County.*

# Comhaltaí Tofa

Is iad seo a leanas na Comhaltaí Tofa do Chontae Mhuineacháin:

## BALLYBAY-CLONES MUNICIPAL DISTRICT


Cllr Seamus COYLE (FF)


Cllr Pat TREANOR (SF)


Cllr Sean GILLILAND (FG)


Cllr Hugh MCELVANEY (IND)


Cllr Richard TRUELL (FG)

## MONAGHAN MUNICIPAL DISTRICT


Cllr Sean CONLON (SF)


Cllr Cathy BENNETT (SF)


Cllr Brian MCKENNA (SF)


Cllr Raymond AUGHEY (FF)


Cllr David MAXWELL (FG)


Cllr Seamus TREANOR (IND)


Cllr Paudge CONNOLLY (IND)

## CARRICKMACROSS-CASTLEBLAYNEY MUNICIPAL DISTRICT


Cllr Aidan CAMPBELL (FG)


Cllr Peter CONLON (FG)


Cllr Aoife MC COOEY (FF)


Cllr PJ O'HANLON (FF)


Cllr Noel KEELAN (SF)


Cllr Colm CARTHY (SF)

# Airgeadas

## Réiteach an Ráitis ar Staid an Airgeadais (SoFP) agus athbhreithniú an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach (SoCI)

Déanann an rannóg Airgeadais réitigh agus athbhreithnithe rialta ar iarmhéideanna ar an SoFP, agus ar an gcaoi sin cloítear le moltaí dea-chleachtais. Cinntíonn sé seo go mbailítear fiacha chomh tapa agus is féidir, go n-aithnítear maoiniú do thionscadail chaipitil agus go ndéantar monatóireacht agus athbhreithniú ar idirbhearta ar bhonn tráthúil, go ndéantar iasachtaí a réiteach le ráitis agus go ndéantar sócmhainní seasta a réiteach le cláir eile atá ar fáil mar iHouse agus an Clár Sócmhainní Réadmhaoine. Ina theannta sin, déanann an rannóg Airgeadas anailís ráithiúil ar chaiteachas agus ioncam iarbhír i gcomparáid le hioncam agus caiteachas buiséadaithe chun a chinntiú go ndéantar gach caiteachas agus ioncam a phostáil go cruinn agus go n-aithnítear sa tréimhse cheart iad.

## Barrachas carnach

Bhain an Chomhairle barrachas carnach €404,993 amach in 2022. Tá súil ag an gComhairle barrachas a choinneáil amach anseo. Baintear barrachas bliantúil amach trí ullmhúchán cruinn buiséid, feasacht ar laghdú costas agus monatóireacht chúramach ar chaiteachas iarbhír i gcoinne an bhuiséid.

## Bainistíocht an Státchiste

D'fhonn ús infhála ar chistí iomarcacha a uasmhéadú, déanann baill foirne na rannóige Airgeadais monatóireacht ar an iarmhéid sa bhanc agus aistríonn cistí barrachais chuig Gníomhaireachtaí Airgeadais do Thithe a íocann 1.5% ar infheistíochtaí suas le trí mhí agus 2% ar infheistíochtaí thar thrí mhí.

## Bailiú Rátaí

Bhí bailiúchán Rátaí Chomhairle Contae Mhuineacháin níos fearr arís in 2023. Meastar gurb é 96% an ráta bailiúcháin deiridh. Is a bhuí le billeáil luath agus chruinn, baill foirne a bhfuil taithí acu, roghanna íocaíochta iolracha do chustaiméirí agus úsáid sainghnólachtaí dlí atá ráta bailithe Chomhairle Contae Mhuineacháin chomh hard sin.

## Díscríobh Rátaí a laghdú

Mar iarracht chun aghaidh a thabhairt ar leibhéal na réadmhaoine folmha i gceantair uirbeacha, ghlac na Comhaltaí Tofa rún ag cruinniú Bhuiséad 2023 chun an díscríobh Rátaí ar réadmhaoin tráchtála a laghdú ó 100% go 80% le haghaidh 2023 (agus 2024 freisin). Tá laghdú tagtha ar thithe folmha mar thoradh air sin. Ó tugadh isteach an laghdú díscríofa, rinneadh roinnt réadmhaoine a dhíliostú, a athshocrú, a thiontú le haghaidh úsáide baile nó tá athchóiriú á ndéanamh orthu.

## Tionchar chostas an oifigigh dóiteáin ar áirithíocht

Bhí cur i bhfeidhm mholtaí an choimisiúin um chaidreamh san áit oibre do chomhraiceoirí dóiteáin ar áirithíocht le cur i bhfeidhm le héifeacht ón timthriall pá seachtainiúil/coicíse is gaire don 1 Iúil 2023. Chuir an comhaontú ioncam seasta ar fáil do chomhraiceoirí dóiteáin ag tosú ag €18,050 in aghaidh na bliana d'earcaigh nua. Beidh criú le 12 ar a laghad i ngach stáisiún dóiteáin, lena mbeidh gá le 12 comhraiceoir dóiteáin nua agus príomhoifigeach dóiteáin cúnta i gContae Mhuineacháin a earcú. Cuireadh tús le feachtas earcaíochta i Ráithe 4 2023 agus leanfaidh sé ar aghaidh go 2024. Meastar gurb ionann na costais bhreise don tseirbhís dóiteáin ar áirithíocht do 2024 agus thart ar €584,959.

## Deontas boilscithe fuinnimh

I Ráithe 4 2022, mar gheall ar bhrúnna maoinithe atá os comhair earnáil an rialtais áitiúil go háirithe maidir leis na costais fuinnimh atá ag ardú, chuir an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta tacaíocht fhorlíontach de €515,000 ar fáil do Chomhairle Contae Mhuineacháin le haghaidh 2023. Níl an creidmheas fuinnimh seo infhála in 2024.

## Uisce Éireann – costais tréigthe

D'eisigh DHLGH Meabhrán Tuisceana le linn 2023 maidir le híocaíochtaí le hÚdaráis Áitiúla ar chostais tréigthe a d'eascair as an gclár Seirbhísí Uisce a Chlaochlú. Don bhliain 2024, is iad na príomhathruithe do Chomhairle Contae Mhuineacháin ná go ndéantar Costais Bhainistíochta Lárnacha (CMC) a bhaineann le seirbhísí Uisce a fháil ar ais ó

DHLGH in ionad Uisce Éireann mar a bhí amhlaidh roimhe seo. Mar thoradh air sin, áfach, beidh laghdú ar an sruth ioncaim seo toisc go mbeidh formhór an fhorchúitimh seo bunaithe ar chostais CMC 2022.

### Athbhreithniú Cíosa

Rinne an rannóg Tithíochta athbhreithniú cíosa i rith 2023. Cuireadh an t-athbhreithniú seo siar roimhe seo mar gheall ar shrianta a bhí i bhfeidhm mar gheall ar COVID 19. Beidh méadú buiséid ar ioncam cíosa thart ar €969,000 le haghaidh 2024 viz a vis 2023 mar thoradh ar an athbhreithniú ar mhuirir chíosa.

### Ullmhú buiséid

I rith R3/R4 2023, d'ullmhaigh an rannóg Airgeadais buiséad bliantúil Ioncaim 2024. Tá foráil anseo le haghaidh €89m d'ioncam agus caiteachas. Déantar ioncam ó rátaí a bhuiséadú ag €15.1m (ARV 0.2445) agus maoiniú do Cháin Mhaoine Áitiúil ag €13.225m, lena n-áirítear méadú 15% ar an mbonnráta. Tá méadú 12% tagtha ar mhaoiniú Bhuiséad 2024, vis a vis buiséad 2023. Is ionann seo agus €9.7m breise d'ioncam agus de chaiteachas do Chomhairle Contae Mhuineacháin le haghaidh 2024. Ullmhaíodh an Buiséad agus é mar chuspóir maoiniú a chur ar fáil chun leanúint leis na leibhéil seirbhíse atá ann cheana in ainneoin na ndúshlán a bhaineann le costais atá ag ardú.

# Tithíocht & Foirgneamh

### Soláthar Tithíochta 2023

Cuireadh 98 aonad tithíochta sóisialta breise ar fáil in 2023. Seachadadh na tithe seo trí mheascán tithe nuathógtha agus ceannacháin nua. Ba é 56 aonad tithíochta sóisialta sprioc na Roinne Tithíochta a socraíodh do Chomhairle Contae Mhuineacháin le haghaidh 2023. Sáraíodh é seo faoi 75% in 2023.


Ba iad na tionscadail tógála nua príomhfhócas an chláir caiteachais chaipitiúil le haghaidh 2023. Chríochnaigh Comhairle Contae Mhuineacháin 7 n-aonad ag An Clós Béal Átha Beithe. Meascán d'athnuachan i lár an bhaile atá sa tionscadal seo, a thugann aghaidh ar réadmhaoine tréigthe agus ar fhorbairt tithíochta neamhchríochnaithe. Críochnaíodh 4 theach ag Cnoc Na Gréine, Tigh Damhnata, 1 réadmhaoin ag Sráid Mhic Curtáin, Cluain Eois agus 4 theach ag Radharc an Stáisiúin i mbaile Mhuineacháin.

Tá caidreamh oibre den scoth ag Comhairle Contae Mhuineacháin le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta agus leanann siad orthu ag comhoibriú leo le haonaid tithíochta sóisialta a sheachadadh. I gcomhar le Tuath Housing, tá 14 theach curtha ar fáil ag Na Cluainte, Scairbh na gCaorach agus 8 dteach seachadta ag Radharc An Bhrí i mBaile na Lorgan (Céim 2).

Thug Cooperative Housing Ireland 17 dteach i gcrích ag Droim Biúir agus thug Cluid Housing Association 9 dteach i gcrích ag Gleann an Chnoic Rua i mbaile Mhuineacháin. Chuir North and East Housing Association 4 árasán de chuid na Scéime Cúnaimh Caipitil ar fáil ag Cúirt na Beithe, Béal Átha Beithe.

In 2023 chuir Comhairle Contae Mhuineacháin ceannachán 19 dteach i gcrích,
13 Thionóntacht
i Situ 1 Duine le
Míchumas
3 éirí as easpa dídine / easpa dídine a chosc
2 Éadáil Chaighdeánacha

Tríd an scéim Morgáiste go Cíos, tá trí theach bhreise eile á mbainistiú anois ag “Home for Life”. Taifeadtar na réadmhaoine seo go hoifigiúil faoin gceannteideal “Léasú” nó is féidir go mbeidh siad faoi úinéireacht na n-áititheoirí arís sa deireadh. Tá siad faoi úinéireacht “Home for Life” faoi láthair, áfach, chun ligean d'áititheoirí fanacht ina dtithe in ainneoin saincheisteanna morgáiste.




ProjectUnits

BY YEAR, QUARTER, DEVELOPMENT

| Year | 2023 | | | | | Total |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Development | Qtr 1 | Qtr 2 | Qtr 3 | Qtr 4 | Total | |
| Acquisitions | 1 | 4 | 2 | 12 | 19 | 19 |
| Build | | 21 | 35 | 20 | 76 | 76 |
| Leasing | | | 2 | 1 | 3 | 3 |
| Total | 1 | 25 | 39 | 33 | 98 | 98 |

### Folúntais Ócáideacha / Tithe Folmha

Dhéileáil Comhairle Contae Mhuineacháin le 68 Folúntas Ócáideach in 2023 ar chostas €1,913,851 (lena n-áirítear costais Éifeachtúlachta Fuinnimh €840,536). Ullmhaíodh na tithe le hathligean ar mheánchostas €28,144.87 an ceann agus críochnaíodh iad taobh istigh de thart ar 15.56 seachtaine, ar an meán. Áirítear leis an meán ama costais agus athligin agus oibreacha iarfheistithe éifeachtúlachta fuinnimh a chuireann €12,360 leis an meánchostas foriomlán agus a mhéadaíonn an líon seachtainí foriomlána ar an meán de réir mar a thógann sé níos faide na hoibreacha seo a chur i gcrích. I measc na ngnáthoibreacha athligin tá cistin nua, urlárlach, an córas leictreachais, péintéireacht, córas teasa, uasghráduithe ar an seomra folctha agus fálú. Níl aon tithe folmha fadtéarmacha ag Comhairle Contae Mhuineacháin.

## Cothabháil Tithe:

In 2023, rinneadh foráil do leithdháileadh buiséid €1,075,000 le haghaidh freagra agus cothabháil ghinearálta pleanáilte ar stoc tithíochta na Comhairle. Fuair agus logáil an Rannóg Tithíochta 1,904 iarratas ar dheisiú in 2023, mar aon le figiúirí 2022 de 1,890.

I measc na bpríomhréimsí cothabhála tithíochta le haghaidh teaghaisí áitithe, tá:

1. **Cothabháil Freagartha** lena mbaineann freagra a thabhairt ar éigeandálaí tionónta agus iarratais ar dheisiú tuairiscithe. Leanann an Rannóg Tithíochta ag dul i dteagmháil le tionóntaí chun faisnéis chuí a sholáthar maidir leis na freagrachtaí seo.
2. Is éard atá i gceist le **Cothabháil Phleanáilte** cláir spriocdhírithe a sheachadadh le haghaidh oibreacha feabhsúcháin agus athsholáthair ar leith. In 2023 díríodh oibreacha cothabhála spriocdhírithe ar oibreacha seachtracha, lena n-áirítear córais chóireála fuíolluisce, athsholáthar teorainneacha, athsholáthar fuinneog agus doirse agus athsholáthar dín.

## Scéim "Croí Cónaithe"

Seoladh an Deontas Athchóirithe le haghaidh Réadmhaoin Fholamh ar an 14 Iúil 2022 agus téann sé chun tairbhe dóibh siúd ar mian leo príomháit chónaithe phríobháideach a dhéanamh de theach nó foirgneamh a bhí folamh roimhe seo. Nuair a seoladh an deontas, cuireadh réadmhaoine folmha i mbailte agus i sráidbhailte san áireamh. Leathnaíodh an deontas i mí na Samhna 2022 chun réadmhaoine folmha incháilithe a chur san áireamh i gcathracha, i mbailte, i sráidbhailte agus in áiteanna tuaithe den tír.

Ón 1 Bealtaine 2023, leathnaíodh an deontas tuilleadh chun soláthar a dhéanamh d'iarratais ar réadmhaoin amháin a chuirfear ar fáil ar cíos, chomh maith le réadmhaoin amháin a bheidh ina príomháit chónaithe phríobháideach ag an úinéir.

Tá deontas suas le huasmhéid €50,000 ar fáil le haghaidh:

- réadmhaoine folmha a athchóiriú le go n-áiteofar mar phríomháit chónaithe phríobháideach iad, agus
- le haghaidh réadmhaoine a chuirfear ar fáil ar cíos,

Sa chás go bhfuiltear ag súil go sáróidh na costais athchóirithe an deontas caighdeánach suas le €50,000, tá uasmhéid deontais bhreisithe suas le €20,000 ar fáil sa chás go ndeimhníonn an t-iarratasóir go bhfuil an réadmhaoin tréigthe.

Tá 143 iarratas faighte ó cuireadh tús leis an deontas.

Tá 76 iarratas ceadaithe, miondealaithe ag an Stiúrthóir Bainistíochta mar seo a leanas :-

- 27 i gCeantar Bardasach Mhuineacháin luacháilte ag €1,460,068 (15 - Deontas Athchóirithe Réadmhaoine Folamh – 12 - Deontas Breisithe Réadmhaoin Tréigthe)
- 22 i gCeantar Bardasach Bhéal Átha Beithe/Chluain Eois luacháilte ag €1,238,300 (8 - Deontas Athchóirithe Réadmhaoine Folamh – 14 - Deontas Breisithe Réadmhaoin Tréigthe)
- 27 i gCeantar Bardasach Charraig Mhachaire Rois/Bhaile na Lorgan luacháilte ag €1,492,122 (15 - Deontas Athchóirithe Réadmhaoine Folamh – 12 - Deontas Breisithe Réadmhaoin Tréigthe)

## Tionóntachtaí na Comhairle Contae

In 2023 cuireadh tús le 137 tionóntacht nua ag Comhairle Contae Mhuineacháin agus tairgeadh tionóntachtaí le Comhlacht Ceadaithe Tithíochta do 47 duine breise ó liosta tithíochta na Comhairle.

Féach na táblaí thíos le haghaidh Leithdháiltí 2023.

| Leithdháiltí de réir Ceantar Bardasach, Réadmhaoin Chomhairle Contae Mhuineacháin - 2023 | |
|---|---|
| Cluain Eois/Béal Átha | **22** |
| Beith Muineachán | **43** |
| Carraig Mhachaire Rois/Baile na Lorgan | **72** |
| **IOMLÁN** | **137** |

| Leithdháiltí de réir Cineál Réadmhaoine, Muineachán Réadmhaoin na Comhairle Contae - 2023 | |
|---|---|
| 1 Seomra Leapa | **11** |
| 2 Sheomra Leapa | **38** |
| 3 Sheomra Leapa | **77** |

| | |
|---|---|
| 4 Sheomra Leapa | 9 |
| 5+ Sheomra Leapa | 2 |
| **IOMLÁN** | **137** |

## Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean:

In 2023, fuair Comhairle Contae Mhuineacháin 181 fiosrúchán go díreach nó ó dhaoine aonair iad féin nó ó dhaoine eile ar a son, ag tuairisciú go bhfuil siad gan dídean. Tugadh faoi deara freisin go bhfuil tionchar aige seo ar 54 leanbh go hindíreach dá bharr. Tar éis Measúnaithe ar Dhaoine gan Dídean, measadh go raibh 53 de na daoine sin gan dídean, lena n-áirítear 14 leanbh a tionchar aige sin orthu go hindíreach gur theastaigh socrúchán isteach i gCóiríocht Éigeandála do Dhaoine gan Dídean uathu. Bhí deacrachtaí a bhaineann le cóiríocht i gceist leis an 128 fiosrúchán eile nó bhí siad i mbaol gan dídean a bheith acu, ach ní raibh siad gan dídean. Maidir le gach fiosrú faoi dhaoine gan dídean, chuir Seirbhísí na Comhairle do Dhaoine gan Dídean tacaíocht agus treoir ar fáil.

Tá 7 nduine aonair ag plé leis an gClár Tithíocht ar dTús i gcontae Mhuineacháin faoi láthair. Tá siad ag fanacht i meascán d'aonaid tithíochta Údaráis Áitiúil agus Cheadaithe agus faigheann siad tacaíocht ó thimseirbhís tacaíochta a chuireann Iontaobhas Peter McVerry ar fáil dóibh.

## Cóiríocht don Lucht Siúil

Tá Comhairle Contae Mhuineacháin ag ullmhú a Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2025 go 2029. Cuirfear tacaíocht tithíochta sóisialta don Lucht Siúil ar fáil trí Thithíocht Shóisialta, Comhlacht Ceadaithe Tithíochta, cóiríocht a bhaineann go sonrach leis an Lucht Siúil agus cúnamh ÍCT a sholáthar.

Is é 166 teaghlach an meastachán a rinneadh le déanaí ar theaghlaigh den Lucht Siúil atá ina gcónaí i gContae Mhuineacháin.

Tá 107 teaghlach ina gcónaí i dteach ar cíos ón Údarás Áitiúil, tá 20 teaghlach ina gcónaí i dteach a ceannaíodh le cúnamh ón Údarás Áitiúil, tá 2 theaghlach ina gcónaí i dteach a fuarthas gan aon chúnamh ón Údarás Áitiúil, tá 9 dteaghlach ina gcónaí i gcóiríocht phríobháideach ar cíos, faigheann 8 de na teaghlaigh seo tacaíocht lena gcíos, 3 theaghlach ina gcónaí i dtithíocht Comhlachtaí Ceadaithe, 2 dhuine aonair ina gcónaí i gcóiríocht eile a fhaigheann tacaíocht ón stát, tá 9 dteaghlach ag roinnt cóiríochta, tá 13 theaghlach ina gcónaí i gcóiríocht a bhaineann go sonrach leis an Lucht Siúil, 1 theaghlach ar thaobh an bhóthair.

Ó na figiúirí seo is féidir linn a fheiceáil go bhfuil 9 dteaghlach atá ag roinnt agus 1 duine aonair ar thaobh an bhóthair nach bhfuil ag fáil tacaíocht tithíochta sóisialta agus go bhféadfadh sé seo a bheith ag teastáil uathu sa tréimhse a mhairfidh an plean. Ní mór don Údarás Áitiúil na riachtanais chóiríochta reatha agus réamh-mheasta a mheas i rith an Chláir Cóiríochta don Lucht Siúil 2025-2029.

## Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT)

Tá ról tábhachtach ag ÍCT fós mar chineál tacaíochta tithíochta sóisialta dóibh siúd a bhfuil riachtanas fadtéarmach tithíochta acu. Cuireadh tús le 127 tionóntacht in 2023 agus bhí 507 tionóntacht ghníomhach le tacaíocht ÍCT san iomlán amhail an 31 Nollaig 2023. Tá Ionad Seirbhísí Comhroinnte ÍCT atá lonnaithe i gComhairle Cathrach agus Contae Luimnigh freagrach as gach idirbheart airgeadais, bailiú císa ó thionóntaí agus íocaíocht tiarna talún ag deireadh na míosa.

## Scéim Cóiríochta Cíosa

Is éard atá sa Scéim Cóiríochta Cíosa (RAS) ná tacaíocht do dhaoine a bhfuil gá acu le tithíocht fhadtéarmach. Ba é 199 líon iomlán na dtionóntachtaí a raibh tacaíocht RAS á bhfáil acu amhail an 31 Nollaig 2023: 64 teaghlach i gcóiríocht phríobháideach ar cíos agus 135 teaghlach i réadmhaoin CCT. Is é costas císa míosúil an tiarna talún go gach tionóntacht RAS amhail an 31 Nollaig 2023 ná €78,880.44.

## Deontais Tithíochta

In 2023 fuair Comhairle Contae Mhuineacháin leithdháileadh tosaigh de €1,312,475 agus tar éis iarratais chuig an Roinn méadaíodh é go €2,402,000 mar gheall ar an méadú ard leanúnach atá á dhéanamh ar dheontais tithíochta sa Chontae. Cheadaigh an Rannóg Tithíochta 339 iarratas ar dheontas tithíochta, ag íoc amach ar 326 iarratas agus ag cúiteamh ina n-iomláine ar 326 iarratas.

Tá Comhairle Contae Mhuineacháin fós ag barr 'tábla tarraingthe anuas' na Roinne le haghaidh 2023, fianaise ar an obair iontach atá á déanamh ag gach duine a bhfuil baint acu leis na scéimeanna éagsúla deontais a chur chun cinn agus a sheachadadh.

## Athrú Aeráide

Tá Comhairle Contae Mhuineacháin tiomanta d'éifeachtaí diúltacha an Athraithe Aeráide ar a stoc

tithíochta sóisialta a laghdú. Tá gach tionscadal tithíochta sóisialta á dhearadh chun maolú ar thionchair an athraithe aeráide nó chun oiriúnú dóibh. Rinneadh Tuarascáil inmheánach deisce um Aithint Riosca Tuile ar gach Stoc Tithíochta Sóisialta in 2022.

In 2023, tar éis na tuarascála seo, cheap Comhairle Contae Mhuineacháin comhairleoirí chun tuilleadh Measúnuithe Riosca Tuilte a dhéanamh ar réadmhaoin a sainaithníodh mar réadmhaoin a d'fhéadfadh a bheith i mbaol tuilte in eachtra stoirme uair sa mhíle bliain. Breithneofar an gá agus an indéantacht a d'fhéadfadh a bheith le bearta maolaithe nó oiriúnaithe tuile in 2024.

In 2023 chuir an Rannóg Tithíochta roinnt clár Gníomhaithe ar son na hAeráide san áireamh in oibreacha a rinneadh. Tugadh faoin gclár Iarfheistithe Fuinnimh le Teaschaidéal a chur in ionad córais téimh ola/breosla sholadaigh i 92 réadmhaoin agus san fhorbairt nua sa Chlós, Béal Átha Beithe, cuireadh an scéim píolótach de chabhsáin féir inbhuanaithe i bhfeidhm.

### Oibreacha Éifeachtúlachta Fuinnimh

Ag tógáil ar rath an Chláir Éifeachtúlachta Fuinnimh in 2022, sháraigh Comhairle Contae Mhuineacháin a leithdháileadh arís ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta le haghaidh 2023 agus chuir sí oibreacha uasghrádaithe ar fáil do 92 réadmhaoin ar chostas €2,940,353.
Mhaoinigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta 98% de na costais seo (€2,895,182).
I measc na n-oibreacha bhí fuinneoga agus doirse nua, insliú ballaí inmheánacha nó seachtracha (más gá) agus suiteáil teaschaidéil. I measc na n-oibreacha freisin, bhí seanchórais téimh neamhéifeachtúla a bhaint, insliú dín comhréidh a uasghrádú, simléir atá ann cheana a dhúnadh agus gach obair eile is gá chun Rátáil Fuinnimh Foirgnimh B2 (RFF) ar a laghad a bhaint amach.

Ós rud é go maoinítear an Clár Iarfheistithe Éifeachtúlachta Fuinnimh faoi "Tithíocht do Chách" meastar go dtiocfaidh méadú ar an leithdháileadh maoinithe don chlár seo in 2024. Tá sé mar aidhm ag Comhairle Contae Mhuineacháin líon na réadmhaoine atá á gcur i gcrích gach bliain a uasmhéadú faoi réir maoinithe.
Leanfaidh clár na n-oibreacha le haghaidh 2024 ag díriú ar réadmhaoine in ord tosaíochta atá leagtha síos ag an rátáil Fuinnimh Foirgnimh.



**<u>An Grúpa Stiúrtha Tithíochta agus Míchumais (HDSG)</u>**
Ról an HDSG

- Maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm áitiúil na Straitéise Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas, lena n-áirítear tithíocht do dhaoine faoi mhíchumas atá ag aistriú ó chúram institiúideach.
- Prótacail idirghníomhaireachta áitiúla a fhorbairt, a mhonatóiriú agus a athbhreithniú, de réir mar is cuí.
- Pleananna straitéiseacha agus sonracha a fhorbairt chun freastal ar riachtanais tithíochta agus ar thacaíochtaí gaolmhara do dhaoine faoi mhíchumas.
- Ag obair leis na gníomhaireachtaí go léir chun seirbhísí a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear fostaíocht, oideachas agus oiliúint.
- Ag feidhmiú mar fhóram le haghaidh malartú faisnéise.

Léiríonn an tábla go raibh 18% de na leithdháiltí go léir déanta do dhaoine faoi Mhíchumas. Is é cuspóir na Comhairle an ráta seo a bheith ag 20%.

| Tuarascáil Leithdháiltí | ÚÁ | CCT | 2023 |
|---|---|---|---|
| Iomlán na Leithdháiltí | 137 | 47 | 184 |
| Leithdháiltí do Dhaoine faoi Mhíchumas | 18 | 15 | 33 |
| Fisiciúil | 9 | 12 | 21 |
| Céadfach | 0 | 0 | 0 |
| Meabhairshláinte | 2 | 2 | 4 |
| Intleachtúil | 7 | 1 | 8 |

# An tAonad Sláinte agus Sábháilteachta

## Plean Oibriúcháin

Ag teacht leis an bPlean Seachadta Seirbhíse Bliantúil (ASDP) a forbraíodh le haghaidh 2023, d'fhorbair an tAonad Sláinte agus Sábháilteachta (HSU) Plean Oibriúcháin HSU 2023. Leagtar amach sa phlean seo na spriocanna oibre atá le baint amach in 2023. Rinne an HSU athbhreithniú ar an bPlean Oibriúcháin ar bhonn seachtainiúil chun a chinntiú go mbainfí an plean amach. Cuireadh an plean oibriúcháin i gcrích (laghdaíodh cuid den obair a bhí sa phlean bunaidh mar gheall ar laghdú foirne).

## Seo a leanas achoimre ar phríomhghnéithe na hoibre a rinne an HSU in 2023:

- Forbraíodh plean Seachadta Seirbhíse Bliantúil HSU in am agus cuireadh i bhfeidhm é.
- Forbraíodh Plean Oibriúcháin HSU in am agus seachadadh é.
- Tuarascáil Dul Chun Cinn ar Phlean Corparáideach HSU eisithe in am.
- Rinneadh Clár Riosca Corparáideach HSU a athbhreithniú agus nuashonrú go ráithiúil.
- Ráiteas Sábháilteachta Corparáideach athbhreithnithe/nuashonraithe sé huaire in 2023.
- Rinneadh athbhreithniú / nuashonrú ar 13 x Nósanna Imeachta S&S mar aon le 28 x Foirmeacha agus Teimpléad S&S.
- Rinneadh athbhreithniú mionsonraithe ar HSMS i mí an Mheithimh agus i mí na Nollag 2023.
- Rinneadh ceithre iniúchadh rannóige in 2023 (Comhshaol, Oiliúint, Tréidliacht agus Tithíocht) agus eisíodh tuarascáil mhionsonraithe agus achomair le haghaidh gach iniúchta.
- Tuarascálacha Míosúla HSU eisithe in am
- Cur i láthair Deimhniú LG curtha ar siúl do rannpháirtithe i ndáil le Ceist S&S ag an gCeannasaí S&S.
- Oiliúint HSMS curtha ar fáil do gach fostaí ag an gCeannasaí S&S.
- Ceithre Chruinniú LASOG (lena n-áirítear Comhdháil Náisiúnta) ar fhreastail Ceannasaí S&S orthu
- 13 x Faisnéisiú Sábháilteachta forbartha agus seachadta do gach fostaí.
- Rinne an Ceannasaí S&S tástáil, cothabháil agus glanadh démhíosúil ar dhífhibrileoirí.
- Dífhibrileoirí nua curtha i Leabharlann Bhaile na Lorgan agus cófra feistithe ar Champas na Síochána (ar mhaithe le dífhibrileoir nua).
- Tugadh suntas agus aitheantas do Lá Cuimhneacháin na nOibrithe i mí Aibreáin.
- Imeachtaí laethúla curtha ar fáil don tSeachtain Sláinte agus Sábháilteachta i mí Dheireadh Fómhair 2023 ag Ceannasaí S&S.
- D'fhorbair an Ceannasaí S&S nuachtlitreacha Safety Link agus d'eisigh iad i mí an Mheithimh agus i mí na Nollag 2023 le haiseolas maith agus dearfach ó fhostaithe.

## Clár Cigireachta

Cuireadh Clár Cigireachta 2023 i gcrích go rathúil. Tugann an tábla seo a leanas breac-chuntas ar na cigireachtaí a chuir an HSU i gcrích:

| Sprioclíon na gCigireachtaí: | Líon Cigireachtaí Bainte Amach: | % Bainte Amach: |
|---|---|---|
| 175 | 199 | 114% |
| **An Chigireacht Ar Tugadh Fúithi:** | **An Líon a Rinneadh:** | |
| Spotseiceálacha HHS | 84 | |
| Oibreacha Bóthair | 91 | |
| Slata | 3 | |
| Uisce | 4 | |
| Tithíocht | 8 | |
| Corparáideach/Caipiteal | 3 | |
| Timpeallacht | 2 | |
| Eile | 4 | |
| **Iomlán:** | **199** | |

## Measúnú Guaise agus Riosca

Tugtar breac-chuntas sa tábla seo a leanas ar Mheasúnuithe Guaise agus Riosca a chríochnaigh an HSU in 2023:

| Cineál Measúnaithe: | An Líon a rinneadh: |
|---|---|
| Seirbhísí Uisce | 34 |
| Foirgnimh | 4 |
| Clóis/Iostaí/Láithreán Líonadh Talún | 3 |
| Clóis Shúgartha | 13 |
| Eile | 2 |
| **Iomlán:** | **56** |

# Seirbhísí Uisce

## Claochlú Uisce Éireann

Rinneadh forbairtí suntasacha maidir le clár claochlaithe Uisce Éireann in 2023.

De réir pháipéir bheartais Chlaochlú na hEarnála Uisce, Uisce Éireann - I dTreo Fóntais Náisiúnta, faoi Úinéireacht Phoiblí, Rialáilte, Seirbhísí Uisce, thug an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC) cúnamh do pháirtithe creat oibríochtúil comhaontaithe a cheapadh chun teacht in ionad na gcomhaontuithe leibhéal seirbhíse atá ann faoi láthair.

Mar thoradh ar an rannpháirteachas, tháinig Creat um Sheirbhísí Uisce a Sholáthar Amach Anseo – a thug aghaidh ar ábhair imní na foirne maidir le seirbhísí uisce a sholáthar amach anseo.

Thosaigh aistriú seirbhísí poiblí ó Chomhairle Contae Mhuineacháin chuig rialú bainistíochta díreach Uisce Éireann ar an 27 Iúil 2023.

Tá freagracht iomlán glactha ag Uisce Éireann as seirbhísí uisce a sheachadadh agus bainistíocht agus stiúradh gach ball foirne seirbhísí uisce incháilithe i gComhairle Contae Mhuineacháin.

Ní bheidh tionchar ag an aistriú seo ar fhreagracht na Comhairle maidir le maoirseacht a dhéanamh ar an gClár Uisce Tuaithe.

## An Clár Uisce Tuaithe

Tá an Clár Uisce Tuaithe i gContae Mhuineacháin á riar ag Comhairle Contae Mhuineacháin.
Cuireann an clár bearta ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh sna nithe seo a leanas:

- Grúpscéimeanna Uisce
- Grúpscéimeanna Séarachais
- Soláthairtí Uisce Príobháideacha nuair nach bhfuil aon ghrúpa malartach ná soláthar poiblí ar fáil.
- Córais Chóireála Fuíolluisce Tí Phríobháideacha (DWWTanna) trína gcáilíonn an t-iarratasóir faoi Rialacháin na dTithe (Córais Chóireála Fuíolluisce Tí - Cúnamh Airgeadais) 2020.
- Soláthairtí Uisce Príobháideacha trína gcáilíonn an t-iarratasóir faoi Rialacháin na dTithe (Deontas um Leasúchán Luaidhe Baile) 2022.

## Fóirdheontais

Tá 12 ghrúpscéim uisce sa chontae, chomh maith leis sin bíonn Grúpscéim Uisce Bharrachaidh ag freastal ar an gcuid den chontae a roinneann teorainn leis an gCabhán (déileálann siad leis an gCabhán mar údarás maoirseachta agus le haghaidh íocaíochtaí). Freastalaíonn na 12 Ghrúpscéim Uisce ar thart ar 28,400 duine. Déanann Comhairle Contae Mhuineacháin fóirdheontais bhliantúla a riar i dtreo an chostais a bhaineann le huisce tí a sholáthar do ghrúpscéimeanna uisce sa chontae. Rinne an tÚdarás Áitiúil €6m in íocaíochtaí fóirdheontais le 12 ghrúpscéim uisce in 2023.

## An Clár Ilbhliantúil Uisce Tuaithe (MARWP) 2024-2026

Cuimsíonn timthriall maoinithe 2024-2026 an chláir ilbhliantúil bearta a léiríonn na príomhdhúshláin atá roimh earnáil an uisce tuaithe faoi láthair - ó dhobharcheantar go tomhaltóirí (foinse – cóireáil – dáileadh), chun éilliú uisce a chosc agus a chinntiú go bhfuil uisce óil sábháilte agus go gcomhlíonann sé paraiméadair cháilíochta na Rialachán maidir le hUisce Óil ar bhonn comhsheasmhach fadtéarmach. Tá an timthriall maoinithe seo oscailte faoi láthair le haghaidh iarratas agus dúnfar é ar an 12 Aibreán 2024.



Fíor 1 - Tionscadal Píolótach Cosanta Foinse Baird's Shore/Abhainn an Droma Mhóir



Fíor 2 - Tionscadal Píolótach Cosanta Foinse Baird's Shore/Abhann an Droma Mhóir

Tugadh deontais chaipitil dar luach €8,936 san iomlán do ghrúpscéimeanna uisce in 2023 sa chontae faoin MARWP. Rinneadh na híocaíochtaí sin chun deireadh a chur leis na tionscadail faoi MARWP 2019-2021.

## Deontais Tobair

Fuair an tÚdarás Áitiúil trí iarratas déag nua ar dheontas tobair in 2023. In 2023 d'fhéadfadh iarratasóirí €1,000 a éileamh i dtreo cóireáil a dhéanamh ar a soláthar uisce príobháideach, €3,000 i dtreo na n-oibreacha uasghrádaithe/feabhais agus
€5,000 le tobar nua/soláthar uisce príobháideach a shuiteáil.
In 2023 íocadh cúnamh deontais dar luach €19,450 ar an iomlán le hiarratasóirí ar oibreacha uasghrádaithe/feabhais nó ar chórais chóireála a shuiteáil ar a soláthar uisce príobháideach.

## Córais Chóireála Fuíolluisce Tí

Faoin Acht um Sheirbhísí Uisce (Leasú) 2012, tugann Comhairle Contae Mhuineacháin faoi chigireachtaí ar chórais chóireála fuíolluisce phríobháideacha (dabhcha séarachais). In 2023, faoin bPlean Cigireachta Náisiúnta (NIP) rinne foirne na nÚdarás Áitiúil 45 iniúchadh ar chórais chóireála fuíolluisce tí agus mar thoradh air sin eisíodh 17 bhfógra comhlíontachta agus 28 fhógra chomhairleacha do theaghlaigh. Íocadh 3 dheontas dar luach €15,000 le hiarratasóirí incháilithe ar oibreacha feabhsúcháin/feabhsúcháin le DWTTS in 2023.

Leanfaidh teaghlaigh le hiarratais ar dheontais a bhaineann le ceanglais maidir le fógra comhairleach 2023 a chur isteach in 2024 de réir mar a bheidh oibreacha feabhsúcháin críochnaithe agus iniúchta.

## Comhlíontacht maidir le hUisce Óil

In 2023 b'ionann an ráta comhlíontachta i Muineachán do ghrúpscéimeanna príobháideacha uisce agus soláthairtí beaga príobháideacha agus 99.4% do na paraiméadair go léir a ndearnadh measúnú orthu.

Tugadh 19 shárú faoi deara i rith na bliana agus chuathas i gcomhairle le FSS nuair a bhí sé ábhartha. Ba iad THM, Mangainéis, Iarann agus Alúmanam na príomhsháruithe. Aithníodh na 19 sárú trínár gclár samplála féin, ar thug an tsaotharlann fógra ina leith, agus a cuireadh in iúl do na scéimeanna ansin. I measc na ngníomhartha ceartaitheacha a rinne na scéimeanna chun deireadh a chur le sáruithe bhí sampláil arís agus arís eile chun comhlíontacht a fhíorú, imscrúduithe ar phróisis ionad cóireála agus tabhairt faoi iniúchadh láithreáin má bhí gá leis.

Chomh maith leis an gclár samplála rialála, tá clár samplála amhuisce tógtha ó gach foinse ann freisin. Déantar sin sa bhreis ar na samplaí laethúla a thógann na scéimeanna féin. Soláthraíonn gach sampla amhuisce a thóg Comhairle Contae Mhuineacháin in 2023 faisnéis bhreise maidir le substaintí ar ábhair

spéise iad amhail luibhicídí agus PAH. In 2023 lean clár samplála Oibríochtúla ar aghaidh le haghaidh 2 scéim a bhfuil measúnuithe á ndéanamh orthu le haghaidh uasghr ádú. Úsáidfear na sonraí chun cur le tuairisciú nuair is gá.

Eisíodh fógra 'Ná hÓl' amháin in 2023. Cuireadh deireadh leis an bhfógra seo a luaithe agus ab fhéidir tar éis dul i gcomhairle le FSS agus leis an ngrúpscéim uisce. Bhain an fógra le mangainéis bhreise os cionn treoirluachanna sláinte poiblí.

Chomh maith leis an obair shamplála agus mhonatóireachta mar a leagtar amach thuas, rinne Comhairle Contae Mhuineacháin iniúchadh amháin ar ionad cóireála GWS príobháideach agus tugadh roinnt cuairteanna ar roinnt soláthairtí beaga príobháideacha i rith 2023. Roghnaíodh na cuairteanna ar bhonn tosaíochta bunaithe ar a ndáta deireanach cigireachta nó ar shaincheist ar leith maidir le caighdeán an uisce.
Aistriú Sócmhainní

Foráiltear le hAlt 12 den Acht um Sheirbhísí Uisce (Uimh. 2), 2013 d'aistriú Sócmhainní Seirbhísí Uisce chuig Uisce Éireann. Tugadh éifeacht do na forálacha reachtacha le hOrdú ón Aire. Go dtí seo tá 137 uimhir fóilió aistrithe chuig Uisce Éireann.
Tá thart ar 56 fóilió fós le haistriú mar go bhfuil níos mó ná fóilió amháin i roinnt sócmhainní.

Tá obair mhionsonraithe ar siúl an t-am ar fad chun ábhar tacaíochta a ullmhú chun na sócmhainní sin a aistriú, lena n-áirítear foroinnt fóiliónna agus mapáil ghaolmhar, láithreáin neamhchláraithe a chlárú, cearta slí dlíthiúla a bhunú agus aimhrialtachtaí teidil gan réiteach go fóill a réiteach.

# Cosaint an Chomhshaoil

I rith 2023, cuireadh de chúram arís ar an rannóg Seirbhísí Comhshaoil i gComhairle Contae Mhuineacháin Beartas agus reachtaíocht Comhshaoil AE agus Náisiúnta a chur i bhfeidhm atá dírithe ar thimpeallacht ár gcontae a chosaint.

Mar a shonraítear i Sprioc Ardleibhéil 1 de Phlean Corparáideach Chomhairle Contae Mhuineacháin 2020-2024, gheall an chomhairle timpeallacht ghlan, shábháilte a chur chun cinn agus a chosaint ar bhealach atá inmharthana agus inbhuanaithe.

Tugtar breac-chuntas ar thosaíochtaí agus ar chuspóirí na rannóige Seirbhísí Comhshaoil in Aguisín 11 mar aon leis an dul chun cinn a rinneadh i rith 2023.

Go hachomair, áirítear leis na cuspóirí sin:

- Plean Bainistíochta Bruscair Chontae Mhuineacháin a chur i bhfeidhm.
- Plean Bainistíochta Dramhaíola Chonnacht-Uladh 2015-2021 a chur i bhfeidhm.
- A chinntiú go bhfeidhmíonn gach saoráid dramhaíola agus athchúrsála atá faoi úinéireacht na Comhairle de réir na reachtaíochta bainistíochta dramhaíola reatha.
- An Plean Bainistíochta Abhantraí 2018-2021 agus na ceanglais a bhaineann leis an gCreat-treoir Uisce a chur i bhfeidhm.
- Tionscadail nuálacha feasachta comhshaoil a fhorbairt.
- Sábháilteacht an phobail a chinntiú ó ainmhithe neamhrialaithe agus cosaint leasa ainmhithe i mbunaíochtaí faoi mhaoirseacht Chomhairle Contae Mhuineacháin.
- Sláinte an phobail a chosaint trína chinntiú go gcomhlíontar sábháilteacht bia i ngnólachtaí bia faoi mhaoirseacht Chomhairle Contae Mhuineacháin.

### Rialacháin agus Forfheidhmiú Dramhaíola

Le linn 2023 ullmhaíodh ár bplean oibre comhshaoil RMCEI maidir le dramhaíl i gcomhréir leis na tosaíochtaí Náisiúnta forfheidhmithe dramhaíola a cuireadh in iúl do gach údarás áitiúil trí chomhfhreagras a d'eisigh an GCC i mí na Nollag 2022 inar leagadh amach na tosaíochtaí seo a leanas le haghaidh 2023:

- Dul i ngleicle gníomhaíocht shuntasach dramhaíola atá neamhdhleathach.
- Dramhaíl Tógála agus scartála.
- Feithiclí Ré Caite agus miotail.
- Dramhaíl Tí agus Tráchtála.
- Freagrachtaí Táirgeora.

I rith 2023 bhí triúr Oifigeach Forfheidhmithe Dramhaíola lánaimseartha ann agus d'aisíoc Comhairle Contae Mhuineacháin €192,000 ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide as costais a bhain le gníomhaíochtaí forfheidhmithe dramhaíola. Ina theannta sin, bhí maor patróil timpeallachta lánaimseartha ann. Bíodh is go raibh cuid shuntasach dár n-ualach oibre ag an bhfoireann forfheidhmiúcháin ag déileáil leis na NEPanna, bhí baill foirne ag plé le gníomhaíochtaí eile freisin ar nós gearáin dramhaíola a imscrúdú, iarratais ar Dheimhniú Clárúcháin agus Ceadanna Saoráide Dramhaíola a phróiseáil, measúnú a dhéanamh ar iarratais phleanála chun comhlíonadh bainistíochta dramhaíola a chinntiú, agus a chinntiú go bhfuil gníomhaíochtaí dramhaíola a bhíonn ar siúl laistigh de Chontae Mhuineacháin á ndéanamh i gcomhréir le reachtaíocht bainistíochta dramhaíola tríd an gcóras deimhniúcháin agus ceadaithe cuí.



Dramhaíl T&S a Dumpáladh go Neamhdhleathach

Agus na tosaíochtaí seo á gcomhlíonadh in 2023 chríochnaigh Comhairle Contae Mhuineacháin an méid seo a leanas:

- Rinneadh níos mó ná 1,000 iniúchadh.
- Rinneadh imscrúdú ar 375 gearán dramhaíola.
- Tionscnaíodh 238 gníomh forfheidhmiúcháin, lena n-áirítear 79 litir rabhaidh dramhaíola eisithe, 31 fhógra faoi Alt 55 den Acht um Bainistiú Dramhaíola, 24 Fógra Pionóis Sheasta faoi na Rialacháin um Cheadanna Bailithe Dramhaíola, agus 47 fíneáil bhruscair faoin Acht um Thruailliú ó Bhruscar.

I rith 2023, ceist achrannach a bhí i ndumpáil dramhaíola sciúrtha díosail i gcónaí agus taifeadadh 20 eachtra níocháin díosail i rith na bliana, i ndeisceart an chontae gar do theorainn Thuaisceart Éireann go príomha. B'ionann na costais a tabhaíodh chun déileáil le dramhaíl níocháin díosail in 2023 agus €115,000 a fuarthas ar ais ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide ina dhiaidh sin.

I rith 2023 fuair Seirbhísí Comhshaoil maoiniú €75,000 ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide le tógáil compúin stórála nua ag Coirnéal na nAlbanach a chur chun cinn chun dramhaíl níocháin díosail a stóráil go sealadach go dtí go mbainfear den láthair í ina dhiaidh sin le haghaidh cóireála ina dhiaidh sin ag saoráid dramhaíola guaisí ceadúnaithe. Cuireadh tús le hoibreacha ar an seid stórála seo i mí na Nollag 2023 agus tá oibreacha le críochnú i mí an Mhárta 2024. Mar thoradh ar an gcompún stórála a bheith tógtha, táirgfear níos lú dramhaíl leachtach éillithe ar an láthair a mbeidh laghdú ar na costais chóireála fhoriomlána mar thoradh air.



Oibreacha ag compún nua stórála – Feabhra 2024

Le linn 2023 d'éirigh le Muineachán €110,000 a fháil freisin chun raon tionscadal a sheachadadh faoin gclár Tionscnamh Frithdhumpála. I measc na dtionscadal a seachadadh faoin gclár seo bhí ceannach araidí bruscair grianchumhachtaithe do na Ceantair Bhardasacha, mí inar bailíodh earraí toirtiúla ar ráta fóirdheonaithe ag ár ndá ionad athchúrsála agus lá bailithe dramhaíola guaisí tí saor in aisce ag Coirnéal na nAlbanach.




Bailiúchán Dramhaíola Guaisí Saor in Aisce, Dé Sathairn ag Coirnéal na nAlbanach

## Cáilíocht Uisce

I rith 2023 bhí ceathrar oifigeach comhshaoil lánaimseartha ag obair i gcáilíocht uisce. I mí na Nollag 2022, cuireadh na réimsí oibreacha tosaíochta Uisce Náisiúnta in iúl do gach údarás áitiúil trí chomhfhreagras a d'eisigh an GCC.
I measc na dtosaíochtaí uisce le haghaidh 2023 bhí:

- Brúnna ó Thalmhaíocht (bailiú agus stóráil sciodair/uisce salaithe)
- Brúnna ó Thalmhaíocht (leathadh sciodair agus leasacháin)
- Córais Chóireála Fuíolluisce Tí / Dabhcha Séarachais
- Ceadúnais Sceite/Mícheangail
- Tosaíochtaí Áitiúla agus Monatóireacht ar Cháilíocht Uisce

Faoi phlean forfheidhmithe agus iniúchta RMCEI 2023 a ullmhaíodh i mí Feabhra de réir na dtosaíochtaí náisiúnta seo, lean foireann cháilíochta uisce Chomhairle Contae Mhuineacháin lena clár samplála cáilíochta uisce i gcomhar leis an GCC, rinne siad obair mheasúnaithe imscrúdaitheach ar réimsí uisce abhann agus locha roghnaithe, thug siad faoi chlár iniúchta feirme, rinne siad imscrúdú ar líon suntasach teagmhas truaillithe uisce, sceitheadh eisiltigh rialáilte trí cheadúnú, agus d'oibrigh siad le Clár Uiscí na nÚdarás Áitiúil (LAWPRO) agus é mar aidhm acu cáilíocht uisce a fheabhsú i réimsí a ainmníodh mar réimsí tosaíochta le haghaidh gníomhaíochta faoin bplean bainistíochta Abhantraí ina leagtar amach na gníomhartha atá á ndéanamh ag Éirinn agus é mar aidhm aici cáilíocht uisce a fheabhsú agus stádas éiceolaíoch ‘maith’ a bhaint amach i ndobharlaigh (aibhneacha, lochanna, inbhir agus uiscí cósta) faoi 2027. I rith 2023, cuireadh roinnt údarás áitiúil ar an eolas, lena n-áirítear Comhairle Contae Mhuineacháin go raibh acmhainní foirne breise maoinithe á leithdháileadh chun cabhrú le dul i ngleic le saincheisteanna náisiúnta cáilíochta uisce le fócas ar leith ar bhrúnna ón talmhaíocht agus i mí na Nollag 2023 d'earcaigh Comhairle Contae Mhuineacháin Eolaí Feidhmiúcháin nua. Táthar ag súil le hacmhainní foirne breise arna maoiniú ag an DHGLG in 2024, agus an bhéim arís ar an gcáilíocht uisce a fheabhsú go náisiúnta.




I measc cuid den obair chigireachta a rinne ár bhfoireann uisce in 2023 bhí an méid seo a leanas:

- Fiosraíodh 66 gearán maidir le truailliú uisce.
- Rinneadh 41 iniúchadh ar dabhcha séarachais i gcomhar leis an aonad uisce tuaithe.
- Rinneadh 52 cigireacht Dea-Chleachtas Talmhaíochta ar fheirmeacha.
- 250 sampla a tógadh mar chuid den Chreat-treoir Uisce a dhéanann monatóireacht ar aibhneacha agus ar lochanna.
- 86 iniúchadh ar cheadúnais Sceite
- 35 iniúchadh ar uisce snámha.

I rith 2023 rinne ár bhfoireann cáilíochta uisce dul chun cinn breise ar thionscadal Téarnaimh Loch Mucnú. Faoin gcéim seo den tionscadal is é an aidhm staidéar paileáilinneolaíoch ar dhríodar an loch a chur i gcrích chun tagairt a dhéanamh d'athruithe trófacha agus amanna téarnaimh locha a thuar. Cuireadh obair shamplála ar thionscadal Loch Mucnú i gcrích i mí Eanáir 2024 agus beidh tuairisc ar na torthaí le teacht i Ráithe 2 2024. Tá iarratas foirmiúil déanta ag Comhairle Contae Mhuineacháin le go n-áireofar Loch Mucnú mar “Limistéar Gníomhaíochta Tionscadail Dobharcheantair” sa Phlean Náisiúnta Bainistíochta Abhantraí 2022-2027 a fhoilseofar go luath.

## Obair Rialála Aeir

Maidir le forfheidhmiú aeir i rith 2023,
rinneadh os cionn 60 gnáth-iniúchadh ar chaighdeán an aeir faoi na Rialacháin um Breoslaí Soladacha, na Rialacháin um Ghal Peitriliam, na Rialacháin um

Thuaslagóirí agus na Rialacháin um Péinteanna Maisiúla. Faoi dheireadh 2023 rinneadh na saoráidí seo a leanas a rialáil faoi na rialacháin aeir seo a leanas.

- Údaraíodh 23 ath-chríochnaitheoir gluaisteáin faoi na Rialacháin um Péinteanna Maisiúla.
- Údaraíodh 4 shaoráid tirimghlanta agus foirgneamh tionsclaíoch amháin faoi na Rialacháin um Thuaslagóirí.
- Údaraíodh 29 stáisiún peitril faoi na Rialacháin um Ghal Peitriliam.

In 2023 fuair Comhairle Contae Mhuineacháin, i gcomhar le Comhairle Contae an Chabháin, maoiniú €30,000 ó DECC chun clár samplála comhordaithe ar bhreosla soladach atá ar díol ar fud an réigiúin a chur chun cinn chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na Rialachán maidir le Breosla Soladach. Rinneadh cigireacht ar 34 miondíoltóir san iomlán i Muineachán agus tógadh 33 sampla, agus úsáidfear a dtorthaí chun bonn eolais a chur faoinár n-obair fhorfheidhmithe breosla sholadaigh in 2024.

## Saoráidí Bainistíochta Dramhaíola

I rith 2023 lean Comhairle Contae Mhuineacháin ar aghaidh ag oibriú líonra bonneagair saoráidí athchúrsála cuimsitheach sa chontae ina bhfuil dhá ionad athchúrsála ag Coirnéal na nAlbanach agus Carraig Mhachaire Rois agus 26 ionad beir leat atá suite go straitéiseach inár mbailte agus sráidbhailte contae. Oibrítear na hionaid faoi chonradh lamháltais, a ghineann ioncam don Chomhairle. Beidh an conradh seo i bhfeidhm go dtí 2027.



Ionad Athchúrsála Choirnéal na nAlbanach

Maidir leis an láithreán líonta talún ag Coirnéal na nAlbanach cuireadh tuilleadh feabhsuithe bonneagair ar mhionscála chun cinn, lena n-áirítear oibreacha bainistíochta uisce dromchla, oibreacha bainistíochta láisteáite, agus imscrúduithe breise screamhuisce agus uisce dromchla. I rith 2023 lean oibreacha monatóireachta agus samplála ag cinntiú go gcomhlíontar ár gceadúnas. Léirigh cuairt suímh GCC is déanaí in 2023 go raibh Ionad Choirnéal na nAlbanach comhlíontach go hiomlán faoi théarmaí an cheadúnais agus níor tugadh aon neamhchomhlíonadh faoi deara le linn an iniúchta.

I mí na Bealtaine 2023, osclaíodh an oifig láithreáin nua ag Coirnéal na nAlbanach go hoifigiúil. Ba é an príomhchonraitheoir do na hoibreacha seo McCusker Contracts le hionchur suntasach ó mhonaróir réamhtheilgthe áitiúil Wright Concrete Products ltd a thóg an foirgneamh modúlach. Is struchtúr atá seasmhach ó thaobh na haeráide é an foirgneamh nua seo a dhéanfaidh soláthar do riachtanais ár bhfoirne líonta talún ar feadh na mblianta fada amach romhainn.



Láithreán Líonadh Talún - Foirgneamh Oifige nua

## Láithreáin Líonadh Talún Stairiúla

I rith 2023 fuair Comhairle Contae Mhuineacháin maoiniú €56,000 ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus

Cumarsáide chun tuilleadh oibreacha a chur chun cinn faoi na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Deimhniú maidir le Diúscairt Dramhaíola Neamhcheadúnaithe Stairiúla agus Gníomhaíocht Aisghabhála) 2008. Faoi na rialacháin seo ceanglaítear ar údaráis áitiúla measúnú comhshaoil a dhéanamh ar láithreáin líonta talún dúnta a bhí á n-oibriú ag údaráis áitiúla roimhe seo i rith na tréimhse 1977 go 1997. I measc na n-oibreacha ar tugadh fúthu in 2023 faoin maoiniú roinne bhí Oibreacha Measúnaithe Riosca Comhshaoil ag suíomh Thír an Gharbháin, iarratas ar Dheimhniú Údaraithe a chur faoi bhráid an GCC le haghaidh shuíomh Chorr Chaorthainn agus dul chun cinn a dhéanamh ar iarratais ar thabhairt chun rialtachta pleanála Alt 177AE le haghaidh shuíomhanna Chill na Cruithneachta agus Choillidh Chairn faoi 177AE den Acht um Pleanáil agus Forbairt.

### Feasacht Comhshaoil

In 2023, lean an tOifigeach Feasachta Comhshaoil air ag cur chun cinn, ag tacú, ag maoiniú agus ag ardú feasachta ar thionscnaimh chomhshaoil nua agus cinn reatha le bailte slachtmhara, scoileanna, grúpaí pobail, agus páirtithe leasmhara eile. I measc roinnt tionscadal a cuireadh i gcrích go dtí seo tá:

- Bainteoirí, málaí agus scipeanna bruscair a chur ar fáil do ghrúpaí pobail.




- Rannpháirteachas agus cur chun cinn imeachtaí glantacháin e.g., Glantachán Earraigh/Glantachán an Fhómhair.



- Páirc mhadraí Charraig Mhachaire Rois a oscailt. Tionscnamh a bhí anseo chun cabhrú le dul i ngleic le salú a dhéanann madraí ar chosáin.



- Tacaíochtaí airgeadais tríd an gCiste Comhshaoil.
- Bailiú freagrach dramhaíola – Lá bailithe dramhaíola guaisí tí.
- Tacaíochtaí agus cur chun cinn Chlár na Scoileanna Glasa do bhunscoileanna agus do mheánscoileanna araon.
- Comhoibriú leanúnach idir Comhairle Contae Mhuineacháin, WEEE Ireland agus an GCC maidir leis an suíomh gréasáin repairmystuff.ie.
- Stáisiúin nua líonta uisce a shuiteáil feadh Shiúlbhealach an Ascaill, Carraig Mhachaire Rois agus ag tailte traenála CLG Bhaile an Scotaigh.



# An tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide

### Bunú an Aonaid um Ghníomhú ar son na hAeráide

Cruthaíodh Aonad tiomnaithe um Ghníomhú ar son na hAeráide in 2023 chun freagairt an údaráis áitiúil ar dhúshláin an athraithe aeráide a chomhordú. Tá an t-aonad nuabhunaithe comhdhéanta de phoist nua an Chomhordaitheora um Ghníomhú ar son na hAeráide, an Oifigigh um Ghníomhú ar son na hAeráide, agus an Oifigigh Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide faoi seach.

### Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide Chomhairle Contae Mhuineacháin (2024-2029) a fhorbairt






Ceardlann Poiblí & Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide

Éilíonn an tAcht Aeráide (Leasú) 2021 go sonrach ar gach Údarás Áitiúil in Éirinn Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide a ullmhú agus a dhéanamh. I mí an Mhárta 2023 sheol an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide sraith treoirlínte reachtúla do gach Údarás Áitiúil chun an plean a ullmhú agus a ghlacadh faoi dheireadh mhí Feabhra 2024. Éacht suntasach a rinne an tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide le linn 2023 ná Comhairle Contae Mhuineacháin – Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide (2024- 2029) a fhorbairt. Tógann an plean ar chur i bhfeidhm rathúil na Straitéise um Oiriúnú don Athrú Aeráide (2019 go 2024) agus tugann sé breac-chuntas ar uaillmhianta na Comhairle chun Contae atá seasmhach agus rathúil a chruthú do gach duine a chónaíonn, a oibríonn agus a thugann cuairt ar Cho. Mhuineacháin. Leagtar amach sa phlean conas a oibreoidh an Chomhairle chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú tuilleadh agus éifeachtúlachtaí fuinnimh a fheabhsú ina cuid foirgneamh agus oibríochtaí, agus ag an am céanna contae níos athléimní ó thaobh na haeráide de a dhéanamh de Mhuineachán sna 5 bliana amach romhainn.

Chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt an phlean, chuaigh an tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide i mbun sraith fhairsing comhoibrithe leis na páirtithe leasmhara go léir chun tuairimí a bhailiú maidir le rioscaí, bacainní agus deiseanna chun gníomhú ar son na haeráide a chur i bhfeidhm i Muineachán. Seo a leanas achoimre ar na grúpaí a bhí rannpháirteach sa chomhairliúchán seo:

- Comhairliúchán poiblí ar an réamh-dhréacht, suirbhé agus cruinniú poiblí chun bonn eolais a chur faoin bplean
- Teagmháil fhairsing le rannóga éagsúla na Comhairle chun croí-oibríochtaí a thuiscint agus chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt an Phlean seo
- Teagmháil leis na Comhaltaí Tofa chun tacaíocht a chinntiú do na gníomhartha atá beartaithe
- Teagmháil le hÚdaráis Áitiúla in aice láimhe trí rannpháirtíocht dhíreach agus d'eagraigh an Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide imeachtaí chun comhoibriú ar

fhorbairt pleananna



Ceardlann ar Ghníomhú ar son na hAeráide don Fhoireann

### Céim an chomhairliúcháin phoiblí reachtúil:



Clinic buail isteach comhairliúcháin phoiblí

Foilsíodh Dréachtphlean Gníomhaithe ar son na hAeráide Chomhairle Contae Mhuineacháin (2024-29) ar an 19 Deireadh Fómhair le haghaidh comhairliúcháin phoiblí. I rith na tréimhse comhairliúcháin reachtúil 6 seachtaine a dúnadh ar an 4 Nollaig, lorg an Chomhairle tuairimí an phobail go gníomhach chun cabhrú le gníomhú éifeachtach ar son na haeráide a mhúnlú agus a chumasú ar leibhéal áitiúil agus pobail. Forbraíodh leathanach gréasáin tiomnaithe Comhairliúcháin um Ghníomhú ar son na hAeráide le go mbeadh an pobal in ann féachaint ar an bplean agus aighneacht a dhéanamh. Forbraíodh suirbhé comhairliúcháin mar rogha níos cuíchóirithe do dhaoine a dtuairimí a thabhairt ar an bplean atá beartaithe. Cuireadh an plean ar fáil i gcóip chrua ag gach ceann de na leabharlanna sa chontae chomh maith. I measc na ngníomhaíochtaí rannpháirteachais le páirtithe leasmhara agus for-rochtana, bhí an méid seo a leanas:

- Fógra Reachtúil, preaseisiúint agus fógra a cuireadh sa Northern Standard chun daoine a spreagadh chun a dtuairimí a chur in iúl maidir le Dréachtphlean Gníomhaithe ar son na hAeráide Mhuineacháin.
- Fógra foirmiúil tugtha do gach comhalta tofa agus do bhaill CBS Aeráide agus Comhshaoil maidir le foilsiú an dréachtphlean Gníomhaithe ar son na hAeráide, an áit leis an bplean a fheiceáil agus conas aighneacht a dhéanamh.
- Cuid mhór postálacha ar chainéil meán sóisialta na Comhairle chun feasacht a mhúscailt agus tuairimí an phobail a lorg.
- Cur i láthair agus plé ar an Dréachtphlean agus ar an bpróiseas comhairliúcháin a cuireadh ar fáil don chruinniú CBS Aeráide agus Comhshaoil i mí na Samhna
- Tugadh cuireadh do Chomhairle na nÓg, do Chomhairle Náisiúnta Óige na hÉireann agus do gach meánscoil sa chontae aighneacht a dhéanamh lena chinntiú go raibh deis ag daoine óga cur le próiseas déanta an phlean.

Spreagadh daoine den phobal chun freastal ar chlinicí buail isteach comhairliúcháin phoiblí a reáchtáladh i Leabharlanna Charraig Mhachaire Rois, Bhaile na Lorgan, Chluain Eois, Mhuineacháin, agus Bhéal Átha Beithe. D'óstáil an tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide na seisiúin dhá uair an chloig seo chun treoir a thabhairt maidir leis an dréachtphlean agus maidir leis an bpróiseas comhairliúcháin.
Rinneadh machnamh ar gach aighneacht a fuarthas agus an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide deiridh á ullmhú a moladh lena ghlacadh ag cruinniú na Comhairle iomláine i mí Feabhra 2024.

### Dul chun cinn ar an Straitéis um Oiriúnú don Athrú Aeráide 2019-2024

Lean Comhairle Contae Mhuineacháin de chur chun feidhme na ngníomhartha atá sa Straitéis Oiriúnaithe don Athrú Aeráide 2019-2024. I mí

Dheireadh Fómhair, chuir an tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide an tríú tuarascáil ar dhul chun cinn maidir le cur chun feidhme faoi bhráid Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide san Oirthear agus i Lár na Tíre a léirigh go ndearnadh dul chun cinn suntasach maidir leis na bearta agus na gníomhartha atá sa straitéis agus sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide Náisiúnta a chur chun cinn.

I measc cuid de na garspriocanna atá bainte amach go dtí seo tá:

- Tugadh le fios sa tuarascáil go raibh dul chun cinn 93.4% déanta maidir leis an 61 gníomh
- Maidir le húsáid fuinnimh, tá Comhairle Contae Mhuineacháin i measc na n-údarás áitiúil is fearr feidhmíochta sa tír. Amhail deireadh na bliana 2022, bhí méadú 51.8% tagtha ar éifeachtúlacht fuinnimh Chomhairle Contae Mhuineacháin ón mbunlíne.
- Tá sé de dhualgas ar Chomhairle Contae Mhuineacháin a cuid fuinnimh agus astaíochtaí a thuairisciú gach bliain ar an gcóras M&R trí SEAI. Amhail deireadh na bliana 2022, bhí Comhairle Contae Mhuineacháin tar éis a astaíochtaí bunaithe ar leictreachas a laghdú os cionn 50% ón mbliain bhunlíne. Laghdaíodh astaíochtaí iompair teirmeacha 12% le chéile ón mbliain bhunlíne.
- In 2023 fuair 76 ball foirne oiliúint 'Gníomhaíocht a Sheachadadh' agus fuair 2 bhall foirne oiliúint 'Feasacht Údaráis Áitiúil ar Ghníomhú ar son na hAeráide'.
- Tá oiliúint maidir le Soláthar Poiblí Glas curtha ar fáil freisin do 11 bhall foirne i rannóga ábhartha.
- In 2023, bhain 10 ngnólacht leas as an tacaíocht do Ghnólachtaí Glasa ó ÓFA Mhuineacháin go dtí seo le luach faofa de €20,787. Is tacaíocht chomhairleoireachta 2 lá í seo a chabhróidh le gnólachtaí a lorg carbóin a chinneadh trí astaíochtaí scóip 1 agus 2 a mheas.

### Clár um Ghníomhú an Phobail ar son na hAeráide



**Cruinniú Iomlánach Líonra Rannpháirtíochta Pobail Mhuineacháin - Nollaig 2023**

Tá ról tábhachtach ceannaireachta le himirt ag Comhairle Contae Mhuineacháin maidir le dul i ngleic le hathrú aeráide, agus trína dhéanamh sin rachaidh sí i dteagmháil go dearfach le cónaitheoirí agus le heagraíochtaí pobail. Sheol an Chomhairle an Ciste Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide i mí na Nollag 2023 chun oibriú le grúpaí áitiúla chun cabhrú le pobail ísealcharbóin a thógáil, ag díriú ar

théamaí amhail fuinneamh, taisteal, bia agus dramhaíl, athchúrsáil, agus gníomhú áitiúil ar son na haeráide.

Sular seoladh an ciste, tharla imeachtaí ardaithe feasachta chun aird a tharraingt ar an gCiste a bhí le teacht agus cuireadh sraith cur i láthair i gcrích i rith na tréimhse seo. Áiríodh orthu sin cur i láthair a tugadh don Chomhairle iomlán, don CBS Athrú Aeráide agus Comhshaoil mar aon leis an gcruinniú iomlánach de chuid an Líonra Rannpháirtíochta Pobail ag tús mhí na Nollag.

Mar ullmhúchán ar na hiarratais don chiste a bheith oscailte, forbraíodh leathanach gréasáin tiomnaithe mar aon le himeachtaí ardaithe feasachta.




Póstaer do Chlinicí Faisnéise

Osclaíodh iarratais ar an gCiste Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide ar an 13 Nollaig. I lár mhí na Nollag reáchtáladh trí lá de chlinicí eolais i Leabharlann Chluain Eois, i Leabharlann Charraig Mhachaire Rois agus i Leabharlann Mhuineacháin. Reáchtáladh na clinicí sin, a d'éascaigh an tOifigeach Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide, chun ligean do ghrúpaí pobail tionscadail ionchasacha a phlé mar aon le ceisteanna ginearálta maidir leis an gciste.

# Oifigí Oidhreachta an Chontae

Tháinig athrú ar an Oifig Oidhreachta in 2023 nuair a d'imigh an tOifigeach Oidhreachta Shirley Clerkin a bhí ag obair ann le fada an lá. D'fhág sí oidhreacht iontach i gcosaint, i gcaomhnú agus i gcur chun cinn Oidhreacht agus Bithéagsúlacht an chontae. Leathnaíodh an fhoireann nuair a fostaíodh an chéad Oifigeach Bithéagsúlachta de chuid na Comhairle i mí an Mheithimh ach ní raibh aon Oifigeach Oidhreachta acu an chuid is mó den bhliain. Tá tacaíocht ag an Oifig Oidhreachta i gcónaí ó Oifigeach Cúnta Foirne.

Tá an oifig Oidhreachta suite laistigh den Stiúrthóireacht um Ghníomhú ar son na hAeráide, Comhshaoil agus Seirbhísí Uisce.
In ainneoin na ndúshlán foirne lean an Oifig Oidhreachta uirthi ag soláthar seirbhísí oidhreachta, ag cur beartas agus cleachtas oidhreachta agus bithéagsúlachta i bhfeidhm go háitiúil agus ag comhordú agus ag seachadadh feasachta agus imeachtaí oidhreachta agus bithéagsúlachta sa chontae chomh maith le tionscadail oidhreachta agus bithéagsúlachta mhaoinithe a riar agus a sheachadadh.
Bronnadh maoiniú ó fhoinsí éagsúla, lena n-áirítear an Chomhairle Oidhreachta, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, agus Muineachán Ildánach chun na tionscadail seo a leanas a chur i bhfeidhm.

### Fóram Oidhreachta

Is fóram ilpháirtithe leasmhara é Fóram Oidhreachta Chontae Mhuineacháin le hionadaithe ón tsochaí shibhialta, comhaltaí tofa, gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí stáit agus foireann Chomhairle Contae Mhuineacháin. Is í Oifig Oidhreachta Mhuineacháin a chuireann an rúnaíocht ar fáil. Is í an Clr Aoife McCooey cathaoirleach an Fhóraim.
Tugann an fóram comhairle maidir le forbairt agus cur i bhfeidhm Phlean Straitéiseach Bithéagsúlachta agus Oidhreachta Chontae Mhuineacháin. Tháinig an fóram le chéile ar bhonn ráithiúil in 2023, mar is iondúil dó.

### Caomhnú

Ciste na Séadchomharthaí Pobail
Tá an scéim seo ó Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta á riar ag an Oifig Oidhreachta. Tá an ciste freagrach as cúram, caomhnú, cothabháil, cosaint agus cur chun cinn séadchomharthaí seandálaíochta. D'éirigh le dhá iarratas ar mhaoiniú in 2023.

1. Seaneaglais Aireagail

Is in ómós Naomh Meallán, naomh ón seachtú haois ó Chontae an Dúin, atá an fothrach den tseaneaglais ag Aireagal. Cuireadh síos ar an eaglais mar fhothrach sa bhliain 1622 ach atógadh ina dhiaidh sin í agus bhí sí in úsáid go dtí an bhliain 1824. Is éard atá in iarsmaí iar-eaglais an pharóiste meánaoiseach seo ná an binn thiar le doras lárnach agus an binn thoir le bearna mhór, phointeáilte. Tá an eaglais agus séadchomharthaí gaolmhara eile (MO003 - 018) ar thaifead na séadchomharthaí agus na n-áiteanna atá i seilbh Sheirbhís Séadchomharthaí Náisiúnta na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus dá réir sin tá siad cosanta faoi Reachtaíocht na Séadchomharthaí Náisiúnta.
Mar thoradh ar oibreacha caomhnaithe a rinneadh faoi Chiste na Séadchomharthaí Pobail in 2022, bhí céim eile oibre ann in 2023 an uair seo ag díriú ar bhinn thoir fhothrach na heaglaise. I measc na n-oibreacha bhí baint fásra, deisiú saoirseachta agus athphointeáil ar an mbinn thoir agus baint fásra ar leith ó thuamaí. Chomh maith le hOifig Oidhreachta Chomhairle Contae Mhuineacháin, bhí Ailtire Caomhantais, Seandálaí, Innealtóir

Caomhantais agus an conraitheoir ar an bhfoireann tionscadail. Taispeánann an grianghraf i ndiaidh na hoibre go bhfuil an fothrach cobhsaithe, beidh cosaint aige ón aimsir ar feadh blianta fada anois.

Meastar go mbeadh measúnú ar riocht uaigheanna Singleton agus Anketell agus na sonraíochtaí lena ndaingniú agus a gcaomhnú mar chéim eile d'oibreacha in 2024. Bhain láthair adhlactha Singleton agus Anketell le dhá theaghlach thábhachtacha úinéirí talún sa cheantar. Téann siad chomh fada siar leis an 19ú haois agus tá iarannobair mhionsonraithe le feiceáil iontu.



Eaglais Mheánaoiseach Aireagail roimh na hoibreacha



Eaglais Mheánaoiseach Aireagail i ndiaidh a caomhnaithe

2. Móta agus Bábhún Chluain Eois

Tá an móta agus bábhún seo ar cheann de na samplaí is fearr den chineál láithreáin seo sa tír. Ba iad na hAngla-Normannaigh a thóg na daingnithe sin agus is ón 13ú haois atá an sampla seo, bíodh is gur bhain siad úsáid as láithreáin thábhachtacha a bhí ann cheana féin go minic. In 2023 áiríodh tírdhreachú ar na hoibreacha a rinneadh anseo agus rochtain a éascú agus bhí scrobarnach a bhaint chomh maith le crainn neamhaibí, galrach agus crainn tite a bhaint. Tá an radharc ar an láthair mhainistreach, an cloigtheach agus an diamant oscailte dá bharr. Fágadh leath den láthair fiáin agus cuireadh fál teorann nua taobh le taobh amháin chun iarracht a dhéanamh aon tionchar ar fhiadhúlra a chúiteamh.



Radharc ó bharr Mhóta Chluain Eois

## For-rochtain

Podchraoltaí - Oidhreacht sa Chroí.

Arna maoiniú ag an gComhairle Oidhreachta, chuir an Oifig Oidhreachta an ceathrú sraith podchraoltaí ar an oidhreacht agus ar an dúlra i Muineachán i láthair agus déantar iad a thaifeadadh ar an láthair. Cuireann siad agallaimh i láthair le daoine áitiúla, caomhnóirí, agus speisialtóirí oidhreachta, le go leor plé bríomhar agus scéalta faoi na háiteanna agus an luach atá leo. Tá ceol a choimisiúnaigh an cumadóir iomráiteach as Muineachán, Michael Gallen, ag gabháil le gach podchraoladh. Tá na podchraoltaí ar fáil ar gach gnáth-ardán podchraolta agus ar shuíomh gréasáin Rannán Oidhreachta na comhairle.

**Sraith 4:**

Eipeasóid 1 – Charlotte Sheridan Ailtire Eipeasóid 2 – Fergal McNamara Cluain Eois Eipeasóid 3 – Ionad Comhshaoil Chnoc na gCnámh

Eipeasóid 4 – Scoil Chorr na gCoillte

Eipeasóid 5 – Comhrá ag an bhFoireann Gníomhaithe ar Son na

### Tithe Tuaithe Traidisiúnta Mhuineacháin

Ag tógáil ar an suirbhé ar fud an chontae ar fhoirgnimh dhúchasacha a rinne an Oifig Oidhreachta in 2015, rinneadh obair shuntasach in 2023 nuair a cuireadh leabhar le chéile ar an ábhar. Foilseofar é seo in 2024. Díríonn an leabhar ar oidhreacht na bhfoirgneamh traidisiúnta tuaithe a cruthaíodh ag baint úsáide as ábhair áitiúla agus scileanna traidisiúnta agus scrúdaíonn sé cúinsí tábhachtacha do na sócmhainní seo sa todhchaí, lena n-áirítear athúsáid agus oiriúnú.

### Seachtain na hOidhreachta

Reáchtáil an Oifig Oidhreachta Seachtain na hOidhreachta thar a bheith rathúil ón 12-20 Lúnasa. Tugadh faoi sceideal pacáilte imeachtaí, inar cuireadh breis agus tríocha imeacht ar fáil thar an tréimhse coicíse.






Rince Céílí ag Teach Scoile Chorr na gCoillte



Imeacht Garraíodóireachta atá oiriúnach do phailneoirí le hOifigeach Gairneoireachta agus Bithéagsúlachta

Rinneadh **Lá an Pháiste Fhiáin** a cheiliúradh thar dheireadh seachtaine iomlán i bPáirc Ros Mór, áit ar thug páistí, idir shean is óg, faoi dhúnta a thógáil, agus iad ag foghlaim faoi chrainn agus marthanas foraoise ón éascaitheoir Astrálach dáimhiúil amuigh faoin aer, Dale Treadwell.


### Bithéagsúlacht

Chuir ceapachán an Oifigigh Bithéagsúlachta nua i mí an Mheithimh 2023, faoi chomhpháirtíocht leis an gComhairle Oidhreachta, go mór leis an Oifig Oidhreachta. Tá cúlra fairsing ag an Dochtúir Patricia McCreesh san éiceolaíocht uisceach, agus taithí éiceolaíoch leathan nach beag aici. Bhí sí gnóthach ag bualadh le grúpaí pobail, le daoine aonair, le heagraíochtaí neamhrialtasacha agus comhghleacaithe comhairle sna chéad sé mhí. Is ceist ollmhór é caillteanas bithéagsúlachta ar fud an domhain, go náisiúnta, agus go háitiúil, agus tá sé ríthábhachtach go mbeadh Comhairle Contae Mhuineacháin chun tosaigh i ndea-chleachtas chun bithéagsúlacht sa chontae a chaomhnú, a athbhunú agus a fheabhsú.

### Seachtain na Bithéagsúlachta

Bhí Seachtain na Bithéagsúlachta ar siúl ón 21-28 Bealtaine 2023. D'fhreastail muintir na háite

go maith air, ag réimse éagsúil imeachtaí, agus fuair siad blaiseadh de bhithéagsúlacht Mhuineacháin, agus thaitin siad go mór leo.






Ceardlann fálta sceach ag Clara Hall

### Suirbhé ar Ghabhláin Ghaoithe


Rinne Cairde Éanlaith Éireann suirbhé ar Ghabhláin Ghaoithe ar fud an chontae in 2023 le maoiniú ón gCiste Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Áitiúil. Suirbhé cuimsitheach a bhí anseo ar an éan uathúil deargliostaithe seo a bhfuil laghdú os cionn 50% tagtha ar a dhaonra le 20 bliain anuas. Ar an dea-uair, fuarthas amach go raibh líon maith gabhláin ghaoithe i roinnt bailte agus go raibh na neadacha is mó sa chontae i mbaile Mhuineacháin, Carraig Mhachaire Rois agus Béal Átha Beithe. Tá obair go leor le déanamh sa chontae go fóill chun líon na ngabhlán gaoithe a athbhunú agus a mhéadú, trí láithreáin neadacha atá ann cheana a chosaint, neadacha nua do ghabhláin ghaoithe a shuiteáil agus suirbhéanna a dhéanamh go rialta. Tá an tuarascáil ar fáil ar shuíomh gréasáin na comhairle. Úsáidfear an tacar mór sonraí a bhaileofar i rith an tionscadail seo chun bonn eolais a chur faoi Phlean Forbartha an Chontae agus faoi dhoiciméid bheartais eile na comhairle, lena n-áirítear an Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta atá le teacht. Sheol an Príomhfheidhmeannach nua Robert Burns an tuarascáil i mí na Samhna.




### Seachtain na bhFálta Sceach

Ceiliúradh ar Fálta Sceach a bhí sa chéad seachtain i mí Mheán Fómhair, agus reáchtáil an tOifigeach Bithéagsúlachta dhá imeacht, a raibh freastal maith orthu. Bhí an chéad cheann ar siúl i leabharlann Charraig Mhachaire Rois, caint a bhí ann dar teideal 'Harvesting our Hedgerows' le léiriú praiticiúil ar chuid de na bianna iontacha a fhaightear ó sceacha ar nós cnónna coill, subh sméara dubha, biotáille airní, glóthach sceach gheal, glóthach fia-úll, coirdial bláthanna troim,

síoróip mogóirí róis agus pesto samhadh. Bhí tráthnóna iontach ag na rannpháirtithe ar fad.




Plé faisnéiseach a bhí sa dara imeacht ar 'Wonder of Hedgerows' ag cur béime ar a ról mar theorainneacha stoic, teorainneacha baile fearainn, príomhghnáthóg d'éin agus do neart mamaigh agus a seirbhísí éiceachórais.




### Comhdháil Bhithéagsúlachta

Ar an 18 Samhain, mar chuid de Sheachtain na hEolaíochta, d'eagraigh an tOifigeach Bithéagsúlachta an chéad Chomhdháil Bhithéagsúlachta riamh sa chontae in óstán Hillgrove. Ba é príomhghné na comhdhála ná go raibh sé neamhtheicniúil, le cainteoirí áitiúla, agus iad ag déanamh cur i láthair ar thopaicí bithéagsúlachta éagsúla a bhaineann le Muineachán. Bhí feirmeoir áitiúil Feirmeoireacht ar son an Dúlra, Garraíodóir na comhairle Michael Carroll, ionadaí áitiúil Bailte Slachtmhara, éiceolaí áitiúil, ball d'Fhóram Bogaigh Mhuineacháin, Caomhnú Ialtóg Éireann, agus Cairde Éanlaith Éireann i measc na gcainteoirí. D'fhreastail os cionn 120 duine ó réimse leathan cúlraí agus ábhair spéise. Bhí clúdach na meán fíormhaith, agus samhlaítear go mbeidh sé seo ina imeacht bliantúil don chontae.






**Seoladh Thuarascáil Ghabhláin Ghaoithe an Chontae ag an gCéad Chomhdháil Bithéagsúlachta i Muineachán, Samhain 2023**

# Cosaint Dóiteáin & Shibhialta

Ba bhliain dhúshlánach í 2023 do Chosaint Shibhialta & Dóiteáin, Muineachán (MFCP) leis an ngníomh tionsclaíoch ag comhraiceoirí dóiteáin ar áirithíocht agus leis an gcomhaontú WRC ina dhiaidh sin a éilíonn coigeartú suntasach ar chórais riaracháin. Beidh ualach oibre substaintiúil i gceist le cur chun feidhme Chomhaontú WRC in 2024 agus ina dhiaidh sin agus beidh impleachtaí buiséadacha aige amach anseo.

I measc na ndúshlán eile in 2023 bhí na héilimh a bhain le soláthar cóiríochta cosúil le brú comhlíontach a chinntiú chun freastal ar dhídeanaithe.

Mar sin féin, lean MFCP ar aghaidh ag soláthar raon seirbhísí riachtanacha do shaoránaigh Mhuineacháin. Áiríodh leis na seirbhísí seo agus feidhmeanna Sábháilteachta Dóiteáin agus Rialaithe Foirgníochta, lena gcuimsítear ceanglais reachtúla na Rialachán Foirgníochta agus na Rialachán Rialaithe Foirgníochta a chur i bhfeidhm, stoc foirgníochta nua agus reatha a iniúchadh chun ceanglais sábháilteachta dóiteáin a chomhlíonadh, stáisiúin líonta a cheadúnú, áitreabh ceadúnaithe a iniúchadh, comhairle agus forfheidhmiú faoi na hAchtanna um Sheirbhísí Dóiteáin agus sábháilteacht dóiteáin a chur chun cinn sa phobal. I measc na seirbhísí oibriúcháin a chuimsíonn an tSeirbhís Dóiteáin agus Cosaint Shibhialta araon tá; freagairt do ghlaonna éigeandála agus Tacaíocht Phobail a sholáthar, cúnamh do sheirbhísí éigeandála eile, sábháilteacht an phobail agus athbhreithniú agus feabhas a chur ar Phleanáil Mhóréigeandála i gcomhairle leis na Príomhghníomhaireachtaí Freagartha eile.



**Cúrsa Caidéil do Chomhraiceoirí Dóiteáin i Stáisiún Dóiteáin, Muineacháin, Samhain 2023**

Freastalaíonn cúig stáisiún dóiteáin coinnithe ar Mhuineachán ag Cluain Eois, Muineachán, Béal Átha Beithe, Baile na Lorgan agus Carraig Mhachaire Rois, ag soláthar seirbhís dóiteáin agus práinnfhreagartha oibríochtúil i gcónaí.



**D'fhreastail Seirbhís Dóiteáin Mhuineacháin ar thrucail tiontaithe bunoscionn ina raibh Meatán: Bealtaine 2023**

Seo a leanas miondealú ar na glaonna iomlána in 2023 in aghaidh an stáisiúin ceantair:

| Stáisiún Dóiteáin | 1ú Nochtadh | 2ú Nochtadh |
|---|---|---|
| Béal Átha Beithe | 30 | 9 |
| Carraig Mhachaire Rois | 76 | 3 |
| Baile na Lorgan | 59 | 25 |
| Cluain Eois | 31 | 3 |
| Muineachán | 117 | 11 |

Cuireadh fios ar Chosaint Dóiteáin & Shibhialta Mhuineacháin maidir le 315 teagmhas in 2023, laghdú 7% ar 2022 go dtí na chéad fhearas dóiteáin a d'fhreastail orthu, agus méadú 2% go dtí an 2ú nochtadh fearas dóiteáin.

In 2023 ba iad na cineál teagmhais ba mhó ar fhreastail Seirbhís Dóiteáin Mhuineacháin orthu ná Imbhuailtí Feithiclí Bóthair, Gníomhachtú Aláraim Monatóireachta, tinte tí, agus tinte treasacha (i.e. tinte beaga/bosca bruscair/scipe bruscair). Tá teagmhais Imbhuailtí Feithiclí Bóthair ard le blianta beaga anuas, agus tháinig laghdú suntasach tagtha ar thinte simléir in 2023.



Oiliúint CFB de chuid Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann, Márta 2023, a reáchtáladh i Muineachán

## Oiliúint

I measc na hoiliúna a cuireadh i gcrích in 2023 bhí an Chéad Fhreagróir ar Thuilte, Caighdeán Tiomána Seirbhísí Éigeandála (ESDS), Hazmat agus an Chéad Fhreagróir ar Éigeandáil.



Criú dóiteáin Bhaile na Lorgan ag freastal ar eachtra tarrthála uisce, Samhain 2023

Cuimsíonn measúnú ar riachtanais oiliúna MFCP an ceanglas ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, agus cuimsíonn sé an clár oiliúna stáisiúin atá ag dul ar aghaidh, agus déantar athbhreithniú air go tréimhsiúil chun ailíniú le córas bainistíochta sábháilteachta MFCP, agus chun treochtaí agus tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn a ghabháil.

**Comhaontú WRC:** Tar éis idirghabháil an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC), thángthas ar chomhaontú idir an Comharchumann agus an Lucht Bainistíochta ina gcuimsítear níos mó solúbthachta agus téarmaí pá do chomhraiceoirí dóiteáin in 2023. Cuireadh tús leis an bpróiseas chun an comhaontú WRC a chur i bhfeidhm i mí Mheán Fómhair 2023 agus leanfaidh sé ar aghaidh go 2024 le comhraiceoirí dóiteáin breise a earcú.

**Sláinte & Sábháilteacht:** Tar éis iniúchadh ar an gCóras Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde a cuireadh i gcrích i mí an Mhárta 2023, d'éirigh le MFCP Creidiúnú ISO 45001 a choinneáil. Thug an t-iniúchadh breac-chuntas ar an scóip le haghaidh feabhsúcháin i dtéarmaí bainistíochta sócmhainní agus go sonrach forbairt córais chun an t-aistriú ó thaifid chrua-chóipe a choinneáil go formáid chóip bhog a chumasú. Bhí dul chun cinn ar siúl in 2023 agus beidh sé mar bhunús lenár gclár oibre le haghaidh 2024.
Chomh maith le Bainistíocht ar an Strus a Leanann Teagmhais Chriticiúla a chur ar fáil, leathnaíodh an tSeirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe chuig Pearsanra Dóiteáin agus cuirtear tacaíocht ar fáil do bhaill den teaghlach sínte.

## Sábháilteacht ó Dhóiteán - Cosc ar Dhóiteán

Rinne ár Rannóg um Chosc ar Dhóiteán athbhreithniú agus próiseáil ar gach iarratas bailí ar dheimhniú um shábháilteacht ó dhóiteán a fuarthas agus thug sí comhairle maidir le comhlíonadh Chuid B de na Rialacháin Foirgníochta (Sábháilteacht ó Dhóiteán) a bhaint amach. Rinneadh cigireachtaí sábháilteachta ó dóiteáin ar raon cineálacha foirgneamh, lena n-áirítear áitribh cheadúnaithe, tithe cúraim cónaithe, réamhscoileanna, árasáin, stáisiúin pheitril agus foirgnimh phobail. In 2023, tháinig méadú suntasach ar líon na dtiontuithe ar chineálacha éagsúla foirgneamh go dtí foirgnimh chónaithe iláitíochta, go príomha chun freastal ar dhaoine a bhfuil cosaint á lorg acu.



Dhírigh an tSeachtain um Shábháilteacht ó Dhóiteán ar shábháilteacht dóiteáin sa bhaile agus mhol sí do gach teaghlach aláram deataigh feidhmiúil a bheith acu. Reáchtáladh roinnt dianfheachtas sábháilteachta ó dhóiteáin i rith na bliana, ag díriú ar dhaoine scothaosta agus leochaileacha, chomh maith le feachtais shéasúracha ag an gCáisc, Oíche Shamhna, an Nollaig agus Seachtain um Shábháilteacht ó Dhóiteán.
Rinneadh 186 iniúchadh Sábháilteachta ó

Dhóiteán & Rialaithe Foirgníochta san iomlán in 2023, agus críochnaíodh 98 tuarascáil atreoraithe pleanála. Rinne oifigeach dóiteáin gach atreorú ceadúnaithe a fógraíodh le haghaidh tithe tábhairne, clubanna, damhsaí srl. a mheas agus eisíodh moltaí chuig an tSeirbhís Cúirteanna. Thosaigh Iniúchtaí Feidhmíochta arís, ach bhí siad teoranta in 2023 mar gheall ar Ghníomhaíocht Thionsclaíoch, rinneadh staidéir deisce do 30 teach tábhairne/club ar fud an chontae chun bainistíocht sábháilteachta ó dhóiteán a sheiceáil agus sábháilteacht an phobail a chinntiú.



An Póstaer a Bhuaigh Comórtas na Seachtaine Sábháilteachta ó Dhóiteán 2023 ag dalta Rang a 4 ag Scoil Náisiúnta Naomh Micheál, Domhnach Maighean

## Sábháilteacht ó Dhóiteáin sa Phobal

Cuireadh réimse tionscnamh sábháilteachta dóiteáin ar fáil a dhírigh ar scoileanna agus ar ghrúpaí pobail araon. Dáileadh brathadóirí deataigh mar chuid den Scéim Aláraim Deataigh Pobail agus cuireadh príomhtheachtaireachtaí na Seachtaine Feasachta Aonocsaíde Carbóin agus na Seachtaine um Shábháilteacht ó Dhóiteán chun cinn ar ardáin áitiúla agus meán sóisialta. Cuireadh an Clár Bunscoile ar fáil arís le físeán réamhthaifeadta, agus leanamar ar aghaidh le comórtas Póstaer um Shábháilteacht ó Dhóiteán do bhunscoileanna. Eisíodh faisnéis maidir le feasacht ar shábháilteacht ó dhóiteán don Lucht Siúil.





Léiriú ar Shábháilteacht ó Dhóiteán agus taispeántas 'Panna Sceallóg' ag Gort an Chaocháin, Deireadh Fómhair 2023

## Bainistíocht Éigeandála: Aimsir Chrua

Rinne an Fhoireann Measúnaithe Aimsire Crua monatóireacht ar roinnt imeachtaí drochaimsire a d'fhéadfadh a bheith ann i rith na bliana le faisnéisiú rialta ó Met Éireann, go háirithe Stoirm Babet agus Stoirm Isha in 2023.

**Bainistíocht Móréigeandála:** Leanann an Grúpa Bainistíochta Éigeandála Trasteorann (CBEMG) ag athbhreithniú agus ag feabhsú rannpháirtíochta ilghníomhaireachta ar bhonn trasteorann chun a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun freagairt éifeachtach ó ghníomhaireachtaí ar an dá thaobh den teorainn a chumasú.

Fuair Cosaint Shibhialta & Dóiteáin Mhuineacháin maoiniú in 2023, i gcomhar le Grúpa Pleanála Éigeandála Réigiúnach an Oirthuaiscirt, chun Bileog Athléimneachta Pobail a fhorbairt a eiseofar chuig gach teaghlach in 2024. Gabhfaidh an bhileog an príomhfhaisnéis a theastaíonn chun cabhrú le daoine i rith tréimhsí a bhféadfaidís a bheith leochaileach.

Lean MFCP ar aghaidh in 2023 in éineacht leis an nGarda Síochána agus FSS araon chun ár gcumais freagartha a bhaineann le nósanna imeachta a thástáil chun freagairt éifeachtach idirghníomhaireachta, próisis chumarsáide agus meán, agus idir-inoibritheacht a chinntiú.

Is éard atá i gceist le Bainistíocht Móréigeandála Ilghníomhaireachta ná pleananna, córais, nósanna imeachta agus oiliúint a chothabháil, agus cumas na bpáirtithe leasmhara go léir a fheabhsú.

**Pleanáil Éigeandála Trasteorann:** Chuir Comhairle Contae Mhuineacháin mar an príomhúdarás torthaí tosaigh taighde ar theachtaireachtaí sábháilteachta poiblí Trasteorann i láthair ag an dara Comhdháil Uile-Oileáin maidir le Laghdú ar Riosca Tubaiste i mí na Nollag 2023. Mar chuid de Chiste na nOileán Comhroinnte, tugadh faoin taighde seo i gcomhar leis an Lárionad Idirnáisiúnta um Fhorbairt Áitiúil agus Réigiúnach (LIFAR) atá lonnaithe in Ollscoil Mhá Nuad agus i gcomhpháirtíocht le Comhairle Ceantair Fhear Manach agus na hÓmaí.

### Rialú Tógála

Fuair Údarás Rialaithe Tógála Mhuineacháin 232 Fógra Tosaithe bailí san iomlán in 2023, méadú 7% ó 2022, rud a léiríonn nádúr buacach thionscal na tógála. Baineadh amach ráta iniúchta de 42% de na foirgnimh nua i mbliana. Ina theannta sin, rinneadh 98 iarratas ar Dheimhnithe um Shábháilteacht ó Dhóiteán agus 52 iarratas ar Dheimhnithe Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas faoin reachtaíocht um Rialú Foirgníochta.
Bhí tionchar ag an éileamh ar chóiríocht iláitíochta ar líon ard na n-iarratas ar Dheimhniú um Shábháilteacht ó Dhóiteán in 2023.



Cigireacht ar Rialú Foirgníochta, Meitheamh 2023

Tá leibhéal na dtithe aonuaire 'a dhiúltaíonn' do dheimhniú reachtúil fós réasúnta ard. Agus iad ag diúltú do na ceanglais maidir le deimhniú reachtúil, tá an t-úinéir tí ag déanamh an chinnidh gan a n-áit chónaithe a chur san áireamh ar an gclár Deimhnithe um Chomhlíonadh ar Chríochnú.

### Infheistíocht Chaipitiúil

Rinneadh infheistíocht Chaipitiúil shuntasach arís i gCosaint Dóiteáin agus Shibhialta, Muineachán i rith na bliana le seachadadh uirlisí gearrtha RTA cadhnra, agus trí fhearas nua dóiteáin a bhronnadh ar Sheirbhís Dóiteáin Mhuineacháin.
Cuireadh tús le tógáil Stáisiún Dóiteáin nua i mBéal Átha Beithe i mí Mheán Fómhair 2023 agus tá sé beartaithe go mbeidh sé críochnaithe agus ag feidhmiú go hiomlán i Ráithe 1 2025.



Stáisiún Dóiteáin nua Bhéal Átha Beithe a thógáil

### Cosaint Shibhialta Mhuineacháin

Dhírigh gníomhaíochtaí Cosanta Sibhialta in 2023 ar ár bpobal áitiúil agus lean siad orthu ag tacú le gach Príomh-Ghníomhaireacht Freagartha. I measc na gcúraimí, ar thug oibrithe deonacha na Cosanta Sibhialta fúthu in 2023, bhí:

- Cúraimí iompair: Lena n-áiríodh daoine a aistriú chuid ionaid chóiríochta éagsúla.
- Clúdach leighis ag imeachtaí faoin aer & Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann.
- Ag cabhrú le daoine leochaileacha laistigh de phobail trí bhia agus cógais a sheachadadh.
- Oiliúint & Cothabháil riachtanach a sheachadadh



Oibrithe Deonacha na Cosanta Sibhialta ag léiriú ACS agus ag patrólú ar rothair ag Seó Seanré, Lúnasa 2023

Lean foirgneamh Cheanncheathrú na Cosanta Sibhialta ar aghaidh, in 2023, de bheith mar mhol d'imscaradh tacaíochta pobail áitiúil agus chun cabhrú le Príomhghníomhaireachtaí Freagartha le linn imeachtaí drochaimsire agus riachtanais práinnfhreagartha eile.

### Buamáil Mhuineacháin:

Tugadh aitheantas agus suntas do bhaill de Sheirbhís Dóiteáin Chúnta na Cosanta Sibhialta, Muineachán tráth a tharla Buamáil Mhuineacháin as an rannchuidiú ag ócáid a tionóladh i gCeanncheathrú Cosanta Sibhialta,

Muineachán in 2023. D'fhreastail baill atá beo go fóill ar an imeacht, mar aon le gaolta na mball éagtha, agus muintir agus cairde Sheirbhís Dóiteáin Chúnta, Muineachán tráth ar tharla Buamáil Mhuineacháin.



Aitheantas tugtha do bhaill Chosanta Sibhialta, Mhuineachán in 1974, Bealtaine 2023

## Oiliúint

Is eagraíocht dheonach í Cosaint Shibhialta Mhuineacháin ina dtacaíonn baill leis na príomhsheirbhísí éigeandála agus leis an bpobal áitiúil. Tá 53 oibrí deonach ag Cosaint Shibhialta Mhuineacháin faoi láthair. Tá oibrithe deonacha iloilte, agus is iad seo a leanas na príomhchláir ghníomhaíochtaí a dhéantar:

- Garchabhair Taismí
- Cuardach & Tarrtháil (Bádóireacht)
- Teagmhais Uisce & Tuilte
- Seirbhís Dóiteáin Chúnta
- Leas agus Cumarsáid
- Monatóireacht
- Radaíochta agus Cumarsáid Raidió

Cuireadh cúrsaí ar fáil d'oibrithe deonacha i rith na bliana ag leibhéal Réigiúnach, áitiúil agus ag Ceanncheathrú na Craoibhe Cosanta Sibhialta i Ros Cré agus in Ionad Oiliúna an Fhionnuisce, Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath.



Oibrithe Deonacha na Cosanta Sibhialta le linn lá oscailte le déanaí i mí na Bealtaine 2023

## Freagra an Phobail um Chosaint Shibhialta

Leanann Oibrithe Deonacha Cosanta Sibhialta ag tacú go gníomhach lenár bpobal le freastal ar imeachtaí éagsúla agus tabhairt faoi dhualgais amhail iompar, Garchabhair, srl.
Leanann Cosaint Shibhialta ag tacú agus ag cabhrú leis an nGarda Síochána i gcuardaigh do dhaoine atá ar iarraidh, chun cur le hoibríochtaí cuardaigh, tá oiliúint i Scanadh Sonar agus Cuardach agus Tarrtháil curtha i gcrích ag oibrithe deonacha Cosanta Sibhialta.



Oibrithe Deonacha Cosanta Sibhialta ag tabhairt faoi Oiliúint Luasbháid i Meán Fómhair 2023

## Ballraíocht

Lean Cosaint Shibhialta Mhuineacháin ar aghaidh ag earcú Oibrithe Deonacha nua in 2023, go príomha mar gheall ar bhuntáistí a fhaightear ó:

- Ardchaighdeán oiliúna
- Forbairt phearsanta agus obair foirne
- Scileanna nua a fhoghlaim amhail Tarrtháil Theicniúil, Oiliúint Bád, an Chéad Fhreagróir Éigeandála
- Ag tabhairt ar ais do do phobal
- Ag éirí páirteach in imeachtaí áitiúla agus náisiúnta



Oibrithe Deonacha Cosanta Sibhialta ag cabhrú le cluichí CLG idirchontae 2023

## Soláthar Flít

Fuair Cosaint Shibhialta Mhuineacháin maoiniú Clár in 2023 le haghaidh Feithicil Iompair Othar a fheabhsóidh inrochtaineacht do raon níos leithne daoine i Muineachán. Tá an Fheithicil le seachadadh i Ráithe 2 2024.

# Forbairt Pobail

### Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil (CFPÁ)

Tá ról comhordaithe ag CFPÁ Mhuineacháin ag leibhéal an chontae ag cabhrú lena chinntiú go bhfuil cur chuige comhleanúnach ann maidir le forbairt áitiúil agus pobail sa chontae. In 2023, tháinig an CFPÁ le chéile 8 n-uaire agus d'oibrigh sé go héifeachtach chun cláir éagsúla a bhainistiú, lena n-áirítear SICAP, LEADER, Peace, Ciste Tacaíochta Pobail, Ciste Aitheantais Pobail agus Ciste Éire Shláintiúil.

### Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP)

Tar éis comhairliúcháin fhairsing, cuireadh an dréacht deiridh de Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail faoi bhráid an CFPÁ. Seolfar an plean go hoifigiúil in 2024.

### An Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP)

Is é is cuspóir le SICAP, arna sheachadadh ag CLG Forbartha Comhtháite Mhuineacháin agus arna mhaoirsiú ag an CFPÁ, tacaíocht ionchuimsithe sóisialta a sholáthar do dhaoine aonair agus do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste ar fud an chontae. Ba é €788,468 an buiséad le haghaidh 2023 i Muineachán. Áirítear leis sin maoiniú breise chun tacú le Dídeanaithe ón Úcráin.

### Clár LEADER Mhuineacháin 2014-2022

Is é CFPÁ Mhuineacháin an Grúpa Áitiúil Gníomhaíochta (LAG) agus is é a dhéanann an cinneadh maidir le hiarratais ar thionscadail. Is é CLG Forbartha Comhtháite Mhuineacháin (MID) an comhpháirtí feidhmiúcháin agus is é Comhairle Contae Mhuineacháin comhpháirtí airgeadais an Chláir. Tháinig an LAG le chéile 8 n-uaire in 2023 agus cheadaigh siad tionscadail a mhol baill IEC.

Ba é €6,872,946.94 an leithdháileadh iomlán do Chlár LEADER 2014-2022 do Chontae Mhuineacháin. Ó cuireadh tús le Clár reatha LEADER, leithdháileadh maoiniú ar 134 tionscadal a bhfuil 113 díobh curtha i gcrích.

Le linn 2023, cheadaigh LAG Mhuineacháin 3 cinn de na tionscadail seo chun aon airgead atá tarraingthe siar atá ar fáil sa chlár a úsáid.

### Samplaí de Thionscadail LEADER a maoiníodh:



Fuair **Ceol Connected Ltd** €26,643.75 (ráta cúnaimh 75% ) chun gníomhaireacht brandála a fhostú chun féiniúlacht láidir bhranda agus straitéis a chruthú dá SongTales, ar seirbhís nua bosca ceoil agus cruthaitheachta ardchaighdeáin é do leanaí 3-7 bliana d'aois.

Tá **Kelly Brothers Ltd** atá lonnaithe i Mullach Meata, tar éis a ngnó a dhíriú ar tháirgeadh doirse dóiteáin saincheaptha speisialaithe agus seiteanna doirse dóiteáin. Bheartaigh Kelly's innealra níos nua-aimseartha a cheannach le sreabhadh oibre níos fearr a bhaint amach, aga tionscanta agus iamh-aga a laghdú, d'fhonn díolacháin agus brabúsacht a mhéadú agus dramhaíl a laghdú. Fuair siad €74,640 (ráta cúnaimh 75%) faoi mhaoiniú EURI chun meaisín 'edgebander' a cheannach.



### Scéimeanna Maoinithe na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail

Tá ról ríthábhachtach ag an maoiniú a fhaightear ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (DRCD) agus ó Chomhairle Contae Mhuineacháin maidir le caighdeán na beatha a fheabhsú do chónaitheoirí inár mbailte agus

sráidbhailte tuaithe. Trí aghaidh a thabhairt ar na príomhthosaíochtaí agus trí infheistíocht a dhéanamh i rathúnas fadtéarmach ár bpobail tuaithe, cuirtear le pobail athléimneacha, bheoga agus rathúla a thógáil.

### Clár

Is clár infheistíochta spriocdhírithe é Clár ar mhaithe le ceantair thuaithe a bhfuil sé mar aidhm aige maoiniú a chur ar fáil do thionscadail bonneagair bheaga i gceantair thuaithe a bhfuil leibhéil shuntasacha dídhaonraithe iontu. Leithdháileadh **€581,822** ar Chomhairle Contae Mhuineacháin faoi Bheart 1 le haghaidh 14 thionscadal faoi stiúir an phobail.

### Tionscadail Clár a Críochnaíodh in 2023



Limistéar Aeraíochta, Ionad Ógra Bhéal Átha Beithe



Giom Pobail Achadh Bog

### Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh

Is é is aidhm don mhaoiniú tacaíocht a thabhairt don turasóireacht a bhaineann le caitheamh aimsire lasmuigh, a bhféadfadh tairbhí móra eacnamaíocha a bheith ag baint léi do na bailte agus sráidbhailte faoin tuath agus a d'fhéadfadh feabhas a chur ar shláinte agus folláine na bpobal tuaithe.

Go dtí seo tá €100,000 faighte ag Comhairle Contae Mhuineacháin le haghaidh 2 thionscadal atá faofa faoin mBeart Forbartha Tionscadail.

Chuir Comhairle Contae Mhuineacháin 11 thionscadal eile isteach faoi Bhearta 1, 2 agus 3 ar luach **€1,149,266** faoi scéim 2023 agus tá sí ag fanacht le faomhadh na Roinne ar na tionscadail rathúla.

### Tionscadail Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh a críochnaíodh in 2023



Gairdín Bogaigh, Canáil Uladh, Muineachán



Linn Snámha agus Teach na mBád Loch Major




### Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte

Thacaigh Scéim 2023 le hathnuachan cheantair thuaithe na hÉireann agus dírítear ar athchóiriú lár na mbailte agus feabhsú na beochta eacnamaíche agus sóisialta i gcomhréir leis an mbeartas, Lár Bailte ar dTús.

Fuarthas €250,000 faoin mBeart um Fhoirgnimh a Cheannach (BAM) chun McMahon's Bar, an Phríomhshráid, Scairbh na gCaorach a cheannach a dhéanfar a athchóiriú mar spás pobail ilúsáide.

Chuir Comhairle Contae Mhuineacháin 5 thionscadal isteach ar luach **€1,476,195** faoi scéim 2023 agus tá sí ag fanacht le faomhadh na Roinne ar na tionscadail rathúla.

### Tionscadail Bailte agus Sráidbhailte Pleananna Físe an Droma agus Bhuíochair





Seoladh Phlean Físe Bhuíochair

### Ciste Aitheantais Pobail

Bhí sé mar aidhm ag an gciste seo tacú le bonneagar agus áiseanna pobail a fhorbairt mar aitheantas ar an méid atá á dhéanamh ag pobail ar fud na tíre chun fáilte a chur roimh líon suntasach daoine nua atá ag teacht isteach ón Úcráin agus ó thíortha eile agus iad a óstáil. Fuair Comhairle Contae Mhuineacháin leithdháileadh de €881,203 agus fuair 8 dtionscadal maoiniú.

### Tionscadail Aitheantais Pobail a críochnaíodh in 2023



Trealamh aclaíochta aeraíochta do leanaí ag An Nasc Síochána, Cluain Eois

## Campas SÍOCHÁNA Mhuineacháin

I rith 2023 lean rannóg Pobail Mhuineacháin ag cur tacaíochta ar fáil d'fhoireann na dtionscadal Caipitiúil ar thionscadal an Champais Síochána. Tacaíonn Comhlacht na gClár Speisialta AE leis an tionscadal seo agus beidh sé le hoscailt go luath in 2024. Nuair a osclófar é seo beidh sé ina spás comhroinnte sábháilte do dhaoine chun taitneamh a bhaint as, gan beann ar a gcúlra.

## Clár Aoisbhá Mhuineacháin

Lean Clár Aoisbháúil Mhuineacháin ag obair i dtreo na gcineálacha pobal a chruthú ina bhfuil guth láidir ag daoine breacaosta i gcinnteoireacht áitiúil agus ina mbíonn saol féinrialaitheach, neamhspleách agus luachmhar acu.

Lean Comhairle Contae Mhuineacháin ag éascú cruinnithe dár gComhairlí do Dhaoine Scothaosta agus Comhaontais Aoisbháúla in 2023.

D'oibrigh Clár Aoisbhá Mhuineacháin le páirtithe leasmhara ar thionscadail áitiúla, lena n-áirítear comhpháirtíocht le Rannán Gardaí an Chabháin agus Mhuineacháin ar an Ócáid Folláine Aoisbháúil a bhí ar siúl i mí na Bealtaine, agus ar ar fhreastail os cionn 100 duine breacaosta. Bhuaigh an ócáid sa chatagóir Sábháilteachta agus Slándála ag na Dámhachtainí Náisiúnta Aitheantais agus Gnóthachtála um Aoisbhá 2023.



## Oícheanta Gradaim Pobail

Reáchtáladh sraith Oícheanta Gradam Pobail a thug aitheantas don obair thar a bheith tábhachtach a dhéanann grúpaí pobail ar fud an chontae ar bhonn bliantúil in 2023. Bhí maoiniú faighte ag gach ceann de na grúpaí pobail a bhí i láthair ón gCiste Forbartha Pobail nó ón gCiste Seirbhísí Comhshaoil in 2023 a úsáideadh chun tionscadail luachmhara a chur i gcrích ina gceantair áitiúla.

## Tionscadal Idirghlúine Choláiste Ard Feá

Tá scoláirí Idirbhliana ag Coláiste Ard Feá ag leanúint orthu ag tabhairt faoi Thionscadal Idirghlúine, le tacaíocht ó Chlár Aoisbhá Mhuineacháin. Tá cláir nuachta áitiúla rialta á gcraoladh ag scoláirí na hIdirbhliana ón scoil do chónaitheoirí Tithe Altranais áitiúla ar fud Mhuineacháin.

Bhuaigh an tionscadal, a thionscain Séamus McDermott (Ambasadóir Aoisbháúil Mhuineacháin), Gradam Aitheantais Speisialta na mBreithiúna ag na Dámhachtainí Náisiúnta Aitheantais agus Gnóthachtála um Aoisbhá 2023.




## Lá na hAfraice

Tá ag éirí go hiontach ar fad le Lá na hAfraice i Muineachán. Tá sé ainmnithe ag Aontas na hAfraice mar cheiliúradh bliantúil ar aontacht na mór-roinne, agus bíonn sé ar siúl ar an 25 Bealtaine gach bliain. Tharla ceiliúradh Lá na hAfraice 2023 i mBaile na Lorgan agus i Muineachán araon.

Reáchtáladh an chéad imeacht dar teideal "Áilleacht na hAfraice " ar an Déardaoin, an 25 Bealtaine in Ionad Íontas i mBaile na Lorgan. Tharraing an ócáid, a bhí eagraithe ag LINC Society Ltd., grúpa mór daoine. Bhain an lucht féachana taitneamh as an Rince Afracach ag an Royal Dance Group, Ceardlann Déanta Coirníní, dhá chlár faisnéise le téama Afracach, Taispeántas Cultúrtha agus Comórtas Ealaíne do Leanaí a bhí mar bhuaicphointe an tráthnóna.

Reáchtáladh an dara himeacht chun Lá na hAfraice 2023 a chomóradh Dé Sathairn, an 27 Bealtaine in Ionad Tréadach Naomh Seosamh i Muineachán.

Bhí faisean, ceol, oidhreacht, bia agus cultúr na hAfraice ann mar chuid den ócáid. Coiste na hAfraice i dTeach na nDaoine FRC a reáchtáil an ócáid.



Seoladh Lá na hAfraice 2023

## An tSeachtain um Ionchuimsiú Sóisialta

Reáchtáladh Seachtain um Ionchuimsiú Sóisialta Mhuineacháin 2023 idir Dé Luain an 13 Samhain agus Dé Domhnaigh an 19 Samhain 2023 agus d'eagraigh an Foghrúpa Comhionannais don Choiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil (CFPÁ) í atá comhdhéanta d'ionadaithe ó na príomhsholáthraithe seirbhíse áitiúla.

Bhí an Chomhairle ina rannpháirtithe réamhghníomhacha sa tSeachtain um Ionchuimsiú Sóisialta, agus thacaigh ár leabharlanna go mór leis an ócáid trí go leor imeachtaí saor in aisce a chur ar siúl ina mbrainsí.

## Clár na Brataí Buí

Tá Coláiste Inbhir, Carraig Mhachaire Rois tar éis dul ar aghaidh go Bliain a Dó de Chlár na Brataí Buí. Tá siad bródúil as a bheith ar cheann de aon scoil déag sa tír atá ag glacadh páirte sa chlár.

Tacaíonn an clár le scoileanna a bheith níos ionchuimsithí ar gach cultúr agus eitneachas, déanann sé ceiliúradh ar éagsúlacht agus tugann sé dúshlán an chiníochais agus an idirdhealaithe. Tá an clár á reáchtáil leis an tacaíocht leanúnach ó Chomhairle Contae Mhuineacháin agus ón bhFoghrúpa Comhionannais CFPÁ.




Imeacht de chlár na Brataí Buí le linn Sheachtain um Ionchuimsiú Sóisialta 2023 i gColáiste Inbhir, Carraig Mhachaire Rois

## Boird Chumarsáide

Tá Boird Chumarsáide suiteáilte ag dhá áit ag Clós Súgartha Pháirc Ros Mór i Muineachán. Forbraíodh an tionscnamh i gcomhar le InterAcT (Accomplish & Thrive), Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Ionchuimsiú Éireann, agus fuair sé tacaíocht ó Safe Care Technologies agus FSS.

Tacaíocht chumarsáide is ea Boird Chumarsáide go príomha, le tairbhe ar leith do leanaí nó do dhaoine fásta nach ndéanann cumarsáid trí urlabhra. Cabhraíonn na Boird Chumarsáide, lena n-áirítear léirithe pictiúr de chroífhocail ó lá go lá, chomh maith le híomhánna atá in oiriúint go sonrach dá thimpeallacht agus don suíomh dá bhfuil sé beartaithe, leis an mbearna chumarsáide seo a chaolú do gach duine.

Tá Cód QR ar gach Bord Cumarsáide a chuireann ar chumas úsáideoirí an chlóis súgartha an cód a scanadh agus íomhá a thógáil leo ar féidir iad a phriontáil nó a úsáid ar a bhfóin.



An Cathaoirleach, An Comh. Séan Conlon ag seoladh na mBord Cumarsáide

### Lá AE50

The Government's EU50 programme was celebrated in Monaghan with three successful events.

Is é Muineachán le Gaeilge a reáchtáil an ócáid i mBaile Mhuineacháin a d'óstáil 'Lá Gairmeacha Gaeilge san Aontas Eorpach' (gairmeacha Gaeilge i lá an Aontais Eorpaigh) a chuir eolas ar fáil do scoláirí meánscoile sa 4ú agus 5ú bliain faoi na deiseanna fostaíochta sa Ghaeilge atá ar fáil san AE.

Bhí an dara hócáid ar siúl i mBaile na Lorgan agus ba é WCI Blayney Blades a reáchtáil ócáid dar teideal "Celebrating Ireland's 50th Year in the EU". Áiríodh ann ceardlann eolais ar "Stair Bhallraíocht na hÉireann san AE" a leag béim ar na buntáistí do Mhuineachán agus don tír mar gheall ar bhallraíocht san AE.

Bhí an ócáid dheiridh a reáchtáladh le linn sheachtain AE50 ag an Nasc Síochána i gCluain Eois agus bhí grúpa mór daoine éagsúil i láthair. Chuir Lá Teaghlaigh AE50 siamsaíocht éagsúil ar fáil a dhírigh ar gach ball den phobal. Is iomaí tír agus cultúr éagsúil Eorpach a raibh léiriú orthu sa bhia a cuireadh ar fáil.



Ceiliúradh Lá AE50 ag an Nasc Síochána

### Ciste Gníomhaíochtaí Pobail

Bhronn an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail maoiniú €265,142
ar Chontae Mhuineacháin ar mhaithe leis an gCiste Gníomhaíochtaí Pobail. Fuair 102 tionscadal maoiniú i dtreo costais reatha agus tionscadail chaipitiúla.

Thacaigh an Ciste Gníomhaíochtaí Pobail le grúpaí lena gcostais reatha/oibriúcháin neamhphá, chomh maith le maoiniú chun deisiúcháin agus feabhsúcháin riachtanacha a dhéanamh ar a n-áiseanna agus le trealamh a cheannach.

### Mórtas Ceantair

Léiríodh neart earnáil pobail Chontae Mhuineacháin arís eile ag Gradaim Mórtas Ceantair IPB 2023, áit ar tháinig grúpa ban Blayney Blades ar shiúl leis an bpríomhdhuais sa Chatagóir 'Folláine Pobail', catagóir a bhíonn an-iomaíoch i gcónaí.



### Bailte Slachtmhara

D'éirigh le hiontrálaithe Co. Mhuineacháin go maith i gcomórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara, agus chuir gach grúpa feabhas ar a gcuid marcanna ó 2022.

Cuireann an Roinn Pobail tacaíocht ar fáil do ghrúpaí Bailte Slachtmhara trí imeachtaí agus gníomhaíochtaí líonraithe a eagrú, agus eolas a sheoladh amach chuig liosta seoltaí an Ghréasáin lena chinntiú go gcoinnítear grúpaí ar an eolas faoi dheiseanna atá oscailte dóibh le haghaidh maoinithe, oiliúna, etc.

## Súgradh agus Áineasa

Bronnadh deontas ar luach €3,000 ar an gComhairle ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta & Óige chun gníomhaíochtaí a reáchtáil chun Lá Náisiúnta Súgartha a chomóradh i mí Iúil. Chomhoibrigh baill foirne ó leabharlanna Mhuineacháin, Comhpháirtíocht Spóirt Mhuineacháin, Tusla, Forbairt Chomhtháite Mhuineacháin, CYPSC agus an Líonra Náisiúnta Cúraim Leanaí chun gníomhaíochtaí a chur ar fáil ag na himeachtaí agus lean siad orthu ag obair agus teagmháil dhlúth eatarthu i rith na bliana.



**Grúpa cleachtóirí cúraim leanaí ag glacadh páirte sa cheardlann súgartha foraoise**

Fuarthas maoiniú ar luach €18,000 faoi Dheontas Caipitiúil na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige don Scéim Súgartha & Áineasa 2023 i dtreo athfhorbairt iomlán ar chlós súgartha Chorr Uí Bhraonáin i mBéal Átha Beithe. Bhí sé seo sa bhreis ar mhaoiniú ón gCiste Athnuachana Bailte & Sráidbhailte chun buiséad suntasach €240,000 a chur ar fáil.

Táthar ag súil go mbeidh an tsaoráid críochnaithe faoi dheireadh R2 2024.



**Ceardlann comhairliúcháin maidir le dearadh clóis súgartha le leanaí agus cónaitheoirí Pháirc Chorr Uí Bhraonáin**

## Ciste Tacaíochta Pobail

Fuair 136 grúpa pobail timpeall Co. Mhuineacháin maoiniú €267,622.40 san iomlán ó Chiste Tacaíochta Pobail 2023 na Roinne Forbartha Tuaithe & Pobail, a bhí á riar ag CFPÁ Mhuineacháin. Fuair grúpaí maoiniú do thionscadail bheaga chaipitiúla, do cheannach trealaimh agus do chostais oibriúcháin. Rinneadh céatadán den Chiste a imfhálú do ghrúpaí ban.

D'fhógair an tAire Heather Humphreys na dámhachtainí maoinithe do halla plódaithe in Ionad Pobail Dhúthamhlachta.



**Dámhachtainí maoinithe fógartha ag an Aire Humphreys**

## Muineachán Sláintiúil

Soláthraíonn Plean Gníomhaíochta Straitéiseach Éire Shláintiúil 2023-2025 do Chontae Mhuineacháin treochlár i dtreo shláinte mhaith, rochtain ar sheirbhísí, timpeallachtaí sláintiúla agus teacht aniar a chur chun cinn. D'éiligh Creat Éire Shláintiúil ar gach contae tús áite a thabhairt do dhá thoradh bunaithe ar riachtanais áitiúla.

D'aithin clár Mhuineacháin Shláintiúil dhá thoradh bunaithe ar riachtanais áitiúla mar atá thíos:

- méadú ar % na ndaoine fásta agus na leanaí a chomhlíonann treoirlínte maidir le gníomhaíocht choirp.

- laghdú ar líon na ndaoine a bhfuil droch mheabhairshláinte ag gabháil dóibh ag baint úsáide as an Innéacs Meabhairshláinte-5 le cúig ghné ann (MHI -5) ón gceistneoir RAND SF- 36.

D'fhaomh an CFPÁ an Straitéis Áitiúil do Chontae Mhuineacháin de chuid Ciste Éire Shláintiúil 2023-2025 i mí Eanáir 2023. I mBealtaine 2023, bronnadh €228,698.32 ar Chlár Mhuineacháin Shláintiúil faoi Mhaoiniú Bhabhta 4 de Chlár Éire Shláintiúil 2023 - 2025. Ceadaíodh tionscnaimh éagsúla do chlár 2023 le cuid acu ag tabhairt gníomhaíochtaí ar aghaidh go dtí 2024. Fuair dhá thionscnamh maoiniú in 2023 agus leanfaidh siad ag fáil maoinithe in 2024 agus 2025. Is iad seo a leanas na tionscnaimh sin:

- Foróige, Luathsheirbhís Idirghabhála Mheabhairshláinte don Aos Óg, faoin toradh a bhaineann le droch mheabhairshláinte a laghdú.



- BOOCM, Planet Youth – Increase Leisure Time Initiative, faoin toradh a bhaineann le gníomhaíocht choirp a mhéadú.

Public Participation Network Monaghan

Lean Líonra Rannpháirtíochta Pobail Mhuineacháin, le tacaíocht ó Chomhairle Contae Mhuineacháin, ag forbairt mar an príomhnasc trína nascann an tÚdarás Áitiúil leis na hEarnálacha Pobail, Ionchuimsithe Sóisialta agus Comhshaoil ar fud an chontae. Bhí 636 grúpa cláraithe leis an Líonra Rannpháirtíochta Pobail faoi dheireadh 2023.

### Comhdháil Náisiúnta Líonra Rannpháirtíochta Pobail

D'fhreastail baill Foirne agus Rúnaíocht Líonra Rannpháirtíochta Pobail ar Chomhdháil Náisiúnta Líonra Rannpháirtíochta Pobail i gCill Mhantáin ar an 5 Deireadh Fómhair 2023 a thug deis iontach líonraithe chun bualadh le Líonraí PPN eile sa tír.



### Oiliúint

Chuir an PPN oiliúint saor in aisce ar fáil ar ábhair ar nós:

- Garchabhair agus Céad Fhreagróir Cairdiach
- Garraíodóireacht Inbhuanaithe agus Meabhairshláinte
- Ceardlanna a Thacaíonn le Pailneoirí

### Cumarsáid

Eisíodh os cionn 110 ríomhphost agus fógra i rith 2023. As na fógraí sin, bhain 19 gcinn acu le comhairliúcháin phoiblí, amhail Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide, Straitéis Comhtháthaithe Imirceach, Straitéis

Turasóireachta Mhuineacháin, Plean Forbartha Leabharlainne, Todhchaí an Daonlathais Áitiúil, Peace Plus agus an Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail. Bhain 20 de na fógraí le deontais mhaoinithe a bhí ar fáil do ghrúpaí pobail, amhail an Ciste Tacaíochta Pobail, an Ciste Aitheantais Pobail, CLÁR, an Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh, an Clár Deontais do Chlubanna Spóirt agus an Scéim Tacaíochta Pobail agus Deonach Fuinnimh (CVESS). Bhain na fógraí eile le seimineáir ghréasáin, imeachtaí eolais, cainteanna, cúrsaí a bhí ar fáil agus gníomhaíochtaí éagsúla grúpa a bhí ar siúl i rith na bliana.

### Maoiniú

Den chéad uair ó bunaíodh é rinneadh méadú ar mhaoiniú ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail do gach PPN. B'ionann sin agus €10,000 agus bhí sé mar aitheantas ar an méadú suntasach ar an obair atá déanta ag PPNanna ó 2004.

Bhí caidreamh oibre láidir Chomhairle Contae Mhuineacháin agus MPPN le feiceáil trí go leor leithdháiltí maoinithe a fuair an chomhairle ón Rialtas agus as a cuid acmhainní féin. Is féidir na buntáistí a bhaineann leis an gcur chuige oibre comhoibritheach a fheiceáil leis an lear mór tionscadal nuálach atá maoinithe agus atá scaipthe ar fud an chontae.

Chomh maith leis sin, téann MPPN i dteagmháil go rialta le Rannóg Pobail Chomhairle Contae Mhuineacháin ar Thionól na mBan Mhuineacháin agus ar an Aonad um Ionchuimsiú Sóisialta agus glacann páirt i bhfor-rochtain agus tacaíonn le rannpháirtíocht an phobail agus le tionscnaimh Réigiúnacha agus Náisiúnta a chuireann deiseanna rannpháirtíochta chun cinn.

### Ionadaíocht

Rinne 54 ionadaí pobail ionadaíocht ar an líonra thar 16 choiste cinnteoireachta éagsúla, rud a chuir an pobal go daingean i gcroílár na cinnteoireachta áitiúla. Toghadh 2 ionadaí líonra nua in 2023.

### Comhairliúcháin Phoiblí

Déanann MPPN idirchaidreamh le rannóga éagsúla maidir le comhairliúcháin phoiblí, bíodh siad áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta.
Reáchtáladh roinnt comhairliúchán poiblí in 2023, lena n-áirítear comhairliúchán don Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail, don Straitéis Forbartha LEADER agus do Peaceplus. Reáchtáladh comhairliúcháin freisin maidir le Teachtaireachtaí Seirbhíse Poiblí i gcás cásanna éigeandála agus maidir le bileog Cosaint Shibhialta Pearsanta agus Teacht Aniar an Phobail de chuid Chomhairle Contae Mhuineacháin le seachadadh ar gach teaghlach i gContae Mhuineacháin.

### Comhdháil Sábháilteachta na mBan

Reáchtáil PPN Mhuineacháin comhdháil ar Shábháilteacht na mBan, a raibh freastal an-mhaith uirthi, ar an 23 Samhain san Hillgrove Hotel, le bheith nasctha
leis na 16 lá gníomhaíochais idirnáisiúnta in aghaidh foréigean inscnebhunaithe. Fuair an t-imeacht seo maoiniú ón Roinn Dlí agus Cirt faoin gCiste Nuálaíochta Sábháilteachta Pobail agus áiríodh ann cainteoirí ó Slán Sábháilte in Éirinn agus ó Aonad um Chosc ar Choireacht an Gharda Síochána.

D'fhoghlaimíomar go raibh beagnach 60% de na daoine a bhí i láthair ag an gcomhdháil ina íospartach ag an gcoireacht. Roinn siad scéalta linn i rith na maidine agus rinne siad moltaí maidir le conas a d'fhéadfadh Comhairle Contae Mhuineacháin cabhrú le Co. Mhuineacháin a dhéanamh níos sábháilte do mhná agus do chailíní, a cuireadh i láthair san iarnóin do chruinniú poiblí bliantúil an Chomhchoiste Póilíneachta.



Bunaíodh Tionól na mBan Mhuineacháin ar an 8 Márta 2021. Is iad aidhmeanna Thionól na mBan Mhuineacháin ná:
Fuarthas maoiniú ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta le haghaidh trí thionscadal a bheidh ar siúl in 2023/2024:

- Feasacht ar Thionól na mBan Mhuineacháin a Ardú
- Ceardlanna a chur ar fáil ar scileanna na mban a fhorbairt amhail óráidíocht phoiblí, margaíocht agus cur chun cinn, agus
- Seimineár gréasáin a óstáil do mhná i bhfoirm comhairliúchán pobail a chuirfidh bonn eolais faoi shaincheisteanna atá á n-ardú ar bhonn uilechoiteann ag mná inár bpobal.

Cuireann Comhairle Contae Mhuineacháin acmhainní foirne ar fáil.

### Comhpháirtíocht Spóirt Mhuineacháin

Chuir MSP os cionn 300 clár gníomhaíochta, imeacht, tionscnamh agus cúrsa oiliúna ar fáil i rith 2023 chun ár bpobail a choinneáil gníomhach agus rannpháirteach, agus ghlac os cionn 10,300 duine páirt ann; lena n-áirítear leanaí agus daoine óga, daoine fásta, daoine aosta, daoine faoi mhíchumas, pobail imirceacha. Déantar cur síos ar na príomhéachtaí:

### Cláir Phobalbhunaithe

D'éascaigh siad go leor gníomhaíochtaí do Dhaoine Fásta Gníomhacha (50+) i suíomhanna pobail éagsúla ar fud an chontae. Ghlac os cionn 650 rannpháirtí páirt i réimse éagsúil gníomhaíochtaí, faoi dhíon agus faoin spéir.




### Ag Tacú le hImeachtaí/Tionscnaimh Náisiúnta

Go leor imeachtaí eagraithe agus curtha ar fáil i rith 2023 chun tionscnaimh náisiúnta a cheiliúradh ar leibhéal áitiúil, lena n-áirítear: Seachtain um Mná sa Spórt, Seachtain Sláinte na bhFear, an tSeachtain Náisiúnta Rothar, an tSeachtain um Ionchuimsiú Sóisialta, Seachtain Amuigh Faoin Aer *HER*, an tSeachtain um Aosú Dearfach, Seachtain Eorpach an Spóirt.

### Leanaí agus Daoine Óga

Réimse de chláreagrú gníomhaíochta chun tacú le gníomhaíocht choirp bunaithe i scoileanna, piarfhoghlaim agus úsáid mhéadaithe áiseanna áitiúla.

### Spórt Ionchuimsitheach agus Cumais Fhisiciúla

Leanúint ar aghaidh ag obair leis na seirbhísí lae do dhaoine fásta faoi mhíchumas chun gníomhaíochtaí spóirt a chur ar fáil.
Neartaíodh ár gcaidreamh le príomhpháirtithe leasmhara i seirbhísí meabhairshláinte.
Tairiscintí leathnaithe do leanaí faoi

mhíchumas, ag obair go dlúth le seirbhísí uathachais a fhaigheann tacaíocht i scoileanna agus ag forbairt tionscnaimh rannpháirtíochta pobail chun tacú le gníomhaíochtaí ionchuimsitheacha laistigh de chlubanna spóirt.



### Oideachas agus Oiliúint

San iomlán, cuireadh 33 cúrsa oiliúna agus oideachais ar fáil do 516 oibrí deonach club spóirt, scoláirí idirbhliana, scoláirí bunscoile agus múinteoirí.

### Tacaíocht Maoinithe do Chlubanna Spóirt 2023

Riar an MSP €53,555 i dtacaíocht mhaoinithe do 73 club spóirt faoi 3 bheart le haghaidh trealamh spóirt, oiliúint & cláir oideachais agus rannpháirteachais. Chomh maith leis sin, riar €18,000 faoi mhaoiniú Tacaíochta Fuinnimh.

### Moil Ghníomhaíochta Spóirt

Suíomhanna sonracha de rannpháirtíocht spóirt ar an gCill Mhór-Droim Sneachta agus Béal Átha Beithe agus a cheantar máguaird trí thionscadail atá maoinithe ag Cuntais Dhíomhaoine.

# Plean Forbartha

### Pleanála

Is é Plean Forbartha Contae Mhuineacháin an príomhráiteas poiblí ar bheartais phleanála do Chontae Mhuineacháin. Is éard atá sa Phlean Forbartha ná ráiteas scríofa ar bheartais agus ar chuspóirí, agus sraith léarscáileanna. Tá an Plean mar bhonn agus mar thaca ag dul chun cinn eacnamaíoch agus sóisialta an Chontae ina iomláine agus dá bhrí sin tá sé ar cheann de phríomhfheidhmeanna Chomhairle Contae Mhuineacháin.

Soláthraíonn an Plean Forbartha Contae straitéis fhoriomlán do phleanáil chuí agus d'fhorbairt inbhuanaithe Chontae Mhuineacháin agus tá sé ag teacht le beartais agus cuspóirí pleanála spásúla náisiúnta agus réigiúnacha araon. Leagtar amach ann cuspóirí agus beartais úsáide talún, infreastruchtúir, comhshaoil, taitneamhachta agus forbartha údarás pleanála an Chontae ar feadh tréimhse sé bliana. Clúdaíonn Plean Forbartha Contae Mhuineacháin reatha an tréimhse 2019-2025. Déanann pleanáil spásúlachta, trí chuspóirí agus beartais an phlean forbartha, iarracht cothromaíocht a bhaint amach idir leas an phobail agus leasanna daoine aonair.

Ar an 11 Bealtaine 2023 thug Comhairle Contae Mhuineacháin fógra go raibh sé beartaithe athbhreithniú a dhéanamh ar Phlean Forbartha Contae Mhuineacháin 2019-2025 atá ann cheana, agus Plean Forbartha Contae Mhuineacháin nua a ullmhú don tréimhse 2025 -2031 do limistéar feidhme Chomhairle Contae Mhuineacháin. Tógfaidh an t-athbhreithniú suas le dhá bhliain agus tiocfaidh deireadh leis an bpróiseas tráth a ghlacfar Plean Forbartha Contae Mhuineacháin don tréimhse 2025 – 2031.

Tugadh faoi chomhairliúchán maidir leis an bPlean Forbartha Réamhdhréachta thar thréimhse ocht seachtaine ón 11 Bealtaine 2023 go dtí an 7 Iúil 2023. Leagadh amach i bPáipéar Saincheisteanna Straitéiseacha & Roghanna na saincheisteanna straitéiseacha a théann i bhfeidhm ar an gContae agus úsáideadh é chun díospóireacht a spreagadh agus rannpháirteachas an phobail a éascú ag an gcéim luath seo de phróiseas an phlean forbartha. Bunaíodh leathanach gréasáin tiomnaithe ar shuíomh gréasáin Chomhairle Contae Mhuineacháin chun eolas a óstáil agus a chur ar fáil go poiblí, agus chun feidhmiú mar 'mhol' le haghaidh idirghníomhaíochta i rith an phróisis déanta plean dhá bhliain.

Rinneadh comhairliúchán réamhdhréachta le comhlachtaí forordaithe agus neamh-fhorordaithe, soláthraithe seirbhíse, bunscoileanna agus meánscoileanna, agus gníomhairí pleanála ar an liosta seoltaí pleanála. Choimisiúnaigh Comhairle Contae Mhuineacháin fógra raidió ar Northern Sound a craoladh faoi dhó gach lá chun an t-athbhreithniú ar Phlean Forbartha an Chontae a phoibliú agus cuireadh a thabhairt do dhaoine den phobal teacht chuig na ceardlanna comhairliúcháin phoiblí. Foilsíodh fógraí go rialta ar leathanach Facebook agus Twitter/X na Comhairle freisin. Reáchtáladh sé thráthnóna eolais poiblí san iomlán i rith mhí an Mheithimh i Muineachán, i gCarraig Mhachaire Rois, i mBaile na Lorgan, i gCluain Eois agus i mBéal Átha Beithe. D'fhreastail 39 duine san iomlán ar na seisiúin, agus taifeadadh an tinreamh is airde i gCarraig Mhachaire Rois.

Mheall an próiseas Comhairliúcháin Réamhdhréachta seasca a sé aighneacht ó réimse leathan comhlachtaí poiblí, eagraíochtaí eile agus daoine aonair. Chlúdaigh na tuairimí a fuarthas raon leathan saincheisteanna laistigh de na hábhair Measúnacht & Monatóireacht Timpeallachta, Straitéis Lonnaíochta, Straitéis Tithíochta, Athrú Aeráide, Comhshaol agus Oidhreacht, Gníomhaíocht Eacnamaíoch, Bonneagar agus Seirbhísí, Seirbhísí / Áiseanna Pobail, chomh maith le raon saincheisteanna eile nach raibh laistigh de na hábhair sin roimhe seo. Ullmhaíodh Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh ar na haighneachtaí a fuarthas i rith na tréimhse comhairliúcháin réamhdhréachta ina dhiaidh sin lena heisiúint chuig na comhaltaí tofa chun a mbreithniú agus a dtreoir a fháil ar shaincheisteanna straitéiseacha a chur san áireamh sa dréachtphlean forbartha a chuirfear ar taispeáint go poiblí i lár 2024.

### Léarscáiliú Cháin ar Thalamh Criosaithe Cónaithe

Tugadh Cáin ar Thalamh Criosaithe Cónaithe (RZLT) isteach i mBuiséad 2022 faoi fhorálacha Acht Airgeadais 2021. Is é

cuspóir an bhirt beartaithe ceadanna pleanála agus criosuithe reatha a ghníomhachtú áit a bhfuil tithíocht ceadaithe agus áit a bhfuil an talamh nasctha le, nó rochtain ar sheirbhísí (bonneagar bóithre, cosáin, soilsiú poiblí, uisce dromchla, fuíolluisce & soláthar uisce), ach atá fós neamhfhorbartha. Leagann an reachtaíocht amach go soiléir go mbeidh talamh atá laistigh de scóip na cánach criosaithe d'fhorbairt chónaithe nó do mheascán úsáidí lena n-áirítear úsáid chónaithe.

Cé gurb iad na Coimisinéirí Ioncaim a dhéanfaidh Cáin ar Thalamh Criosaithe Cónaithe a riar, tá gá le gach údarás áitiúil dul faoi léarscáiliú chun tailte a aithint i raon cháin ina réimse feidhme faoi seach. Tá gá le léarscáiliú RZLT a dhéanamh ar bhonn bliantúil.

Ba é an dáta infheidhme le tailte a chriosú agus a sheirbhísiú le bheith faoi dhliteanas cánach ná an 1 Eanáir 2022 agus an dáta deireadh chun tailte a chuimsiú ar an Dréacht-Tuarascáil ná an 1 Deireadh Fómhair 2022. Ceanglaíodh ar údaráis áitiúla léarscáiliú a dhéanamh chun na tailte a bhí i scóip na cánach ina limistéir feidhme faoi seach a aithint agus na léarscáileanna seo a fhoilsiú faoin 1 Samhain 2022. Bhí páirtithe leasmhara (úinéirí talún agus daoine den phobal) in ann tuairimí a thabhairt ar na léarscáileanna foilsithe faoin 1 Eanáir 2023 ag léiriú earráidí nó easnaimh nó ag sonrú cén fáth ar cheart nó nár cheart go mbeadh na tailte faoi raon feidhme RZLT.

Fuarthas 80 aighneacht ar fad a bhain le 92 dáileacht talún agus rinne an t-údarás pleanála cinntí ina leith sin faoin 1 Aibreán 2023, maidir le cé acu ar cheart nó nár cheart go bhfanfadh na tailte faoi raon feidhme RZLT. Tar éis na cinntí seo a eisiúint, rinneadh 31 achomharc ar na cinntí seo chuig an mBord Pleanála.

## Measúnú ar Riachtanas & Éileamh Tithíochta

Bíonn gá anois le gach údarás áitiúil Measúnú ar Riachtanas agus Éileamh Tithíochta (HNDA) a dhéanamh chun cur ar a chumas:

- dearcthaí straitéiseacha fadtéarmacha de riachtanas tithíochta a fhorbairt ar fud gach tionachta,
- bonn fianaise láidir a sholáthar chun tacú le cinntí maidir le soláthar tithíochta nua, infheistíocht níos leithne agus seirbhísí a bhaineann le tithíocht a bheidh mar bhonn eolais do phróifíl fhoriomlán náisiúnta tithíochta,
- eolas a thabhairt do bheartais faoin gcion de thithíocht shóisialta agus inacmhainne a theastaíonn,
- fianaise a sholáthar chun eolas a thabhairt do bheartais a bhaineann le soláthar sainseirbhísí tithíochta agus seirbhísí a bhaineann le tithíocht.

D'fhostaigh an Rannóg Pleanála comhairleoirí KPMG chun an HNDA a dhéanamh agus foilsíodh tuarascáil deiridh i Meán Fómhair 2023.

## Bainistíocht Forbartha

Fuair an tÚdarás Pleanála 595 iarratas pleanála, 16 shíneadh ar thréimhse chead pleanála, agus 78 iarratas forbartha díolúnaithe le linn 2023. Tá méadú faoi dhó tagtha ar Iarratais ar Fhorbairt Dhíolmhaithe ón tréimhse chéanna anuraidh, go príomha mar thoradh ar Scéim na nDeontas Croí Cónaithe a thabhairt isteach a éilíonn dearbhú ón údarás pleanála go bhfuil na hoibreacha atá beartaithe chun an foirgneamh a fheabhsú díolmhaithe ó chead pleanála a éileamh. Tháinig méadú thart ar 9% ar líon na n-iarratas i gcomparáid le líon na n-iarratas a fuarthas in 2022.

| **Iarratais Phleanála a Fuarthas in 2023** | |
|---|---|
| Cead Iomlán | 492 |
| Cead Imlíneach | 8 |
| Cead Iarmhartach | 3 |
| Cead Sealadach | 1 |
| Coinneáil | 90 |
| Cead Iarmhartach | 3 |
| Síneadh ar Fhad Ama | 16 |
| Iarratais Forbartha Díolmhaithe | 78 |
| Tograí Cuid VIII | 8 |
| **Iarratais Iomlána a Fuarthas** | **699** |

Cé gur le haghaidh teaghaisí aonair, síntí tithe agus forbairt talmhaíochta a bhí formhór na n-iarratas a fuarthas, cuireadh isteach roinnt iarratas suntasach agus casta, (a raibh Tuarascálacha Measúnaithe Tionchair Timpeallachta agus Ráitis Tionchair Nádúrtha ag gabháil leo) in 2023. Ar na hiarratais in 2023 a cuireadh isteach bhí:

- 23/40: Cead chun saoráid táirgthe bia 38,356m² a thógáil ag Bóthar Mhuineacháin, Maigh Rátha, Baile na Lorgan
- 23/61: Cead d'ionad cúraim phríomhúil dhá stór ar an mBrí, Baile na Lorgan.

- 23/60037: Cead le haghaidh forbairt turasóireachta a chuimsíonn athchóiriú agus athoiriúnú a dhéanamh ar iar-Fhoirgnimh an Mhuilinn go haonaid féinfhreastail, lóistí breise aon stór, faighneoga glampála, lóistíní iascaire, caifé gaolmhar agus áiseanna cluichí a thógáil ag Baile Mhic Cullach, Baile na Lorgan
- 23/60045: Cead ar iarmhianach faoin talamh a thochailt ag modhanna mianadóireachta oscailte chun críocha gipseam a astarraingt a chuimsíonn lárionad spóirt an phobail ag Droim Guasachta, Machaire Cluana
- 23/60102: Tógáil 26 áit chónaithe ag Bóthar an Iarnróid, Baile na Lorgan
- 23/60186: Tógáil aonad mórdhíola/trádstórais 5755 méadar cearnach ag Eanach Átha, Muineachán
- 23/60107: Cead le haghaidh trádstóras aon urláir agus clós gaolmhar chun feithiclí lasta agus leantóirí a stóráil ag Cúil Troim Éigis, Loch Éigis.
- 23/60152: Cead le haghaidh 18 áit chónaithe ag Páirc an Chaisleáin, Bóthar Shearcóige/Bóthar Milehill, Baile na Lorgan
- 23/60218: Cead le haghaidh 50 áit chónaithe ag Bóthar Dhroim Conrach, Carraig Mhachaire Rois

| **Staitisticí um Iarratais Phleanála in 2023** | |
|---|---|
| Neamhbhailí | 104 |
| Bronnta | 384 |
| Diúltaithe | 26 |
| Tarraingthe siar | 18 |

Rinneadh achomharc ar dhá chinneadh dhéag chuig an mBord Pleanála in 2023, sin 2% de na hiarratais a fuarthas in 2023.

### Comhlíonadh Coinníollacha

Thug an tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2018 (Tosach Feidhme) Ordú 2021 (IR 714 de 2021) roinn 23(4) den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2018 i ngníomh an 17 Nollaig 2021. Éilíonn an reachtaíocht seo ar an Údarás Pleanála plé le haon aighneacht chomhlíonta maidir le coinníoll(acha) in éineacht le cead pleanála óna dteastaíonn comhaontú scríofa den Údarás Pleanála laistigh de thréimhse ama ocht seachtaine. Fuair an tÚdarás Pleanála 98 aighneacht chomhlíontachta in 2023. Bhí 231 iarratas ar chuardach pleanála ann in 2023, méadú 17 ón mbliain roimhe sin.

### Tairseach ríomhphleanála

Tá an Rannóg Pleanála ag déileáil anois le déchóras d'iarratais mar chóip chrua agus iarratais ar líne araon ó mhí Feabhra 2023 nuair a chuaigh an córas ar líne beo. Fuarthas 56% de na hiarratais phleanála ar líne in 2023 agus táthar ag súil go mbeidh an figiúr seo níos airde in 2024 de réir mar a thosóidh níos mó gníomhairí ag úsáid na tairsí. Leanann an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil le tacaíocht laethúil a chur ar fáil maidir le hoibriú na tairsí.

### Scéim Shealadach Tarscaoilte laistigh de Theorainn Ama

Ó tugadh isteach an Scéim Shealadach Tarscaoilte laistigh de Theorainn Ama maidir le Ranníocaíochtaí Forbartha d'fhorbairtí nua tithíochta (lena n-áirítear tithe aonuaire), chuir an tÚdarás Pleanála ceithre éileamh ghrúpáilte go dtí seo faoi bhráid na Roinne arbh fhiú beagnach €76,000 san iomlán iad.

### Tógáil i gCúram

Rinneadh fógra poiblí maidir le naoi n-eastát atá le tógáil go foirmiúil i gcúram in 2024. Cuireadh líon suntasach eastát chun cinn trí chéimeanna éagsúla den phróiseas measúnaithe a thógáil i gcúram in 2023. Tá líon suntasach iarratas faoi láthair le hUisce Éireann le comhaontú agus táthar ag súil go bhféadfar dul chun cinn suntasach a dhéanamh in 2024.

Leanann an Rannóg Pleanála ag dul sa tóir ar bhannaí slándála ar líon beag forbairtí ar fud an Chontae. Leanfaidh an Rannóg Pleanála le dul chun cinn a dhéanamh ar Thógáil i gCúram d’fhorbairtí cónaitheacha in 2024.

### Forfheidhmiú Pleanála

Nuair a chuirtear an tÚdarás Pleanála ar an eolas faoi shárú ar chead pleanála nó forbairt neamhúdaraithe, is leor plé a dhéanamh le ciontóir(í) chun réiteach a fháil. Más rud é, áfach, nach dtéann an ciontóir i ngleic le fadhbanna glactar leis an ngníomh forfheidhmithe foirmeálta. Mar gheall ar ghníomhaíocht forbartha leanúnach ar fud an Chontae, is ionann líon na ngearán

forfheidhmiúcháin agus an líon a fuarthas in 2022. Tá staitisticí forfheidhmithe le haghaidh 2023 leagtha amach anseo thíos.

| Staitisticí Forfheidhmithe 2023 | |
|---|---|
| Cásanna nua oscailte | 98 |
| Na cásanna iomlán a dúnadh | 136 |
| Cásanna forfheidhmithe leanúnacha | 139 |

As na cásanna a dúnadh, dúnadh 62 mar thoradh ar an Údarás Pleanála a bheith ag eisiúint Litreacha rabhaidh, fógraí forfheidhmiúcháin agus/nó imeachtaí ionchúisimh. Dúnadh líon ard cásanna tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar chásanna stairiúla agus seanbhunaithe. Tá líon suntasach cásanna forfheidhmithe ag céim an ionchúisimh agus in 2023 bhí i bhfad níos mó éisteachtaí cúirte ann ná mar a bhí i mblianta roimhe sin agus is dócha go leanfaidh sé seo ar aghaidh go 2024.

### Ranníocaíochtaí Forbartha

Bhí fáltais de €1,234,431 ann in 2023 mar thoradh ar sonrascadh luath agus gníomh forfheidhmithe maidir le ranníocaíochtaí forbartha neamhíoctha a aisghabháil.

### Láithreáin Thréigthe

Lean obair in 2022 maidir le dul i ngleic le láithreáin thréigthe sa Chontae le seacht láithreán curtha le Clár na Láithreán Tréigthe. Níor baineadh aon láithreán de Chlár na Láithreán Tréigthe i rith na bliana. Bhí sé láithreán is tríocha ar Chlár na Láithreán Tréigthe ag tús 2023. Baineadh cúig láithreán den chlár i rith na bliana, rud a d'fhág go raibh aon láithreán is tríocha ar Chlár na Láithreán Tréigthe amhail 31 Nollaig 2023.

### Oidhreacht Thógtha

Riarann Roinn Pleanála Chomhairle Comhairle Contae Mhuineacháin dhá scéim deontais oidhreachta bliantúla, an Scéim Infheistíochta don Oidhreacht Thógtha (BHIS) agus Ciste na Struchtúr Stairiúil (HSF).

Tugann an Scéim Infheistíochta don Oidhreacht Thógtha spreagadh infheistíocht a dhéanamh i gcaipiteal príobháideach ar scála beag, tograí dlúth-shaothair chun struchtúir stairiúla a dheisiú agus a chaomhnú agus chun tacú le gairmithe caomhantais, ceardaithe agus daoine ceirde. Fuair Contae Mhuineacháin leithdháileadh iomlán de €96,000 in 2023.

In 2023 bronnadh maoiniú ar dhá thionscadal déag faoin BHIS, agus bhain aon tionscadal déag leas as an gcéanna mar seo a leanas:

- Eaglais Naomh Síoláin, Tigh Thaláin
- Freame Mount Demense, Dartraí, Muinchille
- Eaglais Pharóiste Thigh Damhnata, Béal Átha an Fhóid
- 25 An Phríomhshráid, Glasloch
- Newbliss Gate Lodge, Coillidh Chaisiúir, Muineachán
- The Squealing Pig, Muineachán
- Eaglais Mheitidisteach Mhuineacháin, Muineachán
- Balla an Iarstáisiúin Traenach, Glasloch
- Eaglais Naomh Seosamh, Cnoc an tSalainn
- Páirc Hilton, Clós stábla
- John Anderson's, an Droim



**Deisiúcháin chaomhnaithe ar fhuinneoga agus díon ag 25 An Phríomhshráid, Glasloch**

Tá sé mar phríomhchuspóir ag Ciste na Struchtúr Stairiúil (HSF) struchtúir agus foirgnimh stairiúla a chaomhnú agus cur leo ar mhaithe leis na pobail agus na daoine. Tá sé mar aidhm aige cur ar chumas oibreacha caomhantais a dhéanamh ar struchtúir oidhreachta a mheastar a bheith suntasach agus a dteastaíonn tacaíocht phráinneach uathu. Ba é €317,630 an maoiniú iomlán faoi Chiste na Struchtúr Stairiúil le haghaidh 2023.

In 2023 bronnadh maoiniú ar chúig thionscadal faoi Chiste na Struchtúr Stairiúil, agus bhain na ceithre thionscadal a leanas leas as:

- Ardeaglais San Macartan, Muineachán
- Másailéam Ros Mór, Muineachán
- Eaglais an tSeanchuaich, Scairbh na gCaorach
- Séipéal Naomh Eoin an Soiscéalaí, Dartraí



**Obair chaomhnaithe ar an díon ag Séipéal Naomh Eoin an Soiscéalaí, Dartraí, curtha i gcrích**

## Dearbhuithe Alt 57

Faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) maidir le hoibreacha a mheasfaí a bheith díolmhaithe faoi Alt 4(1)h den Acht d'fhéadfadh sé nach bhfuil siad díolmhaithe maidir le Déanmhas Cosanta nó Déanmhas Cosanta Molta.

Ligeann Alt 57 den Acht d'úinéir nó áititheoir an Déanmhais Chosanta nó an Déanmhais Chosanta Mholta iarratas scríofa a dhéanamh chuig an Údarás Pleanála dearbhú a eisiúint maidir leis na cineálacha oibre a mheasann sé a chuirfeadh isteach nó nach gcuirfeadh isteach ar charachtar an déanmhais nó aon ghné den déanmhas, ag soiléiriú mar sin cé na hoibreacha a mheasfaí a bheith mar fhorbairt díolmhaithe agus iad siúd óna dteastódh cead pleanála. Fuair Comhairle Contae Mhuineacháin seacht nDearbhú Alt 57 in 2023.

# Tionscadail Chaipitil

## Campas SÍOCHÁNA Mhuineacháin

Osclófar Campas Síochána Mhuineacháin i mí na Bealtaine 2024. Spreagann an Campas Síochána idirghníomhaíocht trasphobail agus trasteorann agus tá sé deartha go mbeidh sé fáilteach roimh gach duine agus measúil ar gach féiniúlacht chultúrtha.




MPC – Nollaig 2022





MPC – Nollaig 2023

Tá an Foirgneamh suite in aice leis an mBóthar Thuaidh, Sráid Ghlaslocha agus Bóthar na Plandála i mbaile Mhuineacháin agus is infheistíocht shuntasach í ag an gComhairle in athghiniúint uirbeach an bhaile contae.

Déantar Suíomh Gréasáin "Campas Síochána Mhuineacháin" a nuashonrú go Ráithiúil chun faisnéis reatha a sholáthar faoin tionscadal agus faoin dul chun cinn ar an láithreán.

## Ceanncheathrú nua na hOifige Cathartha Beartaithe

Tá an tAonad um Thionscadail Chaipitil ag tabhairt an dearadh do Cheanncheathrú nua Oifige Cathartha beartaithe de chuid Chomhairle Contae Mhuineacháin ag Rúscaigh, Muineachán, chun críche.
Fógraíodh na cáipéisí Pleanála Cuid 8 agus déanfar cinneadh i Ráithe 2 2024. Leanfar le dearadh mionsonraithe in 2024 agus táthar ag súil go rachaidh an tionscadal chun tairisceana in 2024.



Radharc ón spéir d'Íomhá CGI 3T de na hOifigí Cathartha beartaithe nua ag Rúscaigh



Íomhá CGI 3T aghaidhchló de na hOifigí Cathartha beartaithe nua ag Rúscaigh

## Tionscadal Athnuachana ar Shráid Bhaile Átha Cliath agus an Talamh Cúil

### Athnuachan Shráid Bhaile Átha Cliath Theas

Chuir an Chomhairle tograí dearaidh chun cinn maidir le hathghiniúint limistéar Shráid Bhaile Átha Cliath ó dheas i mBaile Mhuineacháin i rith 2023. Tar éis iarratas pleanála a bheith curtha isteach don scéim i Ráithe 3 2022, d'eisigh an Bord Pleanála (ABP) iarratas faisnéise breise (FI) ar na tograí tionscadail i Ráithe 1 2023. Tar éis an iarraidh seo a fháil, rinne an Chomhairle athbhreithniú cuimsitheach ar na tograí forbartha. Chuimsigh an t-athbhreithniú tuilleadh comhairliúcháin leis an Roinn Tithíochta, Rialtais

Áitiúil agus Oidhreachta; fostú comhairleoirí breise ailtireachta agus réimse poiblí; agus rannpháirtíocht dhíreach le húinéirí réadmhaoine maidir leis na foirgnimh atá buailte leis na naisc atá ann agus atá beartaithe idir Sráid Bhaile Átha Cliath agus an ceantar de thalamh cúil nua. Eisíodh an aighneacht phleanála athbhreithnithe chuig An Bord Pleanála ar an 5 Nollaig 2023.

Lean Avison Young (an Oifig Luachála) den rannpháirtíocht agus chaibidlíocht le húinéirí réadmhaoine lena mbaineann i rith 2023 agus leanfar den chaibidlíocht in 2024. Tháinig an Chomhairle ar chomhaontú chun 4 réadmhaoin a cheannach i mí na Nollag 2023.


Tá dearaí mionsonraithe don scéim bheartaithe ar Shráid Bhaile Átha Cliath Theas críochnaithe go substaintiúil agus tá sé beartaithe iad a thabhairt chun críche tar éis chinneadh pleanála ABP.



Limistéar Scéim Athnuachana Shráid Bhaile Átha Cliath Theas



Íomhá Ailtireachta – Radharc ar an Plaza Cathartha Coisithe atá beartaithe (Plás Gavan Duffy) ó Shráid Bhaile Átha Cliath



Íomhá Ailtireachta – Radharc Thoir ar an mbealach isteach atá beartaithe chuig Plaza Cathartha Coisithe



Íomhá Ailtireachta – Radharc thiar ar an mbealach isteach atá beartaithe chuig Plaza Cathartha Coisithe

## Tionscadal Athnuachana Shráid Bhaile Átha Cliath Thuaidh

Tá an tAonad um Thionscadail Chaipitil ag cur tograí chun cinn go fóill freisin maidir le hathnuachan cheantar Shráid Bhaile Átha Cliath Thuaidh Bhaile Mhuineacháin. D'ullmhaigh an Fhoireann Deartha Réamhdhearthaí le haghaidh Comhairliúcháin Phoiblí i mí Iúil 2023 agus reáchtáil siad lá comhairliúcháin phoiblí i dTeach an Mhargaidh, Muineachán ar an 3 Iúil 2023 chun aiseolas a sholáthar ar na tograí dearaidh. Tar éis breithniú a dhéanamh ar an aiseolas poiblí, críochnaíodh an chéim Réamhdheartha, agus bhog an tionscadal isteach i gCéim 2 ag forbairt an dearaidh le haghaidh Iarratais ar Fhaomhadh chuig an mBord Pleanála in 2024.



Réamhdhearadh: Radharc an phlean ar thograí Athnuachana Shráid Bhaile Átha Cliath Thuaidh



Réamhdhearadh: Radharc 3T ón spéir ar thograí Athnuachana Shráid Bhaile Átha Cliath Thuaidh

## Athnuachan Chearnóg Mhargadh Bhaile na Lorgan Céim I - Teach Geata 2 Leabharlann agus Réimse Poiblí

Chríochnaigh conraitheoirí Broomfield Construction na hoibreacha conartha le haghaidh áiseanna Athchóirithe Leabharlainne agus Réimse Poiblí Teach Geata 2 i Ráithe 3 2023. Tar éis aistriú an fhoirgnimh, cuireadh oibreacha feistithe don tsaoráid leabharlainne chun cinn agus osclaíodh an leabharlann nua don phobal i mí Mheán Fómhair 2023. D'oscail an tAire Heather Humphreys an tionscadal athnuachana go hoifigiúil i mí na Samhna 2023.



Foirgneamh Leabharlann Lóiste an Gheata Athchóirithe



Foirgneamh Leabharlann Lóiste an Gheata Athchóirithe



Bunurlár Íochtarach - Roinn na Leanaí

## Athnuachan Chearnóg Mhargaidh Bhaile na Lorgan Céim II - Teach Margaidh agus Cearnóg Mhargaidh Bhaile na Lorgan

Chuir Dhb Design Consultants na tograí deartha mionsonraithe ar aghaidh do thionscadal Theach an Mhargaidh agus Chearnóg Mhargaidh i mBaile na Lorgan i rith 2023.

Chríochnaigh na Comhairleoirí Deartha dearaí mionsonraithe maidir le hathchóiriú Theach an Mhargaidh agus feabhsuithe ar réimse poiblí Chearnóg an Mhargaidh i Ráithe 4 2023. Táthar ag súil go gcuirfear iarratas ar mhaoiniú Chatagóir 1 faoin gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe (RRDF) isteach go luath in 2024.


Íomhá Ailtireachta – Teach Athchóirithe an Mhargaidh


Íomhá Ailtireachta - Urlár na Talún Uachtarach


Íomhá Ailtireachta – Spás Imeachtaí ag Leibhéal Díon

## Mol Fiontraíochta agus Digiteach RRDF Chúil Darach

Fuair Comhairle Contae Mhuineacháin maoiniú trí Chiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail chun Mol Fiontraíochta agus Digiteach Chúil Darach a sheachadadh. Sa tionscadal seo déanfar iar-Theach na Cúirte i gCúil Darach a thiontú ina mhol cianoibre, fiontraíochta agus digiteach. Feidhmeoidh an 'Mol' mar phríomhspreagadh d'athnuachan inbhuanaithe Shráidbhaile Chúil Darach. Trí líon na ndaoine a bheidh ann a mhéadú agus aghaidh a thabhairt ar láithreáin thréigthe trí athchóiriú a dhéanamh ar fhoirgneamh liostaithe folamh, gníomhóidh an tionscadal mar chatalaíoch do théarnamh geilleagrach sa cheantar. Beidh na háiseanna a leanas sa 'Mhol', a bheidh á bhainistiú agus á oibriú ag Enterprising Monaghan:

- Deasca do scoláirí/cianoibrithe is féidir a thabhairt amach ar cíos
- Seomra cruinnithe
- Ceaintín
- 7 n-oifig de mhéideanna éagsúla
- Foirgneamh seachtrach le spás ilfheidhmeach

Tar éis cead pleanála a fháil don fhorbairt, críochnaíodh comórtas tairisceana do na hoibreacha tógála ansin. Ba é Lowry Construction Ltd an forthairgeoir rathúil. Cuireadh tús leis na hoibreacha ag deireadh mhí an Mheithimh 2023. Reáchtáladh síniú Deasghnách na gConarthaí leis an Aire Heather Humphreys agus leis na Comhaltaí Tofa in Oifigí Cheantar Bardasach Bhéal Átha Beithe Chluain Eois ar an 16 Meitheamh 2023. Táthar ag súil le críochnú suntasach faoi Ráithe 4 2024.



## Mol Fiontraíochta Tuaithe Ghleann na hAbhann Móire

Is éard a bheidh sa tsaoráid ná limistéar cianoibre / le sealaíocht deisce a dhéanamh, seomra cruinnithe, cistin tráchtála, caifé/siopa, spás pobail ilchuspóireach, 2 sheomra oiliúna, 6 oifig le fáil ar cíos, 2 sheomra cliniciúla le fáil ar cíos. (Is é 920 m2 achar urláir iomlán).

Bunaíodh Grúpa Stiúrtha chun an tionscadal a

threorú, ar a raibh ionadaithe ó Chumann Forbartha an Triúcha agus ó Chomhairle Contae Mhuineacháin. Ceapadh ailtirí áitiúla, Craftstudio Architecture Ltd, mar Cheannaire na Foirne Deartha ar an tionscadal. Ag obair i gcomhar leis an nGrúpa Stiúrtha, thaisc Craftstudio Architecture Iarratas pleanála Chuid 8 don tionscadal ar an 19 Deireadh Fómhair 2023.

Faoi réir toiliú pleanála, reáchtálfar comórtas tairisceana i Ráithe 1 2024 chun Príomhchonraitheoir a cheapadh chun an tógáil a chur i gcrích. Táthar ag súil go gcuirfear tús le hoibreacha ar an suíomh i Ráithe 2 2024.



Tionscadal na nOileán Comhroinnte – Braislí nuálaíochta FBManna a fhorbairt ar fud cúig Údarás Áitiúla


Tá Comhairle Contae Mhuineacháin mar cheannaire ar chomhpháirtíocht le ceithre Údarás Áitiúla eile, Comhairle Buirge Ard Mhacha, Droichead na Banna agus Craigavon, Comhairle Ceantair Lár Uladh, Comhairle Contae an Chabháin agus Comhairle Ceantair Fhear Manach agus na hÓmaí ar Thionscadal na nOileán Comhroinnte chun imscrúdú a dhéanamh ar a indéanta atá sé páirceanna nuálaíochta FBManna a fhorbairt i ngach ceantar údaráis áitiúil agus chun na sineirgí is féidir a chur i gcrích trí chomhpháirtíocht tionscadail a fhiosrú. I mí na Samhna 2023 chuir Comhairleoirí Eacnamaíochta an tionscadail an Comhthuarascáil Féidearthachta i gcrích lena heisiúint agus lena breithniú ag Roinn an Taoisigh. Leanfar den obair in 2024 chun Máistirphleananna a sheachadadh ag na suíomhanna aitheanta i ngach ceann de na cúig údarás áitiúla chun cur leis an Tuarascáil Féidearthachta agus fís a leagan síos d'fhorbairt amach anseo. Díríonn suíomh Chomhairle Contae Mhuineacháin ar shuíomh 46 Heicteár soir ó thimpeallán Eanach Átha ar an N2 i Muineachán.



Ceantar staidéir Chomhairle Contae Mhuineacháin do Staidéar Féidearthachta Thionscadal na nOileán Comhroinnte ag Eanach Átha agus Cnoc an Chonnaidh.

## Tailte Criosaithe Tionsclaíocha, Eanach Átha, Muineachán

I mí na Samhna 2023 cheap Comhairle Contae Mhuineacháin Foireann Deartha chun Máistirphleananna a ullmhú chun suíomh 15 Heicteár de Thailte Criosaithe Tionsclaíocha a fhorbairt siar ó Thimpeallán Eanach Átha ar an N2 i Muineachán. Tá dearaí á bhforbairt agus cuirfidh na Máistirphleananna Bunús Deartha ar fáil chun bonneagar a chur ar fáil chun freastal ar shuíomhanna tionsclaíocha ar na tailte criosaithe.



Limistéar tailte atá faoi réir forbairt Máistirphlean do shuíomhanna tionsclaíocha ag Eanach Átha, Muineachán

### Coimpléasc Fóillíochta Mhuineacháin

Cuireadh oibreacha athchóirithe ar na háiseanna Seomra Feistis in Coral Leisure i gcrích go rathúil in 2023. I measc na n-oibreacha bhí cubhachailí feistis a athsholáthar, oibreacha pluiméireachta a uasghrádú go sconnaí cithfholcadáin, sconnaí agus oibreacha uasghrádaithe coimhdeacha. Cuireadh na hoibreacha athchóirithe i gcrích trí leithdháileadh deontais de
€113,000 ón gClár Caipitil agus Trealaimh Spóirt (SCEP) agus cistiú meaitseála ó Chomhairle Contae Mhuineacháin. I mí Mheán Fómhair 2023, chuir an Chomhairle iarratas isteach ar an gcéad bhabhta maoinithe eile faoin gClár Caipitil agus Trealaimh Spóirt.



### Fuinneamh

Tá sé de chúram anois ar rannóg na dTionscadal Caipitiúil i gComhairle Contae Mhuineacháin monatóireacht a dhéanamh ar úsáid fuinnimh don Chomhairle, de réir na Straitéise Oiriúnaithe don Athrú Aeráide 2019-2024, a ghlac Comhairle Contae Mhuineacháin i mí Mheán Fómhair 2019.

Tá sainordú ar gach Comhlacht Poiblí sonraí fuinnimh bliantúla a thuairisciú trí ardán Monatóireachta agus Tuairiscithe 20230 de chuid Údaráis Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, a bhainistíonn an próiseas tuairiscithe thar ceann na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (DECC). Tá an mhonatóireacht agus an tuairisciú bliantúil seo (M & R) chun gealltanais náisiúnta agus AE agus spriocanna athraithe aeráide níos leithne na hÉireann a chomhlíonadh, trína bhfuil laghdú 51% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le fuinneamh (CHG) agus feabhas 50% ar éifeachtúlacht fuinnimh le baint amach ag gach Comhlacht Poiblí in Éirinn faoi 2030.



I measc cuid de na héachtaí éifeachtúlachta Fuinnimh agus na garspriocanna atá bainte amach go dtí seo tá:

- Maidir le húsáid Fuinnimh, tá Comhairle Contae Mhuineacháin i measc na nÚdarás Áitiúil is fearr feidhmíochta sa tír, tar éis feabhsú fuinnimh 52% a bhaint amach cheana féin faoi dheireadh 2022.
- Ba iad Comhairle Contae Mhuineacháin an chéad Údarás Áitiúil a chuir iarfheistiú LED iomlán a soilsithe poiblí i gcrích agus cuireadh ar an ngearrliosta iad le déanaí ag Dámhachtainí Pobail & Comhairle LAMA Uile-Éireann 2024 sa chatagóir a bhaineann le Dícharbónú Fuinnimh na nÚdarás Áitiúil as a chuid oibre chun fuinneamh agus carbón a laghdú 54%, trínár gclár Iarfheistithe Soilsithe Poiblí.
- Leanann Foireann Fuinnimh Chomhairle Contae Mhuineacháin ag obair i ndlúthpháirt lenár bpríomhpháirtithe leasmhara Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), agus Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide an Oirthir agus Lár na Tíre (CARO), a thacaíonn lenár bhfoireann chun Fuinneamh Glan agus Bainistíocht Fuinnimh a fhorbairt.
- Bunaíodh comhpháirtíocht an Aonaid Fuinnimh Teorann nua in 2022 lenár n-údaráis áitiúla in aice láimhe, Comhairlí Contae Liatroma, agus an Chabháin, áit a dtagann an coiste le chéile go rialta chun saincheisteanna fuinnimh den chineál céanna a phlé.
- Ag leanúint ar aghaidh ón Iniúchadh Domhain ar Fhuinneamh Iarfheistithe a rinne an rannóg Comhshaoil i Ráithe 4 2021, roghnaíodh 6 Fhoirgneamh de chuid na Comhairle chun dul faoi oibreacha iarfheistithe Dearaidh agus Tógála mionsonraithe iomlána, le maoiniú 50% faoi Chlár ‘Energy Pathfinder’ de chuid Údaráis Fuinnimh Inmharthana na


hÉireann. Meastar go gceapfar an Comhairleoir Deartha faoi dheireadh R1 2024, agus go gcuirfear tús le hoibreacha tógála go déanach in 2024.

## Bainistíocht Sócmhainní Réadmhaoine

Taifeadann agus rianaíonn Córas Bogearraí Bainistíochta Réadmhaoine na Comhairle gach sócmhainn talún agus foirgníochta atá faoi rialú na Comhairle. Cinntíonn sé seo dea-Rialachas agus bainistíocht éifeachtach ar ár bpunann réadmhaoine agus naisc le Clár na Sócmhainní Airgeadais (FAR).

Amhail Nollaig 2023, tá 2,081 Sócmhainní sa Chlár Leasanna Maoine ag Comhairle Contae Mhuineacháin faoi láthair, lena n-áirítear 71 foirgneamh.

| Cineál Sócmhainne | Líon Sócmhainní ag Deireadh 2023 |
|---|---|
| Tithíocht | 839 |
| Bóithre | 686 |
| Áis | 139 |
| Seirbhísí Uisce | 150 |
| Foirgneamh Údarás Áitiúil | 71 |
| Carrchlós | 54 |
| Eile | 42 |
| Foirgneamh Campais Údarás Áitiúil | 19 |
| Oidhreacht | 5 |
| Talamh | 30 |
| Ceannach ar Siúl | 19 |
| Reiligí | 1 |
| Clóis Shúgartha | 1 |
| Láithreán Líonadh Talún | 4 |
| Iosta | 8 |
| Cairéal | 1 |
| Cúlsoláthar Talún | 12 |
| **IOMLÁN** | **2081** |



# An Rannóg Athnuachana Baile

**Plean Lár Bailte ar dTús Charraig Mhachaire Rois**

Tar éis dóibh Oifigeach Athnuachana Baile a cheapadh i mí Lúnasa 2023 agus tar éis maoiniú a bheith bronnta ón Roinn Forbartha Tuaithe & Pobail, choimisiúnaigh Comhairle Contae Mhuineacháin Plean Lár Bailte ar dTús do Charraig Mhachaire Rois.

*"Tá sé d'aidhm ag an mbeartas Lár Bailte ar dTús lár bailte a chruthú a fheidhmeoidh mar láithreacha inmharthana, bríomhara agus tarraingteacha do dhaoine le bheith ag cónaí agus ag obair iontu agus le cuairt a thabhairt orthu, agus a bheidh mar mhol seirbhísí, sóisialta, cultúir agus áineasa don phobal áitiúil".*

Lár Bailte ar dTús
Town Centre First


Tar éis do na comhairleoirí, The Paul Hogarth Company, a bheith ceaptha, bhunaigh an Chomhairle Foireann Bhaile áitiúil le bheith i gceannas ar fhorbairt an phlean. Tá ionadaithe ó ghrúpaí ar fud Charraig Mhachaire Rois ar an bhfoireann sin, an Cumann Tráchtála agus Bailte Slachtmhara san áireamh. Reáchtáladh an chéad cheardlann d'Fhoireann Bhaile ar an 23 Meán Fómhair 2023, áit ar cuireadh daoine in aithne dá chéile agus inar pléadh agus inar comhaontaíodh an mhodheolaíocht agus an clár. Cuireadh Anailís SCOT tosaigh i gcrích go comhoibríoch.



Cuireadh tús le próiseas rannpháirtíochta poiblí ar an 3 go dtí an 29 Deireadh Fómhair 2023. Bhí suirbhé gairid le bheith líonta amach ar líne nó ar pháipéar agus imeacht ar an láthair ar an 5 Deireadh Fómhair 2023 i gceist leis seo. Faoin dáta deiridh, fuarthas 503 freagra san iomlán, rud a léiríonn go bhfuil leibhéal láidir spéise ann ó dhaoine den phobal. I measc na n-ábhar a ardaíodh bhí dearfacht ann faoi oidhreacht an bhaile agus braistint phobail, ach imní freisin faoi thrácht agus páirceáil, iompar frithshóisialta a mheastar a bheith ann agus soláthairtí do dhaoine óga.



Chuaigh an fhoireann comhairleachta i dteagmháil freisin le comhaltaí tofa den Cheantar Bardasach, ionadaithe as rannóga Chomhairle Contae Mhuineacháin agus ar an 23 Deireadh Fómhair 2023, thug an fhoireann cuairt ar 3 scoil sa bhaile. Deis a bhí anseo an plean a phlé le daltaí agus leis an bhfoireann, le héisteacht lena dtuairimí maidir le lár an bhaile agus iad a spreagadh chun an suirbhé a chomhlánú.




Cuireadh an chéad dréacht de Phlean Lár Bailte ar dTús do Charraig Mhachaire Rois ar fáil i lár mhí na Samhna 2023 agus reáchtáladh tuilleadh comhairliúcháin phoiblí, ina measc bhí imeachtaí ar an láthair agus suirbhéanna ar líne i rith mhí na Nollag 2023. Táthar ag súil go mbeidh an plean deiridh tugtha i gcrích faoi dheireadh mhí Feabhra 2024.

Déanfaidh an plean sraith tionscadal claochlaitheach a

mhapáil atá curtha in oiriúint go sonrach do Charraig Mhachaire Rois, ina gcuimseofar réimse scálaí agus uaillmhianta. Doiciméad beo a bheidh sa Phlean Lár Bailte ar dTús, a bheidh fós freagrúil d'ionchur agus aiseolas leanúnach, rud a chinnteoidh go mbeidh sé inoiriúnaithe do riachtanais agus uaillmhianta Charraig Mhachaire Rois a thiocfaidh chun cinn.

### Plean Athnuachana do thailte i lár an bhaile i mBaile na Lorgan, Co. Mhuineacháin

Tá tús curtha ag Comhairle Contae Mhuineacháin leis an bpróiseas chun ailtire/foireann comhairleach faoi stiúir dearadh uirbeach a cheapadh chun plean athnuachana a ullmhú, ina gcuimsítear thart ar 4.5 heicteár de thailte criosaithe i lár an bhaile, ceantar a shíneann amach ó Theach an Mhargaidh siar feadh na Príomhshráide agus ó thuaidh feadh Shráid Mhucnú le Bóthar Mhic Craith siar ó thuaidh agus Bóthar Mhuineacháin ar an taobh thiar, ceantar a bhfuil imlíne dhearg thart air i Léarscáil 1 thíos.





Déanfar an ceapachán seo go luath in 2024. Is é Ceantar Bardasach Charraig Mhachaire Rois - Bhaile na Lorgan a bheidh i gceannas ar an tionscadal agus seachadfar é le cúnamh ón Rannóg Athnuachana Baile.

### Straitéis Bheartaithe chun déileáil le Foirgnimh Fholmha agus Láithreáin Thréigthe i gContae Mhuineacháin




Tar éis teagmháil a dhéanamh le raon páirtithe leasmhara, idir inmheánach agus sheachtrach don Chomhairle, tá straitéis á forbairt ag an aonad Athnuachana chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist na láithreán tréigthe agus na bhfoirgneamh folamh sa Chontae. Is éard atá sa straitéis bheartaithe ná a bheith ag obair le húinéirí talún ábhartha, ag iarraidh ar an gcéad dul síos aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist ag baint úsáide as tacaíochtaí Rialtais atá ar fáil faoi láthair agus mura n-éiríonn leo, ag úsáid cumhachtaí na gComhairlí mar atá san Acht um Láithreáin Thréigthe 1990 (arna leasú) chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist seo.

Déanfaidh na comhaltaí tofa machnamh ar an straitéis seo agus an beartas gaolmhar go luath in 2024.

Beartas agus Nós Imeachta Chomhairle Contae Mhuineacháin do Láithreáin Thréigthe





### An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach (URDF) - Gairm 3

Tá an tAonad ag dul ar aghaidh le Gairm 3 den Chiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach (URDF) do Bhaile Mhuineacháin, agus ag dul i dteagmháil go gníomhach le húinéirí réadmhaoine, nuair is féidir, chun aghaidh a thabhairt ar 17 réadmhaoin atá folamh agus tréigthe ar feadh i bhfad atá ceadaithe ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta le hacmhainní airgeadais chun ligean más gá na réadmhaoine seo a cheannach, go héigeantach nó trí chomhaontú, agus chun iad a chur ar an margadh oscailte lena ndíol le ceannaitheoirí a thabharfaidh na réadmhaoine ar ais in úsáid ghníomhach. Tá an maoiniú seo geallta a fhad le 2030




### Comhoibriú trasteorann

Tá an rannóg Athnuachana Baile ag comhoibriú le húdaráis áitiúla trasteorann trí ICBAN agus EBR agus rannóga eile sa Chomhairle, i bhforbairt tionscadal lena gcur faoi bhráid chlár PEACE PLUS.

PEACEPLUS PROGRAMME 2021 – 2027

I measc na dtograí reatha tá: Digi Hub (EBR) a fhorbairt, pleananna áite do phríomhbhailte sa Chontae (EBR) agus tionscadal Bailte agus Sráidbhailte Cliste (ICBAN).

# Foireann Chultúrtha

### Clár Éire Ildánach

### Leantar den chruthaitheacht: Síneadh ar an gClár Éire Ildánach go dtí 2027!


I bhfianaise an tiomantais don fhís gur cheart go mbeadh deis ag gach duine a lánacmhainneacht chruthaitheach a bhaint amach, táthar leis an gclár nuálach uile-rialtais cultúir agus folláine a shíneadh, i bprionsabal, go ceann cúig bliana eile. Bunaíodh an Clár uathúil Éire Ildánach mar thionscnamh oidhreachta de Chlár Comórtha Céad Bliain 2016 na hÉireann ar éirigh thar cionn leis, agus ardmholadh aige a bheith ar an aon chlár dá leithéid ar domhan agus ag comhoibriú ar fud an rialtais.

### Múrphictiúir Mhuineacháin



Ag croílár an chláir tá an fhís bhunaidh go gcaithfidh an chruthaitheacht a bheith i gcroílár an bheartais phoiblí agus go gcuireann rannpháirteachas i ngníomhaíocht chultúrtha agus chruthaitheach folláine an duine aonair, an phobail agus an náisiúin i gcoitinne chun cinn go héifeachtach.

D'fhógair an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, Catherine Martin TD agus an tAire Stáit do Phleanáil agus Rialtais Áitiúil, Kieran O'Donnell TD rolladh amach Straitéisí nua Cultúir agus Cruthaitheachta Éire Ildánach (2023-2027) ag 31 Údarás Áitiúil ag ócáid ag Bán na Feirme i bPáirc an Fhionnuisce, Feabhra 2023. Léiríonn na straitéisí nua uaillmhianta cruthaitheacha pobal ar fud na tíre a dtacóidh Clár Éire Ildánach 2023-2027 leo. Díreofar níos mó ar shláinte agus ar fholláine, ar thionscail chruthaitheacha, ar ghníomhú ar son na haeráide, ar fhorbairt na Gaeilge agus ar inbhuanaitheacht shóisialta.




Idir 2017-22 leithdháil Éire Ildánach €29.8 milliún chun tacú leis na mílte tionscnamh údaráis áitiúil a scaoil saor éiceachóras náisiúnta cruthaitheachta, agus fuair Muineachán €977,952 de sin a thacaigh le 187 tionscadal, áit a ndeachaigh 361 duine cruthaitheach i dteagmháil le lucht féachana rannpháirteach de 543,869 duine.

### Fathaigh Ros Mór



Faoi choinne 2023, leithdháileadh €191,290 ar gach údarás. D'éirigh linn, áfach, €254,060 breise a fháil, dá bhrí sin, b'ionann an caiteachas iomlán agus **€445,350** ***(méadú 133%)*** a thacaigh le 25 tionscadal ar nós:

Deireadh Seachtaine Patrick Kavanagh



Caiféanna Cruthaitheacha




Tionscadal ‘Arts in Motion’



Scannán ‘Magic Under Monaghan’




Gearrscannán ‘Wilde Sisters’

Líonra Seanchaithe Droimnín





Féile Tradoodle




Creative Communities



### Oíche Chultúir 2023




Ba í seo an 11ú bliain don Chomhairle Contae an Oíche Chultúir a chomhordú, imeacht poiblí uile-oileáin bliantúil a dhéanann ceiliúradh ar chultúr, ar chruthaitheacht agus ar na healaíona. I mbliana, bhí sé ar siúl ar an Aoine, an 22 Meán Fómhair. Ag obair leis an bpobal agus lucht na n-ealaíon/ealaíontóirí bhí clár bríomhar tarraingteach de 33 imeacht ar siúl ar fud an chontae. Fuair an Chomhairle maoiniú €10,000 ón Roinn Cultúir, Oidhreachta, agus Gaeltachta.

### Clár Deich mBliana na gCuimhneachán





Chuireamar críoch le Deich mBliana na gCuimhneachán nuair a thugamar go leor tionscadal agus clár chun críche, ach tá bunchloch leagtha againn do thaighde agus do rannpháirteachas inár stair amach anseo trí mheáin eile laistigh d'earnáil an chultúir agus na cruthaitheachta. Don bhliain 2023, bhí **12** thionscadal san iomlán ar siúl a chuaigh i dteagmháil leis an bpobal faoi imeachtaí stairiúla i rith na tréimhse 1923. Fuaireamar maoiniú luach **€195,000**, agus fuair muid maoiniú caipitiúil éigin i dtreo an taispeántais nua Músaeim ag an gCampas Síochána.

I rith na tréimhse 2018 -2023, tugadh leithdháileadh de
**€175,000** do gach údarás agus d'éirigh linn €389,894 eile a fháil, rud a thug an tacaíocht iomlán go **€564,894** ***(méadú 220%)***

### A Deep Ravine

Tháinig forbairt ar an méid a thosaigh mar thionscadal beag le linn COVID le 12 dhuine óg, agus sáraíodh ár bhfís agus ceolfhoireann óige trasteorann nua bunaithe ina bhfuil beagnach 100 duine óg páirteach ann. Ag obair leis an gcumadóir áitiúil a bhfuil duaiseanna buaite aige Michael Rooney, a chum an tsraith speisialta ceoil seo chun príomhimeachtaí a léiriú feadh ár gceantar teorann le linn an ama achrannaigh seo. Feabhsaíodh an tionscadal le buanna na n-aisteoirí áitiúla, agus stiúrtha go healaíonta ag an scríbhneoir urramach Tommy McArdle. Is idirghabháil é ar shaol daoine éagsúla atá dírithe timpeall ar an deighilt mhór sin nuair a bunaíodh teorainn nua agus nuair a roinneadh ag t-oileán gasta ag dhá stát nua, an Stát ó Thuaidh agus an Stát ó Dheas.




Taispeánadh den chéad uair é ag eastát iontach Pháirc Hilton i mí na Samhna 2023, inár éirigh daoine ina seasamh le bualadh bos a thabhairt dó, mar a dúirt ball amháin den lucht féachana '***Creidim go bhfaca mé nóiméad cinniúnach eile de chuid Riverdance … cineál nua léirithe, speisialta ar fad!***' Comhpháirtíocht le Music Generation an Chabháin agus Mhuineacháin agus Comhairle Contae an Chabháin.



### Tionscnamh Leabhar Amháin Contae Amháin

Tionscnamh bliantúil atá éascaithe ag seirbhís Leabharlainne, áit a dtugtar cuireadh do gach scoil leabhar amháin a léamh agus é a phlé. Ba é an leabhar a roghnaíodh le haghaidh 2023 ná 'The Irish Civil War 1922-23' le Patricia Murphy. Mar gheall ar a rathúla is a bhí sé, leanfaidh sé ar aghaidh gach bliain mar chuid de chláreagrú na Leabharlainne.




### Drámaí Raidió

Coimisiúnaíodh dhá dhráma raidió agus tá siad ar fáil le héisteacht leo ar líne. The Emergency Part 2 leis an staraí áitiúil Kevin McGeough agus Requiem for a Hotel leis an scríbhneoir áitiúil Ted McCarthy.




### No Going Back Play

Is iomaí cúis éagsúil ann gur éirigh daoine páirteach i gCogadh na Saoirse agus i gCogadh Cathartha na hÉireann a tháinig ina dhiaidh sin, bhain cuid acu leis an idéalachas, bhí cúiseanna pearsanta ag daoine eile. Ach is cuma na cúiseanna a bhí ann, bíonn taismigh ann i gcónaí de dheasca coimhlinte agus is féidir lena loirg a bheith fisiciúil nó síceolaíoch nó an dá rud. Insíonn an dráma seo scéal beirt dhearthár a ghlac páirt, agus is deacair dóibh fáil réidh leis na loirg sin. Joe Hanratty a rinne taighde agus a scríobh.




### Comórtas Scríbhneoireachta Staire

Le hOifig an Chathaoirligh (Seirbhísí Leabharlainne agus Músaeim) ag spreagadh leanaí agus daoine óga chun foghlaim faoina stair trí thaighde agus léiriú a dhéanamh de shraith aistí agus dánta den scoth, a bhí digitithe agus ar fáil ar líne.


Monaghan County Council - Decade of Centenaries Programme - History Writing Competition

# Seirbhísí Leabharlainne

Bliain mhór gníomhaíochta agus forbartha eile a bhí againn inár seirbhísí leabharlainne. D'osclaíomar ár leabharlann nua i mBaile na Lorgan, ag obair le Ceantar Bardasach Bhéal Átha Beithe - Cluain Eois, cheannaíomar Teach an Mhargaidh i mBéal Átha Beithe le bheith ina leabharlann agus ina spás cultúrtha pobail, chomh maith leis sin, bhí na staitisticí iontacha a leanas againn:

- 250,000 cuairt ar ár leabharlanna
- 1825 imeacht eagraithe.
- 27,130 a d'fhreastail ar ár n-imeachtaí.
- 170,000 mír tugtha ar iasacht.
- 17,500 iasacht ar líne
- Chuathas i dteagmháil le 719,092 ar na meáin shóisialta



### Féile Leabhar Leanaí 2023

Coimeádaithe go háirithe dár ndíograiseoirí óga leabhar. Creidimid go bhfuil sé de chumhacht ag scéalta sinn a thabhairt chuig áiteanna neamhghnácha, carachtair spéisiúla a chur in aithne dúinn, agus ár gcruthaitheacht a spreagadh. Agus é sin san áireamh, bhí Féile Leabhar Leanaí 2023 ina cuaifeach d'eachtraí liteartha! Bhí an fhéile lán le gníomhaíochtaí spreagúla, ceardlanna idirghníomhacha, seisiúin scéalaíochta dhraíochta, agus an deis bualadh le cuid de na húdair agus maisitheoirí is fearr linn. Idir thailte draíochta a iniúchadh agus mistéirí a réiteach le bleachtairí cliste, ba shaol spraíúil lán d'fhoghlaim í an fhéile. Bhí 25 imeacht ar siúl ar fud an Chontae agus bhí 6 imeacht eile ar siúl ar líne. Ghlac ***3849 leanbh*** páirt ann ar an iomlán.




### Acmhainní Disléicse

In 2023 chuireamar lenár stór acmhainní inrochtaineachta trí raon uirlisí a aimsiú atá deartha chun a chur ar a gcumas do dhaoine aonair a bhfuil disléicse orthu a bheith in ann léamh go compordach agus go muiníneach. Déanaimid ár ndícheall i gcónaí timpeallacht ionchuimsitheach léitheoireachta a chruthú inar féidir le gach duine luí isteach i saol na leabhar gan bhacainní.

Tá na nithe seo a leanas inár bhfoireann uirlisí dóibh siúd a bhfuil Disléicse agus/nó strus amhairc orthu:
- Fuinneoga Léitheoireachta le héagsúlacht scannáin daite
- Rianairí Línte
- Uirlisí fócais méire (do léitheoirí níos óige)
- Forleagain leathanaigh (i rogha 10 ndath dhifriúla)
- Rialóirí léitheoireachta (éagsúlacht d'imireacha)

Cuirfidh na huirlisí seo le réimse acmhainní eile atá ar fáil ar nós léitheoirí C-Pen, bogearraí TTRS, Formhéadaitheoirí, Méarchláir i bhFormáid Mhór agus Luchóg, agus Irisí Read Aloud.




### Tionscadal Litearthachta Digití TechKnow

Rinneamar iarratas rathúil ar mhaoiniú tríd an gclár Litearthacht d'Aosaigh Don Saol le tionscadal a dhírigh ar scileanna Digiteacha mar chuid thábhachtach de litearthacht an 21ú hAois. Ba é aidhm ár dtionscadail seisiúin scileanna digiteacha duine le duine a thairiscint don phobal i gcoitinne

d'fhonn a scileanna litearthachta digití a mhéadú agus muinín a thabhairt dóibh a gcuid scileanna a fhorbairt tuilleadh trí chúrsaí scileanna digiteacha Leabharlainne agus BOO eile. Tacaíodh leis na seisiúin duine le duine le ranganna grúpaí beaga a d'fhéach ar litearthacht dhigiteach fheidhmiúil amhail siopadóireacht shábháilte ar líne, cibearshlándáil agus rialuithe Tuismitheoirí ar ghléasanna digiteacha. Seoladh an tionscadal i mí Mheán Fómhair 2023. Amhail an 31 Nollaig 2023, fuair ***134 duine fásta*** cabhair duine le duine. Léirigh na foghlaimeoirí réimse leathan riachtanas ó na bunghnéithe a bhaineann le glao a dhéanamh ar fhón cliste, teagmháil a shábháil i bhfón, teachtaireacht WhatsApp a sheoladh, ríomhphoist a sheoladh agus a scriosadh a fhad le riachtanais níos forbartha ar nós díliostáil ó sheirbhísí digiteacha, eitiltí/óstáin a chur in áirithe ar líne, earraí grósaera a iarraidh le haghaidh seachadadh baile, ag baint úsáide as Google Maps agus iarratas a dhéanamh ar cháin costais sláinte ar ais.

TechKnow
Digital Skills @ Your Library

## Conair Scéalaíochta Pháirc Barry McGuigan

Mar chuid dár gclár 'Léim Isteach san Am Scéalaíochta', chuireamar Conair Scéalaíochta nua isteach i bPáirc Barry McGuigan, Cluain Eois. Scéal ríméadach le teachtaireacht neamhdhíobhálach don chomhshaol is ea scéal 'Flossie Mc Fluff', Sióg Éireannach le Eoin O'Brien. Is féidir leo siúd a úsáideann an pháirc an chonair a leanúint le gach ní faoi eachtraí Flossie a léamh. Tá leagan treoraithe fuaime ar fáil freisin trí chód QR a scanadh ar an bpainéal tosaigh. Seoladh i mí an Mhárta 2023 í le cabhair ón údar agus ó leanaí



scoile áitiúla. Cuireann an chonair Scéalaíocht gné bhreise spraoi agus datha leis an spás iontach amuigh faoin aer i gCluain Eois.

## Éire ag Léamh 2023

Chun Lá Éire ag Léamh 2023 a cheiliúradh, rinne Leabharlanna Contae Mhuineacháin comhpháirtíocht le Nasc Áitiúil TFI an Chabháin-Mhuineacháin chun 'Leabhair ar Bhusanna' a chur ar fáil. Fuair paisinéirí ar gach bealach i Muineachán níos mó ná mar a raibh súil acu leis lena dticéad bus agus iad ag aimsiú málaí leabhar saor in aisce ina raibh bileog léitheoireachta ghairid, eolas faoin leabharlann agus roinnt earraí leabharlainne. D'éirigh go han-mhaith leis an tionscnamh agus tá súil againn gur tionscnamh é ar féidir é a dhéanamh arís.



### Comhshaothar Pobail: Ceiliúradh ar Scéal Naomh Damhnait i dTigh Damhnata

I mí na Bealtaine 2023 chuamar i bpáirt le pobal Thigh Damhnata chun ceiliúradh a dhéanamh ar oscailt taispeántais nua 'St Dymphna - The Tragedy of an Irish Princess' i nGailearaí Náisiúnta na hÉireann. Tá an taispeántas eagraithe in éineacht le The Phoebus Foundation (Antwerp) agus d'inis sé scéal Naomh Damhnait a thaistil ó Thigh Damhnata go Geel na Beilge. D'oibrigh foireann na leabharlainne leis an gcoiste áitiúil chun comórtas Bunscoileanna a rolladh amach agus taispeántas den saothar san ionad pobail áitiúil. Tugadh cuireadh d'iontrálaithe scéal Naomh Damhnait a athinsint ina rogha meán
e.g. dán, scéal, saothar ealaíne in aon mheán, stiallghreannán, taifeadadh fuaime, fístaifeadadh, nó beochan. Tionscadal an-uaillmhianach a bhí ann, agus bhí na hiontrálacha ar chaighdeán thar a bheith ard, rud a léirigh suim agus an dáimh le scéal Naomh Damhnait agus a naisc le Tigh Damhnata, Muineachán, agus Geel.



### Dúshlán Léitheoireachta Réaltaí an tSamhraidh

Bhí Dúshlán Léitheoireachta bliantúil an tSamhraidh ar siúl arís i rith mhíonna an tsamhraidh. Ghlac beagnach ***2000 leanbh*** leis an dúshlán le 6 leabhar a léamh i rith a laethanta saoire samhraidh. Is clár tábhachtach litearthachta é Dúshlán Léitheoireachta Réaltaí an tSamhraidh a dhéanann cothabháil ar leibhéil léitheoireachta leanaí i rith an tsosa ón scoil agus a chabhraíonn leis an an rud ar a dtugtar 'Meath an tSamhraidh' i leibhéil litearthachta a sheachaint. Tógadh ar an Dúshlán Léitheoireachta le clár imeachtaí i rith laethanta saoire an tsamhraidh, lena n-áirítear Clubanna Fichille, Clubanna Leabhar, Ceardlanna Eolaíochta, Ceardlanna Códúcháin, Ceardlanna Ealaíne, Seisiúin Am Scéalaíochta agus go leor eile.




### Féile Eolaíochta an Chabháin agus Mhuineacháin

Bhí Féile Eolaíochta an Chabháin agus Mhuineacháin ar siúl arís in 2023 le haghaidh ceiliúradh iontach eile ar an eolaíocht, ar an teicneolaíocht, ar an innealtóireacht agus ar an matamaitic (ETIM), féile atá deartha leis an bhfiosracht a spreagadh. Déanann an t-imeacht bliantúil seo, arna óstáil ag Comhairlí Contae an Chabháin agus Mhuineacháin le tacaíocht ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, an fhoghlaim a chlaochlú ina heachtra tharraingteach do dhaoine, gan beann ar a n-aois.
Ag croílár na féile tá an creideamh nach ábhar amháin atá i gceist le ETIM; is bealach é chun smaoineamh agus iniúchadh a dhéanamh ar an domhan. Is é is aidhm dár bhféile an spraoi agus spleodar a bhaineann le disciplíní ETIM a léiriú trí ghníomhaíochtaí praiticiúla, léirithe tarraingteacha, léachtaí mealltacha, agus taispeántais idirghníomhacha.
Áiríodh sa chlár cuimsitheach cainteanna agus ceardlanna ar réimse leathan ábhar idir Botox agus Géanómaíocht Talmhaíochta, Spásairí Apollo a fhad le tithíocht éighníomhach, Bithéagsúlacht a fhad le fisic Peile.

## Europe Direct Chluain Eois

Is pointe teagmhála áitiúil é Europe Direct Chluain Eois do shaoránaigh chun dul i dteagmháil leis an AE. Mar sheirbhís réigiúnach, bíonn Europe Direct Chluain Eois i dteagmháil le saoránaigh ar fud trí chontae, Muineachán, an Cabhán, agus an Lú.
Cuireann Ionaid Faisnéise Europe Direct eolas, cúnamh agus freagraí ar fáil ar cheisteanna faoin AE agus faoi chearta shaoránaigh an AE, tosaíochtaí, beartais, cláir agus deiseanna maoinithe an AE.



Reáchtáladh réimse leathan imeachtaí i rith 2023 a dhírigh ar an gComhaontú Glas don Eoraip, ar an Deacáid Dhigiteach agus ar an tSaoránacht Eorpach a chur chun cinn. In 2023, rinneamar ceiliúradh freisin ar 50 Bliain de bhallraíocht na hÉireann san AE. I roinnt de na ceardlanna bhí saoránaigh ag plé le topaicí ar nós Intleacht Shaorga, Róbataic agus Maoiniú ón AE. Ghlac scoileanna ó gach cearn den réigiún páirt sa Chomórtas Bliantúil Soapbox. Chuaigh ionadaithe ó Europe Direct Chluain Eois ar aghaidh chun páirt a ghlacadh sa Chraobh Náisiúnta agus tháinig siad sa 1ú áit sa chatagóir 17 agus os a chionn agus sa 2ú háit sa chatagóir 16 agus níos óige.

Faigheann Europe Direct Chluain Eois maoiniú ón gCoimisiún Eorpach.

## Seirbhísí Céadfacha

Leanamar orainn ag tacú le scoileanna chun rochtain a sholáthar ar bhogearraí Nessy Reading & Spelling, Lexia agus TTRS i rith 2023.

Tá spás céadfach is féidir a chur in áirithe ar fáil i Leabharlann Chluain Eois agus chuir 2023 lenár mbailiúchán bréagán cúnta atá ar fáil le fáil ar iasacht ag baill na leabharlainne.

Reáchtálamar go leor ceardlann a bhí oiriúnach do





dhaoine a bhfuil uathachas orthu i rith ár gcláreagraithe 2023, agus bhí seisiúin eolais againn maidir le Teiripe Urlabhra agus Theanga, Teanga Chomharthaíochta na hÉireann, Sibshops agus na buntáistí a bhaineann le teiripe cheoil.

## Seirbhís Nua Aistriúcháin Ilteangach

Tugadh an EZ Scan, seirbhís aistriúcháin ilteangach isteach i Leabharlann Chluain Eois le linn 2023. Tugann sé seo deis don fhoireann, do mhúinteoirí, agus do bhaill na leabharlainne doiciméid a scanadh nó a iompórtáil agus iad a aistriú go breis agus 100 teanga. Seoltar na doiciméid aistrithe in Microsoft word nó comhaid mp3, bíonn sé siad an-inrochtana ansin don

úsáideoir deiridh. Ligeann Scan Ez freisin do bhaill na leabharlainne seanghrianghraif a scanadh agus a bhreisiú agus cóip dhigiteach a chruthú.




### An tSeirbhís Staire agus Ginealais Áitiúil

Bhí an tseirbhís an-ghnóthach ar fad i rith 2023 le fiosrúcháin ó gach cearn den domhan agus an tseirbhís ag plé le ***2567 fiosrúchán***. Leanadh ar aghaidh leis an obair ar scanadh agus innéacsú fógraí báis agus tuairiscí báis ó na nuachtáin áitiúla.

### Leabhar Gníomhaíochta Mistéir na Staire

Chuireamar leabhar gníomhaíochta le chéile chun leanaí a spreagadh le spéis a chur i stair a gceantair féin agus chun stair a dteaghlaigh a thaifeadadh.

Tá gníomhaíochtaí litearthachta, uimhearthachta agus amhairc sa leabhar a bhaineann le stair áitiúil agus ginealas, rud a fhágann gur acmhainn iontach í do mhúinteoirí le húsáid in éineacht le curaclam na scoile. Dáileadh an leabhar ar gach bunscoil sa chontae. Bhí an t-aiseolas ó mhúinteoirí agus daltaí ina ábhar misnigh.




### Leabhair Ghníomhaíochta Litearthachta

In 2023 cuireadh leabhar gníomhaíochta nua spraíúil le chéile leis an ócáid stairiúil d'Fhoireann Ban na hÉireann a bhí rannpháirteach i gCorn Domhanda FIFA na mBan a cheiliúradh agus a chur chun cinn. Ag tógáil ar a rathúla a bhí na leabhair ghníomhaíochta litearthachta a forbraíodh go hinmheánach roimhe seo, thugamar faoin tionscadal seo ar scála náisiúnta leis an LGMA/Aonad Forbartha Leabharlainne. Dá bharr sin, fuair gach údarás leabharlainne sa tír cóipeanna saor in aisce den leabhrán le dáileadh mar chuid dá gclár léitheoireachta réaltaí an tsamhraidh. Ba é Cumann Peile na hÉireann a mhaoinigh an tionscadal inar cuireadh 150,000 leabhrán i gcló lena ndáileadh.



### Feiniméan na gClubanna Fichille

Tá an fhicheall faiseanta! Bunaíodh Clubanna Fichille Leabharlainne do dhaoine fásta agus do leanaí araon ar fud chraobhacha Leabharlann Mhuineacháin. Bhí an-tóir ar an gcluiche boird straitéiseach ag gach aoisghrúpa agus thug daoine go leor faoi ag imirt. Lean foireann na leabharlainne leis an obair ag óstáil agus ag stiúradh grúpaí Fichille seachtainiúla.



### Mo Leabharlann Oscailte

Cuireadh an tseirbhís seo i Leabharlann Charraig Mhachaire Rois ar fáil arís ó mhí Feabhra 2023 tar éis don tseirbhís a bheith tarraingthe siar i rith COVID. Tá an leabharlann oscailte ó 8r.n. go 10i.n. 365 lá in aghaidh na bliana. Tá aiseolas dearfach faighte ag an tseirbhís ó bhaill foirne agus ó bhaill Leabharlann Charraig Mhachaire Rois. Fuair mic léinn meánscoile agus tríú leibhéal go raibh an tseirbhís an-tairbheach dá gcuid staidéir acadúla. Chomh maith leis sin, bhí sí ina dhóigh iontach do scoláirí a bheith sóisialta i rith na tréimhse seo ina saolta nuair a bhí siad faoi strus agus brú mór. Mhéadaigh cuairteanna ó theaghlaigh óga agus tá siad siúd a bhfuil sceidil uaireanta oibre contrártha acu in ann cuairt a thabhairt agus earraí a fháil ar iasacht níos rialta.



Tá ballraíocht mhéadaithe de dhaoine fásta óga agus de mhic léinn coláiste sonraithe ag Leabharlann Charraig Mhachaire Rois agus is í seirbhís MOL an chúis díreach leis sin. Ag deireadh 2023, tá 415 ball cláraithe leis an tseirbhís. Chláraigh 32% de bhaill MOL go sonrach leis an tseirbhís nuair nach raibh ballraíocht leabharlainne acu riamh roimhe sin. Bhí cuntais ag go leor eile imithe in éag nach raibh úsáidte go dtí gur bhain siad leas as an tseirbhís MOL. Tá coinneáil ballraíochta gníomhach níos mó freisin le baill MOL ag athnuachan a mballraíocht go bliantúil.

D'fháiltigh baill foirne roimh an tseirbhís agus d'aithin siad go gcuireann sé leis an tseirbhís fhoriomlán ar bhealach dearfach. Tá éirithe leis an tseirbhís i gCarraig Mhachaire Rois agus táthar ag súil go mbeidh dúil leanúnach ann.



### Bunú chlubanna leabhar pobail agus óige

Mar chuid de straitéis na Leabharlainne Náisiúnta, is sprioc é go bhfuil club leabhar ag gach úsáideoir atá oiriúnach dá n-aoisghrúpa. Bunaíodh go leor club leabhar nua, a d'éascaigh foireann na leabharlainne, mar thoradh air sin. I Leabharlann Charraig Mhachaire Rois, tá Farney Book Wizards nua againn agus tá Henry’s book club ann i mBaile an Scotaigh a bhfuil ag éirí go maith leis agus a thagann le chéile go míosúil i Henry’s café.



# Músaem Chontae Mhuineacháin

## Táimid ag Bogadh!

Dhún Músaem Contae Mhuineacháin a dhoirse ar Shráid an Chnoic ar Lá Idirnáisiúnta na Músaem, 18 Bealtaine 2023. Ba mhaith ag an Músaem ár mbaile ar Shráid an Chnoic le beagnach daichead bliain anuas, ach éilíonn uaillmhianta na seirbhíse agus saibhreas agus fairsinge ár mbailiúcháin spás níos mó agus níos inrochtana anois chun lucht féachana níos leithne ar fad a bhaint amach. Is é an spás nua sin foirgneamh an Champais Síochána, atá á thógáil faoi láthair ar Bhóthar na Plandála i mBaile Mhuineacháin.




*Ár n-áras nua: An Campas Síochána-léargas ón spéir*

Bíodh agus go bhfuil na doirse chuig Músaem Chontae Mhuineacháin ar Shráid an Chnoic dúnta, tá an músaem féin fós gníomhach agus gnóthach. Mar a tharlaíonn, táimid an-ghníomhach mar a aistrímid go dtí ár n-áras nua agus an lá ag tarraingt linn nuair a osclófar an Campas Síochána. Ciallaíonn sé sin go bhfuil srian sealadach ar rochtain do chuairteoirí agus muid ag eagrú idirthuras sábháilte ár mbailiúcháin go cúramach chuig a áras nua, ach tá sé mar a bhí i gcónaí ar chúla téarmaí agus níos mó ná sin go fiú!

## Nuashonrú ar an gCampas Síochána

Lean an tógáil as éadan ag suíomh an Champais Síochána, táimid féin ag dréim níos mó agus níos mó lenár n-aistriú chuig áras nua an mhúsaeim ansin. Taispeánann íomhánna den suíomh le déanaí dul chun cinn mór sa tógáil, rud a thugann léargas dúinn ar chruth agus ar leagan amach ár spáis taispeántais nua atá ag teacht chun cinn. Beidh an músaem nua laistigh d'fhorbairt an Champais Síochána ar an gcéad mhúsaem saintógtha in Éirinn le breis agus 20 bliain anuas agus spás iontach, ionchuimsitheach, inrochtana a bheidh ann a mbainfidh pobail Chontae Mhuineacháin agus cuairteoirí araon sult as agus a bhfaighidh siad oideachas ann.



*An staighre iontach sa Champas Síochána*



*Taobh amuigh den fhoirgneamh, an áit a mbeidh an músaem*



*An radharc trasna bhaile Mhuineacháin ó dhíon an Champais Síochána*



*An spás gailearaí músaem ar an dara hurlár ag cruthú go maith sa Champas Síochána*

## An Obair sa Chúlra: Ullmhúcháin don Aistriú



*Na painéil bhalla de thaispeántas Chogadh na Saoirse i Muineachán á mbaint*

Sa chúlra, bhí fuadar oibre faoi chách sa mhúsaem. Tá na baill foirne ar fad gafa ag plé le hullmhúcháin don aistriú chuig an gCampas Síochána níos déanaí i mbliana. Bíodh is go bhfuil sin ar scála mór ag plé le dearadh taispeántais go dtí obair níos leadránaí, ach chomh tábhachtach céanna, ag tabhairt faoi mhíreanna a phacáil, tá gach duine ar obair go dian.

D'fhonn an próiseas cúramach a bhaineann leis an mbailiúchán a bhogadh a éascú, dhún an spás gailearaí go sealadach don phobal i mí Eanáir. Is mol eagrúcháin den aistriú fisiciúil é an spás gailearaí anois. Sularbh fhéidir leis sin tarlú, bhí gá lenár dtaispeántas ar *Chogadh na Saoirse i Muineachán,* a bhfuil cáil náisiúnta air, a bhaint anuas go cúramach.



*Objects being sorted and packed*

Agus an gailearaí glanta tá an spás á úsáid anois chun iniúchadh, grianghrafadóireacht, uimhriú, pacáil agus stóráil an bhailiúcháin a éascú roimh an aistriú. Thug an t-athlonnú chuig foirgneamh nua deis uathúil d'fhoireann cúraim bailiúchán iniúchadh a dhéanamh ar an mbailiúchán iomlán laistigh d'amscála 18 mí. Is é an rud ab fhearr a tharla ná teacht ar mhíreanna sa stór arís, cuid acu nach raibh ar taispeáint riamh cheana agus a d'fhéadfadh a bheith ar taispeáint anois i ngailearaithe nua an Champais Síochána.



Déanann Foireann Cúraim na mBailiúchán iniúchadh ar riocht ceann de na meirgí i mbailiúchán an mhúsaeim

### Meirgí

Tá an t-ádh le bailiúchán an mhúsaeim go bhfuil roinnt meirgí áille, suntasacha ann a bhain le heagraíochtaí éagsúla i gContae Mhuineacháin. Taispeánadh meirgí agus chaith baill shochaithe saiseanna mar bhealach lena ndearcadh, a dtuairimí, agus a ndílseachtaí a chur in iúl go poiblí. Bhíodh na meirgí, a bhíodh á n-iompar de ghnáth ag máirseálacha agus paráidí, maisithe go minic le pictiúir agus siombailí nó móitífeanna a bhain le creidimh agus stair na heagraíochta a ndearna siad ionadaíocht orthu. I rith an iniúchta a rinneadh ar ár mbailiúchán le déanaí, bhí na meirgí amuigh againn agus baineadh siar asainn an oiread sin lena n-áilleacht go raibh orainn íomhánna díobh a roinnt!






LHS; Meirge Lóiste Oráisteach Dílse Uimh. 211 ó Bhéal Átha Beithe, Co. Mhuineacháin. RHS; Meirge Ord Ársa na nIbeirneach de Rannán Uimhir 255, Muineachán.

## Imeachtaí sa Mhúsaem

### An Nollaig Dheireanach ar Shráid an Chnoic

Ar an 7 Nollaig 2022, thug an músaem cuireadh don phobal teacht agus a bheith linn chun an Nollaig dheireanach a chaitheamh inár n-áras ar Shráid na gCnoc a cheiliúradh. Ba é seo an ócáid mhór dheireanach sa mhúsaem agus tháinig go leor daoine chun páirt a ghlacadh sa cheiliúradh féiltiúil.



*Cuairteoirí ag baint taitnimh as an Nollaig dheireanach sa mhúsaem ar Shráid na gCnoc.*



*(ó chlé – deis) Chuir píobairí Uilleann Mhuineacháin, Eamonn Curran agus Tiarnán Ó Duinnchinn, siamsaíocht an tráthnóna ar fáil*

Chuir píobairí clúiteacha Uilleann Mhuineacháin Tiarnán Ó Duinnchinn agus Eamonn Curran tús leis na himeachtaí ceiliúrtha, ag cur siamsaíocht ar fáil don lucht féachana le ceol traidisiúnta. Cuireadh pióga mionra agus scailtín fíona na féile ar fáil. Baineadh taitneamh as na cuimhní geala a bhain leis na daoine, na himeachtaí agus na taispeántais a bhain le sé bliana is tríocha den mhúsaem a bheith san fhoirgneamh.



*(ó chlé – deis) Coimeádaí Músaem Chontae Mhuineacháin, Liam Bradley agus an Cathaoirleach Sean Conlan ó Chomhairle Contae Mhuineacháin*




*Foireann an mhúsaeim a bhí ag freastal ar an Nollaig dheireanach ag a n-ionad oibre ar Shráid an Chnoic.*

### Lá Idirnáisiúnta na mBan

Ar an 8 Márta, rinne an músaem Lá Idirnáisiúnta na mBan 2023 a cheiliúradh le cur i láthair speisialta ar 'Conas aire a thabhairt do do chraiceann' i gcomhar le BOO an Chabháin, Muineachán. Cuireadh faisnéis ar fáil dóibh siúd a bhí i láthair ar conas córas oiriúnach a bhunú do chraiceann luisniúil, sláintiúil beag beann ar aois, inscne, nó cineál craicinn.






*Lucht freastail ar an gCeardlann ar Chúram Craicinn*

### Deireadh Ré

I rith na coicíse sin sular dúnadh an músaem ar an 18 Bealtaine 2023, thug an músaem cuireadh do dhaoine an deis dheireanach seo a thapú chun cuairt a thabhairt orainn inár n-ionad reatha. Thapaigh go leor daoine an deis agus tháinig siad ina sluaite. Malartaíodh scéalta cumhacha, roinneadh cuimhní cinn agus tugadh daoine, nach bhfuil beo ar fad ach a bhí i gcroílár an mhúsaeim ag Sráid an Chnoic, chun cuimhne go geanúil. Ar an Déardaoin, an 18 Bealtaine 2023 dhún an doras ar deireadh don phobal. Tá an fhoireann ag tnúth le fáilte a chur roimh gach duine ar ais in Earrach 2024 sa mhúsaem nua ag an gCampas Síochána.



*Foireann an Mhúsaeim ar chéimeanna an mhúsaeim ar Shráid an Chnoic agus é ag dúnadh a dhoirse don phobal mar ullmhúchán don aistriú chuig a n-áras nua ag Campas Síochána Mhuineacháin.*

agus sin sin ó Shráid an Chnoic

............

# Oifig Ealaíon

Déanaimid muid féin a ailíniú leis an gCreat-Chomhaontú leis an gComhairle Ealaíon 2020 – 2027 sa tuiscint gur féidir le tiomantas agus seachadadh na Comhairle maidir leis na hEalaíona sa Chontae a bheith inbhuanaithe i gcónaí.
Tá 3 phríomhchuspóir mar bhunchloch dár gcuspóirí maidir le ról ríthábhachtach a choinneáil do na healaíona sa tsochaí chruthaitheach laistigh de Mhuineachán.
Seo a leanas cuid de na nuashonruithe inár seachadadh in 2023:

1. **Ag Tacú leis an Ealaíontóir:** Luach a chur ar shaothar ealaíontóirí agus tacú leis agus raon deiseanna d'ealaíontóirí a leathnú chun a gcleachtas a fhorbairt.

Mhaoinigh ár **Scéim Breisluacha** in 2023 Ealaíontóir amháin d'fhonn a hEalaín a fhorbairt agus a chur chun cinn.
Chabhraíomar le hEalaíontóir le **Táille Chónaitheachta** d'Ionad Tyrone Guthrie ar luach €400.

Bhronn ár **Scéim Tacaíochta d'Ealaíontóir 2023 -Na hEalaíona (Monaghan.ie**, a reáchtáiltear go bliantúil, **€12,000** ar **18 Ealaíontóirí,** in dhá chatagóir Ealaíontóirí, Tallann ag Teacht Chun Cinn, agus Ealaíontóirí Bunaithe.

Chabhraíomar le **Stiúideo Ealaíontóirí Chluain Eois** i rith na bliana le maoiniú agus le cúnamh a thabhairt do Thionóntaí sna Stiúideonna, ceann eile dár ngealltanais seanbhunaithe do na hEalaíona i gContae Mhuineacháin. Cuireann ealaíontóirí Ceardlanna agus Tionscadail i láthair i rith an Fhómhair.

Chomhaoiníomar freisin leis an gComhairle Ealaíon agus i gcomhar leis an gcumann oifigeach ealaíon an sparánacht leathbhliantúil **Platform 31** a bhronnann méid airgid i bhfoirm comórtais ar ealaíontóir amháin atá i lárghairme ar mian leis/léi dul i bpáirt le saothar nua agus corraitheach ar fiú **€8,000** é.

Chabhraigh **Scéim an Ionaid Oibre 2023** le Comharghrúpa Ealaíontóirí Mhuineacháin dar luach EUR 2,400
Léirigh Declan Gorman Seó Aon uaire anseo, "**Falling Through the Universe**" ar stáitsiú de "The Dead" le James Joyce é. Bhí an lucht féachana curtha faoi dhraíocht ar feadh 80 nóiméad agus bhain gach duine taitneamh as. Thaistil Declan ar aghaidh go Londain ansin lena sheó.

2. **Daoine Óga agus na hEalaíona**; deiseanna do leanaí agus do dhaoine óga chun ealaín iontach a chruthú, rochtain a fháil uirthi agus páirt a ghlacadh inti.

Rannchuidiú le **Music Generation** 2023 dar luach 30,000 arb é an tSeirbhís Oideachais Ceoil é a chuireann deiseanna ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga rochtain a bheith acu ar theagasc uirlise ceoil go háitiúil agus ar dheiseanna iontacha. Faigheann go leor dár scoileanna agus dár ndaoine óga deiseanna den scoth as páirt a ghlacadh sa tionscnamh seo.
Mar chuid dár seachadadh Ealaíon Áitiúil san Oideachas, rinneamar nasc le BOOCM agus le Comhairle Contae an Chabháin, bhronnamar 4 Sparánacht idir Grúpaí Óige sa Chontae dar luach iomlán €2,400.00 in 2023 i gcomhar le **Comhairle Náisiúnta Óige na hÉireann** (NYCI).

Cuirimid araon maoiniú ar fáil don oibríocht a chabhraíonn dá réir sin le scoileanna sa dá chontae stádas faoi **Chlár na Scoileanna Cruthaitheacha** a bhaint amach faoi scáth na Comhairle Ealaíon. Anois tá 17 scoil i gContae Mhuineacháin a bhain an clár amach agus a ghlac páirt ann.

Chuireamar **€5,000** ar fáil **d'Fhéile Tradoodle** freisin, Féile Ealaíon thraidisiúnta atá lán de Cheol agus Ceardlanna do lucht féachana óg "Tales and Tunes at The Market House" in 2023.

Léirigh Two & One Productions "**The Flowers of May**" ar an 6 agus 7 Bealtaine anseo i dTeach an Mhargaidh, scéal faoi dhúshláin laethúla an Uathachais laistigh den teaghlach. Bhí an áit lán go doras don dá Léiriú.

Agus go leor ionad ealaíon, féilte agus ionaid eile sa chontae á maoiniú againn freisin iarraimid orthu trínár gcláir mhaoinithe leanúint leis an gclár abhcóideachta a bhfuilimid tiomanta dó chun acmhainneacht gach linbh a bhaint amach agus tiomantas do thacú le daoine óga sna hEalaíona.

3. **Cumas a Chruthú** Infheistiú i bhforbairt ghairmiúil na n-ionad, na bhféilte agus na n-eagraíochtaí a chuireann taithí ealaíona ar ardchaighdeán ar fáil.

Bhronn an Chomhairle trí **Scéim na gComhpháirtithe Ealaíon** ar luach **€68,000** ar fad orthu seo a leanas:

**Amharclann an Gharáiste, Amharclann Íontas**
**Féile Drámaíochta Bhaile na Lorgan, Féile Scannán Chluain Eois**
**Féile Patrick Byrne Féile**
**Muckno Mania**

Is é Stiúideonna Ealaíontóirí Chluain Eois an infheistíocht phoiblí is mó de chuid na Comhairle a thacaíonn leis an méid a chuireann ealaíontóirí lenár sochaí shibhialta. Chuir na healaíontóirí sna stiúideonna 8 gceardlann faoi stiúir ealaíontóra ar fáil san fhómhar agus imeachtaí eile níos inrochtana go poiblí agus bhí siad mar dhroichead do roinnt tionscadal lárnach laistigh de Chluain Eois. Gné iontach ar fad de thiomantais na Comhairle d’ealaíontóirí in 2023.

Imeacht a sheas amach in 2023 ab ea **Clones Connections** ag Stiúideonna Ealaíontóirí Chluain Eois i mí an Mhárta. Seó an-chruthaitheach agus ildaite ar éirigh go hiontach leis sa phobal áitiúil.



I mí na Bealtaine, tugadh an **Taispeántas Péintéireachta Palaistíneach** go Teach an Mhargaidh. Bhí sé ar taispeáint go dtí an 4 Meitheamh. Sraith chumhachtach de 12 Olaphictiúr faoin saol inniu sa Phalaistín ag Ealaíontóir Giúdach – Iosraelach Zohar.




Reáchtáladh seoladh Grianghraf **Oíche Chultúir** anseo i dTeach an Mhargaidh chun Imeachtaí sa Chontae amach anseo a chur ar taispeáint a bheidh ar siúl níos déanaí sa mhí. Éacht iontach a bhí ann do Music Generation an Chabháin/Mhuineacháin agus Cheolfhoireann Óige an Chabháin, an chéad chomhshaothar acu. Thug an Ócáid 'Come & Play’ deis ar leith do leanaí iad féin a thumadh i gceol ceolfhoirne agus taithí a fháil ar a bheith ag seinm mar chuid de cheolfhoireann. Chuir an teacht le chéile seo eispéireas Ceardlainne níos ionchuimsithí agus níos saibhre ar fáil do na rannpháirtithe óga, rud a thug deis dóibh séiseanna a iniúchadh ar uirlisí clasaiceacha agus triail a bhaint as foinn agus rithimí simplí a fhoghlaim.

Osclaíodh an **Taispeántas OVERLOOKED** i dTeach an Mhargaidh ar an 20 Meán Fómhair, an chéad Taispeántas Aonair d'Ealaíontóir ó Mhuineachán Aisling Slattery Fanning, a léirigh téama comhsheasmhach ina cuid oibre ag baint úsáide as ábhair athchúrsáilte nó rudaí a

tugadh go deonach mar dhromchlaí in áit canbháis ag cur béime ar a lorg ísealcharbóin.

D’éirigh go hiontach le **Deireadh Seachtaine Kavanagh** i mí Dheireadh Fómhair. Deireadh seachtaine a bhí ann ina raibh Ceol Beo, Turais, Díospóireachtaí agus Ceardlanna dírithe ar Dhialann Ealaíne a Choinneáil, Léamha, agus Turas Bus Treoraithe. Bhain 25,000 duine san iomlán tairbhe as an Deireadh Seachtaine siamsaíochta seo.

# An Rannóg Turasóireachta


Is é ról an Aonaid Turasóireachta laistigh de Chomhairle Contae Mhuineacháin:

- Feasacht custaiméirí a ardú ar cheantar Mhuineacháin mar cheann scríbe turasóireachta
- Táirge turasóireachta an chontae a fhorbairt agus cur lena fhorbairt

Is iad na **Príomhthionscnaimh Forbartha Turasóireachta** a tugadh chun cinn in 2023 ná iad seo a leanas:

### Straitéis Turasóireachta Nua 2023-2028

Go luath in 2023, choimisiúnaigh Comhairle Contae Mhuineacháin Straitéis Turasóireachta nua, ionchuimsitheach agus uaillmhianach (2023 -2028) a fhorbairt do Chontae Mhuineacháin, chun cabhrú le haghaidh a thabhairt ar easnaimh, deiseanna a thapú, agus comhpháirtíochtaí nua a fhás laistigh d'earnálacha turasóireachta agus áineasa an chontae. Díreofar in 2024 ar an straitéis seo a chur i bhfeidhm agus ceann de na príomhghníomhartha a leagtar amach is ea acmhainní a chur ar fáil don Rannóg Turasóireachta. Chuige sin, déantar soláthar i mBuiséad 2024 maidir le soláthar foirne breise sa rannóg.





### FORBAIRT TURASÓIREACHTA

In 2022/2023 d'éirigh leis an rannóg maoiniú a fháil ó roinnt foinsí agus rinneadh pleanáil/dearadh agus/nó oibreacha caipitiúil chun roinnt tionscadal a thabhairt chun cinn.

### Tionscadail Chríochnaithe

**Uasghrádú Shlí Mhuineacháin** - – Faoi chlár maoinithe ORIS (€139,490) rinneadh uasghrádú ar an gconair seo (ó Inis Caoin go Baile na Lorgan) agus forbraíodh 3 chosán siúlóide lúibe nua ag Inis Caoin, Tuaim agus Maigh Gamhnaí.




### Tionscadail Tugtha Chun Cinn

**Feabhsuithe ar Fhoraois Dhartraí** - fuarthas maoiniú ORIS ar luach €400,000 le haghaidh feabhsuithe áineasa san fhoraois. Cuireadh an tionscadal chun cinn trí na céimeanna Pleanála agus Soláthair in 2023, agus cuirfear tús leis an tógáil ar an suíomh i Ráithe 1 2024.

**An tOileán Dubh, Loch Mucnú** - fuarthas maoiniú ORIS ar luach €500,000 chun na háiseanna áineasa ar an oileán a uasghrádú agus a fheabhsú. Rinneadh Foireann Deartha a sholáthar agus chuaigh an tionscadal ar aghaidh chuig dearadh mionsonraithe in 2023, tar éis comhairliúcháin dhírithe le grúpaí úsáideoirí agus le príomhpháirtithe leasmhara. Tabharfar faoi aighneacht phleanála agus faoi phróiseas soláthair tógála i Ráithe 2 2024 agus cuirfear tús leis an tógáil ina dhiaidh sin.



**Bailte Ceannphointí** - Fuarthas €497,962 ó Fháilte Éireann chun spás imeachtaí ilúsáide a sheachadadh i gCearnóg na hEaglaise, Muineachán. Tugadh an tionscadal chun cinn trí phleanáil, soláthar agus cuireadh tús leis an tógáil in 2023 agus críochnófar ar an iomlán é i Ráithe 1 2024.



**Gormbhealach Abhainn an Droma Mhóir** - Tugadh tionscadal maoinithe réamhfhorbartha ORIS €50,000 don Ghormbhealach beartaithe ó Bhéal Átha Beithe go Lios na nGallong ar aghaidh go dtí an chéim phleanála in 2023 agus cuireadh iarratas mór maoinithe ar oibreacha caipitil chun an Gormbhealach a sheachadadh isteach faoi chlár ORIS i mí Dheireadh Fómhair.

**Staidéar Féidearthachta Shliabh Beatha** -Fuarthas maoiniú €145,475 ó Chiste na nOileán Comhroinnte le haghaidh staidéar féidearthachta a bhaineann le forbairt Shliabh Beatha mar cheann scríbe Éiceathurasóireachta. Ceapadh Foireann Deartha agus críochnaíodh an staidéar le haighneacht chuig aonad na nOileán Comhroinnte i mí na Nollag.

**Tuarascáil Físe Loch Mucnú** - Ag leanúint ar aghaidh ón doiciméad Fís do Mhucnú, cuireadh tús le próiseas staidéir féidearthachta a d'fhág gur chuir Fehily Timoney Consultants Tuarascáil um Pleanáil Straitéiseach agus Measúnacht Timpeallachta i gcrích agus gur foilsíodh í i mí Dheireadh Fómhair 2023.

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ CUR CHUN CINN TURASÓIREACHTA

Bhí an rannóg an-ghníomhach i gcur chun cinn na turasóireachta in 2023 agus sheachaid roinnt tionscnamh rathúil, lena n-áirítear an méid seo a leanas:
Sraith físeán C'Mon to Monaghan ina dtaispeántar gníomhaíochtaí, ceardaíocht agus táirgeoirí bia a cuireadh chun cinn ar an raidió áitiúil agus ar na meáin shóisialta.




***Scannánaíocht Tracks & Trails ar Shlí Mhuineacháin*** - Bhí an fhoireann ón tsraith iomráiteach teilifíse agus ar líne de chuid RTÉ in Inis Chaoin i mí Lúnasa chun scannánú a dhéanamh ar Shlí Mhuineacháin atá uasghrádaithe as an nua agus déanfar é a léiriú i mí Aibreáin 2024.

### Feachtais Raidió

D'eagraigh an rannóg craoladh beo taobh amuigh de chuid iRadio ar an Aoine, an 1 Meán Fómhair ina raibh comórtais agus aiscíní. Reáchtáladh feachtas breise raidió i gcomhar le 98FM i lár mhí Lúnasa.



***Clúdach na Meán Sóisialta, Digiteach agus Clóite*** - Chuir réimse tionchairí agus iriseoirí taistil

Muineachán ar an léarscáil i ngnéchláir i gcló agus ar na meáin ar líne araon, lena n-áirítear míreanna san Irish Times, The Irish Sun, agus Digital Dad Diary.

**Sraith nuashonraithe de Bhróisiúir Explore Co. Monaghan -** Rinneadh an tsraith bhróisiúr bolscaireachta don chontae a nuashonrú agus a athdhearadh le cuma úr nua orthu.




**Ionad Patrick Kavanagh**

Sa dara bliain oibríochta, d'éirigh níos fearr leis an ionad ná mar a bhí súil leis, ag éagsúlú a shruthanna ioncaim agus ag glacadh lena acmhainneacht imeachtaí agus féilte a chur ar siúl ann. Tháinig méadú 20% ar chuairteoirí ar an iomlán mar gheall ar mhéadú ar thurais ghrúpa agus scoile den chuid is mó. Is dea-chomhartha é do 2024 a rathúla is a bhí Deireadh Seachtaine Kavanagh agus táthar ag súil go mbeidh méadú ar na himeachtaí agus ar an bhféile sna blianta amach romhainn.

### Buaicphointí

*Rinneadh ionadaíocht ar an Ionad* ag imeachtaí trádála bliantúla (Meitheal san áireamh) agus bualadh le hoibritheoirí turas atá ag obair i margaí idirnáisiúnta. Táthar ag súil go bhforbrófar deiseanna do ghnó sna blianta amach romhainn.

### Imeacht Dámhachtana Kavanagh agus Féile Deireadh Seachtaine

Bhí an ócáid is deireanaí d'Imeacht Dámhachtana & Deireadh Seachtaine Fhilíocht Kavanagh ar siúl i mí Mheán Fómhair seo agus ba fhéile trí lá, il-ionaid, ildisciplíneach a bhí ann. D'éirigh thar barr leis agus fuair sé poiblíocht go náisiúnta. Bhí an clár ar ardchaighdeán ealaíonta agus i measc na mbuaicphointí bhí mórshiúl sráidbhaile an tsolais, Lisa O'Neill, Blindboy Podcast, agus léiriú ar 'Holy Hour, Requiem do Brendan Behan' le Pat McCabe. Tháinig go leor daoine go dtí an sráidbhaile agus bhí an áit dubh le daoine gan aon lóistín fágtha agus bhí seisiúin ceoil thraidisiúnta ann gach tráthnóna a raibh an-tóir orthu.

### Sraith Raidió Taking Flight

Is sraith aistí raidió agus clár faisnéise é seo a dhéanann ceiliúradh ar shaothar Patrick Kavanagh. Is sraith leanúnach é agus bhuaigh an clár faisnéise Dawning of the Day, a dhéanann ceiliúradh ar Raglan Road, bonn airgid ag gradaim raidió IMRO 2023. Is comhshaothar é seo le RTE Lyric agus tá sé indéanta a bhuí le maoiniú ó Mhuineachán Ildánach.

Choimisiúnaigh **Éire Ildánach** léiritheoirí ealaíon traidisiúnta, Ceol Connected chun saothar amharclainne nua a chruthú a fuair spreagadh ó dhán nach rachaidh as faisean go deo de chuid Kavanagh, A Christmas Childhood. Is comhléiriú é idir an Ceoláras Náisiúnta agus Ealaíona Draíocht agus tosaíodh ar an saothar a fhorbairt le linn an tsamhraidh le sraith ceardlann i Scoil Náisiúnta San Daigh Inis Caoin. Chuaigh an saothar seo ar camchuairt ó Shamhain 2023 agus bhí sé ina ábhar d'eipeasóid Nationwide ar RTE 1. Bhí trí Léiriú ar siúl in Ionad Kavanagh i mí na Nollag.



**Bróisiúr Kavanagh Country** - Seachadadh bróisiúr nua Kavanagh Country agus cuimsíonn sé seo liostáil de nithe is díol spéise do thurasóirí, soláthraithe lóistín, áiteanna le hithe agus taitneamhachtaí turasóireachta eile i ndeisceart Mhuineacháin. Tá sé ina threoir atá éasca le léamh maidir le cad atá le déanamh agus cá háit le fanacht agus nasctha le chéile ag scéal Kavanagh agus a fhilíocht atá spreagtha ag carachtar uathúil Mhuineacháin.



**Bailiúchán Ceardaíochta Kavanagh** - Tugadh líne nua d'earraí criadóireachta le Busy Bees Ceramics isteach i mBailiúchán Ceardaíochta Kavanagh, ag treisiú acmhainneacht bhranda ár gcré dhúchais atá ag teacht le dúil Kavanagh sa rud céanna.

**Úna Agnew Talks -** D'eagraigh an tIonad sraith cainteanna thar sé seachtaine ar Patrick Kavanagh i Leabharlann Charraig Mhachaire Rois. Tríd is tríd bhí seo ina




thionscnamh rathúil ina raibh 40 duine ann ar an meán ag gach caint.

**Spás Miondíola Kavanagh** - Rinneadh tuilleadh forbartha ar an spás miondíola san Ionad le daingneáin nua agus forbraíodh dearadh do chomharthaíocht nua ag an mbealach isteach chun láithreacht an ionaid i dtírdhreach an tsráidbhaile a threisiú.

### Imeachtaí ar Ardchaighdeán Curtha i Láthair

**Cuireadh na himeachtaí seo a leanas ar fáil san Ionad i rith 2023:**

- Martin O'Connor Trio
- Martin Hayes
- Féile Deireadh Seachtaine Kavanagh
- Léiriúchán de chuid Juggernaut Theatre
- Ceardlanna Scéalaíochta agus Leighis Filíochta
- Léiriúchán Amharclainne de 'A Christmas Childhood'





# Oifig Fiontair Áitiúil

### Tacaíochtaí Airgeadais & Cruthú Post

In 2023, cheadaigh OFÁ Mhuineacháin thart ar €715,000 i dtacaíocht mhaoinithe, rud a chuireann le 78 post áitiúil ar an iomlán a chruthú. Chuidigh an cúnamh airgeadais ón OFÁ le 168 gnólacht beag ar fud an chontae a fhostaíonn 1015 duine aonair le chéile.

### Oiliúint

In 2023, ba é ár bpríomhchuspóir tacaíocht agus seirbhísí feabhsaithe a thairiscint atá saincheaptha chun fás gnólachtaí nuathionscanta nua a chur chun cinn. Bhí OFÁ Mhuineacháin tiomanta ar fad freisin do chúnamh a thabhairt do ghnólachtaí seanbhunaithe ina n-iarrachtaí leathnaithe, ag tabhairt aghaidh ar dhúshláin éagsúla amhail inbhuanaitheacht, digitiú, agus éifeachtaí eacnamaíocha na coinbhleachta san Úcráin.
I rith na bliana, thug beagnach 1043 fiontraí agus duine aonair ar mian leo a ngnólachtaí féin a thosú faoi 60 seisiún oiliúna agus ceardlann a d'eagraigh OFÁ Mhuineacháin, lena n-áirítear 7 sainchúrsa "Tosaigh do Ghnó Féin".

### Meantóireacht

Laistigh de Chlár Meantóra na hOifige Fiontair Áitiúil, comhoibríonn cliaint le meantóirí oilte a chuireann réitigh in iúl chun aghaidh a thabhairt ar réimsí leochaileachta laistigh dá ngnólachtaí. Leanann an tionscnamh meantóireachta ar aghaidh mar iarracht rathúil, ag cothú aiseolas thar a bheith dearfach ó rannpháirtithe, ag cur béim ar thábhacht an chúnaimh neamhairgeadais do mhicrifhiontair.

Tá seirbhís meantóireachta an OFÁ cruthaithe go mion chun cur leis na hacmhainní oiliúna fiontraíochta agus forbartha bainistíochta atá ar fáil. Tá comhairleoirí gnó oilte a chuimsíonn réimsí bainistíochta éagsúla sa bhaicle meantóirí. Bhí 2023 ar an mbliain ba ghnóthaí go dtí seo agus cuireadh seisiúin mheantóireachta duine ar dhuine ar fáil do 238 cliant.

### Lean for Micro

Tá méadú suntasach tagtha ar an éileamh ar an tionscnamh LEAN for Micro, atá ar cheann de na príomhuirlisí tacaíochta a ceapadh chun táirgiúlacht agus éifeachtúlachtaí laistigh d'eagraíochtaí a fheabhsú. Cheadaigh OFÁ Mhuineacháin 15 ghnólacht bheaga agus mheánmhéide leis an tairiscint faoi chlár LEAN for Micro.

### Dearbháin Trádála Ar Líne

Cuireann an Dearbhán Trádála Ar Líne 50% de na costais incháilithe ar fáil do ghnólachtaí cáilitheacha, uasteorainn de €2500, chun suíomh gréasáin nua ríomhthráchtála a fhorbairt nó ceann atá ann cheana féin a fheabhsú. I rith 2023, bhí éileamh láidir ar an gclár sin go fóill, rud a chiallaigh gur ceadaíodh 35 dearbhán.

### Gnó Glas

De réir mar a éiríonn an fócas ar ghníomhú ar son na haeráide agus ar inbhuanaitheacht níos forleithne, tá OFÁ Mhuineacháin chun tosaigh maidir le straitéisí oiriúnaithe a fhorbairt agus feasacht a chothú i measc gnólachtaí áitiúla i Muineachán. Is é is aidhm ná aistriú gnólachtaí i dtreo a bheith ina n-eintitis ísealcharbóin a chur chun cinn.

Seachadtar an tsraith gníomhaíochta aeráide ‘Go Green’ chun cabhrú le gnólachtaí ina n-aistear i dtreo éirí ina n-eintitis ísealcharbóin. Le béim ar dhícharbónú agus ar éifeachtúlacht acmhainní, leanadh ag seachadadh na n-imeachtaí sin i rith 2023.



**Chuir an tsraith líonra ‘Go Green’ le tacaíocht Gnó Glas OFÁ Mhuineacháin agus é mar aidhm aici an acmhainn agus an phiarfhoghlaim a mhéadú tuilleadh i measc páirtithe leasmhara.**




Ina theannta sin, ceadaíodh 5 ghnólacht don Deontas Éifeachtúlachta Fuinnimh in 2023, rud a chuir ar chumas gnólachtaí tacaíocht airgeadais a fháil i dtreo bearta atá tíosach ar fhuinneamh a chur i bhfeidhm.

### Dámhachtainí Fiontair Scoláirí

Gach Meán Fómhair, tríd an Oifig Fiontair Áitiúil i Muineachán, téann scoláirí meánscoile a bhfuil spiorad fiontraíochta iontu ar thuras gnó san fhíorshaol mar chuid den Chlár Fiontair Scoláirí.

Tugann an tionscnamh seo, atá ag teacht leis an gcuraclam staidéir ghnó ag leibhéil Shóisearacha agus Shinsearacha araon, deis luachmhar do scoláirí taighde a dhéanamh, agus a ngnólachtaí féin a bhunú agus a fheidhmiú. Tá an tsolúbthacht ag rannpháirtithe a gcoincheapa gnó a fhorbairt ina n-aonar nó mar chuid d'fhoireann.

In 2023, ghlac os cionn 400 scoláire ó 9 scoil ar fud Chontae Mhuineacháin páirt sa chlár. Tá stair éachtaí suntasacha sa chlár bainte amach ag Muineachán, agus in 2023, d'éirigh go hiontach leis an gcontae freisin agus bhuaigh triúr Scoláirí dámhachtainí Náisiúnta. Le tacaíocht ón Oifig Fiontair Áitiúil i Muineachán, bhuaigh na scoláirí duaiseanna d'iontrálacha ar an gcomórtas dar teideal "Mo Thuras Fiontraíochta" sna catagóirí Sóisearacha agus Idirmheánacha agus Gradam Gnó CLISTE sa chatagóir Shóisearach, urraithe ag Folens.

Ba iad na scoláirí a bhuaigh, Joshua McGahon, ó Choláiste Ard Feá, Muineachán a bhuaigh an 1ú háit sa chatagóir idirmheánach de Mo Thuras Fiontraíochta. Ba í Aoife O'Neill ó Mheánscoil Mhuire, Baile na Lorgan, Muineachán a bhuaigh an 2ú háit sa chatagóir Shóisearach de Mo Thuras Fiontraíochta. Bhuaigh Shannon McClenaghan, scoláire sa 2ú bliain i Meánscoil Mhuire i mBaile na Lorgan sa Chatagóir Shóisearach freisin agus bhuaigh sí an Gradam Gnó CLISTE bunaithe ar a smaoineamh Seodra a dhearadh le gléasanna rianaithe GPS do dhaoine a bhfuil galar Alzheimer acu.



### Dámhachtainí Fiontair Áitiúil

Rinne Moffett Parking Solutions, atá lonnaithe i gCluain Tiobrad, ionadaíocht ar Chontae Mhuineacháin ag an 23ú Dámhachtain Náisiúnta Fiontair in 2023.



Is cuideachta innealtóireachta óg agus nuálach é Moffett Parking Solutions Ltd (MPS) a dhearann agus a mhonaraíonn réitigh shaincheaptha chun cumas stórála carranna a mhéadú trí bharrfheabhsú ingearach. Réitíonn MPS dúshláin maidir le rochtain ar fheithiclí agus acmhainn stórála dá gcustaiméirí lena raon ardaitheoirí agus caschláir saincheaptha. Tá ardaitheoirí rochtana íoslaigh agus lochta, ardaitheoirí le carranna a chur i gceann a chéile agus caschláir san áireamh ina réimse táirgí.

## Seachtain na Fiontraíochta Áitiúla




Ghlac breis is 200 gnólacht áitiúil páirt sna 6 imeacht le linn Sheachtain na Fiontraíochta Áitiúla a d'óstáil OFÁ Mhuineacháin ón 6 Márta go dtí an 11 Márta in 2023. Ba é an príomhimeacht 'evolve-Digital Transformation for Local Businesses' a reáchtáladh i gcomhar le Grúpa Stiúrtha Monaghan Digital.



Tá an domhan ag gabháil chun cinn go tapa i dtreo aistriú digiteach i ngach réimse, agus tá sé riachtanach do chuideachtaí áitiúla a bpróisis oibre a athchóiriú go digiteach chun éifeachtúlachtaí, táirgiúlacht agus brabúis a mhéadú. Ní mór do ghnólachtaí beaga agus meánmhéide gach buntáiste a uasmhéadú - agus is cinnte nuair a chuirtear straitéis dhigiteach i bhfeidhm go bhfaigheann gnólachtaí buntáiste iomaíoch as. Bhí an chomhdháil chlaochlaithe dhigitigh seo dírithe ar ghnólachtaí áitiúla ó gach earnáil, ar spéis leo réitigh teicneolaíochta a ghlacadh chun brabúis a fheabhsú agus/nó seirbhísí comhairleacha do ghnólachtaí incháilithe.



***North East Creative Conversations***

Northeast Creative Conversations

Bhí an Northeast Creative Conversations Programme (NCC) dírithe ar ghnólachtaí deartha i gcontaetha an Chabháin, Lú agus Mhuineacháin agus bhí sé mar aidhm aige cumas Réigiún an Oirthuaiscirt a neartú agus a fhorbairt mar lárionad barr feabhais cruthaitheach sa Dearadh agus acmhainneacht d'fhorbairt eacnamaíoch agus inbhuanaitheacht san Earnáil Chruthaitheach a fheabhsú.




**Thacaigh an tionscadal le thart ar 50 gnó i réigiún an Oirthuaiscirt, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil baint acu le dearadh tionsclaíoch, dearadh táirgí, cumarsáid amhairc, dearadh grafach, Ui/Ux (Comhéadan úsáideora/Eispéireas úsáideoirí) agus dearadh idirghníomhaíochta, dearadh seirbhíse agus dearadh straitéiseach.**

### Líonra na mBan i nGnó Mhuineacháin

Athsheoladh líonra na mBan i nGnó Mhuineacháin i mí an Mhárta 2023. D'fhreastail thart ar 50 bean ghnó ó gach cearn den chontae chun cloisteáil faoi phleananna agus athruithe atá le teacht. Nocht an líonra branda úr a léiríonn beocht na mban gnó áitiúil. Tugadh eolas dóibh siúd a bhí i láthair

maidir le feabhsúcháin ar an suíomh gréasáin, lena n-áirítear eolaire ar líne le haghaidh cur chun cinn gnó agus táille ballraíochta a thugann rochtain ar imeachtaí bliantúla.

Roinn an príomhchainteoir Sharon Keegan, POF Peachy Lean Athleisurewear, a haistear ón smaoineamh bunúsach a bhí aici a fhad leis an rath idirnáisiúnta atá uirthi anois, ag spreagadh lucht freastail lena léargais mhacánta agus phraiticiúla.



**Seoladh Bhraisle ESG**

Tá gnólachtaí beaga agus micreaghnóthaí i Muineachán ar an gcéad ghrúpa in Éirinn anois chun uirlis dhigiteach ESGo a úsáid, ag tairiscint bailíochtú neamhspleách ar a ndintiúir ghlasa. Soláthraíonn an uirlis seo, atá aitheanta mar "uirlis chlaochlaitheach" ag Oifig Fiontair Áitiúil Mhuineacháin, rochtain ar bhuntáistí nach raibh in acmhainn roimhe seo. Éascaíonn ESGo do ghnólachtaí a n-aistear Comhshaoil, Sóisialta & Rialachais (ESG) a rianú agus a bhainistiú, ag líonadh bearna do ghnólachtaí nach bhfuil aitheantas den sórt sin acu. Tá sé mar aidhm ag an mbraisle tionscnaimh seo tacú le gnólachtaí áitiúla aistriú chuig eintitis ísealcharbóin. Go suntasach, tá laghduithe suntasacha ar chostais fuinnimh feicthe ag gnólachtaí cosúil le Andy's Bar & Restaurant, faoi stiúir an phríomhchócaire Sean Redmond, trí ESGo. Treisíonn sin tionchar dearfach na n-iarrachtaí inbhuanaitheachta comhshaoil ar bhunlíne agus ar cháil na bhfiontraithe agus na bhfostóirí áitiúla araon.



# Córais Faisnéise

Tá Rannóg na gCóras Faisnéise freagrach as TFC agus as claochlú digiteach i gComhairle Contae Mhuineacháin. Soláthraímid bonneagar, córais, agus réitigh TFC atá nua-aimseartha agus slán chun seirbhís éifeachtach a chur ar fáil.

### Feidhmchláir agus Claochlú Digiteach

Tá an t-aonad Feidhmchlár agus Claochlú freagrach as claochlú digiteach agus as sraith fhairsing feidhmchlár bogearraí na Comhairle. Lean an fhoireann ar aghaidh ag athdhearadh agus ag uathoibriú próisis pháipéarbhunaithe láimhe agus ag forbairt foirmeacha ar líne do roinnt seirbhísí atá os comhair an phobail, lena n-áirítear:

- Ciste Forbartha Pobail
- Ciste Forbartha Comhshaoil
- Ciste Gníomhaithe ar son na hAeráide
- Suirbhé ar Líne Réamhdhréachta ar Ghníomhú ar son na hAeráide
- Clár Feabhsúcháin Áitiúil
- Foirm Iarratais ar Scoláireacht Ghaeltachta
- Foirm Réamhdhréachta do Phlean Forbartha an Chontae
- Foirm Aighneachta RZT

In 2023 thugamar cúnamh don fhoireann Airgeadais an AFS a reáchtáil ar bhonn píolótach thar ceann na hearnála. Rinneamar uasghrádú ar roinnt feidhmchlár freisin, lena n-áirítear an córas speansas ar líne, iReg, iHouse agus iPlan.

### Pleanáil Leictreonach

In 2023 chuir Comhairle Contae Mhuineacháin an tairseach pleanála ar líne náisiúnta LGMA i bhfeidhm. Cuireann an tairseach ar chumas daoine den phobal agus gníomhairí iarratais phleanála a chur isteach chomh maith le haighneachtaí agus tuairimí a chur isteach ar líne 24/7. Is féidir le húsáideoir clárú, cáipéisí a chur isteach ar líne lena n-iarratas pleanála, íoc le cárta creidmheasa nó EFT agus tuilleadh cáipéisí a chur isteach níos déanaí más gá. Cuirtear an t-úsáideoir ar an eolas trí ríomhphost ag gach céim den phróiseas pleanála, e.g. bailíochtú, tuilleadh faisnéise, cinneadh etc. Is féidir le húsáideoir féachaint freisin ar iarratais a cuireadh isteach roimhe seo ar an deais, chomh maith le stádas na n-iarratas go tapa agus go héasca. Tá an tairseach éasca le húsáid agus aistríonn an próiseas isteach i gceann atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, tríd an ngá atá leis an iarratasóir chun 6 chóip pháipéir in aghaidh an iarratais ar chead pleanála a chur ar fáil don Údarás Áitiúil. Cuireadh an feidhmchlár i bhfeidhm ar an 21 Feabhra 2023 agus faoin 31 Nollaig 2023, cuireadh 63% d'iarratais phleanála Chomhairle Contae Mhuineacháin isteach ar líne.




### Tionscadal Timpeallachta Gabhála ar Iarratais Phleanála (PACE)

Tionscnamh comhoibríoch ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus Suirbhéireacht Ordanáis Éireann a bhí i dtionscadal náisiúnta PACE agus é mar aidhm aige feidhmchlár náisiúnta a chur ar fáil d'údaráis áitiúla chun imlíne an láithreáin ar iarratais reachtúla phleanála a ghabháil go digiteach. D'athraíomar ár sonraí pleanála GIS a bhí ann cheana isteach sa chóras PACE agus d'uasghrádaíomar ár bhfeidhmchlár digitithe chuig an bhfeidhmchlár náisiúnta PACE. Aistríodh os cionn 32,000 suíomh d'iarratais phleanála isteach san Fheidhmchlár PACE agus déantar gach suíomh nua iarratas pleanála a dhigitiú anois ag baint úsáide as an bhfeidhmchlár PACE.

### CiviQ – Ardán Nua Comhairliúcháin & Suirbhé Poiblí

Mar thoradh ar an ngá atá leis an bpróiseas comhairliúcháin agus suirbhéireachta poiblí ar líne a chaighdeánú chomh maith le rialacháin RGCS, rinneamar ardán nua comhairliúcháin agus suirbhé poiblí ar líne ar a dtugtar CiviQ Open Consult a fháil, a chur i bhfeidhm agus a rolladh amach.

## Cáin ar Thalamh Criosaithe Cónaithe - Mapáil & Aighneachtaí

Is cáin nua í an Cháin ar Thalamh Criosaithe Cónaithe atá dírithe ar sholáthar tithíochta a mhéadú trí thailte forbartha cónaithe criosaithe, seirbhísithe (lena n-áirítear tailte úsáide measctha) a ghníomhachtú le haghaidh tithíochta. Tá sé mar aidhm aige freisin úinéirí talún a spreagadh chun ceadanna pleanála atá ann cheana a úsáid le haghaidh tithíochta. D'éascaigh muid agus chabhraíomar leis an bhfaisnéis spásúil seo a ghabháil go digiteach agus chuireamar ar fáil don Roinn í chun an Amharcóir Léarscála Cáin ar Thalamh Criosaithe Cónaithe náisiúnta a tháirgeadh. Rinneamar foirmeacha aighneachta Laserfiche ar líne a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm freisin chun an tionscadal seo a éascú.

Chabhraíomar freisin leis an Rannóg Pleanála chun Léarscáileanna nua an Phlean Forbartha Contae Athraithe Uimh. 5 a foilsíodh i Samhain 2023 a dhigitiú agus a tháirgeadh.

## Seirbhísí Leathanbhanda

Lean an tOifigeach Leathanbhanda ag éascú rolladh amach an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda (NBP) ar fud an chontae. In 2023, d'oibríomar le NBI ar an aistriú chuig snáthoptaic iomlán do na Pointí Nasctha Leathanbhanda go léir a ritheadh le cáblaí snáthoptaice. Aistríodh seacht PLN trasna go nasc snáthoptaice, lena n-áirítear Ionad Soláthair Díreach Naomh Pádraig.

Lean Comhairle Contae Mhuineacháin ag tacú le seachadadh leathanbhanda do na 18 bPointe Nasctha Leathanbhanda ar fad laistigh den chontae. In 2023, dhéileálamar le níos mó ná caoga ceist a bhain le leathanbhanda ó earnáil na tionsclaíochta, ón bpobal agus ónár n-ionadaithe tofa. Faoi dheireadh 2023, bhí 62% den 15,698 áitreabh a bhfuil freastal le déanamh orthu faoin bPlean Náisiúnta Leathanbhanda réidh le leas a bhaint as seirbhís iomlán snáthoptaice a sheachadtar trí NBI. Bhí glacadh as cuimse leis na seirbhísí seo go náisiúnta agus go háitiúil. I gContae Mhuineacháin d'ordaigh 31% d'úinéirí tí nasc nua snáthoptaice nuair a ritheadh é agus bhí an figiúr sin chomh hard le 40% i roinnt contaetha eile.

Le linn 2023, chuamar i dteagmháil freisin le SIRO agus le Eir maidir le cur i bhfeidhm céimneach seirbhísí leathanbhanda snáthoptaice. Críochnaíodh ná chéad áitribh a fuair seirbhís ó SIRO i dtreo dheireadh 2023, agus cuireadh uasghrádú IFN de chuid Open Eir i bhfeidhm i Muineachán, i gCluain Eois agus i mBaile na Lorgan, agus tá tuilleadh suíomhanna le leanúint. Cinnteoidh sé seo rochtain ar nascacht ghigighiotáin dóibh siúd go léir a chlúdaítear faoin bplean uasghrádaithe seo.

I rith 2023, chabhraíomar freisin leis na riachtanais TFC agus teileachumarsáide a shonrú do The Ridge, an foirgneamh nua Fiontair i mBaile na Lorgan. Táimid ag tacú freisin leis an Aonad um Thionscadail Chaipitil maidir le bonneagar teileachumarsáide agus cumarsáide a shonrú agus a chur i bhfeidhm i dtionscadail tógála atá á seachadadh faoi scáth Chomhairle Contae Mhuineacháin, lena n-áirítear C:TEK 2 agus Mol Chúil Darach.

**Vex Robotics agus Forbairt ETIM**




Leanann an tOifigeach Leathanbhanda ag obair leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail maidir le gníomhaíochtaí digiteacha a fhorbairt laistigh den líonra PLN. I mí na Samhna 2023 sheolamar tionscnamh nua Bunscoile freisin, ag tabhairt róbait Vex IQ isteach in 11 scoil mar chuid de chlár forbartha ETIM. Bhí traenáil do mhúinteoirí rannpháirteacha ar siúl i bPointe Nasctha Leathanbhanda Thulaigh Charbaid.

Oibríonn na scoláirí i gcomhar le chéile chun róbat a thógáil agus a ríomhchlárú faoi threoir an mhúinteora, ag críochnú le comórtas do gach scoil rannpháirteach. Tugann tabhairt isteach an chomórtais VEX Robotics taithí phraiticiúil do

scoláirí i réimsí ETIM agus ag an am céanna cuireann sé béim ar thábhacht na hoibre foirne agus an chomhoibrithe.

### Cibearshlándáil

Is príomhthosaíocht don Chomhairle í an chibearshlándáil. Baintear úsáid as samhail cibearshlándála ilsraithe chun córais agus sonraí na Comhairle a chosaint ar chibearionsaithe. Áirítear leis seo frithvíreas, ardchosaint bagartha, polasaithe grúpa, scagadh ar ríomhphoist, DNS agus scagadh gréasáin, ballaí dóiteáin agus níos mó. Forbraíodh plean oiliúna Feasachta Cibearshlándála do 2023 agus dáileadh acmhainní agus oiliúint chibearshlándála bhreise ar an bhFoireann i rith mhí Feasachta Cibearshlándála i mí Dheireadh Fómhair. Leanamar orainn ag seoladh ríomhphoist fioscaireachta réalaíocha ionsamhlaithe chun oideachas a chur ar Fhoireann agus ar Chomhairleoirí maidir le conas ionsaithe fioscaireachta a aithint. Rinneamar athsholáthar ar ár mBallaí Dóiteáin leis an teicneolaíocht is déanaí den chéad ghlúin eile agus rinneamar athsholáthar ar ár dteicneolaíocht le rochtain Líonra Príobháideach Fíorúil (VPN) cianrochtana.

Chun cosaint cuntas agus acmhainní faoi phribhléid a chinntiú chuireamar córas um Bhainistíocht Cuntas Pribhléideach (PAM) agus córas um Bhainistíocht Céannachta Pribhléideach (PIM) i bhfeidhm. In 2023 chuireamar Lárionad Oibríochtaí Slándála (SOC) i bhfeidhm. Soláthraíonn sé seo monatóireacht 24/7 ar ár gcórais. Freagraíonn an soláthraí seirbhíse do theagmhais agus do bhagairtí laistigh de chreataí ama sainithe bunaithe ar dhéine na faidhbe. Tugann sé seo suaimhneas intinne dúinn go bhfuil monatóireacht á déanamh ar fholáirimh slándála lasmuigh de phríomhuaireanta gnó.

Leanamar orainn ag obair ar staidiúir slándála Chomhairle Contae Mhuineacháin a fheabhsú ag baint úsáide as treoirlínte dea-chleachtais, lena n-áirítear creat Rialuithe CIS agus Caighdeáin Bhonnlíne Chibearshlándála NCSC. Leanaimid orainn ag comhoibriú le Grúpa Náisiúnta na nOifigeach Slándála Faisnéise (ISOG) de chuid na n-údarás áitiúil agus leis na ISOGanna réigiúnacha ar acmhainn thar a bheith luachmhar iad chun faisnéis a roinnt agus foghlaim uathu.

### Líonraí agus Bonneagar

Tá an fhoireann Líonraí agus Bonneagair freagrach as córais agus seirbhísí TFC na Comhairle a bhainistiú, ar an áitreabh agus sa Néal, agus as an mbonneagar líonra ceantair áitiúil agus leathan a bhainistiú i mbreis agus 35 oifig agus foirgneamh ar fud an chontae, lena n-áirítear Oifigí Contae, MTek1 agus 2, an Oifig Pleanála, Oifigí Ceantar Bardasach, Stáisiúin Dóiteáin, Leabharlanna, Músaem, agus Ionaid Chóireála Uisce.

### Foireann Tacaíochta Teicniúla

Lean an fhoireann tacaíochta teicniúla ar aghaidh ag cur seirbhís tacaíochta teicniúla ar ardchaighdeán ar fáil do bhreis is 400 ball foirne agus comhalta tofa, bídís ag obair in Oifigí na Comhairle nó ón mbaile. Ba é 5,488 an líon fadhbanna a logáladh in 2023.

| Staitisticí Glaonna | 2023 | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|
| Na Glaonna Iomlána a Logáladh | 5,488 | 4,417 | 5,892 |
| Meánlíon Glaonna in aghaidh na Míosa | 457 | 368 | 491 |
| Meánlíon Glaonna in aghaidh an Lae | 22 | 18 | 23 |
| Réitithe laistigh de 24 uair a chloig | 68% | 49% | 57% |

### Staitisticí Deasc Seirbhíse um Chórais Faisnéise 2023

Ag leanúint ó scéim phíolótach rathúil le linn Covid, in 2023 d'aistrigh an Fhoireann Tacaíochta Teicniúla na córais fóin oidhreachta go léir in oifigí éagsúla Chomhairle Contae Mhuineacháin chuig Teileafónaíocht Foirne (324 úsáideoir). Den chéad uair, tá oifigí Chomhairle Contae Mhuineacháin ag feidhmiú trí chóras teileafóin aontaithe, agus athléimneach go hiomlán atá á óstáil ar an néal

agus a thacaíonn le cianobair. Chomh maith le coigilteas costais a chur ar fáil agus deireadh a chur le hathsholáthar crua-earraí saolré, tairgeann an córas seo roinnt gnéithe nua.

### MyCoCo

Is ardán il-thionóntach á óstáil ar an néal é MyCoCo chun seirbhísí údaráis áitiúil a sheachadadh ar líne. Tháinig an coincheap chun cinn i gComhairle Contae Mhuineacháin in 2021 agus ó shin i leith tá méadú rathúil tagtha ar MyCoCoCo. Amhail an 31 Nollaig 2023 bhí 14 údarás áitiúil ag feidhmí trí MyCoCo ag seachadadh seirbhís amháin nó níos mó dá gcustaiméirí. Tá sé de chúram ar údaráis áitiúla 90% de sheirbhísí a sholáthar ar líne faoi 2030. Cuideoidh MyCoCo le gach údarás áitiúil an sprioc seo a bhaint amach.

Is seans é Dámhachtainí Claochlú Digiteach na hEarnála Poiblí an spotsolas a dhíriú ar theicneolaíochtaí ceannródaíocha agus ar chuir chuige nuálacha i leith claochlú digiteach a raibh fíorthionchar acu, seachadadh seirbhíse feabhsaithe, agus eispéiris fheabhsaithe do shaoránaigh. Is réiteach digiteach tóg le roinnt é a chuireann ar chumas Údaráis Áitiúla seirbhísí ar líne a sholáthar don phobal.

Bhuaigh Carmel O'Hare, Stiúrthóir Seirbhísí, an chéad Ghradam do Cheannaire Digiteach na Bliana 2023 de chuid na hearnála poiblí as a ról maidir le MyCoCo a thionscnamh agus a threorú thar ceann earnáil na n-údarás áitiúil.




**Carmel O'Hare, Ceannaire Digiteach na Bliana 2023 de chuid na hearnála poiblí leis an gCathaoirleach, an Comh. David Maxwell agus Comhghleacaithe I.S. Deirdre McQuaid agus Geraldine McManus**

# Bóithre agus Iompar

## Tionscadail Mhóra

### Scéim Bóthair N2 - Baile Átha Fhirdhia go Baile na Lorgan

Faoi dheireadh 2022 bhí Céim 3 - Dearadh & Measúnacht Timpeallachta an tionscadail tugtha chun cinn go suntasach agus buaileadh le húinéirí talún chun aiseolas a fháil uathu maidir le dearadh tosaigh. Rinneadh an dearadh a nuashonrú agus a fhoilsiú in Earrach 2023, agus bheartaigh foireann an tionscadail próiseas deartha Chéim 3 a chur i gcrích faoi R3 2023, ach níorbh leor an maoiniú a leithdháileadh ar an tionscadal in 2023 le go raibh sé indéanta leanúint ar aghaidh le dearadh an tionscadail. Iarradh maoiniú breise i rith na bliana, ach ní bhfuarthas aon mhaoiniú breise in 2023 agus cuireadh an tionscadal ar fionraí sa deireadh i rith 2023.

### Scéim Bóthair N2 - Cluain Tiobrad go Bóthar Teorann

Cuireadh tús le Céim 3 den togra (Dearadh & Measúnacht Timpeallachta) i mí Feabhra 2021, ach mar gheall nach bhfuarthas maoiniú BIÉ in 2022 agus 2023, cuireadh an tionscadal ar fionraí ó thús 2022. Rinne Comhairle Contae Mhuineacháin iarratas chuig 'an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa' de chuid an Aontais Eorpaigh in 2023, agus fuarthas maoiniú €2.335 milliún do phróiseas deartha Chéim 3, agus gealladh cistiú meaitseála ón Roinn Iompair. Cuireadh tús leis an bpróiseas deartha arís i Ráithe 4 2023 agus táthar ag súil go dtabharfar i gcrích é in 2025.

## BÓITHRE NÁISIÚNTA

### N54 - Tulaigh Bhriain

Leanann an Rannóg Bóithre ag obair i gcomhpháirtíocht le BIÉ chun cuid 3.1km den N54 a uasghrádú, rud a fheabhsóidh sábháilteacht ar bhóithre agus nascacht soir-siar. Is é an Buiséad Iomlán don Scéim seo ná €17.3 milliún. Tionóladh Éisteacht ó Bhéal maidir leis na hagóidí a fuarthas i gcoinne an ordaithe ceannaigh éigeantaigh i mí na Samhna 2023. Tá MCC ag fanacht le cinneadh ón mBord Pleanála an t-ordú ceannaigh éigeantaigh a dhearbhú nó a chur ar neamhní.

### N53 - Droichead Bhéal Átha na Cora

Tá Droichead Bhéal Átha na Cora suite ar an teorainn le Tuaisceart Éireann ar an mBóthar Tánaisteach Náisiúnta N53 agus A37 i gContae Ard Mhacha. Tá sé mar phríomhaidhm ag an droichead nua seo dul i ngleic le fadhbanna sábháilteachta, trí ailíniú a fheabhsú agus leathnú bóthair a ionchorprú sa dearadh. Ceapadh comhairleoir in Aibreán 2022 chun dul chun cinn a dhéanamh sa togra trí chéimeanna éagsúla Threoirlínte Bainistíochta Tionscadal de chuid Bhonneagar Iompair Éireann. Reáchtáladh comhairliúcháin phoiblí neamhreachtúla i Ráithe 1 2023 i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann araon, áit ar léiríodh roghanna bealaigh agus inar tugadh deis don phobal aiseolas a thabhairt ar aon cheann de na roghanna féideartha. I rith 2023, críochnaíodh Suirbhéanna Timpeallachta agus Imscrúduithe ar an Talamh ar an mbealach ab fhearr agus críochnaíodh ullmhú Tuarascálacha Timpeallachta agus Deartha ina dhiaidh sin. I Ráithe 4 2023, cheadaigh BIÉ an Dearadh Mionsonraithe agus cuireadh tús le hullmhú na ndoiciméad pleanála. Lorgófar cead pleanála i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann araon i Ráithe 1 2024.

### Scéimeanna Sábháilteachta (Bóithre Náisiúnta)

Tar éis sraith imbhuailtí, chomhoibrigh Comhairle Contae Mhuineacháin le Bonneagar Iompair Éireann chun scéim sábháilteachta a fhorbairt feadh an N2 ar an mbealach ó thuaidh go Sráidbhaile Scairbh na gCaorach. Tar éis próiseas Roghnúcháin Roghanna, cinneadh iniúchadh a dhéanamh ar indéantacht Córas Soilse Tráchta um Idirdhealú bunaithe ar Luas a thriail. Toisc go raibh córas laghdaithe luais den chineál céanna á thriail ag Transport Scotland ag an am céanna, lean Comhairle Contae Mhuineacháin agus Bonneagar Iompair Éireann orthu ag dul i dteagmháil lena nInnealtóirí um Shábháilteacht ar Bhóithre le linn a dtréimhse trialach chun sonraí a fháil maidir le héifeachtacht idirghabhála den sórt sin. Tháinig deireadh lena dtriail i Ráithe 4 2023, ach ní raibh an t-aiseolas óna dtorthaí foriomlána dearfach, agus ní raibh feabhsuithe ar laghdú luais le feiceáil ach i gcéimeanna luatha na trialach, ach thosaigh leibhéil neamhchomhlíontachta ag ardú i rith na bliana. Ba mhór an chúis díomá sin, mar go raibh sé i gceist ag Comhairle Contae Mhuineacháin an córas seo a rolladh amach i gceantair uirbeacha i

gContae Mhuineacháin mar bheart maolaithe tráchta mearthógála atá éifeachtach ó thaobh costais de. Tá cinneadh déanta ag Comhairle Contae Mhuineacháin agus Bonneagar Iompair Éireann dul ar aghaidh le rogha timpeallán chun luasanna feithiclí a laghdú, agus críochnaíodh an Réamhdhearadh i Ráithe 4 2023.

Mar fhreagra ar aighneachtaí ó Ionadaithe Tofa agus ó dhaoine den phobal maidir le timpistí nuair a imíonn carranna den bhóthar ag Cúinne Sceith na gCeann, N12, rinne Comhairle Contae Mhuineacháin tástáil ar dhromchla bóthair agus suirbhéanna topagrafacha chun na caighdeáin deartha riachtanacha a sheiceáil. Thug na torthaí le fios go bhfeabhsóidh athdhromchlú agus athphróifíliú an charrbhealaigh a bunthréithe sábháilteachta. Rinne Comhairle Contae Mhuineacháin iarratas rathúil chuig Bonneagar Iompair Éireann ar mhaoiniú chun oibreacha a dhéanamh ag Cúinne Sceith na gCeann.

### Raonta Rothaíochta ar an N2

Críochnaíodh Tuarascálacha Timpeallachta agus Dearaidh Mionsonraithe do Shráidbhaile Scairbh na gCaorach (0.25km) agus Timpeallán Chorr Leacht go Coláiste Collegiate (0.65km) in 2023 agus cuireadh faoi bhráid Bhonneagar Iompair Éireann iad. Táthar ag súil go dtógfar an dá scéim in 2024. Toisc go bhfuil sé beartaithe roinnt saoráidí Taistil Ghníomhaigh atá beartaithe a thabhairt le chéile ag Timpeallán Chúil Seannach, ullmhaíodh Staidéar Féidearthachta don acomhal seo agus d'fhaomh Bonneagar Iompair Éireann é ina dhiaidh sin. Coimisiúnaíodh Tuarascáil Roghnúcháin Roghanna i Ráithe 4 2023 agus meastar go roghnófar rogha thosaíochta don timpeallán i Ráithe 1 2024. Beidh tionchar ag an rogha thosaíochta seo ar an gcaoi a rachaidh na scéimeanna bonneagair Taistil Ghníomhaigh atá beartaithe chomh fada leis, mar atá, Cuid Chúil Seannach go Baile Albanaigh (0.80km) agus Cuid Chúil Seannach go dtí Corr Leacht (2.4km) an timpeallán agus é a thrasnú.

### Athchóiriú Dromchla ar Bhóithre Náisiúnta

In 2023, seachadadh Scéim Athshlánaithe Dromchla an N54 (Bóthar Leathan, Baile Mhuineacháin). Le buiséad €730,000, shín an scéim seo ó acomhal chrosbhóthar Dunnes Stores, soir
agus bhí atógáil dromchla agus coigeartú ar an ailíniú ingearach i gceist trí leibhéil bóithre agus cosáin a ardú d'fhonn déine na dtuilte ag an suíomh seo a mhaolú. Cuireadh oibreacha uasghrádaithe draenála i bhfeidhm freisin mar chuid den scéim seo.

Le buiséad iomlán €590,000, rinneadh scéimeanna athdhromchlaithe ar an N12 (Coill Uí Néill), ar an N53/N2 (Acomhal Thulaigh Bhinn), ar an N54 (na Mullaí) agus ar acomhal an N53 ag Tuaim freisin.



### Oibreacha Cothabhála & Lochtanna Bealaí Náisiúnta

Cuireadh dromchlú bóthair agus deisiúcháin spriocdhírithe i gcrích ar chodanna faoi strus feadh an N54 ar fud Bhaile Mhuineacháin. Rinneadh oibreacha cothabhála breise amhail feabhsúcháin draenála scoite agus cothabháil claí/ciumhaiseanna ar fud an líonra, lena n-áirítear cothabháil tírdhreacha ar thimpealláin an N2. I measc na n-oibreacha eile bhí suiteáil closbhaic feadh an N2 ag Maigh nEanaigh.

### Glasbhealach Chanáil Uladh - Céim 2 (Na Mullaí - Teorainn TÉ)

Rinneadh Údarás Faofa de Bhonneagar Iompair Éireann do chuid Mhuineacháin - Theorainn TÉ den Ghlasbhealach in 2023. Reáchtáil an Bord Pleanála éisteacht ó bhéal ar na hagóidí a fuarthas i gcoinne dheimhniú den Ordú Ceannaigh Éigeantaigh don chuid seo den Ghlasbhealach i mí na Nollag 2023. Tá Comhairle Contae Mhuineacháin ag fanacht le cinneadh ón mBord Pleanála.

Thug comhairleoirí dearadh stráice na Mullaí - Mhuineacháin den Ghlasbhealach chun cinn agus chuir siad cáipéisíocht phleanála Chuid VIII i dtoll a chéile. Tá cur isteach iarratas pleanála Chuid VIII

chuig Comhairle Contae Mhuineacháin socraithe le haghaidh R1 2024 faoi réir cheaduithe Bhonneagar Iompair Éireann.



## Glasbhealach Chanáil Uladh - Céim 3 (Na Mullaí - Cluain Eois)

Chríochnaigh comhairleoirí réamhdhearadh chuid na Mullaí - Cluain Eois den Ghlasbhealach de réir riachtanais Bhonneagar Iompair Éireann. Críochnaíodh Suirbhéanna Láithreáin, lena n-áirítear oibreacha imscrúdaithe ar an talamh agus suirbhéanna topagrafacha ar an gcaoi ab fhearr chun bonn eolais a chur faoin dearadh. Cuireadh an Dréacht-Tuarascáil Dearaidh faoi bhráid Bhonneagar Iompair Éireann i Ráithe 4 2023 lena faomhadh. Tá cur isteach iarratas pleanála Chuid VIII chuig Comhairle Contae Mhuineacháin socraithe le haghaidh R1 2024 faoi réir cheaduithe Bhonneagar Iompair Éireann.

## Bóithre Neamh-náisiúnacha

Is ionann 95% den ghréasán agus bóithre neamhnáisiúnta, agus déantar iad a mhaoiniú ó dheontais ón Roinn Iompair agus ó acmhainní na Comhairle féin. In 2023, fuair Comhairle Contae Mhuineacháin leithdháileadh €16,222,270 ón Roinn Iompair agus chuir siad
beagnach €4.9 milliún ar fáil óna n-acmhainní féin lenar áiríodh costais theicniúla agus riaracháin.

## Deontas Feabhais Athchóirithe

In 2023 neartaigh Comhairle Contae Mhuineacháin 47km de bhóthar faoin Deontas RI. Críochnaíodh fiche a ceathair de na cúig bhóthar is fiche cláraithe seachas bóthar an Mheal i gCeantar Bardasach Mhuineacháin de bharr oibreacha Uisce Éireann.

Chomh maith leis na ceithre bhóthar is fiche cláraithe, críochnaíodh cúig bhóthar, Sráid Parnell i gCarraig Mhachaire Rois, Cnoc an Teampaill i gCluain Eois, Ascaill an Locha Mhóir i mBéal Átha Beithe, R185 Muineachán agus an L1610 Béal Átha an Fhóid faoin deontas RI in 2023.

Ba é an costas in aghaidh an mhéadair chearnaigh chun an bóthar a neartú in 2023 ná €43/m2 i gcomparáid le €41/m2 in 2022.

## Cothabháil Athchóirithe

In 2023 athshéalaíodh 72km den ghréasán bóithre faoin gclár RM. Leithdháileadh díreach os cionn €2 mhilliún in 2023 ar Chomhairle Contae Mhuineacháin don deontas cothabhála athchóirithe.
Ba é an costas in aghaidh an mhéadair chearnaigh ar chóiriú dromchla in 2023 ná €5.46 i gcomparáid le €5 in 2022.

## Deontas Lánroghnach

Fuarthas leithdháileadh deontais €2,071,500 in 2023 ón Roinn Iompair faoin Deontas Lánroghnach. Baineann na Ceantair Bhardasacha úsáid go príomha as an maoiniú chun oibreacha cothabhála a dhéanamh ar nós mionoibreacha feabhsúcháin cosáin, athnuachan draenála, athchóiriú cosán, deisiú poll, glanadh lintéir, bearradh fálta agus ciumhaiseanna agus athnuachan comharthaí agus marcanna bóthair ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla. B'ionann seo agus an leithdháileadh le haghaidh 2022. Dá bhrí sin, táthar ag súil le maoiniú den chineál céanna in 2024.

## Deontais Feabhais ar Leith Oibreacha Athshlánaithe Dhroichead na Breaclaí

Cuireadh Droichead na Breaclaí agus na moltaí iniúchta sábháilteachta ar bhóithre eile i gcrích in 2023.

## R181 Droim Iolaird go Teorainn an Chabháin

Críochnaíodh oibreacha ar Chéim 1, cuid 1.3km de dhromchla an bhóthair ar an R181 díreach ó dheas

ó Acomhal L4005 (Mucky Duck) in 2023. Cuireadh draenáil bhreise, uasghrádú ar na marcanna bóthair agus comharthaíocht ar fáil. Caitheadh os cionn €870,000 ar chéim 1. In 2024 tá sé ar beartaithe ag Comhairle Contae Mhuineacháin luachálaí talún a cheapadh le talamh a luacháil atá le sealbhú chun céim 2-4 den tionscadal Feabhsúcháin Bóthair R181 a chur i gcrích.

### Acomhal R180/R181

Cuireadh tús le scéim athailínithe sábháilteachta Acomhail ar an R180/R181 i Loch Éigis in 2023, tá oibreacha ar siúl agus tá an mhórtochailt agus na ballaí coinneála curtha i gcrích. Tá na hoibreacha feabhsúcháin don Acomhal atá Fágtha socraithe le cur i gcrích i Ráithe 2 de 2024.



### Athsholáthar Dhroichead Dhroim Airí L63101

Críochnaíodh an dearadh agus rinne an Roinn Iompair athbhreithniú ar an réamhthuarascáil dearaidh. Cuirfear tús le hoibreacha imscrúdaithe láithreáin ar an láthair i Ráithe 1 2024 agus tá sé beartaithe go gcuirfear tús le tógáil an droichid in 2024

### N2-N12

Thug an Rannóg Iompair cead scóip thionscadal N2-N12 a mhéadú chun píosa ó thimpeallán Eanach Átha ar an N2 go dtí Cearnóg na Seanchroise i mbaile Mhuineacháin a chur san áireamh. Osclóidh leathnú an tionscadail seo tailte forbartha agus feabhsóidh sé nascacht le lár an bhaile. Tugadh maoiniú €50,000 in 2024 chun tuarascáil féidearthachta a chur chun cinn.

### Lintéar Bhóthar an Ghleanna

Ceapadh an conraitheoir le lintéar Bhóthar an Ghleanna a uasghrádú in 2023. Cuireadh tús leis na hoibreacha tógála i mí Eanáir 2024 agus tá sé beartaithe iad a chríochnú i mí Iúil 2024.

### Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúla ar Chostas Íseal

Fuarthas leithdháileadh €265,000 ón Roinn do 2023 le haghaidh ocht scéim sábháilteachta ar chostas íseal. Críochnaíodh sé scéim agus tá an dá scéim eile le críochnú go luath in 2024.

Rinneadh iarratas chuig an Roinn ar mhaoiniú le haghaidh 35 scéim sábháilteachta ar chostas íseal arbh fhiú os cionn €1.2m san iomlán iad.

### Deontas Oiliúna

In 2023 bhí €53,000 san áireamh sna Deontais Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla d'oiliúint bóithre neamhnáisiúnta d'fhoireann innealtóireachta agus riaracháin na nÚdarás Áitiúil. Meastar go mbeidh figiúr comhchosúil ar fáil in 2023.

### Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúla

Chríochnaigh Comhairle Contae Mhuineacháin tríocha lána faoin Scéim Feabhsúcháin Áitiúil a bhuí le maoiniú os cionn

€ 1.3 milliún ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail. Ar an iomlán feabhsaíodh os cionn 9.4km de lánaí. Beidh Comhairle Contae Mhuineacháin ag cur fáilte roimh iarratais nua don Scéim Feabhsúcháin Áitiúil in 2024.

### Scéim Feabhsúcháin Pobail

Fuarthas leithdháileadh €354,150 ón Roinn Iompair in 2023, rud a d'éascaigh, mar aon le ranníocaíochtaí pobail, athdhromchlú a dhéanamh ar ceithre bhóthar.

Críochnaíodh trí bhóthar áitiúla den tríú grád, LT-55121 (Lána na Tulaí Tirime), lt-40045 (Lios Oirill/Corrachadh) agus an LT-8900001 (Donoge) faoi leithdháileadh deontais 2023.

### Iarbhóithre Náisiúnta

Tugadh athdhromchlú ar Sheanbhóthar Bhaile Átha Fhirdhia chun críche in 2023. Cuireadh iarratas faoi bhráid na Roinne Iompair ag lorg

maoinithe le haghaidh roinnt codanna den iarbhóthar Náisiúnta do 2024.

## Oibreacha Oiriúnaithe Aeráide agus Athléimneachta

Tá dul chun cinn déanta ag Comhairle Contae Mhuineacháin ar 5 scéim oiriúnaithe aeráide, agus cuireadh an Choill Mhór Thoir, Gréach Dhroma Naosca agus Céim 1 d'Eanach Dromainne i gcrích in 2023. Tá dul chun cinn suntasach déanta ar scéimeanna Choill na Cranncha agus R181/N54 Chluain Eois. Cuireadh iarratas maoinithe le haghaidh 24 scéim ar luach €2.865 milliún san iomlán faoi bhráid na Roinne Iompair.

## Scéimeanna Píolótacha in 2023

Neartaíodh os cionn 4.1km de bhóithre áitiúla faoi chlár RAP 2023. Cuirfear an clár RAP i bhfeidhm go céimneach ar bhonn réigiúnach agus beidh Comhairle Contae Mhuineacháin ag feidhmiú mar cheannasaí in 2024.
Tá Comhairle Contae Mhuineacháin ag tabhairt iarratais phleanála Chuid 8 chun cinn do shuíomh i ngach Ceantar Bardasach chun ábhar RAP a phróiseáil.

## Cothabháil Gheimhridh



Tá oibreacha uasghrádaithe curtha i gcrích ag Comhairle Contae Mhuineacháin ag iosta Lios Fhlannaíle chun gur féidir sáile a úsáid ar an ngréasán bóithre.

Ceannaíodh trí thrucail nua sáile freisin, agus rinneadh uasghrádú ar an bhflít atá ann cheana chun úsáid sáile a éascú. Is bealach níos éifeachtaí agus neamhdhíobhálach don timpeallacht é sáile le grean a chur ar ár ngréasán bóithre.
Ba iad Bonneagar Iompair Éireann agus an Roinn Iompair a mhaoinigh na hoibreacha seo.

## Taisteal Gníomhach

Fuair Comhairle Contae Mhuineacháin leithdháileadh €3,000,000 ó na Deontais Infheistíochta Taistil Ghníomhaigh le haghaidh 2023.

## Seoladh na n-oibreacha uasghrádaithe críochnaithe ar Ghlasbhealach Bhaile Mhuineacháin

D'oscail an tAire Heather Humphreys an Glasbhealach atá uasghrádaithe as an nua. Tugadh faoi na hoibreacha seo ar an stráice 4.5km den Ghlasbhealach ar chostas €1.6 milliún.



## Straitéis Siúlóide & Rothaíochta an Chontae 2021-2026

Tá roinnt gníomhaíochtaí sa Straitéis Siúlóide & Rothaíochta curtha i gcrích nó ag céimeanna éagsúla dul chun cinn. Ceann de na gníomhartha laistigh den straitéis is ea an glasbhealach a chur chun cinn, úsáid a spreagadh agus líon na n-úsáideoirí a mhéadú chuig Glasbhealach Bhaile Mhuineacháin a uasghrádaíodh le déanaí. Tá léarscáileanna ar scála mór curtha le chéile ag an Aonad Taistil Ghníomhaigh go sonrach do gach ceann de na Bunscoileanna agus Meánscoileanna áitiúla sa Bhaile. Tá bróisiúir nua curtha le chéile agus dáilte freisin ar óstáin agus ar ghnólachtaí áitiúla ina dtugtar breac-chuntas ar phríomhphointí spéise feadh an bhealaigh 4.5km.

## Seachtain na Rothar 2023

Bhí rath mór ar sheachtain na rothar arís in 2023. Bhí 23 imeacht difriúla ar siúl lena n-áirítear

Rothar leictreach agus rothaíochtaí treoraithe do theaghlaigh, ceardlanna scileanna rothaíochta do leanaí. Ghlac os cionn 300 rannpháirtí páirt ar fud an Chontae.

### Tionscadail Ealaíon Pobail

Cuireadh tús le dhá thionscadal in 2023 ina ndearna an tAonad Taistil Ghníomhaigh teagmháil le bunscoileanna agus meánscoileanna áitiúla. Ba é an chéad cheann díobh seo múrmhaisiú Taistil Ghníomhaigh agus Bithéagsúlachta a dhearadh agus a fhorbairt don Droichead uasbhealaigh ar Ghlasbhealach Bhaile Mhuineacháin. Is éard atá sa dara tionscadal ná gailearaí lasmuigh de shaothar ealaíne a thaispeántar feadh Ghlasbhealach Bhaile Mhuineacháin. Tá an saothar ealaíne á chur i dtoll a chéile faoi láthair agus á aistriú go 10 bpainéal móra a thaispeánfar feadh an Ghlasbhealaigh ó Ghort an Chaocháin go dtí Timpeallán Chúil Seannach.

### Scéimeanna Taistil Ghníomhaigh a Tógadh in 2023 ar an Lorgain, Carraig Mhachaire Rois

Sa scéim taistil ghníomhaigh seo tógadh cosán ar an LP-4931, chun forbairtí tithíochta a nascadh ar bharr Chnoc na Lorgan le lár bhaile Charraig Mhachaire Rois. Is éard a bhí i gceist leis an scéim ná cosán nua 120m ar fhad x 2m ar leithead a shuiteáil, mar aon le balla saoirseachta. Bhí ceannacháin talún ann freisin a bhí riachtanach chun an tionscadal seo a chur i gcrích. Críochnaíodh na hoibreacha i mí an Mheithimh 2023.

### Cosán na Mullaí - Mhachaire Airne

Cuimsíonn an tionscadal cosán 1.8m ar leithead agus soilsiú a sholáthar feadh bhóthar ceangail LT21501, chun sábháilteacht ar bhóithre agus rochtain ar an sráidbhaile a fheabhsú do chónaitheoirí. Chun an Nascacht ó chosáin nua agus ó chosáin atá ann cheana a chur i gcrích chuig an mbunscoil áitiúil, tá colbhaí íslithe agus cruthú trasrianta ardaithe neamhrialaithe ionchorpraithe ag an aonad taistil ghníomhaigh freisin.

### Sráidbhaile Achadh na hAbhla, Co. Mhuineacháin

Cuireadh scéim um Thaisteal Gníomhach ar fáil i Sráidbhaile Achadh na hAbhla chun bealach sábháilte do choisithe a chur ar fáil a fhad leis an sráidbhaile do chónaitheoirí an eastáit, agus do pháistí atá ag freastal ar an scoil áitiúil. Tá bealach siúlóide sábháilte cruthaithe ag na hoibreacha go dtí an ceann seo den sráidbhaile den chéad uair.



### Trasrian Coisithe Inis Caoin

Tógadh trasrian síogach nua in Éadan na mBeathach, Inis Caoin gar d'acomhal an bhóthair ag Eaglais Mhuire Mháthair na Trócaire. Fágann an bonneagar go bhfuil bealach siúil níos sábháilte chun na scoile, páirc CLG Inis Caoin agus eaglais Mháthair Mhuire na Trócaire anois.

### Sábháilteacht ar Bhóithre

Tá Plean Gníomhaíochta um Shábháilteacht ar Bhóithre do Co. Mhuineacháin á chur i bhfeidhm thar thrí chéim, agus clúdaíonn an chéad cheann acu 2023 agus 2024. Tá sé mar aidhm ag Plean Gníomhaíochta Co. Mhuineacháin an straitéis um shábháilteacht ar bhóithre náisiúnta a chur ar fáil go háitiúil trí bhásanna a laghdú faoi 15% agus gortuithe tromchúiseacha a laghdú faoi 10% faoi 2024.

Buaileann Grúpa Oibre um Shábháilteacht ar Bhóithre le Chéile Co. Mhuineacháin le chéile i gcónaí chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn chur i bhfeidhm na ngníomhartha sa phlean.

Léiríonn figiúirí sealadacha le haghaidh 2023, a d’eisigh an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, ardú i líon na dtimpistí marfacha i gContae Mhuineacháin. Bhí 7 mbás ann i Muineachán in 2023 i gcomparáid le 6 cinn in 2022.

Cuireadh tús arís leis na Taispeántais bhliantúla faoi Shábháilteacht ar Bhóithre do scoláirí na hIdirbhliana i mí an Mhárta 2023 tráth ar fhreastail thart ar 700 dalta ar imeachtaí in Amharclann Iontas agus in Amharclann an Gharáiste. Is é an Garda Síochána a d’eagraigh an ócáid agus í urraithe ag Comhairle Contae

Mhuineacháin, bhí cainteanna agus cuir i láthair ann ag baill de sheirbhísí an Gharda Síochána, Seirbhísí Dóiteáin agus Otharchairr mar aon le comhairleoir A&E agus adhlacóir i measc na gcainteoirí mar chuid den ócáid.

D'éirigh go maith i gcónaí le scoileanna Chontae Mhuineacháin sa chomórtas náisiúnta 'Sirriam Crios Sábhála' de chuid an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre. Tháinig daltaí rang a haon ó Scoil Naomh Pádraig, Corr an Chrainn, Scairbh na gCaorach sa dara háit lena bpóstaer "Driving Fast, Driving Slow, Seatbelt fast on the Go!".

Bhí freastal maith ar sheirbhís tástála suíochán cairr do leanaí 'Seiceáil an Oireann Sé' de chuid an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre, le dhá chuairt ar Bhaile Mhuineacháin agus cuairt amháin ar Charraig Mhachaire Rois in 2023.

# Seirbhísí Corparáideacha

Cuireann Seirbhísí Corparáideacha tacaíocht ar fáil don Bhainistíocht Shinsearach, don Chathaoirleach agus do Chomhaltaí Tofa. Tá sé freagrach as Cruinnithe míosúla na Comhairle, Cruinnithe an Ghrúpa um Beartas Corparáideach agus Cruinnithe an Chomhchoiste Póilíneachta a eagrú agus a bhainistiú. Tá an rannóg freagrach as an bPlean Corparáideach, an Tuarascáil Bhliantúil, an Plean Seachadta Seirbhíse Bliantúil, an Tuarascáil Mhíosúil Bainistíochta agus an t-athbhreithniú ar an gClár Riosca a chomhthiomsú.

Déanann Seirbhísí Corparáideacha comhordú freisin ar thiomsú Tháscairí Feidhmíochta bliantúla an Choimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (NOAC) don Chomhairle agus tá ról suntasach acu i dtéarmaí rialachais, ag cinntiú go gcomhlíonann an Chomhairle an Creat Eitice, an tAcht um Thús Áite do Leanaí, na Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí (GDPR), reachtaíocht a bhaineann le Saoráil Faisnéise agus Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaoil.

### Clár na dToghthóirí

Tar éis Cuid III den Acht um Athchóiriú Toghcháin a bheith curtha i bhfeidhm in 2023, tháinig athruithe suntasacha ar nósanna imeachta clárúcháin toghthóirí, go háirithe maidir leis an aistriú ó Thimthriall Bliantúil na nDréachtchlár, na gClár Beo agus na gClár Forlíontach go dtí Clár Leanúnach.

In 2023, ba é an príomhfhócas a bhí ag an bhfoireann ceart vótála ná an próiseas glantacháin sonraí a bhí dírithe ar an tacar sonraí den chaighdeán is airde is féidir a bhaint amach roimh an aistriú sceidealaithe chuig an mbunachar sonraí lárnach in 2025, mar a shainordaigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Leithdháil an Roinn maoiniú ar na húdaráis áitiúla chun tacú le feabhas a chur ar cháilíocht sonraí ar an gClár agus chun feasacht áitiúil ar shuíomh gréasáin https://www.checktheregister.ie/ga-IE/ a fheabhsú, ag cur béime ar an tábhacht a bhaineann le sonraí duine ar an gClár a nuashonrú.

Ba é an tosaíocht sonraí atá in easnamh faoi na toghthóirí atá ann cheana a ghabháil agus iomláine na sonraí a chinntiú (lena n-áirítear UPSP, Dáta Breithe, agus Éirchód). Bhain an cur chuige ginearálta tosaigh le díriú ar na figiúirí tosaigh a laghdú a oiread agus is féidir idir Iúil 2023 agus Feabhra 2024, agus ina dhiaidh tá straitéis níos spriocdhírithe beartaithe le haghaidh 2024 chun aghaidh a thabhairt ar réimsí sonracha amhail bailte fearainn aonair, eastáit tithíochta, agus teaghlaigh.

Áiríodh i bhfeachtas feasachta áitiúil cuimsitheach Chomhairle Contae Mhuineacháin, a rinneadh i mí Mheán Fómhair 2023, bileoga dáileadh ar gach teaghlach sa chontae, cláir fógraí, fógraí raidió, feachtais sna meáin shóisialta, comharthaíocht shealadach ar bhóithre, agus rannpháirteachas leis an bpobal. D'éirigh leis an bhfeachtas teagmháil mhéadaithe le checktheregister.ie a spreagadh agus feabhas a chur ar cháilíocht sonraí mar atá leagtha amach sna figiúirí atá curtha ar fáil thíos:

| | ***Figiúirí Tosaigh na Bliana 2023*** | | ***Figiúirí Deiridh Bliana 2023*** | |
|---|---|---|---|---|
| **Toghthóirí Ar Fad** | **50,600** | | **51,682** | |
| **Toghthóirí le Dáta Breithe** | **37,801** | **74 %** | **39,238** | **75.92 %** |
| **Toghthóirí le Éirchód** | **21,387** | **42 %** | **23,399** | **45.27 %** |
| **Toghthóirí le Dáta Breithe agus Éirchód** | **17,218** | **34 %** | **19,350** | **37.44 %** |
| **Toghthóirí le UPSP** | **548** | **1%** | **3,465** | **6.70%** |

Thug an Roinn suntas dár n-iarrachtaí agus mhol sí iad.

Chomh maith leis na feachtais, chuaigh Comhairle Contae Mhuineacháin i dteagmháil go gníomhach leis an bpobal trí pháirt a ghlacadh sa tSeachtain um Ionchuimsiú Sóisialta agus trí fhreastal ar chruinniú pobail den ghrúpa imirceach, Fáilte Isteach Monaghan. I rith na n-ócáidí sin, míníodh na próisis chlárúcháin agus vótála, agus spreagadh an lucht freastail chun clárú agus a gceart vótála a fheidhmiú.

Ina theannta sin, thug oibrithe allamuigh Clárúcháin cuairt ar mheánscoileanna laistigh den

chontae chun scoláirí idir 16-18 mbliana d'aois a chlárú agus a réamhchlárú. Rinne siad cuir i láthair maidir le rannpháirteachas vótála, rud a spreag scoláirí chun an teachtaireacht a chur in iúl dá dteaghlaigh faoin tábhacht a bhaineann le sonraí a chlárú, a nuashonrú nó a dheimhniú ar checktheregister.ie. Is fiú an fhreagairt dhearfach agus an rannpháirtíocht ó na tograí seo a lua, rud a shonraíonn an rath a bhaineann le rannpháirteachas leis an bpobal maidir le próisis toghcháin a fheabhsú.

## Saoráil Faisnéise

Faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014 tá ceart dlíthiúil ag daoine den phobal rochtain a fháil ar thaifid atá i seilbh an Údaráis Áitiúil. Fuair an Chomhairle **45 Iarratas** in 2023, ó bhaill de na meáin, ón Oireachtas, ó ionadaithe gnó agus ón bpobal i gcoitinne.

## Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol

Tugann Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol cearta dlíthiúla dóibh siúd atá ag iarraidh rochtain a fháil ar fhaisnéis faoin gcomhshaol ó údaráis phoiblí. Fuair an Chomhairle 14 iarratas in 2023.

## Nochtaí Cosanta

De réir Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, tuairiscíonn Comhairle Contae Mhuineacháin nach bhfuair sí aon nochtadh cosanta sa tréimhse dhá mhí dhéag ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023.

## Nascadh

Tá Comhairle Contae Mhuineacháin nasctha go hoifigiúil leis na ceantair seo a leanas:

- Geel, an Bheilg (tá paróiste Thigh Damhnata i dTuaisceart Mhuineacháin nasctha leis an gceantar seo freisin)
- Oileán Prince Edward, Ceanada
- Miramichi, Ceanada

Thaistil grúpa de 30 ó Thigh Damhnata go Baile Átha Cliath ar an Satharn an 13 Bealtaine chun cuairt a thabhairt ar an taispeántas ar Naomh Damhnait sa Ghailearaí Náisiúnta ag léiriú na bpictiúr atá mar chúlmhaisiú altóra i mainistir Tongerlo ag insint scéal an naoimh.

Thug Nelson Doyle Dancers, Miramichi New Brunswick, cuairt ar Mhuineachán i mí Lúnasa; d'fhan grúpa de 35 **ceithre oíche** i Muineachán agus d'fhreastail siad ar Fhleadh Cheoil na hÉireann ar an Muileann gCearr le linn dóibh a bheith ag stopadh ann.

Thug toscaireacht ó Cho. Mhuineacháin cuairt ar Oileán Prince Edward i mí an Mheithimh 2023 don cheiliúradh Irish Settler Days.

Thug grúpa de 12 ón Fort Augustus Irish Descendants Association cuairt ar Mhuineachán ar an Luan an 21 Lúnasa.

## Fáiltiú Cathartha

D'óstáil Comhairle Contae Mhuineacháin Fáiltiú Cathartha chun ómós a thabhairt don éacht iontach a rinne foirne Cluiche Corr Charraig Mhachaire Rois chun trí theideal Craobh na hÉireann a bhuachan in 2023. Reáchtáladh an ócáid in Oifigí Cathartha Charraig Mhachaire Rois áit ar bhronn an Cathaoirleach, an Comhairleoir David Maxwell plaiceanna comórtha ar chaptaein fhoirne Sinsearacha na bhFear, Measctha agus na mBan.

## Searmanas Bronnta Bliantúil

D'óstáil Comhaltaí Chomhairle Contae Mhuineacháin an 16ú Searmanas Bronnta Bliantúil ar an 18 Aibreán 2023 chun aitheantas a thabhairt do na daoine/grúpaí sin i gContae Mhuineacháin a bhain gaisce amach sna réimsí seo a leanas i rith 2023:

- Spórt agus Áineasa
- Na hEalaíona agus Cultúr
- An Óige
- Pobal
- Timpeallacht agus Oidhreacht

Tugadh aitheantas do 21 duine/grúpa as an méid a chuir siad lenár sochaí.

## Iniúchadh Inmheánach

Gníomhaíocht neamhspleách, oibiachtúil, dearbhaithe agus comhairliúcháin is ea Iniúchadh Inmheánach atá deartha chun luach a chur leis agus oibríochtaí Chomhairle Contae Mhuineacháin a fheabhsú. Ag obair i gcomhpháirtíocht leis an lucht bainistíochta,

tugann an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí cur chuige córasach, smachtaithe chun éifeachtacht rialuithe inmheánacha, bainistiú riosca agus próisis rialachais laistigh den eagraíocht a mheas agus a fheabhsú. Cuireann sé leibhéal cinnteachta ar fáil don Chomhairle, don Phríomhfheidhmeannach, don Fhoireann Bainistíochta agus don Choiste Iniúchóireachta maidir le socruithe rialaithe inmheánacha laistigh de Chomhairle Contae Mhuineacháin.

Cuireadh na tuarascálacha Iniúchóireachta Inmheánaí seo a leanas faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta in 2023:

- Seiceáil ar Mheaisíní Bainc (lena n-áirítear stocáireamh bliantúil san Oifig Mótarchánach) don bhliain 2022.
- Tuarascáil Iniúchóireachta ar SICAP don Bhliain 2021.
- Athbhreithniú ar Tháscairí feidhmíochta NOAC don bhliain 2022.
- Stocáireamh ar an Stór Clóis do Mheaisíní 2022.
- Cód caiteachais phoiblí – Ard an Radhairc, Carraig Mhachaire Rois.
- Cód caiteachais phoiblí – Scéim N2 Cluain Tiobrad go Bóthar Teorann.
- Cód caiteachais phoiblí – Scéim Deontais Oiriúnaithe Tithíochta.

Tiomsaíodh na Tuarascálacha Iniúchóireachta seo a leanas i rith na bliana freisin lena gcur ar aghaidh chuig an bhFoireann Bainistíochta Sinsearaí agus chuig an gCoiste Iniúchóireachta:

- Seiceáil ar Mheaisíní Bainc (lena n-áirítear stocáireamh bliantúil san Oifig Mótarchánach) don bhliain 2023.
- Stocáireamh Bliantúil sa Stór Clóis do Mheaisíní don bhliain 2023.
- Tuarascáil Iniúchóireachta ar SICAP don bhliain 2022.

Rinne an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú agus faomhadh ar an gCairt Iniúchóireachta Inmheánaí ar an 31 Eanáir 2023 agus an 28 Samhain 2023.

## Cruinnithe in 2023

Seo a leanas achoimre ar na cruinnithe a tionóladh in 2022:

| | |
|---|---|
| Cruinnithe na Comhairle (lena n-áirítear cruinniú CGB agus chruinniú Buiséid) | 16 |
| An Grúpa um Beartas Corparáideach (CPG) | 14 |
| Coiste um Beartais Straitéiseacha – Forbairt Eacnamaíoch agus Tacaíocht Fiontair | 05 |
| Coiste um Beartais Straitéiseacha - Iompar, Forbairt Tuaithe agus Pobail | 04 |
| Coiste um Beartais Straitéiseacha - Gníomhú ar son na hAeráide agus an Comhshaol | 03 |
| Coiste um Beartais Straitéiseacha - Tithíocht, Sóisialta agus Cultúrtha | 04 |
| Ceantar Bardasach Mhuineacháin | 11 |
| Ceantar Bardasach Charraig Mhachaire Rois-Bhaile na Lorgan | 11 |
| Ceantar Bardasach Bhéal Átha Beithe-Chluain Eois | 12 |
| An Coiste Iniúchóireachta | 05 |
| An Coiste Comhairleach Músaem | 02 |
| Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt | 02 |
| An Coiste Luasteorainneacha | 04 |
| Fóram Oidhreachta | 04 |
| Coiste L.I.S. Mhuineacháin | 02 |
| An Coiste Logainmneacha | 00 |
| Comhchoistí Póilíneachta (JPC) | 04 |
| Coiste Gaeilge | 01 |
| An Coiste um Chóiríocht don Lucht Siúil | 02 |
| Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil (CFPÁ) | 08 |

## Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)

**Cosaint Sonraí agus RGCS**

Tá Comhairle Contae Mhuineacháin tiomanta do shonraí pearsanta a chosaint agus tá meas aici ar chearta agus saoirsí bunúsacha daoine aonair. Bailíonn agus próiseálann sí méid suntasach sonraí pearsanta agus sonraí pearsanta Catagóire Speisialta i bhformáidí éagsúla gach lá chun an tseirbhís is éifeachtaí agus is ardchaighdeáin a sholáthar chun freastal ar riachtanais na saoránach, na bpobal agus na ngnólachtaí laistigh den Chontae.

In 2023, lean Comhairle Contae Mhuineacháin ag forbairt dea-chleachtais chun comhlíonadh a

chinntiú agus cuntasacht a léiriú faoin RGCS agus faoi chosaint sonraí. Áiríodh leis an obair seo na beartais, na nósanna imeachta agus na prótacail riachtanacha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, sonraí pearsanta a phróiseáil ar bhealach oscailte agus trédhearcach, iarratais rochtana ábhair sonraí agus iarratais an Gharda Síochána a phróiseáil, ardú feasachta agus oiliúint foirne a sheachadadh agus fógra a thabhairt faoi sháruithe slándála sonraí.

Faoi RGCS tá roinnt ceart ag daoine aonair, lena n-áirítear ceart rochtana ar na sonraí pearsanta atá ag an gcomhairle orthu. In 2023, fuair an chomhairle ocht n-iarratas ar rochtain ar ábhar sonraí agus d'fhreagair iad.

Ina theannta sin, dhéileáil an Chomhairle leis na hiarratais/teagmhais seo a leanas: -

| | |
|---|---|
| Iarratais Duine ar a S(h)onraí | 8 |
| Iarratais ar TCI | 25 |
| Fógraí faoi Sháruithe ar Shonraí chuig an gCoimisiún um Chosaint Sonraí | 6 |

## Eitic

Ceanglaítear le halt 19 den Acht um Thoghcháin Áitiúla (Síntiúis agus Caiteachas a Nochtadh) 1999 ar gach comhalta tofa ráiteas síntiús a thabhairt don Údarás Áitiúil, tráth nach déanaí ná an 31 Eanáir, an bhliain féilire roimhe sin, á rá cibé an bhfuair an comhalta síntiús níos mó ná €600 le linn na bliana féilire roimhe sin. Fuarthas 17 bhfoirm chomhlánaithe faoin dáta deiridh nó roimhe sin, an 31 Eanáir. Seoladh foirm amháin ar ais ar an 3 Feabhra 2023. Fuarthas Tuairisceán Neamhní ó na 18 gComhalta ar fad.

Ceanglaítear i gCuid 15 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 ar gach comhalta den chomhairle agus ar an bhfoireann ábhartha foirm a chomhlánú i leith a gcuid leasanna is gá a fhógairt a shealbhaítear i rith na tréimhse forordaithe agus an dearbhú bliantúil a thabhairt don Chláraitheoir Eitice tráth nach déanaí ná an lá deireanach de mhí Feabhra. Fuarthas 18 bhfoirm chomhlánaithe, ó chomhaltaí tofa, faoin dáta deiridh den lá deiridh d'Fheabhra 2023. Iarradh ar 68 ball foirne ábhartha foirm dhearbhaithe a chomhlánú, fuarthas 64 foirm chomhlánaithe ón bhfoireann ábhartha roimh an lá deireanach d'Fheabhra 2023, le 4 bhall foirne ag comhlánú a bhfoirmeacha i mí an Mhárta 2023.

Ag deireadh 2023 bhí imscrúdú leanúnach amháin ann maidir le sárú féideartha i ndáil le Cuid 15 (Creat Eiticiúil don tSeirbhís Rialtais Áitiúil) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 agus leis an gCód Iompair do Chomhairleoirí.

## Cumarsáid

Úsáideann Comhairle Contae Mhuineacháin meascán d'uirlisí cumarsáide digiteacha agus traidisiúnta chun scéal Chomhairle Contae Mhuineacháin a insint go réamhghníomhach agus go dearfach dár lucht féachana. Cuireann Cumarsáid Inmheánach nuacht agus faisnéis cothrom le dáta ar fáil don fhoireann. In 2023, tá méadú tagtha ar líon na mball foirne a úsáideann an aip Reach agus tugadh isteach nuachtlitir choicísiúil foirne chun cumarsáid inmheánach a fheabhsú. Coinnítear ár lucht féachana seachtrach suas chun dáta trí chainéil éagsúla, lena n-áirítear ár suíomh gréasáin, an preas áitiúil agus na meáin chraolta, ardáin na meán sóisialta agus foilseacháin Chorparáideacha.

Úsáideann an Chomhairle a suíomh gréasáin www.monaghan.ie mar cheann dá príomh-mhodhanna cumarsáide atá ar fáil ceithre uair is fiche, trí chéad seasca a cúig lá den bhliain. Úsáideann an Chomhairle an suíomh gréasáin mar phríomhuirlis chun teachtaireachtaí na Comhairle a chur in iúl dár lucht féachana le haghaidh úsáid réamhghníomhach ó thaobh seirbhísí, nuacht agus imeachtaí na Comhairle de agus i gcás freagairt do ghéarchéimeanna nó do chásanna éigeandála. I rith 2023, chuaigh an chomhairle i dteagmháil leis na meáin chraolacháin áitiúla agus náisiúnta ar bhonn rialta agus chuir sí ráitis agus preaseisiúintí meán a bhí tráthúil agus cruinn ar fáil chun poiblíocht dhearfach ar ardchaighdeán a sheachadadh.

Cuireann ár n-ardáin Meán Sóisialta le cur chun cinn agus feasacht na Comhairle agus úsáidtear

iad chun faisnéis a chraoladh faoinár seirbhísí, faoin nuacht, agus faoinár n-imeachtaí. Lig na Meáin Shóisialta don Chomhairle a líonra cumarsáide a leathnú agus teagmháil níos éifeachtaí a dhéanamh leis an bpobal. In 2023 tá méadú suntasach tagtha ar líon na leantóirí ar ár n-ardáin Meán Sóisialta. Tá sonraí leagtha amach sa tábla thíos.

| Ardán Meán Sóisialta | Clúdach – líon An méid uaireanta a thaispeántar d'inneachar | Teagmháil (Daoine a thugann 'is maith', a | Leantóirí | Líon iomlán na |
|---|---|---|---|---|
| Facebook – 2023 | Méadú 355,000 (65.3%) ó 2022 (bhí na postálacha ar fad orgánach | 16,100 (0.4%) 202 | comhaireamh gach mí – | 13,000 |
| Twitter (X) – | | 3.1 | n/ | 5,335 |
| Instagram – 90 lá anuas- 1,725 | | 66 | 113 | 1,153 |
| LinkedIn – | 12,47 | 3,68 | 87 | 1,199 |

- **Facebook** - an t-ardán is mó tóir.
- **Instagram agus LinkedIn** – ardáin atá ag fás

## Tuarascáil Bhliantúil Choiste na Gaeilge 2023

Díríonn Coiste na Gaeilge Comhairle Contae Mhuineacháin ar úsáid na Gaeilge a chur chun cinn sa Chontae chomh maith lena chinntiú go gcomhlíonann an Chomhairle a ndualgais faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla. Bunaíodh an Coiste agus toghadh na Comhairleoirí seo a leanas: An Comh. Pat Treanor, An Comh. Cathy Bennett, An Comh. Richard Truell, An Comh. Raymond Aughey agus An Comh. Hugh McElvaney.

In 2023 bhí an méid seo a leanas san áireamh i ngníomhaíochtaí an Choiste:

1. Reáchtáil an Coiste 4 chruinniú.
2. D'eagraigh an Coiste ceolchoirm do Nollaig na mBan.
3. Bhain dhá ghrúpa pobail leas as maoiniú Sheachtain na Gaeilge.
4. Bronnadh 37 scoláireacht ar mhic léinn chun freastal ar an nGaeltacht.
5. Mhaoinigh an Coiste Comhaltas Uladh chun Ómós na nUltach a óstáil, cumtha ag Michael Rooney, in Amharclann an Gharáiste.
6. Tugadh maoiniú do Chomhaltas Chontae Mhuineacháin chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn san Fhleadh.
7. Thacaigh an Coiste le Muineachán le Gaeilge chun campa samhraidh Gaeilge a chur ar fáil.
8. D'oibrigh an Chomhairle i dtreo Roinn 10(a) den ghníomh a chomhlíonadh.
9. In 2023 chaith an Coiste beagnach €12000
10. In 2024 tá súil againn leanúint le dea-obair an Choiste agus a chinntiú go gcloíonn an Chomhairle go hiomlán le hAcht na dTeangacha Oifigiúla.

# Acmhainní Daonna

## Earcaíocht

| Earcaíocht | 2022 | 2023 |
|---|---|---|
| **Comórtais a reáchtáladh** | 34 | 49 |
| **Iarratais a próiseáladh** | 720 | 1140 |
| **Agallaimh a rinneadh** | 506 | 663 |
| **Iarrthóirí a ceapadh/ar tugadh ardú céime dóibh** | 107 | 85 |

## Líon na nDaoine

Ba é seo a leanas líon na foirne i gComhairle Contae Mhuineacháin an 31 Nollaig 2023:

| Príomhfhoireann | Líon | Coibhéis Fostaí Lánaimseartha |
|---|---|---|
| Bainistiúil | 4 | 4 |
| Cléireachas/Riarachán | 191 | 180.16 |
| Gairmiúil/Teicniúil | 102 | 100 |
| Lasmuigh | 137 | 131.4 |
| Príomhfhoireann Iomlán | 434 | 415.56 |
| Poist ar Conradh | 12 | 10.66 |
| Sealadach/Séasúrach | 2 | 2 |
| Comhraiceoirí Dóiteáin ar Áirithíocht | 49 | N/B |
| Neamh DoEC&LG | 4 | 1.86 |
| Poist Iomlána Eile | 67 | 14.52 |

## Daoine a chuaigh ar scor i rith 2023

| | Ainm | Grád | Roinn |
|---|---|---|---|
| 1 | Lee Conlon | Comhraiceoir Dóiteáin Páirtaimseartha | Seirbhísí Dóiteáin |
| 2 | Brendan Buckley | Oifigeach Cosanta Sibhialta | Rialú Dóiteáin/Tógála |
| 3 | Ann Murray | Oifigeach Riaracháin | Pobal |
| 4 | Briege Brosnan | Glantóir | Seirbhísí Corparáideacha |
| 5 | John Murray | Ceann Rannóg an Airgeadais | Foireann Bainistíochta |
| 6 | Brenda McElvaney | Glantóir | Seirbhísí Corparáideacha |
| 7 | Catherine Elliot | Leabharlannaí an Chontae | Seirbhís Leabharlainne |
| 8 | Ciaran Trant | Oifigeach Teagmhála Tionóntaí | An Rannóg Tithíochta |
| 9 | Kevin Clerkin | Maor Gníomhach (Ceardaíocht) | An Rannóg Tithíochta |
| 10 | Francis Meehan | Feighlí W&S | Seirbhísí Uisce |
| 11 | Damien Douglas | Tiománaí B | Ceantar Bardasach Mhuineacháin |
| 12 | Danny Murtagh | Oibrí Ginearálta | Ceantar Bardasach Charraig Mhachaire Rois-Bhaile na Lorgan |
| 13 | Briege Quinn | Ceannasaí Gníomhach ar Oifig Fiontair Áitiúil | Oifig Fiontair Áitiúil |
| 14 | Paddy Reilly | Feighlí | Teach na Cúirte |

## Aip - An Fórsa Saothair a Phleanáil

In 2023 d'oibrigh an rannóg Acmhainní Daonna le forbróir chun aip Fórsa Saothair a Phleanáil a chruthú a dhéanfadh digitiú agus uathoibriú ar an bpróiseas chun cásanna gnó a chruthú agus a fhaomhadh agus chun bunachar sonraí láraithe a chothabháil a léireodh baill foirne reatha ina róil agus ina rannóga agus na folúntais laistigh den eagraíocht.

Tá Céim 1 den Aip Fórsa Saothair a Phleanáil tagtha i bhfeidhm ó thús 2024 agus tá an t-aiseolas a fuarthas dearfach ag an mBainistíocht Shinsearach agus Bainisteoirí Líne.
Díreoidh Céim 2 den aip ar earcaíocht a dhigitiú agus táthar ag súil go 'dtiocfaidh sí i bhfeidhm' in 2024.

Is é príomhsprioc an Aip Fórsa Saothair a Phleanáil ná córas a chruthú a chuirfidh ar chumas an lucht bainistíochta cinntí eolasacha a dhéanamh maidir le riachtanais an lucht saothair amach anseo agus éifeachtúlachtaí níos fearr a chruthú don eagraíocht ina hiomláine.

## Oiliúint & Forbairt

Chuaigh an Rannóg Acmhainní Daonna i gcomhairle le bainisteoirí líne agus leis an bhfoireann chun a bhforbairt phearsanta agus ghairme a chur chun cinn agus a chur ar a gcumas a n-inniúlacht a bhaint amach agus cur go hiomlán le haidhmeanna straitéiseacha agus gnó na Comhairle a bhaint amach.
Cuireadh clár cuimsitheach oiliúna ar fáil do bhaill foirne in 2023 agus ba é an príomhfhócas i mbliana Oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta, Oiliúint Reachtúil, Ár gCeannairí agus Maoirseoirí a Chumasú, Meantóireacht, Oiliúint um Ghníomhú ar son na hAeráide, Dualgas na hEarnála Poiblí agus forbairt córais nua ePMDS a tugadh isteach in 2023 chun cabhrú le riachtanais oiliúna a ghabháil agus cuireadh oiliúint ar fáil do gach bainisteoir líne agus dá bhfoireann ar an gcóras nua seo.

D'fhreastail baill foirne éagsúla i gComhairle Contae Mhuineacháin ar 189 cúrsa Oiliúna (Duine le Duine/Ar Líne), Seimineáir, Seimineáir Ghréasáin agus 19 gcomhdháil san iomlán in 2023. Áirítear leis an bhfigiúr seo 30 cúrsa oiliúna inmheánach. Cuireadh Oiliúint Ionduchtaithe ar fáil do 55 Iontrálaí Nua.

### Cúrsaí Oiliúna ar siúl idir an 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023

| | |
|---|---|
| **Cúrsaí/Ceardlanna Oiliúna** | 189 |
| **Comhdhálacha** | 19 |
| **Líon na Laethanta Oiliúna** | 1943.5 |

### Oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta

Tá Comhairle Contae Mhuineacháin tiomanta cultúr sábháilte dearfach a chur chun cinn agus cleachtais sábháilteachta mhaithe a leabú. Cuireadh na cúrsaí oiliúna seo a leanas ar fáil d'fhostaithe in éineacht le líon faisnéisithe sábháilteachta inmheánacha le cinntiú go gcloíonn baill foirne le cleachtais Sláinte & Sábháilteachta ina ngníomhaíochtaí ó lá go lá.

### Cúrsaí Sláinte & Sábháilteachta a cuireadh ar fáil in 2023

| |
|---|
| **Roithleáin scríobacha** |
| **Ard-athchóiriú bóthair** |
| **Oiliúint Sábh Slabhrach** |
| **Pas Sábháilte** |
| **Oiliúint maidir le hÚsáid Sábháilte Lotnaidicídí PA1 & PA6** |
| **Forcardaitheoir** |
| **CSCS LUGS** |
| **Garchabhair/Oiliúint Dífhibrileora Athbheochan Charda-scamhógach** |
| **Bainistíocht Tráchta Sealadach** |
| **Lomaire léana/Ciumhaisire a oibriú** |
| **Soilsiú agus Cosaint Comharthaíochta CSCS** |
| **Sláinte agus Sábháilteacht CSCS @ Oibreacha Bóthair** |
| **Tiománaí CPC** |
| **Sluasaid Ualaithe** |
| **Láimhsiú Sábháilte** |
| **Oibritheoirí Seirbhísí Geimhridh** |
| **Ardán Oibre Soghluaiste Ardaithe** |
| **Cigireachtaí ar Chlóis Súgartha** |
| **Oiliúint Mhaoirseachta do GSS** |
| **Iompraíocht Ionsaitheach a Bhainistiú** |
| **Oiliúint do Mhaor Bruscair** |
| **Oiliúint maidir le Measúnú Guaise agus Riosca** |
| **Oiliúint i gCórais Shábháilte ag an Obair** |
| **Oiliúint do Chathaoir Aslonnaithe** |
| **Ag Obair in Aice le hUisce** |

### Oiliúint d'Iontrálaithe Nua

Cuireadh Oiliúint Ionduchtaithe ar fáil do 55 fostaí

nua a thosaigh i gComhairle Contae Mhuineacháin in 2023.

### Clár Oiliúna um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023

Tá oiliúint um Ghníomhú ar son na hAeráide fós ina tosaíocht ag Comhairle Contae Mhuineacháin Is éard atá sa chlár seo a leanas ná sraith cúrsaí a bhfuil gach ceann acu curtha in oiriúint agus deartha do spriocghrúpaí sonracha laistigh den Údarás Áitiúil:

- Gníomhú ar son na hAeráide ag Tabhairt Beart i gCrích
- Gníomhú ar son na hAeráide - Oiliúint a chumasaíonn Athrú
- Gníomhú ar son na hAeráide agus Deiseanna Eacnamaíocha
- Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide - Céim 2
- Oiliúint ar Fheasacht ar Ghníomhú ar son na hAeráide

### Foghlaim agus Forbairt

Lean an Rannóg Oiliúna ag cur lena clár foghlama agus forbartha in 2023 le béim ar leith ar bhaill foirne a chur ar fáil leis na hinniúlachtaí riachtanacha atá ag teastáil dá ról. Chuir Comhairle Contae Mhuineacháin cúnamh airgeadais ar fáil do 29 ball foirne chun tabhairt faoi chúrsaí tríú leibhéal/forbartha gairmiúla in 2023 agus chuir siad tacaíocht leanúnach ar fáil freisin don fhoireann atá ag leanúint ar aghaidh ag foghlaim ina gcúrsaí tríú leibhéal ó 2022.

### An Tríú Leibhéal/Foghlaim agus Forbairt

| | |
|---|---|
| **Oideachas Tríú Leibhéal** | 10 |
| **Teastas/Dioplóma/Céim i Staidéar Rialtais Áitiúil** | 12 |
| **Ceannaireacht sa Rialtas Áitiúil** | 3 |
| **Ceannaireacht do Mhná** | 4 |

### Cothromaíocht Oibre is Saoil

Tá Comhairle Contae Mhuineacháin tiomanta do bhearta an Achta um Chothromaíocht Oibre agus Saoil agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2023 a chur i bhfeidhm. Foráiltear leis an Acht tacú le fostaithe chun cothromaíocht níos fearr a fháil idir saol an teaghlaigh, saol oibre agus freagrachtaí cúraim. Tháinig forálacha an Achta i bhfeidhm i rith 2023 agus tá na Ciorcláin ábhartha ar fáil d'fhostaithe.

Tá Comhairle Contae Mhuineacháin tiomanta go fóill do bheartas oibre cumaisc a chuimsíonn na deiseanna le haghaidh cianobair agus obair chumaisc, chun an caighdeán is airde seirbhísí poiblí a sholáthar go díreach do shaoránaigh agus do phobail áitiúla.
Measann Comhairle Contae Mhuineacháin gur féidir le hobair chumaisc solúbthacht a mhéadú, sláinte agus folláine a fheabhsú, agus cothromaíocht oibre is saoil a fheabhsú. Tá obair chumaisc mar chuid dár dtiomantas do bheith inár bhFostóir Rogha.

### Sláinte & Folláine

Chuir Comhairle Contae Mhuineacháin réimse scéimeanna um chothromaíocht oibre is saoil ar fáil chun cabhrú le baill foirne cothromaíocht oibre is saoil a bhaint amach, lena n-áirítear Scéim Oibre Bliain níos Giorra, Scéim Saoire Mháithreachais, Saoire Thuismitheoireachta, Saoire Atharthachta, Saoire Thuismitheoireachta Nua, Postroinnt, Sosanna Gairme, Saoire Scrúduithe, Obair Chumaisc, Saoire Force Majeure, Saoire Mhéala agus an Scéim Rothaíochta go hionad oibre.

Tá sé mar aidhm ag Comhairle Contae Mhuineacháin Sláinte & Folláine a chur chun cinn san Eagraíocht. Cuireann Clár Cúnaimh d'Fhostaithe de chuid Spectrum Life líne chúraim 24/7 ar fáil atá go hiomlán faoi rún agus a thairgeann tacaíocht agus comhairleoireacht do gach ball foirne i gComhairle Contae Mhuineacháin. D'eagraigh an coiste Sláinte agus Folláine roinnt imeachtaí ar éirigh go han-mhaith leo don fhoireann le linn 2023:

- Imeacht folláine – Comórtas Grianghraf Nollag, Cur i láthair cothaitheach agus Lá na nGeansaithe
- Siúlóidí Folláine i rith am lóin
- Oiliúint ar Rothair Leictreacha lena n-úsáid ag baill foirne i gComhairle Contae Mhuineacháin

### An Bhearna Phá idir na Fir agus na Mná 2023

D'fhoilsigh Comhairle Contae Mhuineacháin a Tuarascáil um an bhearna phá idir na fir agus na mná do 2023 ar an 20 Nollaig 2023. Is ionann an bhearna phá idir na fir agus na mná agus an difríocht i meánphá in aghaidh na huaire na bhfear agus na mban ar fud lucht saothair. Éilíonn An tAcht um Fhaisnéis faoin

mBearna Phá idir na hInscní, 2021 ar eagraíochtaí ina bhfuil os cionn 250 fostaí sonraí maidir le bearna phá idir na fir agus na mná a fhoilsiú roimh dheireadh gach bliain féilire agus laistigh de shé mhí óna ndáta tagartha. Roghnaigh Comhairle Contae Mhuineacháin agus gach údarás áitiúil sa tír an 30 Meitheamh 2023 mar an dáta tagartha.

Ní mór an t-eolas a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an fhostóra nó ar bhealach eile atá inrochtana do gach fostaí agus don phobal.
Féach cóip de Thuarascáil ar an mbearna phá idir na fir agus na mná de chuid Chomhairle Contae Mhuineacháin 2023 ar shuíomh gréasáin Chomhairle Contae Mhuineacháin nó cliceáil anseo: **https://monaghan.ie/humanresources/publi cations/**

# Ceantar Bardasach Bhéal Átha Beithe-Chluain Eois

## Clár Bóithre 2023

In 2023, thug Ceantar Bardasach Bhéal Átha Beithe-Chluain Eois faoi chlár substaintiúil forbartha ar an mbonneagar bóithre. Rinne an Ceantar Bardasach oibreacha draenála, forleagain bitmac agus cóiriú dromchla ar chúig bhóthar áitiúla agus ar dhá bhóthar réigiúnacha sa cheantar ar luach €2.1 milliún faoin scéim deontas feabhsúcháin athchóirithe. Ceadaíodh maoiniú breise chun trí bhóthar áitiúla eile a athdhromchlú faoin scéim deontas feabhsúcháin athchóirithe. Bhí 28km eile de dhromchla na mbóithre cóirithe ar fud an Cheantair Bhardasaigh. Thug an Ceantar Bardasach faoi dheisiúcháin/cothabháil ghinearálta fhairsing ar an ngréasán bóithre sa cheantar chomh maith, mar shampla deisiúcháin/glanadh lintilí, paisteáil bóithre, gearradh fálta, scuabadh agus easghlanadh. Rinneadh dreideáil ar 4.5km a bhuí le maoiniú Oiriúnaithe Aeráide & Athléimneachta chun tuilte a mhaolú.



Scéim RI R181



Scéim RM



An Choill Mhór Thoir, oibreacha maolaithe tuile

## Oibreacha Feabhsúcháin Sábháilteachta ar Chostas Íseal

Cuireadh dhá thionscadal feabhsúcháin sábháilteachta ar chostas íseal i gcrích in 2023 ag an Iúr/agus Camphill.

## Clár Athnuachana Pháirc Uí Néill, Cluain Eois

Mar gheall ar mhaoiniú a fuarthas ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige dar luach €45,000, bhíothas in ann na háiseanna clóis súgartha atá ann cheana féin ag Páirc Uí Néill Chluain Eois a dheisiú agus a uasghrádú.



Páirc Súgartha Uí Néill

## Uasghrádú ar Chlós Súgartha Chorr Uí Bhraonáin

Cheadaigh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail maoiniú thart ar €195,000 le cistiú meaitseála €21,000 le Clós Súgartha Chorr Uí Bhraonáin atá ann cheana a uasghrádú. Lorgaíodh agus faomhadh maoiniú breise ón RLCMLÓ go dtí luach €18,000 + Cistiú Meaitseála de €6,000. Tá Pleanáil Chuid 8 ceadaithe. Le leithdháileadh maoinithe meaitseála na Comhairle de €27,000, tiocfaidh buiséad iomlán an tionscadail go dtí os cionn €240,000. Tá oibreacha le tosú i R1 2024 le fad measta conartha de 3 mhí.



Páirc Chorr Uí Bhraonáin

## Scéim um Bonneagar Caitheamh Aimsire

### Lasmuigh Linn Snámha Bhéal Átha Beithe

Sholáthar an Scéim um Bonneagar Caitheamh Aimsire Lasmuigh maoiniú timpeall €150,000 chun ceantar trá/linn snámha a chur ar fáil feadh chladach Loch Major i bPáirc Bhaile Bhéal Átha Beithe. Chuir na hoibreacha seo feabhas ar Pháirc Bhaile Bhéal Átha Beithe a bhfuil an-tóir ag an bpobal air, chuir áis ar fáil atá inrochtana do gach díograiseoir ar maith leo a bheith amuigh faoin aer agus díograiseoirí uiscebhunaithe agus cuireann siad lúb siúil níos sábháilte ar fáil trí chosáin a sholáthar feadh an bhóthair rochtana isteach sa pháirc. Chuir cónaitheoirí Bhaile Bhéal Átha Beithe fáilte mhór roimh na hoibreacha. Tá ceantar curtha ar fáil acu inar féidir le muintir na háite teacht le chéile agus áis curtha ar fáil do dhaoine atá ag déanamh bolg le gréin, surfálaithe, agus clubanna uiscebhunaithe sa cheantar chun cleachtadh a dhéanamh leis an limistéar nua seolta atá curtha ar fáil.

D'oscail an tAire Heather Humphreys Linn Snámha Bhéal Átha Beithe go hoifigiúil ar an 8 Meitheamh 2023.



Oscailt oifigiúil, an tAire Heather Humphreys, Comhaltaí Tofa agus Foireann Chomhairle Contae Mhuineacháin

### Baile agus Sráidbhaile

### Mionpháirc Shráid Fhear Manach

Cheadaigh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail maoiniú do Scéim Feabhsúcháin Shráid-dhreach Shráid Fhear Manach. Ceadaíodh cuid den mhaoiniú seo chun Mionpháirc agus spás Glas a thabhairt isteach ar Shráid Fhear Manach a chuirfidh le tarraingt foriomlán an bhaile mar áit le bheith ag cónaí ann, le hoibriú ann agus le cuairt a thabhairt air. Áireofar sa pháirc suíocháin do láithreacha scíthe do choisithe, agus tírdhreachtú agus plandú chun spás glas agus bithéagsúlacht a thairiscint. Tabharfaidh sí aghaidh freisin ar shuíomh tréigthe eile atá gar do chuid de shuíomhanna Scéim Athnuachana Chluain Eois. Críochnaíodh oibreacha in R4 2023.



Mionpháirc Shráid Fhear Manach

### An Scéim Sráid-dreacha

Tá 2 Scéim Sráid-dreacha leata amach i gCluain Eois, an Diamant i gCluain Eois agus Sráid Fhear Manach. D'fhorbair Craftstudio Architecture plean le haghaidh seachadadh tionscadail ag teacht le hOidhreacht an bhaile.

Fuair An Diamant i gCluain Eois maoiniú dar luach €100,000 agus fuair Sráid Fhear Manach maoiniú dar luach €232,000 rud a thugann

cúnamh deontais d'úinéirí réadmhaoine chun aghaidheanna a bhfoirgneamh a phéinteáil agus a fheabhsú, cuireadh oibreacha i gcrích i Ráithe 4 2023.



## Pleananna Físe an Droma agus Bhuíochair

Chumasaigh maoiniú Bailte & Sráidbhailte 2022 i gCeantar Bardasach Bhéal Átha Beithe Chluain Eois pleananna físe a fhorbairt do shráidbhailte an Droma agus Bhuíochair, le maoiniú €25,000 le haghaidh gach tionscadail. Thug na Consultants Sheridan Woods Architects & Urban Planners faoi chomhairliúchán poiblí agus bhíothas an-dearfach faoi. Sainaithnítear sna pleananna físe príomhthosaíochtaí do na sráidbhailte go dtí 2030 agus ina dhiaidh sin. Sheol an tAire Heather Humphreys na pleananna físe go hoifigiúil i mí na Samhna 2023.

## Taisteal Gníomhach

Tá réimse leathan Tionscadal Taistil Ghníomhaigh á ndéanamh i gContae Mhuineacháin. Tá deich dtionscadal ar siúl faoi láthair i gCeantar Bardasach Bhéal Átha Beithe-Chluain Eois. Áirítear leo sin:

Oiriúnú Acomhail ar Chostas Íseal - Cúil Darach (áit a dtagann an R189 le chéile leis an R183) le leithdháileadh de €50,000. Scéim taistil ghníomhaigh ag an Nasc Síochána i gCluain Eois, ag a bhfuil leithdháileadh de €75,000 aici le haghaidh 2023, agus tá €700,000.00 ceadaithe ag an Údarás Náisiúnta Iompair le haghaidh Tógála.

Scéim taistil ghníomhaigh Shráidbhaile Loch Éigis le leithdháileadh €225,000,

SRTS - Naomh Tiarnach €10,000. Pleananna taistil ghníomhaigh Soghluaisteacht Uirbeach/Inbhuanaitheachta (Baile na Lorgan, Béal Átha Beithe, Cluain Eois, Carraig Mhachaire Rois) €65,000.

Cosán Bhéal Átha Beithe - R162 Bóthar Mhuineacháin €57,000. Cosán Chluain Eois - Lána Cannons €56,000.
Cosán Chluain Eois - Bóthar Thír Choininse €323,000.

Cosán na Mullaí - Mhachaire Airne €68,000.

Taisteal Gníomhach Shráidbhaile Achadh na hAbhla €43,000.

## Cruinnithe den Cheantar Bardasach

Thionóil na Comhaltaí Tofa a gCruinniú Cinn Bhliana i mí an Mheithimh 2023. Toghadh an Comhairleoir Sean Gilliland ina Chathaoirleach agus an Comhairleoir Pat Treanor ina Leas-Chathaoirleach.



**Cathaoirleach nuathofa, an Comh. Sean Gilliland agus Leas Chathaoirleach, an Comh. Pat Treanor (Cathaoirleach atá ag Dul as Oifig, an Comh. Hugh McElvaney agus an Leas Chathaoirleach, an Comh. Sean Gilliland), Comhaltaí Tofa agus Foireann**

## Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe

D'ullmhaigh Ceantar Bardasach Bhéal Átha Beithe - Chluain Eois iarratais shuntasacha roimhe seo do bhailte Chluain Eois agus Bhéal Átha Beithe agus d'éirigh leo maoiniú a fháil don dá bhaile.

Tugann tionscadal Bhaile Bhéal Átha Beithe an deis Teach an Mhargaidh, An Phríomhshráid Béal Átha Beithe, a athchóiriú ó thaobh ailtireachta de agus é a fhorbairt. Tá an struchtúr seo folamh agus fágtha díomhaoin i bhfad os cionn deich mbliana, tá drochbhail air le tamall anuas agus tá sé beartaithe ag Comhairle Contae Mhuineacháin é a athchóiriú agus an foirgneamh a úsáid mar Mhol Leabharlainne agus Pobail nua.



Teach an Mhargaidh, Béal Átha Beithe

Leithdháil Cistí um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe €400,000 ar Chomhairle Contae Mhuineacháin chun Teach an Mhargaidh a cheannach chun an tionscadal seo a chur chun cinn.
Ceapadh Sainchomhairleoirí Dearaidh.

### Glasbhealach Chluain Eois chuig na Mullaí

D'éirigh le Ceantar Bardasach Bhéal Átha Beithe/Chluain Eois maoiniú €100,000 a fháil tríd an gCiste Cánach Carbóin 2020 chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar na tograí chun Glasbhealach a chur ar fáil ó na Mullaí go Cluain Eois ag tógáil ar an staidéar féidearthachta a críochnaíodh i lár 2019.

Ceapadh Clandillon Civil Consulting, rud a d'fhág gur críochnaíodh staidéir chomhshaoil, agus cuireadh roghanna bealaí ar fáil. Tugadh faoi chomhairliúcháin phoiblí fhairsinge sular roghnaíodh na bealaí ab fhearr.



Comhairliúchán Poiblí

Tar éis próiseas breise soláthair, cheap an Chomhairle McAdam Consulting Engineers chun an tionscadal a chur ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile, i.e. réamhdhearadh mionsonraithe agus gach faomhadh reachtúil riachtanach a fháil. Tá an suirbhé topagrafach ar an mbealach agus na hoibreacha imscrúdaithe láithreáin críochnaithe. Tá an réamhdhearadh críochnaithe, tá dearadh mionsonraithe ar siúl i gcomhréir le treoirlínte bainistíochta tionscadal Bhonneagar Iompair Éireann. Tá cruinnithe le príomhpháirtithe leasmhara agus úinéirí talún feadh an bhealaigh ar siúl i gcónaí. D'ullmhaigh na comhairleoirí dearaidh cáipéisíocht phleanála. Cuireadh tuarascáil dearaidh don tionscadal faoi bhráid Bhonneagar Iompair Éireann agus cuireadh iarratas pleanála Chuid 8 faoi bhráid na comhairle.

### Glasbhealach - Béal Átha Beithe go Baile na Lorgan

D'aontaigh Ceantar Bardasach Bhéal Átha Beithe – Chluain Eois, agus Ceantar Bardasach Charraig Mhachaire Rois – Bhaile na Lorgan i gcomhpháirt roimhe seo chun comhairleoir a mhaoiniú chun staidéar féidearthachta agus tuairisc srianta a dhéanamh ar ghlasbhealach beartaithe feadh líne an tsean-iarnróid idir Béal Átha Beithe agus Baile na Lorgan, ag nascadh Dúthamhlacht. Fuarthas maoiniú faoi Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh na Roinne chun an tionscadal a chur chun cinn. Tá Comhairleoirí Sibhialta Clandillion tar éis dul ar aghaidh go Céim 2 - Roghnúchán Rogha.

## Ciste Aitheantais Pobail

Tá sé mar aidhm ag an gCiste Aitheantais Pobail 2023 seo tacú le bonneagar agus áiseanna pobail a fhorbairt mar aitheantas ar an méid atá á dhéanamh ag pobail ar fud na tíre chun fáilte a chur roimh líon suntasach daoine nua atá ag teacht isteach ón Úcráin agus ó thíortha eile agus iad a óstáil.

Tá 3 thionscadal á seachadadh ag Ceantar Bardasach Bhéal Átha Beithe/Chluain Eois tríd an gciste seo, ina measc:

Stad Bus Ascaill 98:

Fuarthas leithdháileadh maoinithe de €120,000. Tá imscrúdú déantar ar an suíomh ag Foireann innealtóireachta an Cheantair Bhardasaigh agus sainchomhairleoir, d'fhonn togra dearaidh a ullmhú.

Trealamh Aclaíochta Allamuigh, an Nasc Síochána: -

Fuarthas leithdháileadh maoinithe de €45,000.


Trealamh nua do Chlós Súgartha le haghaidh Pháirc Bhaile Bhéal Átha Beithe: -

Fuarthas leithdháileadh maoinithe de €120,000.

## Athchóiriú Chanáil Uladh

I dtionscadal Athchóirithe Chanáil Uladh déanfaidh Uiscebhealaí Éireann an chuid den chanáil a athchóiriú ó Loch Éirne i gCo. Fhear Manach go Cluain Eois i gCo. Mhuineacháin. Is stráice é seo de thart ar 13.5 ciliméadar.

Tá an tionscadal i gCéim 2 faoi láthair a dhíríonn ar athchóiriú na canála idir Cluain Eois agus Cluain Fhada i gContae Mhuineacháin, lena n-áirítear muiríne in abhantrach na canála agus limistéar taitneamhachta i gCluain Eois. Tá maoiniú €24 milliún faighte chun an chéim seo a chríochnú ó Chiste na nOileán




Comhroinnte, ón Roinn Forbartha Tuaithe agus ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Tá Comhairle Contae Mhuineacháin, i gcomhar le Fáilte Éireann agus Uiscebhealaí Éireann, ag tabhairt faoi chomhairliúchán poiblí chun ionchur a bhailiú ó chónaitheoirí áitiúla, ó ghrúpaí pobail, ó ghnólachtaí agus ó eagraíochtaí níos leithne in ullmhú Plean Físe le comhfhís a chur i láthair do thodhchaí Mhuiríne Chluain Eois, i gcroílár Chontae Mhuineacháin. Is é 2027/2028 an dáta críochnaithe tionscadail a bhfuiltear ag súil leis.



Muiríne beartaithe



Cuairt ar an suíomh - muiríne, Cathaoirleach Comh. Hugh McElvaney, Comhaltaí Tofa agus Foireann

## Oifigí Ceantar Bardasach

Bhí lúcháir ar an gCeantar Bardasach a bheith in ann páirt a ghlacadh sna himeachtaí a bhain le soilsiú foirgnimh phoiblí a lasadh i rith na bliana. Reáchtáladh na himeachtaí seo chun feasacht a ardú agus chun aird a tharraingt ar roinnt saincheisteanna an-tábhachtach a théann i bhfeidhm ar go leor daoine ar fud ár bpobal.



## Oifigí Bardasach Chluain Eois

Leanann an Ceantar Bardasach ag obair trína Nascadh Baile, ag óstáil toscaireacht ó Gergweis, Osterhofen, an Bhaváir, an Ghearmáin lena bhfuil sé nasctha le breis agus scór bliain.



## Cuairt mar chuid de Nascadh Baile

Oibríonn Ceantar Bardasach Bhéal Átha Beithe-Chluain Eois i gcomhpháirtíocht lenár bpobail, mar fhreagra ar iarratais ón bpobal Pointí Luchtaithe Feithiclí Leictreacha a shuiteáil i bPáirc Bhaile Bhéal Átha Beithe.

Cuireadh an treoirthionscadal seo i bhfeidhm i gcomhpháirtíocht le Easygo Ireland.



Luchtú Feithiclí Leictreacha i mBéal Átha Beithe

Chuir maoiniú a fuarthas trí CLAR agus Scoileanna Glasa an Údaráis Náisiúnta Iompair le haghaidh oibreacha maolaithe tráchta ar chumas tulóga moillithe a shuiteáil ar an mbealadh isteach chuig Corr Cheachan. Éascaíodh athailíniú acomhail ar Acomhal Bhéal Átha Beithe/Mhuineacháin i mBéal Átha Beithe trí chómhaoiniú Thaistil Ghníomhaigh agus Bhailte agus Shráidbhailte.



Corr Cheachan - rampaí moillithe



Acomhal Bhéal Átha Beithe/Mhuineacháin

Tá Boird Chumarsáide suiteáilte ag an gCeantar Bardasach ag dhá shuíomh i gClóis Shúgartha Pháirc Chluain Eois agus Bhéal Átha Beithe. Tacaíocht chumarsáide is ea Boird Chumarsáide go príomha, le tairbhe ar leith do leanaí nó do dhaoine fásta nach ndéanann cumarsáid trí urlabhra. Tá clóis shúgartha tábhachtach chun cabhrú le sláinte fhisiciúil agus mheabhrach leanaí.

Cabhróidh na Boird Chumarsáide le cumarsáid, méadóidh siad sóisialú, agus cuirfidh siad foghlaim ar fáil d'úsáideoirí uile na saoráide.

Ba cheart go mbeadh sé de chumas ag gach duine cumarsáid a dhéanamh agus go dtuigfí iad. Tuigeann Ceantar Bardasach Bhéal Átha Beithe/Chluain Eois go bhfuil tacaíochtaí úsáideach do dhuine a dhéanann cumarsáid trí úsáid a bhaint as roghanna malartacha, nach caint go díreach iad, chun cumarsáid a chumasú le gach duine.

Bord cumarsáide Chlós Súgartha Chluain Eois

## Moltaí le haghaidh 2024



Tá os cionn 40% de ghréasán bóithre an chontae i gCeantar Bardasach Bhéal Átha Beithe-Chluain Eois. Tá infheistíocht mhór ag teastáil, go háirithe ar an ngréasán bóithre réigiúnach lena chinntiú go gcoinnítear an gréasán ar chaighdeán sásúil. Leanfaidh an Ceantar Bardasach ag obair leis na hionadaithe tofa agus leis an bhfoireann ó rannóga eile i gComhairle Contae Mhuineacháin chun a chinntiú go bhfaightear maoiniú, agus go seachadfar gach scéim in 2024. Tá iarratais ar mhaoiniú curtha isteach le haghaidh oibreacha feabhsúcháin sábháilteachta ar Chostas Íseal agus oibreacha deisiúcháin droichid in áiteanna éagsúla sa Cheantar Bardasach.

Leanfaidh an Ceantar Bardasach ar aghaidh ag cur na dtionscadal chun cinn i mBéal Átha Beithe agus i gCluain Eois, atá á maoiniú faoi láthair faoin gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe agus féachfaidh sé le scéimeanna a fhorbairt le haghaidh tuilleadh aighneachtaí maoinithe faoin gclár seo.

Tá aighneachtaí cuimsitheacha déanta ag an gCeantar Bardasach faoi Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte agus Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh na Roinne agus cuirfidh sé na scéimeanna seo chun cinn tar éis maoiniú a fháil.

Leanfaimid orainn ag tacú le grúpaí pobail agus gnólachtaí ina gcuid gníomhaíochtaí agus oibreoimid go dlúth le rannóg Tithíochta agus Pleanála na Comhairle chun réitigh agus cláir oibre a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar láithreáin thréigthe laistigh den Cheantar Bardasach.

# Ceantar Bardasach Mhuineacháin

### Cruinnithe den Cheantar Bardasach

Reáchtáil an Ceantar Bardasach a chruinnithe míosúla ar an tríú Luan de gach mí ach amháin mí Lúnasa. Ag an gCruinniú Cinn Bhliana i mí an Mheithimh, toghadh an Comh. Cathy Bennett ina Cathaoirleach agus toghadh an Comh. Raymond Aughey ina Leas-Chathaoirleach ar feadh bliana. Bhí roinnt cruinnithe fochoiste eile ann chun plé a dhéanamh ar bhóithre, buiséid agus saincheisteanna agus cláir eile laistigh den cheantar. Cuireadh Sceideal na nOibreacha Ceantair Bhardasaigh i láthair agus faomhadh é ag an gCruinniú i mí an Mhárta.

### Pobal

### Pháirc Ros Mór

Lean Ceantar Bardasach Mhuineacháin ag infheistiú i limistéir áineasa na páirce agus á gcothabháil.

Fuair an Ceantar Bardasach, atá ag obair le Foireann an Bhaile, maoiniú tríd an Rannóg Leabharlainne agus Éire Ildánach chun trí Fhathach nua- Aillinn, Muireann agus Tót a chur le Conair Fhathaigh Droimnín.

Shuiteáil an Ceantar Bardasach scairdeán uisce sa pháirc. Cuireadh an scairdeán ar fáil trínár Rannóg Comhshaoil le Deontas ón GCC.

Chomh maith leis sin, fuair Coillte deontas chun painéil ghréine a shuiteáil sa pháirc. D'oibrigh an Ceantar Bardasach le Coillte le soláthar cumhachta agus aonaid triomadóirí láimhe a chur isteach sa bhloc leithris.

### Paráid Lá Fhéile Pádraig 2023

Reáchtáil Ceantar Bardasach Mhuineacháin Paráid Lá Fhéile Pádraig Bhaile Mhuineacháin agus gníomhaíochtaí do leanaí ar an 17 Márta leis an téama **Pedal Power for the Future**. Gabhaimid buíochas leis an gcoiste eagraithe as an ócáid a phleanáil agus le gach oibrí deonach. Gabhaimid buíochas ar leith leis an nGarda Síochána, ní tharlódh an pharáid murach a dtacaíocht.

Bhí an-áthas ar an gCeantar Bardasach cuireadh a thabhairt do bhuaiteoirí Flóta/Fuinneoga Paráid Lá Fhéile Pádraig chuig searmanas bronnta ag an gcruinniú den Cheantar Bardasach i mí Aibreáin.

### Ciste Aitheantais Pobail

Páirc Peile Pháirc na Beilge Fuair an Ceantar Bardasach €121,857 chun athchóiriú a dhéanamh ar Pháirc Peile Pháirc na Beilge. Tá na hoibreacha seo faoin gCiste Aitheantais Pobail 90% críochnaithe (athchóiriú ar na seomraí feistis, aonad modúlach nua suiteáilte le leithreas agus seomra feistis eile, cuaillí nua agus líontán, oibreacha chuig an mbealach isteach, eangach a chuireann stop lé liathróidí, agus athphéinteáil ar an Limistéar Ilúsáide Cluichí).

Páirc Ros Mór. Fuair an Rannóg Turasóireachta maoiniú dar luach €150,000, agus le cúnamh ón gCeantar Bardasach, tugadh an tionscadal seo chun cinn go céim na tairisceana. Tá síneadh suntasach ar an gclós súgartha agus táblaí picnice breise inrochtana i gceist leis an tionscadal.

Balla Liathróid Láimhe Chláirsigh Mhuineacháin. Tugadh €7,190 do Chláirsigh Mhuineacháin le dhá limistéar liathróid láimhe poiblí aon bhalla a chur ar fáil don phobal.

### An Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh (ORIS)

Fuair Páirc Hollywood Deontas ORIS dar luach €276,385 a fuair cistiú meaitseála ó Cheantar Bardasach Mhuineacháin dar luach €30,710. Cuireadh tús leis an tionscadal ar an suíomh i R4, 2023. An Gairdín Portaigh. D'éirigh leis an gCeantar Bardasach deontas €30,000 a fháil agus chuir sé cistiú meaitseála ar fáil chun Gairdín Portaigh ag an gCanáil/páirc phoiblí a dhearadh agus a thógáil ag Coill Uí Chonnagáin. Críochnaíodh na hoibreacha i R4, 2023.

### Córas TCI Bhaile Mhuineacháin

Fuair an Ceantar Bardasach an tÚdarú deiridh ó Choimisinéir na nGardaí maidir le córas TCI Bhaile Mhuineacháin a shuiteáil le haghaidh 43 ceamara ag 17 suíomh i mBaile Mhuineacháin. Críochnófar suiteáil agus coimisiúnú an chórais go luath in 2024. Tá an scéim seo maoinithe tríd an ioncam ón limistéar páirceála íoctha agus deontas ón Scéim TCI Pobalbhunaithe ón Roinn Dlí agus Cirt.

## Páirceáil Carranna

Lean an Ceantar Bardasach ar aghaidh ag cur an chórais páirceála '**Íoc tríd an Aip**' chun cinn, a seoladh i mí an Mhárta 2021 i mBaile Mhuineacháin, ag cur leis an tsaoráid atá ann cheana féin le híoc le hairgead tirim. Leis an AIP seo is féidir le custaiméirí íoc go cianda ar líne ar an bhfón nó ar ghléasanna eile.

D'oibrigh an Ceantar Bardasach páirceáil thréimhse na Nollag saor in aisce ó 12 meán lae gach lá agus bhí sí ar siúl ón gcéad seachtain i mí na Nollag 2023 go dtí an 2 Eanáir 2024.

Osclaíodh carrchlós nua le 88 spás páirceála ag an mBóthar Leathan i mí na Samhna.

Leanadh le clár athsholáthair do mheaisíní páirceála pá agus ceannaíodh 12 mheaisín nua arís in 2023.

Déantar airgead a bhailítear trí Pháirceáil Íoctha laistigh de Bhaile Mhuineacháin a athinfheistiú sa Cheantar Bardasach trí chothabháil a dhéanamh ar Pháirc Ros Mór, trí thacú le Foireann an Bhaile, agus trí mhaoiniú a chur ar fáil ar thionscadail/imeachtaí sa cheantar. Tá an maoiniú seo le húsáid chun an córas TCI a mhaoiniú.

## Turais Choisíochta

Lean na turais choisíochta ar aghaidh gach Satharn ag 12 meán lae ón 30 Márta go dtí an 31 Lúnasa. Bhí saorchead gabháil leis na siúlóidí agus cuireadh tús leo ag an Westenra hotel. Bhí na siúlóidí maoinithe ag Ceantar Bardasach Mhuineacháin.

## Bailte Slachtmhara

Gradaim Náisiúnta na mBailte Slachtmhara. Choinnigh Bailte Slachtmhara Ghlasloch a gcaighdeán bonn óir agus bhain Baile Mhuineacháin an gradam bonn airgid amach agus bhain go leor de na sráidbhailte eile caighdeáin an-ard amach.

Lean Ceantar Bardasach Mhuineacháin ag obair go dlúth le Grúpaí Bailte Slachtmhara laistigh den cheantar ar roinnt tionscadal.

Tugadh cúnamh freisin do Ghrúpaí Pobail/Cumainn Áitritheoirí i rith na bliana.

D'éirigh le Baile Mhuineacháin a bheith i measc na 10 mBaile is fearr den **tsraith bruscair Náisiúnta de chuid Gnó na hÉireann in Aghaidh Bruscair** i mbliana.

## Spásanna Oscailte Poiblí

Rinne an Ceantar Bardasach go leor de na spásanna oscailte poiblí sa cheantar a bhainistiú agus a chothabháil, lena n-áirítear páirc peile Pháirc na Beilge. Ghlac an chomhairle leis an bplean gearrtha féir chun treoirlínte atá oiriúnach do phailneoirí a chomhlíonadh. Cuireadh bláthanna atá oiriúnach do Phailneoirí i roinnt ceantar, lena n-áirítear ceantair ar nós eastáit tithíochta, páirceanna, an Glasbhealach agus na bóithre ar an mbealach isteach go baile Mhuineacháin, agus cuireadh os cionn 100,000 bolgán le dhá bhliain anuas.

## Deontais Phobail

Reáchtáil Ceantar Bardasach agus an Rannóg Pobail an searmanas bronnta maoinithe do na Deontais Phobail i mí na Bealtaine ar tugadh cuireadh do gach dream a fuair maoiniú chuige agus a ndearnadh cur i láthair dóibh ar an oíche.

## Clóis Shúgartha

Rinne Ceantar Bardasach Mhuineacháin cigireachtaí seachtainiúla agus rinne cothabháil ar 16 chlós súgartha sa cheantar.

Críochnaíodh clós súgartha nua i sráidbhaile an Mhuilinn i R4, 2023, maoinithe ag cistiú CLÁR.

## Tionscadail Taistil Ghníomhaigh

Thug an Ceantar Bardasach cúnamh don fhoireann Taistil Ghníomhaigh ar thionscadail le Ceantar Bardasach Mhuineacháin.

## Comhpháirtíocht Trasteorann Shliabh Beatha

Rinne an Ceantar Bardasach agus an Rannóg Turasóireachta bainistiú ar choiste Comhpháirtíochta Trasteorann Shliabh Beatha. Chuir an Ceantar Bardasach síolchiste ar fáil chun Sainchomhairleoirí a fhostú i gcomhpháirt chun staidéar féidearthachta/forbairt tionscadail a dhéanamh chun maoiniú na nOileán Comhroinnte a fháil.

## Cur Chun Cinn agus Feabhsú Baile Thionscnamh na mBailte Stairiúla

Fuair Comhairle Contae Mhuineacháin maoiniú faoin **Tionscnamh Oidhreachta Bailte** a bhfuil sé mar aidhm aige úsáid chónaithe a

athbhunú inár mbailte. Is éard atá i gceist leis sin ná oibreacha caomhnaithe seachtracha ar ocht bhfoirgneamh agus athchóiriú inmheánach ar dhá fhoirgneamh le haghaidh úsáid chónaithe i Sráid Bhaile Átha Cliath. Cuireadh tús le hoibreacha ar an suíomh i Ráithe 4, 2023 agus tá sé beartaithe go mbeidh siad críochnaithe faoi Ráithe 2, 2024. **Maoiniú deontais €247,952** - D'aontaigh an Ceantar Bardasach maoiniú meaitseála a dhéanamh don deontas seo. **€12,300** chun an t-iarratas tosaigh a ullmhú agus **€22,400** chun Ailtirí Caomhantais a fhostú chun na hoibreacha a bhainistiú.

### Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte

Cuireadh tús le hoibreacha ar an suíomh i R4, 2023 le haghaidh Feabhsú Sráid-dhreacha Shráid an Mhargaidh agus Shráid na Páirce. Is comhthionscadal é seo idir Comhairle Contae Mhuineacháin agus na Bailte Slachtmhara.

- Costas Iomlán an Tionscadail: €166,950
- Cúnamh Deontais: €136,635
- Cistiú Meaitseála: €30,315

Rinne na húinéirí réadmhaoine cistiú meaitseála le forlíonadh de €3,075 ón gCeantar Bardasach.

### Bóithre

### Clár Feabhsúcháin Athchóirithe Bóithre 2023

Cuireadh tús le hoibreacha draenála sa cheantar i mí Feabhra. Rinneadh 6.5km de bhóithre Áitiúla agus



Figure 9: Restoration Improvement Grant, Surface Overlay strengthening works of the [illegible]

3.3km de Bhóithre Réigiúnacha a dhraenáil agus a athdhromchlú faoin gclár Athchóirithe Bóithre 2023.

### Asfalt Athshlánaithe

Rinneadh 4km de Bhóithre Áitiúla a dhraenáil agus a athdhromchlú faoin treoirthionscadal Dromchla Asfailt Athshlánaithe 2023.



Figure 1 : Laying of Reclaimed Asphalt Pavement on the LP1210 at Derrygasson Lower

### Clár Cothabhála Athchóirithe

Bhí dromchla 18 km de bhóithre áitiúla agus 5.5km de bhóithre réigiúnacha cóirithe faoin gclár um Chothabháil Athchóirithe 2023.

### Cothabháil Ghinearálta ar Bhóithre

Rinneadh uchtbhallaí ceithre dhroichead a atógáil tar éis damáiste feithicle.
Críochnaíodh gearradh féir ar Bhóithre Náisiúnta faoi dhó, lena n-áirítear bruscar a bhaint agus baint Buachaláin i gclár 2023.
Cuireadh oibreacha gearrtha crann i gcrích ar bhóithre náisiúnta faoin tionscadal seo freisin.

Chríochnaigh an Ceantar Bardasach clár oibreacha gearrtha fálta ar mhaoin faoi úinéireacht na comhairle agus in áiteanna straitéiseacha laistigh den cheantar mar chuid de shábháilteacht ar bhóithre.

Chríochnaigh an Ceantar Bardasach conradh Bóithre (paisteáil mhór) ar bhóithre réigiúnacha

agus áitiúla.

Rinneadh oibreacha athsholáthair cosáin i roinnt limistéar laistigh den cheantar. Críochnaíodh oibreacha marcála bóithre ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla laistigh den cheantar.
Cuireadh oibreacha draenála i gcrích ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla i rith na bliana.

Cuireadh tús le clár Cothabhála Geimhridh ar an 16 Deireadh Fómhair 2023 agus leanfaidh sé ar aghaidh go dtí an 5 Bealtaine 2024.



Figure 8 & 9 : Pre and Post work photos of verge slippage repairs on the [illegible] at [illegible]

## Straitéis Miondíola don Bhaile / Cheantar – Foireann an Bhaile

**Straitéis Miondíola don Bhaile/Ceantar** Lean Comhairle Contae Mhuineacháin, mar chuid mar chuid d'Fhoireann an Bhaile ag tacú leis an mbaile contae agus á chur chun cinn.

### Dearbhán Bhaile Mhuineacháin

Tá fás tagtha bliain i ndiaidh bliana ar dhíolacháin do Dhearbhán Bhaile Mhuineacháin. Chabhraigh sé seo le sceitheadh eacnamaíoch a laghdú agus tacaíocht a thabhairt do bhreis is 200 gnólacht laistigh de Cheantar Bardasach Mhuineacháin ag an am céanna.

**Fás Dhearbhán Bhaile Mhuineacháin**

| Dearbhán Bhaile Mhuineacháin | |
|---|---|
| **Bliain** | **Díolacháin Bhliantúla** |
| **2016** | €340,000 |
| **2017** | €485,720 |
| **2018** | €746,200 |
| **2019** | €877,440 |
| **2020** | €984,620 |
| **2021** | €1191,230 |
| **2022** | €1706,340 |




### Córas na nDearbhán Baile

Rinne an Ceantar Bardasach imscrúdú ar an gCárta Bronntanais mar rogha eile ar an dearbhán páipéarbhunaithe chun dearbhán Bhaile Mhuineacháin a bhainistiú.

### Cur Chun Cinn Baile




Lean Foireann Bhaile Mhuineacháin/ Cheantar Bardasach Mhuineacháin ar aghaidh ag cur chun cinn agus ag tarraingt airde ar na siopaí, na gnólachtaí agus ar na hionaid fáilteachais a ghlacann leis na dearbháin bhaile, trí bhealaí meán, fógraíocht raidió agus imeachtaí baile.

Reáchtáladh imeachtaí rathúla in 2023 le Féile Scannán an tSamhraidh i mí Iúil, Féile Bia Sráide i mí na Bealtaine, Féile na Samhna lena n-áirítear Tinte ealaíne agus Féile Bia Sráide na Nollag i mí na Nollag.

Reáchtáil Foireann an Bhaile Gradaim Ghnó Bhaile Mhuineacháin ar éirigh go han-mhaith leo i mí na Samhna tar éis don Aire Heather Humphreys TD, baill tofa an Cheantair Bhardasaigh, Oifig Fiontair Áitiúil Mhuineacháin, agus Foireann Bhaile Mhuineacháin, iad a sheoladh i mí Mheán Fómhair.

Reáchtáladh roinnt comórtas in 2023 chun Dearbháin Bhaile Mhuineacháin a chur chun cinn agus spreagadh a thabhairt do gach duine a gcuid dearbhán a chaitheamh le go gcuirfí isteach sa chomórtas iad. Borradh breise a bhíonn sna comórtais don bhaile.

### Gradam - Cócaire Óg na Bliana san Idirbhliain

Reáchtáladh comórtas an chontae in Institiúid Mhuineacháin agus an babhta ceannais réigiúnach ar siúl in Institiúid an Chabháin á bhainistiú ag BOOCM.
Tacaíodh leis an gcomórtas seo trí leithdháileadh maoinithe ó Cheantar Bardasach Mhuineacháin, Rannóg Timpeallachta Mhuineacháin agus Oifig Fiontair Áitiúil Mhuineacháin le hionadaíocht ó na trí rannóg ag na himeachtaí.

### An Tionscnamh Spás Glas

Socraíodh an Spás Glas sa Diamant ó Bhealtaine go Samhain agus bhí an-tóir air arís agus daoine ag úsáid na mbinsí agus an cheantair le bua a bheith acu agus sóisialú a dhéanamh. Lean Margadh na bhFeirmeoirí ar aghaidh gach Aoine sa cheantar seo mar aon le hiliomad imeachtaí ag tréimhsí éagsúla.

### Bailte Ceannphointí - Spás Imeachtaí

Ceantar Bardasach Mhuineacháin/Rannóg Turasóireachta leis an Spás Imeachtaí a sheachadadh i gCearnóg na hEaglaise. Tá an Chearnóg á leathnú leis an stad tacsaithe le hathlonnú agus na lánaí Casadh ar Dheis le baint. Tá an tionscadal á mhaoiniú ag Fáilte Éireann, €497,962 agus maoiniú comhoiread curtha ar fáil ag an gCeantar Bardasach, €165,987.

### Imeacht chun Soilse na Nollag a Lasadh 2023

Phleanáil Ceantar Bardasach Mhuineacháin, mar aon leis an gcoiste, an tImeacht chun Soilse na Nollag a Lasadh ar an 19 Samhain.
Chuir an Ceantar Bardasach na soilse Nollag agus an crann Nollag ar fáil do bhaile Mhuineacháin agus rinne iad a bhainistiú.

### Féile Oriel 28-30 Aibreán

D'eagraigh an coiste eagraithe scoth na n-imeachtaí agus Féile Oriel curtha ar siúl arís. Chuir an Ceantar Bardasach urraíocht ar fáil don ócáid.

# Ceantar Bardasach
# Charraig Mhachaire Rois/Bhaile na Lorgan

## Bonneagar Bóthair

Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla:
In 2023, bhainistigh an Ceantar Bardasach (MD) infheistíocht €4.86 milliún sa líonra Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla. Neartaíodh 14km den ghréasán bóithre neamhnáisiúnta faoin gClár Feabhsúcháin Athchóirithe agus rinneadh 27km eile a athshéalú faoin gClár Cothabhála Athchóirithe. Ina theannta sin, rinne an Clár Oibreacha Oiriúnaithe agus Athléimneachta Aeráide 2023 soláthar d'oibreacha maolaithe tuilte Chéim 1 don LP3720 ag Eanach Dromainne.

Leis an maoiniú a fuarthas faoi chlár Oibreacha Feabhsúcháin Sábháilteachta 2023 ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla bhíothas in ann bearta feabhsúcháin sábháilteachta a chur i bhfeidhm ag suíomh Uimh.5 laistigh den Cheantar, agus rinne airgead a fuarthas faoin Iar-Dheontas Náisiúnta Athshlánúcháin Bóithre soláthar do 850m d'oibreacha athdhromchlaithe agus draenála ar an LP4922, Bóthar Bhaile Átha Fhirdhia i mbaile Charraig Mhachaire Rois.

## Taisteal Gníomhach

Lean an Ceantar Bardasach ag obair go dlúth leis an Aonad Taistil Ghníomhaigh i rith 2023. Tá sé scéim ar siúl sa Cheantar faoi láthair, le luach comhcheangailte de €360,500.

## Ár Lárionaid Bhailte agus Sráidbhailte a Athnuachan

Bhí baint ghníomhach ag an gCeantar Bardasach go fóill le hinfheistíocht saoráidí i rith 2023. I mBaile Bhaile na Lorgan, osclaíodh Mol Fiontraíochta “The Ridge” go hoifigiúil i mí an Mheithimh agus tá sé ar fad in úsáid anois. Is comhthionscnamh é idir Fiontar Pobail Bhaile na Lorgan agus Enterprising Monaghan, cuireann an tsaoráid 1,350 méadar cearnach 28 n-aonad gnó ar fáil.



Mol Fiontraíochta "The Ridge", Bóthar Mhic Craith, Baile na Lorgan

I gCarraig Mhachaire Rois, leanadh le C: Mol Fiontraíochta Comhoibrithe TEK II a thógáil as éadan, agus tá oibreacha le críochnú go substaintiúil go luath i R3 2024. Ar chostas measta iomlán de €3.8 milliún, fíoróidh an tionscadal seachadadh Mhol Fiontraíochta Comhoibrithe nua 1,450 méadar cearnach. Cuirfidh an Mol spás oibre ar fáil do ghnólachtaí nuathionscanta, athlonnú fiontar agus comhoibrithe atá ag iarraidh lonnú i mBaile Charraig Mhachaire Rois. Tacóidh an fhorbairt le coinneáil tallainne laistigh de cheantar Mhuineacháin Theas, soláthróidh sí bonn réigiúnach d'iarchomaitéirí, agus meallfaidh sí gnóthaí nuathionscanta nua ón bpobal agus ó Thuaisceart Éireann.



C: Mol Fiontraíochta Comhoibrithe TEK II á thógáil

Tá sé beartaithe ag an gCeantar Bardasach, i

gcomhpháirtíocht le Grúpa Forbartha Pobail Fhearnaí (FCDG), láithreán Theach na mBocht Charraig Mhachaire Rois a athchóiriú go hiomlán. Tá foireann an Cheantar Bhardasaigh ag tabhairt fostú foirne deartha ildisciplíneach chun cinn le pleananna agus costálacha mionsonraithe a chur i gcrích maidir le hathchóiriú agus athfhorbairt a dhéanamh ar na foirgnimh fholmha cúil, mar aon le Mol Pobail ilchuspóireach nua leathnaithe. Tá an clár chun an tionscadal cumasúcháin Chatagóir 2 reatha a sheachadadh ag súil le tréimhse tionscadail 12 mhí ón dáta a gceaptar sainchomhairleoirí.



Teach na mBocht, Carraig Mhachaire Rois

## Ag Infheistiú inár Spásanna Poiblí

Feabhsuithe ar an Réimse Poiblí, ar an Oidhreacht agus ar Thaitneamhachtaí do limistéir Chroí an tSráidbhaile agus Spás Naomh Muire i Sráidbhaile Inis Caoin:
In 2023, d'fhostaigh an Feidhmeannas comhairleoirí chun an scéim a thabhairt ar aghaidh go dtí céim na tairisceana tógála. Tá an scéim ag Céim an Deartha faoi láthair. Faoi réir chead pleanála Chuid 8 a fháil, tá sé beartaithe go gcuirfear tús le hoibreacha i R2 2024.



Plean Spásúlachta Réimse Poiblí Inis Caoin

## Saoráidí Áineasa Allamuigh a Fhorbairt

I mí an Mheithimh 2023, d’oscail an tAire Heather Humphreys T.D. na scéimeanna áineasa allamuigh seo a leanas go hoifigiúil:

- Páirc shiúlóide do mhadraí Dromainn Uachtarach, Carraig Mhachaire Rois
- Bearta Bithéagsúlachta agus Pailneoirí Chéim 1 ag Tulaigh na Sceach Thoir & Cnoc na Croiche
- Conair Siúlóide agus Aclaíochta Omna - Conair siúlóide dúlra-bhunaithe 720m ar fhad, agus míreanna de threalamh aclaíochta áineasa feadh na conaire.
- Spás Oideachais Allamuigh ag an bPointe, an tOileán Dubh



Páirc Shiúlóide Madraí @ An Dromainn Uachtarach



Páirc Líneach Thulaigh na Sceach

Ina theannta sin, thug an Ceantar Bardasach forbairt áiseanna slatiascaireachta agus bádóireachta chun cinn ag Loch Nagarnaman agus Loch Rahans araon.

## Bearta Pobail

Lean an Ceantar Bardasach ag obair go dlúth le pobail chun díriú níos fearr ar infheistíocht agus chun an timpeallacht thógtha a fheabhsú.

Margadh Nollag Loch Mucnú:
Lean an Feidhmeannas, i gcomhpháirtíocht le Coiste Fhéile Mania Mhucnú, ag tógáil ar an traidisiún láidir imeachtaí faoi stiúir an phobail sa Cheantar Bardasach. Ag baint leasa

as ascaill a bhí saintógtha a bheag nó a mhór ag Caisleán Hope, ar an 3 Nollaig 2023 bhí an chéad Mhargadh Nollag Loch Mucnú ann riamh. D'oibrigh grúpa oibre tiomnaithe, ar a raibh baill de Choiste Fhéile Mania Mucnú agus foireann an Cheantair Bhardasaigh, gan stad gan staonadh i rith mhí Dheireadh Fómhair agus mhí na Samhna chun imeacht thar a bheith draíochtúil a bhí spreagtha ag an bpobal a chur ar fáil.



**Na sluaite ag baint sult as an aonach féile @ an chéad Mhargadh Nollag i Loch Mucnú**

Lean foireann an Cheantair Bhardasaigh d'fhorbairt Scéimeanna TCI pobalbhunaithe don dá phríomhbhaile sa Cheantar. Tar éis cur i láthair a bheith déanta ar an dá scéim do Choiste Comhairleach Náisiúnta TCI i mBealtaine 2023, thug an Coiste le fios go mbeidís ag moladh go gceadódh Oifig Choimisinéir an Gharda Síochána an dá scéim. Táthar ag súil go mbeidh na scéimeanna seo ag feidhmiú sa dara leath de 2024.

Chuaigh an Ceantar Bardasach i dteagmháil go rialta le Cumann Tráchtála Charraig Mhachaire Rois agus le Foireann Athnuachana Bhaile na Lorgan chun fás eacnamaíoch a chothú sa dá bhaile. Cabhraíonn na grúpaí seo le pleanáil agus tugann siad aiseolas luachmhar ar thionscnaimh atá beartaithe.

Bailte Slachtmhara - Lean an Ceantar Bardasach lena thacaíocht do na grúpaí seo trí ranníocaíochtaí bliantúla agus cúnamh lóistíochta i rith na bliana. In 2023, chríochnaigh Bailte Slachtmhara Charraig Mhachaire Rois sa dara háit sa chomórtas don Bhaile is fearr Coinnithe. Is comórtas uile-oileáin é an comórtas, atá á reáchtáil i gcomhpháirt ag Comhairle Conláiste Thuaisceart Éireann agus ag an Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil, ina bhfuil cuid de na bailte is fearr i gcomórtas na mBailte Slachtmhara SuperValu san iomaíocht i gcoinne a gcomhghleacaithe sa chomórtas is Fearr Coinnithe i dTuaisceart Éireann.

## Tionscnaimh Turasóireachta

Lean an Ceantar Bardasach ag obair i gcomhar leis an Oifigeach Turasóireachta chun tionscnaimh turasóireachta a sheachadadh laistigh den Cheantar. I mí Lúnasa 2023, chríochnaigh an Fhoireann athfhorbairt chéimnithe ar chonair siúlóide Shlí Mhuineacháin ó Bhaile na Lorgan go hInis Caoin. Tar éis iniúchadh conaire a rinne Spórt Éireann Amuigh Faoin Aer, cuireadh bealach siúlóide Shlí Mhuineacháin ó Inis Caoin go hEanach Dromainne, lena n-áirítear trí Shiúlóid lúibe nua, le Clár na gConairí Náisiúnta.

# Soláthar Corparáideach

## Léargas Ginearálta

Go luath in 2023 sheol an Oifig um Sholáthar Rialtais nuashonrú ar an tairseach eTenders, bhí gá le hathstruchtúrú ar an gcaoi a n-úsáidfeadh agus a n-oibreodh Comhairle Contae Mhuineacháin an tairseach. Tá seoladh na tairsí nua eTenders ailínithe leis an gcinneadh ón mBainistíocht Shinsearach Aonad Soláthair láraithe a chur i bhfeidhm chun gníomhaíochtaí soláthair a bhainistiú agus cur chuige comhsheasmhach i leith soláthair a chinntiú ar fud na comhairle. D'fhan gníomhaíocht soláthair na Comhairle do 2023 comhsheasmhach le figiúirí 2022. In 2023, d'fhoilsigh an tAonad Soláthair 81 comórtas san iomlán (Glao ar Thairiscintí (CfT)) ag baint úsáide as ríomhthairiscintí agus 18 tairiscint tríd an ardán www.supplygov.ie. Bhain dhá cheann déag de na comórtais a fógraíodh ar eTenders le luachanna os cionn tairsí soláthair an AE (i.e
€5,358,000 d'oibreacha nó €215,000 d'earraí nó seirbhísí).

## Nósanna Imeachta Soláthair

Rinneadh Nósanna Imeachta Soláthair Athbhreithniú 5 de chuid na Comhairle a nuashonrú i mBealtaine 2022, ag cur san áireamh tairsí nuashonraithe an AE do sholáthar agus athrú struchtúrtha pearsanra soláthair laistigh de na ranna. Tar éis an tAonad Soláthair a bhunú agus an tairseach eTenders a thabhairt cothrom le dáta, déantar athbhreithniú leanúnach ar na nósanna imeachta seo. Cinntíonn na nósanna imeachta go ndéantar soláthar de réir riachtanais na hEarnála Poiblí, an Oifig um Sholáthar Rialtais, Treoracha ón AE agus Treoirlínte Náisiúnta. Tá treoir céim ar chéim ar na nósanna imeachta Soláthair agus foirmeacha gaolmhara ar fáil ar SharePoint na Comhairle, le húsáid ag gach ball foirne.

I mí an Mhárta 2023 d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí *'Ciorclán 05-2023 - Tionscnaimh chun cabhrú le FBManna i Soláthar Poiblí'*. Leagtar amach sa chiorclán seo tairseacha agus nósanna imeachta nua chun Earraí, Seirbhísí agus Oibreacha a sholáthar. Tar éis Ciorclán 05/2023 a eisiúint agus tar éis don tairseach nua eTenders a bheith curtha ar fáil, bainistítear gach soláthar a bhfuil luach measta os cionn €25,000 air tríd an Aonad Soláthair.

## An Fhoireann Soláthair

Líonadh ról an Oifigigh Soláthair go luath in 2023 agus bunaíodh aonad soláthair láraithe ina bhfuil triúr ball foirne ann. Is ann don aonad sin le treoir agus tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí soláthair agus iad a chur chun cinn ar fud an Údaráis Áitiúil, chun a chinntiú go gcloíonn earraí, seirbhísí agus oibreacha leis an reachtaíocht agus na treoirlínte ábhartha go léir agus riosca a bhainistiú agus luach ar airgead a bhaint amach ag an am céanna. Déanann an tAonad Soláthair gach tairiscint/meastachán thar luach €25,000 a uaslódáil thar ceann na Comhairle, rud a chruthaíonn rian iniúchta iomlán agus cur chuige comhsheasmhach agus soiléir maidir le soláthar Chomhairle Contae Mhuineacháin.

## Cód Caiteachais Phoiblí

D'eisigh an Chomhairle Tuarascáil Ráthú Caighdeáin do NOAC i mí Bealtaine 2023, chun comhlíonadh a dhearbhú leis an gCód Caiteachais Phoiblí (PSC). Áiríodh sa tuarascáil fardal de na tionscadail/clár ar fad a chosain níos mó ná €0.5m, ag idirdhealú idir caiteachas caipitil agus reatha agus a chatagóiriú de réir caiteachais a bhí á mheas, caiteachas á thabhú, agus caiteachas a tháinig chun críche le déanaí. Éilíonn an Cód Caiteachais Phoiblí ar an Údarás Áitiúil soláthairtí a fhoilsiú le luach níos mó ná €10 milliún agus seicliosta féin-mheasúnaithe a chur isteach.

## Scéim Foilsitheoireachta Saorála Faisnéise

Tá an Chomhairle faoi oibleagáid tuairisc a thabhairt gach ráithe ar chonarthaí poiblí (tairiscintí), don Scéim Foilsitheoireachta Shamplach, atá mar chuid den chóras Saorála Faisnéise. Baineann an foilsiú seo le gach conradh oibreacha poiblí/soláthairtí/seirbhísí a bhfuil luach os cionn €25,000 ag gabháil leo. Go dtí seo, thug gach Rannóg cúnamh chun na conarthaí a bronnadh in 2023 a chur i dtoll a chéile agus tá an t-eolas seo foilsithe anois ar shuíomh gréasáin na Comhairle agus is féidir é a fheiceáil ar an nasc seo a leanas:- https://monaghan.ie/corporateservices/procurement

### An Oifig um Sholáthar Rialtais

Shínigh an Chomhairle 'Meabhrán Tuisceana' leis an Oifig um Sholáthar Rialtais, a leagann amach na prionsabail a rialaíonn an caidreamh soláthair idir an dá pháirtí. Aithníonn an socrú go bhfuil an Chomhairle agus an Oifig um Sholáthar Rialtais i gcomhpháirtíocht atá dírithe ar sheirbhísí éifeachtacha agus feiliúnacha soláthair agus luach ar airgead a chur ar fáil, chun cabhrú leis an údarás áitiúil riachtanais soláthair seirbhíse a bhaint amach. Leanann an Chomhairle le leas a bhaint as creataí na hOifige um Sholáthar Rialtais do gach próiseas soláthair, nuair is féidir.

### Soláthar Glas

Éilíonn Soláthar Poiblí Glas, GPP, athruithe ar nósanna imeachta agus ar iompar ar fud eagraíochta. Bíodh is go bhfuil gné ann de 'foghlaim trí thabhairt faoi', cabhraíonn pleanáil leis na rioscaí a bhaineann le Soláthar Glas a theorannú. In 2023 d'éascaigh Comhairle Contae Mhuineacháin do bhall foirne is fiche freastal ar oiliúint soláthair GPP.

# Coistí um Beartais Straitéiseacha

Tá sé mar ról ag Coistí um Beartais Straitéiseacha moltaí beartais a dhéanamh, cur i bhfeidhm beartais a mheas agus a thuairisciú a bheidh le meas; coistí lárnacha beartais a chur ar fáil chun tairbhe a bhaint as comhlachtaí seachtracha chun an beartas a dhéanamh. Níl na coistí deartha chun plé le gnáthábhair oibríochtúla maidir le seirbhísí a chur ar fáil.

Baineann na Coistí um Beartais Straitéiseacha le baill thofa de Chomhairle Contae Mhuineacháin agus daoine eile atá ainmnithe ag / nó ionadaithe ó earnálacha ábhartha d'obair Choiste um Beartais Straitéiseacha. Tá ceithre Choiste um Beartais Straitéiseacha (SPCanna) ag Comhairle Contae Mhuineacháin:

Coiste um Beartais Straitéiseacha 1 - Tithíocht, Cultúrtha agus Sóisialta Coiste um Beartais Straitéiseacha 2 – Pobal agus Iompar
Coiste um Beartais Straitéiseacha 3 –
Pleanáil agus Forbairt Gheilleagrach Coiste um Beartais Straitéiseacha 4 –
Comhshaol agus Iompar

## Tuairisc ar Ghníomhaíochtaí Choistí um Beartais Straitéiseacha le linn 2023

### Coiste um Beartais Straitéiseacha - Tithíocht, Cultúrtha agus Sóisialta

*(Reáchtáladh 4 chruinniú in 2023)*

Cheadaigh an CBS na Doiciméid Bheartais seo a leanas

- Fodhlíthe Leabharlainne

Fuair an CBS cuir i láthair freisin maidir leis na hábhair seo a leanas.

- Tithíocht Inacmhainne
- Clár Seachadta Caipitil / Tithíocht do Chách
- Clár Iarfheistithe um Éifeachtúlacht Fuinnimh
- Straitéis Forbartha Ealaíon 2024 -2030
- Straitéis Míchumais
- Nuashonrú ar an gCampas Síochána / Músaem / Leabharlanna Nua
- Measúnú ar Riachtanas agus Éileamh Tithíochta
- Scéim Deontais Chroí Cónaithe/Tithe Folmha
- Scéim Ceannaigh Incriminteach ag Tionóntaí
- Iasacht Tí Údaráis Áitiúil

- Scéim Tosaíochtaí do Láithreáin Sheirbhíse
- Lucht Fágála Cúraim Tithíochta

### Coiste um Beartais Straitéiseacha - Pobal & Iompar

*(Reáchtáladh 4 chruinniú in 2023)*

Fuair an CBS cuir i láthair ar:

- LIS
- Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Mhuineacháin
- Saoráidí Taistil Ghníomhaigh Mearthógála
- Peace Plus
- Leader
- Freagairt do Phobal na hÚcráine
- Straitéis Oiriúnaithe Aeráide Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla
- Cur i láthair Faisnéise maidir le Scútair Leictreacha, Rothair Leictreacha agus Móipéidí Leictreacha
- Plean Iarnróid Uile-Éireann
- Soilsiú Poiblí
- Beartas Moillithe Tráchta

## Coiste um Beartais Straitéiseacha - Pleanáil agus Forbairt Gheilleagrach

*(Reáchtáladh 4 chruinniú in 2023)*

Fuair cruinniú mhí Feabhra den CBS - Pleanáil agus Forbairt Gheilleagrach cur i láthair ó KPMG ar Fhorbairt an Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail. Bhí trí chruinniú eile ann i mí an Mhárta, mí na Bealtaine & mí an Mheithimh chun gnéithe éagsúla den Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail a aontú. Reáchtáladh plé beartais freisin i mí Feabhra ar an gCáin ar Thalamh Criosaithe Cónaithe agus ar an athbhreithniú foirmiúil ar an bPlean Forbartha 2025-2031.

I gcruinniú mhí na Bealtaine den CBS - Pleanáil agus Forbairt Gheilleagrach breithníodh cur i láthair ón Uasal Finbarr Daly, Enterprising Monaghan, ar Ghníomhaíochtaí an Fhiontair Shóisialta agus achoimre ar an bPlean Eacnamaíoch do Mhuineachán. Thug an tUas. Kevin McNally, Oifigeach Athnuachana Baile agus an tUas. John Reilly, Oifigeach Tithe Folmha cur i láthair freisin ar athnuachan, láithreáin tréigthe agus foirgnimh fholmha i gContae Mhuineacháin.

Ag an tríú cruinniú i mí Mheán Fómhair, bhí cur i láthair ar an Dréachtstraitéis Turasóireachta 2023-2028 ag an Uasal Alan Hill agus Uas. Deirdre Lewis, agus ina dhiaidh sin rinne an Príomhoifigeach Dóiteáin Dermot Brannigan cur i láthair ar an bPlean Oibriúcháin don tSeirbhís (Alt 26) 2023-2027.

Reáchtáladh ceardlann / cruinniú speisialta CBS i mí na Samhna chun beartas nua a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar láithreáin thréigthe ar fud an chontae. Ba é an tUasal Kevin McNally, Oifigeach Athnuachana Baile, a d'éascaigh an cheardlann.

## An coiste um Beartais Straitéiseacha um Ghníomhú ar son na hAeráide & Seirbhísí Timpeallachta

*(Reáchtáladh 4 chruinniú in 2023)*

Reáchtáil an CBS - Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaol ceithre chruinniú in 2023, áit a bhfuair na baill cuir i láthair ar raon leathan topaicí.

Thug KPMG tuarascáil chuimsitheach do bhaill a rinne Measúnú Riosca um Athrú Aeráide thar ceann Chomhairle Contae Mhuineacháin. Is dúshlán ríthábhachtach é an t-athrú aeráide dár gcontae, agus leagadh amach sa mheasúnú an riosca agus na tionchair aeráide atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo. Beidh ar Chomhairle Contae Mhuineacháin pleanáil agus oiriúnú go réamhghníomhach do na rioscaí athraithe aeráide atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo a sainaithníodh sa tuarascáil agus a chur i bhfeidhm tríd an bpróiseas LACAP.

Ina theannta sin, thug an fhoireann Gníomhaithe ar son na hAeráide an t-eolas is deireanaí do na baill maidir leis an Dréachtphlean Gníomhaithe ar son na hAeráide Thug sé seo breac-chuntas ar struchtúr agus ar chreat an Phlean agus achoimre ar bhonn fianaise bonnlíne agus roghanna maidir le rannpháirteachas le páirtithe leasmhara.

I measc na gcur i láthair eile do na baill bhí:

- RMCEI
- Treoirlínte Caomhnaithe Fálta Sceach
- Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht
- Dréachtphlean Gníomhaithe ar son na hAeráide

Cuireadh comhairle freisin ar na baill ar na príomhghníomhaíochtaí lena raibh baint ag an gComhairle le linn 2023 a bhain le réimse ceisteanna. Ina measc seo bhí, Straitéis Bhithmheatáin, d'Fhéile a Ghlasú agus Iarfheistigh Do theach.

# Ionadaíocht Comhairleoirí ar Choistí Seachtracha agus Comhairle

**COMHAIRLE CONTAE MHUINEACHÁIN**

Cathaoirleach 2023/2024 (Meitheamh 2023-Meitheamh 2024)
**An Comh. David Maxwell**

Leas-Chathaoirleach 2023/2024 (Meitheamh 2023-Meitheamh 2024)
**An Comh. Pat Treanor**

### Ceantar Bardasach Mhuineacháin

- An Comh. Cathy Bennett (Cathaoirleach)
- An Comh. Raymond Aughey (Leas-Chathaoirleach)
- An Comh. David Maxwell
- An Comh Brian McKenna
- An Comh. Seamus Treanor
- An Comh. Paudge Connolly
- An Comh. Sean Conlon

### Ceantar Bardasach Charraig Mhachaire Rois-Bhaile na Lorgan

- An Comh. Aoife McCooey (Cathaoirleach)
- An Comh. Peter Conlon (Leas-Chathaoirleach)
- An Comh. Colm Carthy
- An Comh. P.J. O'Hanlon
- An Comh. Aidan Campbell
- An Comh. Noel Keelan

### Ceantar Bardasach Bhéal Átha Beithe-Chluain Eois

- An Comh. Sean Gilliland (Cathaoirleach)
- An Comh. Pat Treanor (Leas-Chathaoirleach)
- An Comh. Hugh McElvaney
- An Comh. Richard Truell
- An Comh. Seamus Coyle
- An Comh. Richard Truell

**An Grúpa um Beartas Corparáideach**
**Tabhair faoi deara (ní mór ionadaí a bheith ann ó gach S.B. ar CPG Acht RA 2014)**

Cathaoirleach an Lae:
An Comh. Noel Keelan
An Comh. Sean Gilliland
An Comh. Raymond Aughey
An Comh. Pat Treanor

## Coistí um Beartais Straitéiseacha

### Coiste um Beartais Straitéiseacha don Tithíocht, Sóisialta agus Cultúrtha

An Comh. Pat Treanor, Cathaoirleach

An Comh. Aidan Campbell

An Comh. Colm Carthy

An Comh. Peter Conlon

An Comh. Aoife McCooey

An Comh. PJ O'Hanlon

### Coiste um Beartais Straitéiseacha don Fhorbairt Eacnamaíoch agus Tacaíocht Fiontair

An Comh. Sean Gilliland, Cathaoirleach

An Comh. Sean Conlon

An Comh. Noel Keelan

An Comh. David Maxwell

An Comh. Brian McKenna

An Comh. P.J. O'Hanlon

### CBS don Chóras Iompair agus don Phobal

An Comh. Raymond Aughey, Cathaoirleach

An Comh. Sean Conlon

An Comh. Sean Gilliland

An Comh. Hugh McElvaney

An Comh. Brian McKenna

### Coiste um Beartais Straitéiseacha don Ghníomhú ar son na hAeráide agus an Comhshaol

An Comh. Noel Keelan, Cathaoirleach

An Comh. Raymond Aughey

An Comh. Cathy Bennett

An Comh. Seamus Coyle

An Comh. Pat Treanor

An Comh. Richard Truell

## Comhchoiste Póilíneachta Co. Mhuineacháin

Cathaoirleach - An Comh. Brian McKenna

An Comh. P.J. O'Hanlon

An Comh. Noel Keelan

An Comh. Aoife McCooey

An Comh. Pat Treanor

An Comh. Cathy Bennett

An Comh. Raymond Aughey

An Comh. Aidan Campbell

An Comh. David Maxwell

An Comh. Sean Gilliland

An Comh. Richard Truell

An Comh. Colm Carthy

An Comh. Hugh McElvaney

**Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil**

An Comh. Seamus Coyle

An Comh. Cathy Bennett

An Comh. David Maxwell

**An Coiste Iniúchóireachta**

An Comh. Raymond Aughey

An Comh. David Maxwell

**Coiste na mBuanorduithe & Nósanna**

Cathaoirleach an Lae
An Comh. Richard Truell
An Comh. David Maxwell
An Comh. Brian McKenna
An Comh. Pat Treanor
An Comh. Seamus Coyle
An Comh. Hugh McElvaney

**Ceapachán na gcomhaltaí le bheith ina bhfinnéithe ar ghreamú an tSéala Oifigiúil**

Gach comhalta de Chomhairle Contae Mhuineacháin a ceapadh chun a bheith mar fhinné ar ghreamú an tSéala Oifigiúil.

**Grúpa Stiúrtha Áitiúil d'Úsáid na Gaeilge i gComhairle Contae Mhuineacháin (Coiste Gaeilge)**

An Comh. Pat Treanor
An Comh. Richard Truell
An Comh. Cathy Bennett
An Comh. Raymond Aughe
An Comh. Hugh McElvane

**Coiste Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúla**

An Comh. Aidan Campbell
An Comh. P.J. O' Hanlon
An Comh. Pat Treanor
An Comh. Noel Keelan
An Comh. Sean Gilliland

**Coiste Monatóireachta Áitiúil (An Clár Uisce Tuaithe)**

An Comh. Brian McKenna
An Comh. Aidan Campbe
An Comh. P.J. O'Hanlon

**An Coiste Luasteorainneacha**

An Comh. Raymond Aughey
An Comh. Richard Truell
An Comh. Pat Treanor
An Comh. Sean Conlon
An Comh. P.J. O'Hanlon
An Comh. Aidan Campbell

**Fóram Oidhreachta Chontae Mhuineacháin**

An Comh. Peter Conlon
An Comh. Pat Treanor
An Comh. Aoife McCooey

**An Coiste um Shábháilteacht ar Bhóithre**

An Comh. Richard Truell

**An Coiste Comhairleach Músaem**

An Comh. Cathy Bennett A
Comh. Raymond Aughey
An Comh. David Maxwell

**Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Mhuineacháin**

An Comh. Sean Conlon

**An Coiste Comhairleach Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil**

An Comh. Aoife McCooey
An Comh. Colm Carthy
An Comh. Richard Truell
Comh. Seamus Treanor

**Coiste Bainistíochta ar Choimpléasc Fóillíochta Mhuineacháin**

An Comh. David Maxwell
An Comh. Sean Conlon
An Comh. Raymond Aughey

**Grúpa Stiúrtha na nOifigí Cathartha**

An Comh. H McElvaney
An Comh. Brian McKenna
An Comh. C Carthy
An Comh. R Aughey
An Comh. S Coyle
An Comh. D Maxwell
An Comh. S Gilliland
An Comh. A McCooey

**Coiste Forbartha Mhucnú**

An Comh. Peter Conlon
An Comh. Aidan Campbell
An Comh. Aoife McCooey
An Comh. Brian McKenna
An Comh. Colm Carthy
An Comh. P.J. O'Hanlon

**Coiste Stiúrtha an Champais Shíochána**
- An Comh. Sean Conlon
- An Comh. David Maxwell
- An Comh. Raymond Aughey
- An Comh. Paudge Connolly

**An Bord Comhpháirtíochta Síochána**
- An Comh. Aidan Campbell
- An Comh. Seamus Treanor
- An Comh. Aoife McCooey
- An Comh. Cathy Bennett

**Coiste Nasctha Bailte**
- An Comh. Aoife McCooey
- An Comh. Aidan Campbell
- An Comh. Sean Conlon

**Fóram na Comhaltaí Réigiún Teorann an Oirthir**
- An Comh. P.J. O'Hanlon
- An Comh. Sean Conlon
- An Comh. Aoife McCooey
- An Comh. Aidan Campbell
- An Comh. Sean Gilliland
- An Comh. Noel Keelan

**Stiúrthóirí East Border Region Ltd**
- An Comh. Sean Conlon
- An Comh. P. J O'Hanlon (athraithe ag cruinniú 24 Meitheamh ón gComh. McCooey go dtí an Comh. O'Hanlon)
- An Comh. Aidan Campbell

**Coiste Amharclann The Garage**
- An Comh. Sean Conlon
- An Comh. Richard Truell

**Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair (NWRA)**
- An Comh. Brian McKenna
- An Comh. David Maxwell

**Bord Bainistíochta ICBAN Ltd. (Irish Central Border Areas Network)**
- An Comh. David Maxwell
- An Comh. Pat Treanor
- An Comh. Seamus Coyle

**Comhpháirtíocht Clones Erne East**
- An Comh. Richard Truell
- An Comh. Pat Treanor
- An Comh. Hugh McElvaney
- An Comh. Seamus Coyle
- An Comh. Sean Gilliland
- An Comh. Cathy Bennett

**Cumann Rialtais Áitiúil na hÉireann (AILG)**
- An Comh. Brian McKenna
- An Comh. David Maxwell
- An Comh. Sean Gilliland

**An Fóram Réigiúnach Sláinte – Baile Átha Cliath agus an tOirthuaisceart**
- An Comh. Seamus Coyle
- An Comh. Brian McKenna
- An Comh. David Maxwell

**An Coiste Logainmneacha**
- An Comh. Pat Treanor
- An Comh. Aoife McCooey
- An Comh. Richard Truell
- An Comh. Hugh McElvaney

**Cumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil (LAMA)**
- An Comh. Sean Conlon

**Bord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin**
- An Comh. Aidan Campbell
- An Comh. Colm Carthy
- An Comh. P.J. O'Hanlon
- An Comh. David Maxwell

| | |
|---|---|
| Tascfhórsa Réigiúin an Oirthuaiscirt ar Alcól agus Drugaí | An Comh. Colm Carthy |
| Comhar-Árachais Comhairlí Éireann | An Comh. Richard Truell |
| Meitheal um Fhéinmharú a Chosc 'Ceangail ar Feadh an tSaoil' | An Comh. Colm Carthy<br>An Comh. Raymond Aughey |
| Fóram Alcóil & Drugaí an Chabháin agus Mhuineacháin | An Comh. Cathy Bennett<br>An Comh. Richard Truell<br>An Comh. Seamus Coyle |
| Fóram Turasóireachta & Fóilliochta Mhuineacháin | An Comh. Peter Conlon An Comh. Aoife McCooey An Comh. Sean Conlon An Comh. Seamus Treanor |
| Coiste Stiúrtha Chomhairle na nÓg | An Comh. Aoife McCooey |
| Fóram Siúlóide & Rothaíochta Mhuineacháin | An Comh. Richard Truell<br>An Comh. Sean Conlon<br>An Comh. Noel Keelan |

| | |
|---|---|
| **Tascfhórsa Réigiúin an Oirthuaiscirt ar Alcól agus Drugaí** | An Comh. Colm Carthy |
| **Comhar-Árachais Comhairlí Éireann** | An Comh. Richard Truell |
| **Meitheal um Fhéinmharú a Chosc 'Ceangail ar Feadh an tSaoil'** | An Comh. Colm Carthy<br>An Comh. Raymond Aughey |
| **Fóram Alcóil & Drugaí an Chabháin agus Mhuineachàin** | An Comh. Cathy Bennett<br>An Comh. Richard Truell<br>An Comh. Seamus Coyle |
| **Fóram Turasóireachta & Fóillíochta Mhuineacháin** | An Comh. Peter Conlon<br>An Comh. Aoife McCooey<br>An Comh. Sean Conlon Ar Comh. Seamus Treanor |
| **Coiste Stiúrtha Chomhairle na nÓg** | An Comh. Aoife McCooey |
| **Fóram Siúlóide & Rothaiochta Mhuineacháin** | An Comh. Richard Truell<br>An Comh. Sean Conlon<br>An Comh. Noel Keelan |

# Comhdhálacha/Oiliúint ar ar Fhreastail Baill in 2023

| Údarás Cur Chun Cinn | Ábhar/Téama | Ionad | Dátaí | Líon na mBall a d'Fhreastail |
|---|---|---|---|---|
| Comhdhálacha Ceilteacha | Próiseas Soláthair an Údaráis Áitiúil | O'Donovan's Hotel, Cloich na Coillte, Co. Chorcaí | 20, 21 agus 22 Mí Eanáir 2023 | 1 |
| Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann | Seisiún eolais ar an Acht um Athchóiriú Toghcháin | Tullamore Court Hotel | 23 Feabhra 2023 | 7 |
| Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann - Modúl 1 | Seisiún eolais ar an Acht um Athchóiriú Toghcháin | Radisson Blu Hotel Luimneach | 23 Feabhra 2023 | 5 |
| Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann - Modúl 1 | Seisiún eolais ar an Acht um Athchóiriú Toghcháin | Radisson Blu Hotel Luimneach | 25 Feabhra 2023 | 2 |
| AIR - Comhdháil Chumann Réigiúin na hÉireann | Seimineár Réigiúnach agus Imeacht Oiliúna um Athrú Aeráide, an t-aistriú fuinnimh, athruithe déimeagrafacha, agus eile – cén ról is féidir lenár réigiúin a imirt? | Four Seasons Hotel & Leisure Club, Muineachán | 7 - 9 Feabhra 2023 | 6 |
| Cumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil | Seimineár an Earraigh | Westlodge Hotel, Beanntraí, Co. Chorcaí | 2 - 4 Márta 2023 | 6 |
| Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann - Modúl 2 | Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide | Fairways Hotel, Dún Dealgan | 25 Márta 2023 | 4 |
| Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann | Comhdháil Oiliúna Bliantúil 2023 | Hotel Kilkenny, Co. Chill Chainnigh | 19-20 Aibreán 2023 | 7 |
| Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide | Gníomhú ar son na hAeráide | Tullamore Court Hotel, Co. Uíbh Fhaillí | 26 Aibreán 2023 | 1 |
| Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann - Modúl 3 | Reachtaíocht Pleanála | Mullingar Park Hotel, Co. na hIarmhí | 15 Meitheamh 2023 | 5 |
| Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann - Modúl 3 | Reachtaíocht Pleanála | Avalon House Hotel, Caisleán an Chomair | 17 Meitheamh 2023 | 1 |
| Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann - Modúl 4 | Uisce Éireann | Radisson Blu, Co. Shligigh | 22 Iúil 2023 | 6 |
| Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann | Seimineár an Fhómhair - Todhchaí an Rialtais Áitiúil | Sligo Park Hotel, Co. Shligigh | 13-14 Meán Fómhair 2023 | 6 |
| Comhdháil ICSH | Tithíocht Náisiúnta Tithíocht | Clayton Whites Hotel, Co. Loch Garman | 18 -19 Deireadh Fómhair 2023 | 2 |
| Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann - Modúl 5 | Slándáil Phearsanta | Kilmore Hotel, Co. an Cabháin | 19 Deireadh Fómhair 2023 | 1 |
| Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann | Slándáil Phearsanta | The Rose Hotel, Trá Lí, Co. Chiarraí | 21 Deireadh Fómhair 2023 | 3 |
| Comhdhálacha Ceilteacha | Scéim 'An Chéad Bhaile' | O'Donovan's Hotel, Cloich na Coillte, Co. Chorcaí | 20 -22 Deireadh Fómhair 2023 | 2 |
| Cumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil | Seimineár an Fhómhair | Ard Rí House Hotel, Tuaim, Co. na Gaillimhe | 25 -26 Deireadh Fómhair 2023 | 5 |
| Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann - Modúl 6 | Sábháilteacht ar Bhóithre | Tower Hotel, Co. Phort Láirge | 16 Samhain 2023 | 2 |
| Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann - Modúl 6 | Sábháilteacht ar Bhóithre | Clayton Hotel, Co. na Gaillimhe | 18 Samhain 2023 | 4 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Comhdhálacha Ceilteacha | Córas Leasa Shóisialaigh na hÉireann | O'Donovan's Hotel, Cloich na Coillte, Co. Chorcaí | 1 – 3 Nollaig 2023 | 2 |

# Aguisín I Costais na mBall

**Íocaíochtaí le Comhaltaí Tofa ón 1 Eanáir - 31 Nollaig 2023**

| Ainm an Chomhairleora | Íocaíocht Ionadaíochta / Tuarastal (Faoi réir ÍMAT etc.) | Liúntas Ionadaíochta Áitiúil (T&S, Deimhnithe agus Gan a bheith Deimhnithe) | Liúntas Chathaoirleach / Leas Chathaoirleach / Cathaoirleach an Cheantair Bhardasaigh (Faoi réir ÍMAT etc.) | Liúntas do Chathaoirligh CBS (Faoi réir ÍMAT etc.) | Taisteal & Cothabháil (Oiliúint, Comhdhálach, Cruinnithe Trasteorann agus Cruinnithe Eile) | Taisteal Thar Lear (Nascadh etc., Costas Eitiltí agus Speansais) | Liúntas Slándála | IOMLÁN ÍOCTHA |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | |
| An Comh. Aidan Campbell | €28,724.00 | €7,881.12 | | | €0.00 | | | €36,605.12 |
| An Comh. Aoife McCooey | €28,724.00 | €6,551.16 | €7,889.02 | | €275.70 | €2,697.89 | | €46,137.77 |
| An Comh. Brian McKenna | €28,724.00 | €4,572.36 | | | €3,616.99 | | | €36,913.35 |
| An Comh. Cathy Bennett | €28,724.00 | €5,186.52 | €6,000.00 | | €0.00 | | | €39,910.52 |
| An Comh. Colm Carthy | €28,724.00 | €9,041.16 | | | €1,914.85 | | | €39,680.01 |
| An Comh. David Maxwell | €28,724.00 | €6,186.48 | €4,928.22 | | €4,895.49 | | €1,390.00 | €46,124.19 |
| An Comh. Hugh McElvaney | €28,724.00 | €3,186.48 | | | €0.00 | | | €31,910.48 |
| An Comh. Noel Keelan | €28,724.00 | €9,186.24 | | €6,000.00 | €1,891.51 | | | €45,801.75 |
| An Comh. Pat Treanor | €28,724.00 | €6,808.68 | €2,110.98 | €6,000.00 | €1,658.21 | | | €45,301.87 |
| An Comh. Paudge Connolly | €28,724.00 | €5,858.12 | | | €5,469.36 | | €2,114.91 | €42,166.39 |
| An Comh. P.J. O'Hanlon | €28,724.00 | €6,486.24 | | | €0.00 | | | €35,210.24 |
| An Comh. Raymond Aughey | €28,724.00 | €4,436.52 | | €6,000.00 | €0.00 | | €1,240.00 | €40,400.52 |
| An Comh. Richard Truell | €28,724.00 | €7,554.58 | | | €4,262.42 | | €1,581.19 | €42,122.19 |
| An Comh. Seamus Coyle | €28,724.00 | €7,389.27 | | | €599.54 | | | €36,712.81 |
| An Comh. Seamus Treanor | €28,724.00 | €5,186.52 | | | €509.90 | | | €34,420.42 |
| An Comh. Sean Conlon | €28,724.00 | €7,386.48 | €9,444.39 | | €3,223.20 | €2,697.89 | | €51,475.96 |
| An Comh. Sean Gilliland | €28,724.00 | €8,089.23 | €6,000.00 | €6,000.00 | €0.00 | | | €48,813.23 |
| An Comh. Peter Conlon | €28,724.00 | €6,623.64 | | | €574.53 | | | €35,922.17 |
| | | | | | | | | |
| Iomláin | €517,032.00 | €117,610.80 | €36,372.61 | €24,000.00 | €28,891.70 | €5,395.78 | €6,326.10 | €741,256.28 |

# Aguisín II Ráiteas Airgeadais 2023

**Achoimre ar Chaiteachas, Ioncam agus Iarmhéideanna**

Léiríonn an caiteachas sa Chuntas Caipitil de €55,099,431 an infheistíocht a rinne an Chomhairle chun an bonneagar sa Chontae a fheabhsú.

## Cuntas Caipitil

| **Gníomhaíocht de réir an Ghrúpa Clár** | **2023 Caiteachas** | **2023 Ioncam** | **2023 Glanchostas** |
|---|---|---|---|
| Tithíocht & Foirgneamh | 19,823,240 | 13,848,828 | (5,974,412) |
| Iompar ar Bhóithre & Sábháilteacht | 7,870,980 | 8,063,123 | 192,143 |
| Seirbhísí Uisce | 186,821 | 77,573 | (109,248) |
| Bainistíocht Forbartha | 9,855,002 | 9,349,018 | (505,984) |
| Seirbhísí Comhshaoil | 685,947 | 1,580,637 | 894,690 |
| Áineasa agus Conláistí | 13,193,241 | 5,479,063 | (7,714,178) |
| Seirbhísí Ilchineálacha | 3,484,201 | 1,376,865 | (2,107,336) |
| **Caiteachas / Ioncam Iomlán** | **55,099,431** | **39,775,107** | **(15,324,325)** |

| | **2022** | **2023** |
|---|---|---|
| **Iarmhéid (Dochar) / Creidmheas an 1 Eanáir** | **11,201,204** | **6,118,312** |
| Caiteachas | 53,739,278 | 55,099,431 |
| Ioncam | 46,489,230 | 39,775,107 |
| Aistrithe go hIoncam | (1,163,037) | (1,244,402) |
| Aistrithe Glan ó Chuntas Ioncaim | 3,330,194 | 4,535,401 |
| **Iarmhéid (Dochar) / Creidmheas an 31 Nollaig** | **6,118,312** | **(5,915,014)** |

## Cuntas Ioncaim

| **Gníomhaíocht de réir an Rannáin** | **2023 Caiteachas** | **2023 Ioncam** | **2023 Glanchostas** |
|---|---|---|---|
| Tithíocht & Foirgneamh | 11,645,203 | 13,123,965 | 1,478,762 |
| Iompar ar Bhóithre & Sábháilteacht | 29,363,500 | 22,047,709 | (7,315,791) |
| Seirbhísí Uisce | 10,937,784 | 10,980,770 | 42,986 |
| Bainistíocht Forbartha | 14,105,078 | 8,477,587 | (5,627,491) |
| Seirbhísí Comhshaoil | 7,667,510 | 1,659,048 | (6,008,462) |
| Áineasa agus Conláistí | 6,112,896 | 439,290 | (5,673,606) |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas | 578,380 | 434,992 | (143,388) |
| Seirbhísí Ilchineálacha | 4,665,807 | 5,342,350 | 676,543 |
| **Caiteachas / Ioncam Iomlán** | **85,076,159** | **62,505,710** | **(22,570,448)** |

| | |
|---|---|
| **Glanchostas na gClár le maoiniú ó Rátaí an Chontae agus ón gCiste Rialtais Áitiúil** | **(22,570,448)** |
| | **€** |
| Rátaí | 14,651,949 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | 11,692,672 |
| Barrachas / (Easnamh) don Bhliain | 3,774,173 |
| Aistrithe go Cúlchistí | (3,647,846) |
| Barrachas/ (Easnamh) Foriomlán | 126,327 |
| Iarmhéid (Dochar) / Creidmheas an 1 Eanáir | 404,993 |
| **Iarmhéid (Dochar) / Creidmheas an 31 Nollaig** | **531,320** |

## Cuntas Ioncaim

| **Cuntas Ioncaim agus Caiteachais** | **2023** | | **2022** | |
|---|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | | |
| Deontais agus Fóirdheontais an Stáit | 46,767,176 | 52.6% | 39,716,979 | 49.3% |
| Ranníocaíochtaí ó Údaráis Áitiúla eile | 296,708 | 0.3% | 258,578 | 0.3% |
| Earraí agus Seirbhísí | 15,441,827 | 17.4% | 14,714,240 | 18.3% |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | 11,692,672 | 13.2% | 11,819,136 | 14.7% |
| Rátaí | 14,651,949 | 16.5% | 14,096,674 | 17.5% |
| **Ioncam Iomlán** | **88,850,332** | **100.0%** | **80,605,607** | **100.00%** |
| **Caiteachas** | | | | |
| Costais Phárolla | 30,923,924 | 36.3% | 29,234,053 | 37.51% |
| Costais Oibríochta | 43,345,111 | 50.9% | 38,721,559 | 49.69% |
| Costais Riaracháin | 3,287,982 | 3.9% | 3,144,214 | 4.03% |
| Costais Bhunaíochta | 1,729,119 | 2.0% | 1,533,568 | 1.97% |
| Costais Airgeadais | 4,754,667 | 5.6% | 4,512,765 | 5.79% |
| Ilchineálach | 1,035,357 | 1.2% | 781,336 | 1.00% |
| **Caiteachas Iomlán** | **85,076,159** | **100.0%** | **77,927,495** | **100.00%** |
| **Barrachas don Bhliain roimh Aistrithe** | **3,774,173** | | **2,678,111** | |
| Aistrithe go Cúlchistí | (3,647,846) | | (2,403,527) | |

| | | |
|---|---|---|
| **Barrachas / (Easnamh) Foriomlán don Bhliain** | **126,327** | **274,584** |
| **Cúlchistí Ginearálta an 1 Eanáir** | **404,993** | **130,409** |
| **Cúlchistí Ginearálta an 31 Nollaig** | **531,320** | **404,993** |

## AGUISÍN III - RÁITEAS FAOIN RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS (SIFC)

Réamhrá

Tá mise, Robert Burns, Príomhfheidhmeannach (PF) Chomhairle Contae Mhuineacháin freagrach as an ráiteas airgeadais bliantúil (AFS), a d'ullmhaigh an Stiúrthóir Airgeadais, de réir an chóid chleachtais chuntasaíochta a d'eisigh an tAire faoi alt 107 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001.

Deimhním go bhfuil ráitis airgeadais Chomhairle Contae Mhuineacháin don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023, ag teacht leis na leabhair chuntais agus gur ullmhaíodh iad de réir riachtanais chuntasaíochta an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Tá an AFS faoi réir iniúchta sheachtraigh, ag iniúchóir de chuid na Seirbhíse Iniúchóireachta Rialtais Áitiúil, arb é is cuspóir dó teacht ar thuairim neamhspleách ar na cuntais agus a rá cibé an léiríonn an ráiteas airgeadais bliantúil *staid airgeadais* an údaráis áitiúil agus a ioncam agus a chaiteachas *go cothrom* don tréimhse atá i gceist, agus an ndéantar idirbhearta an údaráis áitiúil faoina maítear go ndéantar iad.
Tuairiscíonn an AFS ar ghníomhaíochtaí laethúla Chomhairle Contae Mhuineacháin i bhfoirm an Ráitis ar Ioncam agus Caiteachas Cuimsitheach, achoimrithe de réir Rannáin. Tugann an Ráiteas ar Staid Airgeadais breac-chuntas ar staid airgeadais fhoriomlán Chomhairle Contae Mhuineacháin amhail an 31 Nollaig 2023.

Léiríonn an *Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach* caiteachas agus ioncam ar reáchtáil laethúil Chomhairle Contae Mhuineacháin.

Is iad seo a leanas na príomhfhoinsí ioncaim do Chomhairle Contae Mhuineacháin:

| | 2023<br>€ | 2022<br>€ |
|---|---|---|
| Earraí agus Seirbhísí | 15,441,827 | 14,714,240 |
| Deontais agus Fóirdheontais | 46,767,176 | 39,716,979 |
| Ranníocaíochtaí Eile | 296,708 | 258,578 |
| Rátaí | 14,651,949 | 14,096,674 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | 11,692,672 | 11,819,136 |

Seo a leanas an ghníomhaíocht ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais le haghaidh 2023:

Tharla róchaiteachas i ngach Rannóg cé is moite de Rannóg G. Beidh gá le faomhadh na gcomhaltaí trí rún de réir fhorálacha an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 mar gheall ar an róchaiteachas sin. Cuirfear tuarascáil ar an róchaiteachas agus Aistrithe chuig Cúlchistí i láthair ag Cruinniú na Comhairle i mí na Bealtaine 2024.

| | 2023<br>€ | 2022<br>€ |
|---|---|---|
| Ioncam | 88,850,331 | 80,605,606 |
| Caiteachas | 85,076,159 | 77,927,495 |
| Aistrithe chuig Caipiteal | (3,647,846) | (2,403,527) |
| Barrachas /(Easnamh) le haghaidh | 126,327 | 274,584 |
| Cúlchiste Ioncaim Tosaigh | 404,993 | 130,409 |
| Cúlchiste Ioncaim Deiridh | 531,320 | 404,993 |

Ba é an barrachas ioncaim tosaigh do Chomhairle Contae Mhuineacháin ar an 1 Eanáir 2023 €404,993. Thaifead an Chomhairle barrachas €126,327 don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 a raibh barrachas carnach méadaithe €531,320 mar thoradh air.

Léiríonn an *Ráiteas ar Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe)* gníomhaíocht airgeadais iomlán na comhairle don bhliain mar aon le figiúirí na bliana comparáidí de réir mar is cuí.

Cuimsíonn an ráiteas sócmhainní agus dliteanais mar seo a leanas:

- Sócmhainní a tógadh/a ceannaíodh le déanaí agus sócmhainní stairiúla araon
- Obair ar siúl agus réamhscéimeanna - bóithre agus tithíocht den chuid is mó
- Féichiúnaithe Fadtéarmacha - iasachtaí tithíochta
- Sócmhainní Reatha - lena n-áirítear Stoc, Féichiúnaithe, Airgead Tirim sa bhanc
- Dliteanais reatha agus fadtéarmacha - iasachtaí morgáiste agus iasachtaí neamh-mhorgáiste
- Cúlchistí/Iarmhéideanna Éagsúla

Is ionann Glansócmhainní Chomhairle Contae Mhuineacháin ag deireadh 2023 agus €1,536,334,953 agus is iad seo a leanas iad:

| | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|
| Sócmhainní Seasta | 1,512,446,439 | 1,503,510,982 |
| Oibreacha ar Siúl | 34,123,973 | 14,738,931 |
| Féichiúnaithe fadtéarmacha | 27,817,403 | 23,080,190 |
| Sócmhainní Reatha | 14,922,447 | 26,584,815 |
| Dliteanais Reatha | (13,472,716) | (12,910,351) |
| Glansócmhainní Reatha / (Dliteanais) | 1,449,731 | 13,674,464 |
| Creidiúnaithe (Méideanna níos mó ná 1 bhliain) | (39,502,593) | (35,439,961) |
| Glansócmhainní/(Dliteanais) | 1,536,334,953 | 1,519,564,606 |

Tugadh isteach *Ráiteas ar Shreabhadh Cistí* mar chuid de AFS 2011. Bíodh is gur leanadh treoir Chaighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta 7 Ráiteas ar Shreafaí Airgid, tá gnó na n-údarás áitiúil an-éagsúil le formhór na n-eagraíochtaí san earnáil phríobháideach agus dá bhrí sin comhaontaíodh roinnt mionathruithe ar an bhformáid chun a chinntiú go bhfuil na sonraí a thaispeántar fiúntach agus úsáideach laistigh d'earnáil an rialtais áitiúil.

Córas um Rialuithe Inmheánacha Airgeadais

Mar Phríomhfheidhmeannach ar Chomhairle Contae Mhuineacháin, admhaím an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann Comhairle Contae Mhuineacháin córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus a oibriú. Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil do Chomhairle Contae Mhuineacháin. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras de rialú inmheánach airgeadais ach dearbhú réasúnta seachas dearbhú iomlán a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath in am trátha.
Is próiseas leanúnach é córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus coinnítear athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

Timpeallacht um rialú airgeadais

Mar PF Chomhairle Contae Mhuineacháin, deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe airgeadais ina bhfuil na gnéithe seo a leanas i bhfeidhm:

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta mar aon le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe don tuairisciú ag gach leibhéal mar ar leithdháileadh freagracht as bainistiú airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha ar rialú a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach iomchuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann a dhéanann, mar chuid dá chlár oibre, athbhreithniú rialta ar an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá nósanna imeachta maidir le gach príomhphróiseas gnó doiciméadaithe.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta

Mar PF Chomhairle Contae Mhuineacháin, deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe:

- tá nósanna imeachta maidir leis na príomhphróisis ghnó doiciméadaithe.
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní an údaráis áitiúil a chosaint agus
- tá treoirlínte cuí maidir le rialú infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail i bhfeidhm.

Comhlíontacht soláthair

Cinntíonn Comhairle Contae Mhuineacháin go bhfuil fócas cuí agus leanúnach ar dhea-chleachtas i dtairiscint agus i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte soláthair ábhartha go léir.

Iniúchadh Inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta

I mo cháil mar Phríomhfheidhmeannach, is féidir liom a dheimhniú go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag Comhairle Contae Mhuineacháin le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa. Tá a cuid oibre bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a nochtar do Chomhairle Contae Mhuineacháin agus tá a pleananna iniúchóireachta inmheánaí bliantúla bunaithe ar an anailís seo. Táim sásta go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéantar obair leantach ar thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Is féidir liom a dheimhniú go bhfuil coiste iniúchóireachta éifeachtach ag Comhairle Contae Mhuineacháin a dhéanann athbhreithniú éifeachtachta bliantúil ar a gcuid gníomhaíochtaí. Is féidir liom a dheimhniú freisin go bhfuil Coiste Iniúchóireachta i bhfeidhm de réir cheanglais Alt 122 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú).

Is iad seo a leanas feidhmeanna reachtúla na gcoistí iniúchóireachta mar atá leagtha amach in alt 59 agus 60 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014:

I. athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtais agus ar nósanna imeachta tuairiscithe airgeadais agus buiséadacha laistigh den údarás áitiúil a bhunaigh é;

II. forbairt dea-chleachtais a chothú i bhfeidhmiú a fheidhme iniúchóireachta inmheánaí ag an údarás áitiúil;

III. athbhreithniú a dhéanamh ar aon ráiteas airgeadais iniúchta, ar thuarascáil iniúchóra nó ar thuarascáil speisialta iniúchóra i ndáil leis an údarás áitiúil agus measúnú a dhéanamh ar aon ghníomhartha a rinne a phríomhfheidhmeannach laistigh den údarás sin mar fhreagairt ar ráiteas nó tuarascáil den sórt sin agus tuairisc a thabhairt don údarás sin ar a thorthaí;

IV. éifeachtúlacht agus luach ar airgead a mheasúnú agus a chur chun cinn maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna ag an údarás áitiúil; agus

V. athbhreithniú a dhéanamh ar chórais a oibríonn an t-údarás áitiúil chun rioscaí a bhainistiú.

Aithním go bhfuil ról ríthábhachtach ag an gcoiste iniúchóireachta i gcreat rialachais na n-údarás áitiúil, go háirithe i gcomhthéacs cuntasacht mhéadaithe na hearnála poiblí. Tá ról neamhspleách acu maidir le comhairle a chur ar an gComhairle maidir le próisis tuairiscithe airgeadais, rialú inmheánach, bainistíocht riosca agus cúrsaí iniúchóireachta mar chuid den athbhreithniú córasach ar thimpeallacht rialaithe agus nósanna imeachta rialachais an údaráis áitiúil.

Admhaím ról an Choiste Iniúchóireachta sa phróiseas bainistíochta riosca agus san athbhreithniú leanúnach ar an timpeallacht rialaithe agus nósanna imeachta rialachais i gComhairle Contae Mhuineacháin.

Creat riosca agus rialaithe
Tá córas bainistithe riosca curtha i bhfeidhm ag Comhairle Contae Mhuineacháin, ar córas é a aithníonn príomhrioscaí agus a dhéanann iad a thuairisciú chomh maith leis na gníomhaíochtaí bainistíochta atá á nglacadh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus chun iad a mhaolú a oiread agus is féidir.

Tá clár riosca corparáideach i bhfeidhm a shainaithníonn na príomhrioscaí agus a dhéanann meastóireacht agus grádú orthu de réir a dtábhacht. Déanann an Fhoireann Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn rialta. Tá clár riosca i bhfeidhm freisin do gach rannóg seirbhíse agus déantar iad seo a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn rialta freisin.

Baintear leas as torthaí na measúnachtaí sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú chuig leibhéal inghlactha. Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha is gá chun rioscaí a mhaolú agus sanntar na freagrachtaí as oibriú na rialuithe do bhaill foirne áirithe.

Mar Phríomhfheidhmeannach, deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh aitheanta a thuairisciú.

Cuirfear an Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais san áireamh sa dréacht-Thuarascáil Bhliantúil a chuirfear faoi bhráid chomhaltaí na Comhairle faoin 30 Aibreán 2023 agus a chuirfear san áireamh ina dhiaidh sin sa Tuarascáil Bhliantúil fhoilsithe arna hullmhú agus arna glacadh ag an gComhairle faoin 30 Meitheamh 2023.

Sínithe ag: Dátaithe:



26/03/24

**Príomhfheidhmeannach**